Ag teannadh le deireadh na bliana, chuir an mheitheal léiriúcháin inmheánach *Ireland's Greatest Sporting Moments* ar fáil agus vótáil pobal na hÉireann an bua a bhí ag Padraig Harrington i gceann de na mórchomórtais gailf sa bhliain 2007 a bheith chun tosaigh ar aon nóiméad eile i stair an spóirt ó cuireadh tús le ré na teilifíse.

Léirigh Spóirt RTÉ 617 uair a chloig d'ábhar teilifíse i rith na bliana 2017 agus coinníodh an chéad áit in ord na gcráoltóirí spóirt in Éirinn. Ar RTÉ a bhí gach ceann den 20 clár ba mhó lucht féachana i rith na bliana 2017 agus bhí téama spóirt, idir cluichí CLG, sacar agus rugbaí, le aon cheann déag acu sin.

Comórtais Craoibhe na Peile agus na hIománaíochta ab ábhar don líon is mó uaireanta a chloig, 134 uair a chloig craolacháin maidir le cluichí CLG. Bhí na Cluichí Ceannais ar an gcúig chlár ba mhó lucht féachana i rith na bliana ar fad ach bhí an cluiche leathcheannais peile idir Baile Átha Cliath agus Tír Eoghain i measc an gcéad 20, le 59% den lucht féachana iomlán ag an am ag faire air. Den chéad uair riamh, chraol Spóirt RTÉ cluichí ceathrú ceannais Chraobh na hÉireann sa Chamógaíocht beo chomh maith leis na cluichí leathcheannais agus an cluiche ceannais agus bhí mná ar an lucht tuairimíochta ar *The Sunday Game* maidir le cluichí camógaíochta agus iománaíochta i rith cuid mhór den séasúr.

Aird Dhaoine Óga a Tharraingt

Bhí sraith de chlár faisnéise corraitheacha ar RTÉ2 lenar tugadh cead cainte do dhaoine fásta níos óige in Éirinn agus réimse leathan téamaí á bplé. Rinneadh cíoradh in *Living with an Addict* ar an tionchar a bhíonn ag andúil ar an gcaidreamh idir daoine agus labhair daoine atá i dtús a saol fásta ar *Schizophrenia: Voices in my Head* faoi mhaireachtáil le scitsifréine. Saothraíodh réimse úrnua sa tsraith *My Trans Self* inar léiríodh an saol a chaitheann daoine óga trasinsneacha in Éirinn agus cuntas á thabhairt ar an streachailt a bhíonn i gceist ó thaobh cúrsaí mothúcháin, colainne agus meabhrach agus iad i mbun an athraithe. Sa tsraith nua *Crowded House*,

Léirigh Spóirt RTÉ 617 uair a chloig d'ábhar teilifíse i rith na bliana 2017 agus coinníodh an chéad áit in ord na gcráoltóirí spóirt in Éirinn.

chuidigh Brendan Courtney, ó thaobh cúrsaí mothúcháin agus gnóthaí airgid, le daoine óga lánfhásta le teach na muintire a fhágáil.

Tugadh amharc báuil arís eile ar chúrsaí rómánsaíochta in Éirinn na linne seo ar *First Dates Ireland* le réimse leathan daoine ag cur aithne ar a chéile den chéad uair. D'éirigh go han-mhaith leis an tsraith le daoine níos óige den lucht féachana agus tarraingíodh sciar 34% de dhaoine 15-34 bliana d'aois agus sciar 29% de dhaoine 25-44 bliana d'aois.

Bhí ardú ar líon an lucht éisteacha ag RTÉ 2fm i ndáil le gach uile cheann de na príomhshlata tomhais faoi dheireadh na bliana. Craoladh cúig cinn den deich golár ba mhó lucht éisteachta i measc daoine 15-34 bliana d'aois ar an stráisiún agus 10 gcinn den 20 clár ba mhó lucht éisteachta. *Breakfast Republic* agus an clár le linn tráth tiomána an tráthnóna, *The Eoghan McDermott Show*, faoi seach, an clár is mó agus an dara clár is mó lucht éisteachta maidir leis an réimse déimeagrafaíochta sin, léiríú go bhfuil freastal ar gach uile dhream den lucht éisteachta agus féachana in Éirinn ar cheann de thosaíochtaí RTÉ, agus go leagtar béim tús áite ar aird lucht éisteachta níos óige a tharraingt.

Maidir leis na leanaí, craoladh sraith nua 52 clár anamúlachta de chuid RTÉ/Cbeebies, *Pablo*, i rith na bliana 2017 ina bhfeictear buachaill greannmhar cliste cúig bliana d'aois atá ar speictream an uathachais. Bíonn a chuid crián agus a chuid cruthaitheachta in úsáid aige chun eachtraí i saol a chuid ealaíne a dhéanamh as constaí a thagann roimhe. Rinneadh ceiliúradh ar an tsraith mar gheall ar an bpríomhcharachtar agus an cliár a bheith ar speictream an uathachais, rud nach raibh ag baint le haon sraith eile go dtí sin.

Ceol agus Cultúr

Ar na buaicphointí a bhain leis an mbliain ag Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ, bhí ceapadh Nathalie Stutzmann ina Príomhstíúrthóir Cuairte. Tharraing a cuid ceolchoirmeacha lán an tí de lucht éisteachta go seasta rialta chomh maith le moladh ón lucht léirmheastóireachta agus ó lucht an cheoil araon. Sheinn an Cheolfhoireann os comhair lán an tí i mBéising i mí Iúil, tar éis cuireadh a fháil ón Maestro José Serebrier agus ó Lárionad Náisiúnta na nEalaíon Taibhréime i mBéising, agus ní ligfeadh an lucht éisteachta mór sin dóibh imeacht den stáitse go raibh encore i ndiaidh encore seinnte acu, cúig cinn ar fad.

Mar chuid de bhliain ilghnéitheach, lean Ceolfhoireann Coirme RTÉ leis na ceolchoirmeacha beo ar RTÉ 2fm, le ceol de réimse leathan seánraí a sheinm, le saothair áirithe a chur i láthair go poiblí den chéad uair in Éirinn agus tugadh freisin an chéad chamchuart riamh de chuid na Ceolfhoirne don tSín. Ar na himeachtaí ar fud na réigiún, bhí an dara hoíche den ceol clasaiceach ag Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe, ceolchoirm ag an 40ú Féile Ealaíon ar an gClochán agus ceolchoirm chun ceiliúradh a dhéanamh ar chothrom deich mbliana ó bunaíodh an *Solstice Arts Centre* san Uaimh.

Tháinig forbairt arís eile ar an gcomhar iontach páirtnéireachta idir Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus RTÉ 2fm le hábhar nua a cuireadh i láthair ag Electric Picnic. Cuireadh *The Story of Hip Hop* leis an DJ Mo K, an lucht rapála Mango agus Jafaris, agus na hamhránaithe Jess

Kav agus Erica Cody leis an golár chomh maith le ceol damhsa clasaiceach ó bhlianta na '90idí leis an DJ Jenny Greene agus leis an amhránaí Gemma Sugrue. Cuireadh an ceol damhsa clasaiceach ar siúl oíche eile arís in ionad an 3Arena i mBaile Átha Cliath agus seinneadh beo ar dhá oíche in ionad an Marquee i gCorcaigh, oíche amháin ag Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe agus dhá oíche in ionad an INEC i gCill Airne.

Maidir leis an RTÉ Choice Music Prize d'oibrigh RTÉ, mar urraitheoir teidil, in éineacht leis na dreamanna tacaíochta eile, IMRO, Irish Recorded Music Association (IRMA), Recorded Artists Actors Performers (RAAP), Cultúr Éireann agus Golden Discs, chun beocht a chur in athuair sa chaoi a dtreisiónn an duais sin le ceoltóirí cumasacha de chuid na hÉireann.

Ainmníodh RTÉ lyric fm mar Stáisiún Ceoil na Bliana ag Gradaim Raidió IMRO 2017. Bronnadh an gradam maidir le héacht mórshuntais ar an ábhar craoltóireachta faoi *Composing the Island* ar RTÉ lyric fm.

I mí Dheireadh Fómhair, cuireadh an chéad cheoldráma a ceapadh i nGaeilge ar an stáitse arís den chéad uair le breis agus 100 bliain. Chraol RTÉ Raidió na Gaeltachta an ceoldráma beo in éineacht le RTÉ lyric fm. Tá an ceol traidisiúnta ar cheann de na bunréimsí maidir le hobair RTÉ Raidió na Gaeltachta agus rinne an stáisiún craoladh beo i rith na bliana 2017 ó Scoil Samhraidh Willie Clancy, ó Fhleadh Cheoil na hÉireann agus ó fhéile an Oireachtais.

Lean RTÉ 2fm, i gcomhar le Conradh na Gaeilge, den obair maidir leis an albam *Ceol*. Eoghan McDermott a rinne an obair ar an albam a thug le chéile amhráin mhór-ráchairte i nGaeilge le roinnt de na hoifridigh is mó le rá in Éirinn, ina measc *Picture This*, *The Coronas* agus *The Blizzards*.

Ar Oíche an Chultúir, craoladh ceolchoirm mhórthaibhseach trí huairé an chloig ar RTÉ Radio 1 a bhí ar siúl amuigh faoin aer ag Caisleán Bhaile Átha Cliath agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ chun tosaigh ann.

Craoladh dhá chlár faisnéise mórshuntais faoi chúrsaí ealaíne ar RTÉ One i rith na bliana ina raibh an láithreoir chun cinn ó thaobh stíle agus scríbhneoir de chuid na hÉireann i gceist ó thaobh ábhair. Scrúdaigh Gabriel Byrne, an t-aisteoir a bhfuil cáil air go hidirnáisiúnta, an tionchar fadmarthanach ó thaobh cúrsaí cultúir agus cúrsaí polaitíochta a bhí agus atá ag an scríbhneoir George Bernard Shaw in *My Astonishing Self: Gabriel Byrne on George Bernard Shaw*; agus chuir aisteoir cáiliúil scáileán na pictiúrlainne Anjelica Huston scéal shaol agus shaothar eisceachtúil James Joyce i láthair in *James Joyce: A Shout in the Street*.

Ríomhadh scéal athchóiriú Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, ceann de na tionscadail athchóiriúcháin is mó riamh i stair an Stáit in *Portrait of a Gallery*, a raibh ardmholadh ag an lucht léirmheastóireachta air. Wildfire Films a bhí i mbun an léiriúcháin agus bhí scannánaíocht ar siúl ar feadh tréimhse ceithre bliana.

Tháinig suíomh idirlín RTÉ.ie/culture chun cinn go mór arís i rith na bliana 2017, le réimse leathan d'ábhar scríbhneoireachta agus léirmheastóireachta chomh maith le gné-ailt faoi chúrsaí cultúir.

Athbhreithniú an Phríomh- Stiúrthóra (ar lean)

Bliain Stoirmeacha agus Athrú i Saol na Polaitíochta

Cuireadh tús i rith na bliana le próiseas trína mbeidh Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ ina sheirbhís nuachta atá 'digiteach i dtús báire'. Rinne an lucht úsáide níos mó ná 78 milliún leathanach a cheadú gach mí ar RTÉ News Now – an aip nuachta is mó úsáid in Éirinn. Coinníodh an lucht féachana agus éisteachta maidir le cláir nuachta agus cúrsaí reatha ar sheirbhísí craolta RTÉ gan íslíú an tráth céanna ar tháinig ardú 16% ar an úsáid as an aip RTÉ News Now.

Bhí lucht féachana ollmhór ag faire na teilifíse mar gheall ar stoir Ophelia i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh cláir eile an sceidil ar atráth ionas go bhféadfaí tuairiscíocht nuachta a chur ar fáil agus cheangail 2.3 milliún le RTÉ One – 871,000 duine sa bhreis ar an réimse den lucht féachana a d'aimseodh RTÉ ar an ngnáthlá.

Bhí cúrsaí maidir leis an mBreaitimeacht agus a bhféadfadh a theacht dá bharr in Éirinn, ó thuaidh agus ó dheas, go mór i gceist i rith na bliana 2017 ar fad agus bhí RTÉ ar an gcéad dream tuairiscíochta a chuir scéalta éagsúla maidir le hidirbheartaíocht na Ríochta Aontaithe leis an Aontas Eorpach os comhair an phobail.

Chuir RTÉ tuairiscíocht leitheadúil ar fáil freisin faoi na hionsaithe sceimhlitheoireachta i Londain agus i Manchain agus faoin dóiteán uafásach nuair a loisceadh Grenfell Tower.

Bhí tuairteáil thragóideach héileacaptar *Rescue 116* an Gharda Cóstá amach ó chósta Mhaigh Eo ar cheann de na scéalta nuachta ba thruamhéalaí sa tír seo i rith na bliana.

Tharla i rith na bliana go ndeachaigh Taoiseach amháin ar scor, gur toghadh Taoiseach eile agus go raibh Taoiseach eile fós a chuaigh ar shlí na firinne. I mí Meithimh, d'éirigh Enda Kenny as post an Taoisigh tar éis dó sé bliana a chaitheann san oifig sin agus cúig bliana déag ina cheannaire ar Fhine Gael. Tháinig Leo Varadkar ina ionad, an ceann Rialtais is óige i stair an Stáit. I gcodarsnacht leis sin, fuair Liam Ó Cosgartha bás i mí Dheireadh Fómhair in aois a 97, an Taoiseach is fadmarthanaí de chuid na tíre agus fear a bhí i gceannas na tíre sula raibh an té is deireanaí a tháinig i gcomharbacht air ar an saol beag ná mór.

I rith na bliana 2017, bhí *Prime Time* chun tosaigh maidir le muintir na hÉireann a chur ar an eolas faoi scéalta: idir an tuairteáil a tharla do *Rescue 116* – agus ábhar buartha leanúnach maidir le héileacaptair cuardaigh agus tarrthála na hÉireann – agus ábhar scéil maidir le cas sceithreachta an Gharda agus

Maurice McCabe a fhoilsiú. Léiríodh in *Carers in Crisis* an cas ina bhfuil beagnach 200,000 duine a chaitheann a saol ag tabhairt aire do dhaoine dá dteaghlaigh nach bhfuil ar a gcumas aire a thabhairt dóibh féin.

Léiríodh cláir éagsúla ar dshuntais de chuid RTÉ *Investigates* ar mhaithe le leas an phobail i rith na bliana 2017 chomh maith le tuairiscíocht fhiosrúcháin a chur ar fáil do chláir agus d'ardáin uile RTÉ News. Ar RTÉ *Investigates: Living on a List*, léiríodh an crá agus an phian a fhuilgíonn daoine atá ar liostaí feithimh na n-ospidéal. Foilsíodh líon firinneach na n-othar atá ar na liostaí feithimh, beagnach dhá oiread an líon a d'fhoilsigh an Roinn Sláinte, agus tarraingíodh ceisteanna sa Dáil dá bharr. I mí na Samhna, léiríodh ar RTÉ *Investigates: Nightmare to Let* an dóigh ina ndéanann tiarnaí talún gan scrupall oiread brabúis agus is féidir a ghnóthú trí thionóntaí a bhrú isteach sa chaoi is go mbíonn siad i mullach a chéile in árais nach bhfuil ar an gcaighdeán atá dlite. Taispeánadh cas amháin ina raibh 60 tionónta ina gcónaí in aon teach amháin.

Tar éis beagnach 30 bliain ina láithreoir ar *Morning Ireland*, chuaigh Cathal Mac Coille ar scor i rith na bliana 2017, athrú mór nach raibh ann ach an chéad cheann maidir le Nuacht RTÉ. Fiche bliain tar éis dó tosú ar *Six One*, d'athraigh Bryan Dobson ón teilifís go dtí an raidió agus é ar dhuine de láithreoirí *Morning Ireland*. D'fhógair RTÉ go dtiocfadh Keelin Shanley agus Caitríona Perry i mbun *Six One* a chur i láthair in éineacht i mí Eanáir 2018.

Ceangal leis an Lucht Féachana ar Líne agus ar a Éileamh

Lean an méadú i rith na bliana 2017, ó thaobh lucht úsáide agus ábhair, ar RTÉ.ie, an suíomh meán cumarsáide is mó in Éirinn. Ar na ranna nua a cuireadh leis an suíomh, bhí rte.ie/gaeilge, atá dírithe ar chainteoirí líofa agus ar lucht an chúpla focal agus rte.ie/brainstorm, spás inar féidir le lucht léinn cur leis an díospóireacht phoiblí agus smaointeoireacht nua faoi réimse leathan ceisteanna a chur i láthair. Tháinig ardú arís i rith na bliana 2017 ar líon na mbrabhsálaithe faoi leith agus ar líon na leathanach a ceadaíodh le meánlíon 54.1 milliún leathanach agus sé mhíilliún brabhsálaí faoi leith in aghaidh na míosa. Tháinig ardú maidir leis an suíomh a thapú ar ghléasra soghluaiste freisin ó 54% sa bhliain 2016 go dtí 59% sa bhliain 2017.

Leanadh de theacht chun cinn sheinnteoir an RTÉ Player, an tseirbhís fiseáin ar a éileamh is mó a úsáidtear maidir le fiseáin craolacháin in Éirinn, agus ceanglaíodh buaiclón nua sruthanna arís sa bhliain 2017. Tá an tseirbhís ar fáil ar aon cheann déag

Léiríodh cláir éagsúla ar dshuntais de chuid RTÉ *Investigates* ar mhaithe le leas an phobail i rith na bliana 2017 chomh maith le tuairiscíocht fhiosrúcháin a chur ar fáil do chláir agus d'ardáin uile RTÉ Nuacht.

d'ardáin faoi seo agus rinneadh freastal do líon ba mhó ná 51.5 milliún sruth, ardú 2% i gcomparáid leis an mbliain 2016. Bhí coimisiúin agus léiriúcháin éagsúla i rith na bliana ar ar sheinnteoir an RTÉ Player amháin a bhí siad á dtaispeáint, ina measc sraith sé cinn de chlár le Stefanie Preissner faoin teideal *How to Adult* agus sraith aclaíochta le Amanda Byram, láithreoir *Dancing with the Stars*.

Sheol RTÉ an Bailiúchán Nuachta Cartlainne i mí Dheireadh Fómhair 2017. Tá 2,213 tuairisc ón ré idir Márta 1985 go dtí Bealtaine 1986 ar fáil ar líne anois. Tá d'aithne, le cúnaimh faoi Scéim Cartlainne aclaíochta an Údarás Craolacháin, 14 bliana d'ábhar nuachta RTÉ a fhoilsíú.

Rinne RTÉ, i rith na bliana 2017, leasú ar an aip RTÉ News Now maidir le gnéithe nua agus feidhmiúlacht nua a chur leis. Dirítear aird ar scéalta ó na comhfhreagrathé réigiúnacha ar fud na tíre sa roinn maidir le nuacht Réigiúnach a cuireadh leis an aip i mí Bealtaine. Leis an leasú ar an tseirbhís brúfhógraí, a seoladh i mí Meithimh, déantar soláthar do na scéalta is nua a chur ar fáil níos tobainne, d'fhógraí idirghníomhacha agus do theachtaireachtaí taobh istigh den aip. Leis an dearadh leasaithe ar an aip, a seoladh i mí na Samhna, déantar soláthar do chóras nascleánúna níos caomhchóirithe agus do chóiriú pearsanta níos furasta ar an ábhar.

Rinneadh, trí pháirtneireacht nuála le Amazon, RTÉ News, Nuacht RTÉ agus RTÉ Weather a thabhairt isteach ina 'scileanna' ar Alexa, seirbhís gutha Amazon atá bunaithe ar an néalríomhaireacht agus a seoladh in Éirinn i rith mhí na Nollag. Mar gheall ar an mbeart luathfhorbartha sin, is í seirbhís RTÉ an tseirbhís nuachta a thairgtear ar dtús do dhaoine in Éirinn nuair a chuireann siad an cheist "Alexa, what's new?"

Sheas Saorview an fód i rith na bliana 2017 ar an ardán teilifíse is mó in Éirinn. De réir Nielsen, bhí Saorview ag 661,000 áras cónaithe faoi dheireadh na bliana, líon is ionann agus 42% de na hártais ar fad in Éirinn a bhfuil teilifís iontu. Seoladh Saorview Connect, an táirge nua maidir le Saorview atá ceangailte leis an idirlíon, i mí na Samhna.

Córas Nua Trádála

Ag teacht leis an gcóras oibriúcháin níos ginearálta maidir le 'Aon RTÉ Amháin', rinneadh bearta trádála RTÉ a shlánchóiriú den chéad uair riamh sa bhliain 2017. Tionscnamh ceannródaíochta sin i ndáil leis an margadh agus bhí glacadh maith leis i measc na goliant agus na ngníomhaireachtaí ar an margadh. Rinneadh an mheitheal trádála a fhorbairt sa chaoi is go bhfuil an córas dírithe ar na ngníomhaireachtaí - den chéad uair riamh, bhí aon phointe caidrimh amháin ag custaiméirí sna ngníomhaireachtaí maidir le díolachán agus praghsáil ar fud ardáin agus sheirbhísí uile RTÉ.

I gcomórtas leis an mbliain 2016 (bliain a raibh imeachtaí speisialta ag baint léi), tháinig íslíú ar ioncam tráchtála RTÉ sa bhliain 2017 de réir mar tháinig toradh carntha ón dímhéas airgeadra a bhaineann le cúrsaí an Bhreitheamh agus éiginnteacht maidir le hinfheistíocht i bhfeidhm ar mhargadh fógraíochta na hÉireann. Maidir le cúrsaí fógraíochta agus urraíochta go ginearálta, tháinig feabhas ar sciar RTÉ sna hearnála sin den mhargadh ina ndéantar iomaíocht. Tharla sin de thoradh ar an gcur chuige nua trádála agus tá RTÉ i riocht buntáiste a bhaint as aon téarnamh a tharlaíonn maidir leis an margadh i rith na bliana 2018.

Bonn Airgeadais Inmharthana agus a bhfuil i nDán sa Toghcháin

Sa bhliain 2017, in ainneoin íslíú ar an ioncam tráchtála, rinne RTÉ an t-easnamh oibriúcháin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (sula dtugtar nithe eisceachtúla agus cáin san áireamh) a íslíú go suntasach ó easnamh glan €19.4 milliún sa bhliain 2016, a raibh an costas maidir le himeachtaí speisialta san áireamh leis, go dtí €6.4 milliún sa bhliain 2017. I bhfianaise íslíú ar an ioncam tráchtála i rith na bliana 2017, ba shuntasach an beart sin a tugadh i gcorích trí chiorruithe breise i ndáil leis na costais oibriúcháin, costas imeachtaí speisialta san áireamh.

Ina ainneoin sin, ní féidir staid airgeadais RTÉ faoi láthair a sheasamh i bhfad. Cé go bhfuil, mar gheall ar shócmhainní talún a dhíol, aomhainní ar fáil a ligfidh dúinn aghaidh a thabhairt ar an easnamh tromchúiseach maidir le hinfheistíocht san infreastruchtúr agus i gcúrsaí teicneolaíochta, ní réiteach sin ar an éagumas faoi láthair cur leis an infheistíocht in ábhar cláir agus san iriseoireacht.

Ionas gur féidir scóip na n-aidhmeanna uailmhianacha a leagtar amach sa straitéis nua cúig bhliana a shásamh, ní mór an t-ioncam tráchtála a mhéadú oiread agus is féidir agus, ar aon dul le gnólacht ar bith, béim a leagan i gcónaí ar bhreis éifeachtúlachta. Is soiléir chomh maith nach féidir le RTÉ claochlú a thabhairt i bhfeidhm ná pleanáil a dhéanamh maidir leis an am atá romhainn gan soiléire maidir leis an maoiniú poiblí.

Má tá RTÉ le cur ar bhonn inmharthana airgeadais in athuair, tá sé riachtanach go ndéanann an Rialtas bearta maidir le córas na dtáillí ceadúnais a leasú. Tá níos mó ná €50 milliún in aghaidh na bliana á chailleadh faoin gcóras reatha. Ní amháin nach bhfuil sin cóir ar an tromlach a íocann táille an cheadúnais teilifíse, tá teorainn á chur freisin lena mbeadh ar acmhainn eárnáil na léiritheoirí neamhspleácha a thabhairt i gcorích. Mura ndéantar beart, tiocfaidh toradh nach beag maidir le hiriseoireacht in Éirinn, le cur in iúl an chultúir agus na cruthaitheachta go náisiúnta agus le cúrsaí fostaíochta in eárnáil na meán cumarsáide go ginearálta.

Roimh Nollaig na bliana 2017, moladh sraith leasuithe maidir le córas na dtáillí ceadúnais agus leis an mbearta craolacháin sa tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais um Chumarsáid maidir le *Craolachán Seirbhíse Poiblí a Mhaoiniú sa Toghcháin*. Dá ndéanfaí na leasuithe sin a chur i bhfeidhm, bheadh claochlú i gceist, ní amháin do RTÉ, ach d'earnáil na cruthaitheachta ar fad in Éirinn. Ba mhór an t-ábhar dóchais é. Leagtar treoir shoiléir amach leis na moltaí; tá sé in am anois ag an Rialtas beart a dhéanamh.

Tharla athrú ollmhór ar RTÉ i rith na bliana 2017, bliain a ndearnadh cuid mhór pleanála maidir leis an am atá le theacht. Táthar ag tnúth le hoibriú leis an Údarás Craolacháin, leis na Rialtas agus le heagraíochtaí eile ón am a mbíonn an t-athbhreithniú ar an straitéis tugtha chun críche againn faoi lár na bliana 2018.

Dee Forbes

Príomh-Stiúrthóir RTÉ

Athbhreithniú Airgeadais

Torthaí agus Brabús Oibriúcháin

Le hioncam na bliana 2017 ar an leibhéal céanna le hioncam na bliana 2016, agus le costais oibriúcháin níos ísle i rith na bliana, bhí Easnamh Glan níos ísle roimh mhíreanna Eisceachtúla agus roimh Cháin cothrom le €6.4 milliún de thoradh na bliana ag RTÉ (2016: Easnamh €19.4 milliún, leis an gcostas a ghabh le himeachtaí speisialta san áireamh). Tháinig íslíú 4% ar an ioncam tráchtála sa bhliain 2017 de réir mar a bhí tionchar leanúnach ag cúrsaí maidir leis an mBreatimeacht agus ag athruithe ar an margadh fógraíochta maidir leis na meáin dhigiteacha ar an margadh fógraíochta in Éirinn. Tháinig ardú €7 milliún (4%) ar an ioncam ón gceadúnas teilifíse, de thoradh ar an ardú €6 milliún ar an gcostíocht phoiblí a fógraíodh i mBuiséad 2017 den chuid is mó, páirtchúiteamh i gcomórtas leis an gciorrú ar chistí poiblí ón mbliain 2010 anall. Bhí an costas oibriúcháin móriomlán €334.5 milliún 2.5% níos ísle ná mar a bhí sa bhliain 2016, bliain lenar bhain cuid mhór imeachtaí speisialta, Olltoghchán, Comóradh Céad Bliain 1916 agus imeachtaí éagsúla spóirt, a ndearna a gcur i láthair costas breisíoch ábhartha a tharraingt ar RTÉ.

Bhí roinnt imeachtaí eisceachtúla i gceist leis an mbliain 2017 don eagraíocht. Bhí Barrachas Glan €42.1 milliún (2016: Easnamh Glan €19.7 milliún) de thoradh na bliana ag RTÉ, lena dtugtar san áireamh gnóthachtáil glan €78.5 milliún tar éis cúrsaí cánachais ó chuid den suíomh i nDomhnach Broc a dhíol, lúide costais a ghabh leis an tionscadal sin ionas go bhféadfaí an talamh a dhíol, agus tar éis muirear athstruchtúrúcháin €29.6 milliún a thabhairt san áireamh.

Achoimre ar na Buaicphointí Airgeadais

	2017 €m	2016 €m	Athrú €m
Ioncam Tráchtála	151.5	158.2	(6.7)
Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse	186.1	179.1	7.0
Ioncam lomlán	337.6	337.3	0.3
Costais Oibriúcháin (gan Imeachtaí Speisialta a áireamh)*	(334.5)	(327.3)	(7.2)
EBITDA** (roimh Imeachtaí Speisialta)	3.1	10.0	(6.9)
Costais maidir le hImeachtaí Speisialta	-	(16.1)	16.1
EBITDA	3.1	(6.1)	9.2
Dímheas & Amúchadh	(12.4)	(13.6)	1.2
Gnóthachtáil ó Shócmhainní Doláimhsithe a Dhiúscairt	5.0	0.1	4.9
Glan (Chostas) / Ioncam Airgeadais	(2.1)	0.2	(2.3)
(Easnamh) roimh Mhíreanna Eisceachtúla & Cáin	(6.4)	(19.4)	13.0
Gnóthachtáil ó Dhíol Talún lúide Costais Tionscadail a ghabh leis an Díolachán	99.5	-	99.5
Athstruchtúrú & Muirir Eile	(29.6)	-	(29.6)
Barrachas/(Easnamh) tar éis Míreanna Eisceachtúla agus roimh Cháin	63.5	(19.4)	82.9
Cáin	(21.4)	(0.3)	(21.1)
Barrachas/(Easnamh) Glan don Bhliain	42.1	(19.7)	61.8

*Costais Oibriúcháin roimh Dhímheas & Amúchadh agus gan costais incriminteacha maidir le hImeachtaí Speisialta a áireamh in 2016.

**EBITDA: Tuilleamh roimh Ús, Cánachas, Dímheas, Amúchadh agus míreanna Eisceachtúla

Ioncam Tráchtála

Tháinig íslíú ar ioncam tráchtála RTÉ i rith na bliana 2017 de réir mar a bhí an tionchar a bhaineann le cúrsaí an Bhreatimeachta, dímheas airgeadra agus éiginnteacht maidir le hinfheistíocht a dhéanamh san áireamh, ag dul i gcion ar mhargadh fógraíochta Phoblacht na hÉireann agus gan aon imeachtaí speisialta i gceist mar a bhí sa bhliain 2016. Bhí an margadh fógraíochta tríd is tríd achrannach i gcónaí. Chuir an laghdú leanúnach maidir le hinfheistíocht isteach ar an toradh feidhmíochta ó thaobh na teilifíse. Bhí fógraíocht agus urraíocht Teilifíse ar an bhfoinse is mó maidir le hioncam tráchtála agus 57% d'ioncam tráchtála uile RTÉ i gceist leis i rith na bliana. Rinneadh cothrom go maith maidir le hioncam raidió RTÉ i margadh anróiteach agus níor tháinig níos mó ná 2% d'íslíú nuair a bhí titim níos gaire do 10% ar an margadh ina iomláine. Tá íslíú gear le tabhairt faoi deara maidir le caiteachas ar fhógraíocht taispeántais ar na meáin dhigiteacha, léiriú ar íslíú mór ar phraghsanna agus iomaíocht ríghéar, agus ní raibh an teacht isteach ó fhógraíocht agus ó urraíocht ar na meáin dhigiteacha chomh hard agus a bhí measta. Bhí seasamh níos tréine i gceist le línte eile ioncaim nár tharla de laghdú ina leith ach íslíú 1% in imeacht na bliana.

	2017 v 2016 Athrú €m	Athrú %
Fógraíocht & Urraíocht - Teilifís	(5.1)	-6%
Fógraíocht & Urraíocht - Raidió	(0.5)	-2%
Fógraíocht & Urraíocht - Digiteach	(0.8)	-12%
Ioncam Eile - Ábhar Digiteach san áireamh	(0.3)	-1%
Gluaiseacht Bliain i ndiaidh Bliana	(6.7)	-4%
Ioncam Tráchtála 2016	158.2	
Ioncam Tráchtála 2017	151.5	

Tugadh cur chuige nua slánchóirithe isteach maidir le trádáil RTÉ i rith na bliana 2017. Déantar an trádáil maidir le gnóthaí teilifíse, raidió agus na meán digiteach in éineacht, rud a raibh glacadh maith leis ó na cliant agus ó na gníomhaireachtaí araon. Maidir le cúrsaí fógraíochta agus urraíochta go ginearálta, tháinig feabhas ar sciar RTÉ sna hearnála sin den mhargadh ina ndéantar iomaíocht agus tá RTÉ i riocht buntáiste a bhaint as aon téarnamh a tharlaíonn maidir leis an margadh i rith na bliana 2018.

Ioncam ón gCeadúnas Teilifíse

Ós craoltóir seirbhíse poiblí démhaoinithe RTÉ ar a leagtar réimse leathan cúraimí faoin reachtaíocht, tá buntábhacht leis an leibhéal cistí poiblí a fhaightear chun ról na heagraíochta a chomhlíonadh. An Roinn Cumarsáide, Gníomhaíthe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (DCCA) atá freagrach as an airgead ceadúnais teilifíse atá dlite a bhailiú, ó An Post (an t-aon ghníomhaire amháin maidir le ceadúnais teilifíse a dhíol) agus ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (DEASP) i ndáil le ceadúnais teilifíse “saor in aisce”. Tugann an DCCA ansin deontas i gcabhair do RTÉ as an airgead maidir le táillí ceadúnais a bailíodh.

As an €216 milliún a bailíodh maidir le ceadúnas teilifíse sa bhliain 2017, fuair RTÉ €186.1 milliún (86%) de go díreach. Baineadh úsáid as an gcuid eile den airgead ón táille ceadúnais chun na costais bailiúcháin agus muirir ghaolmhar ag An Post a íoc, chun airgead a chur ar fáil don soéim Fis & Fuaim a ritheann an tÚdarás Craolacháin agus le haghaidh páirtmhaoiniú a dhéanamh ar TG4. Bhí an t-ioncam ón gceadúnas teilifíse sa bhliain 2017 €7 milliún níos airde ná leibhéal €179.1 milliún na bliana 2016. Tháinig an t-ardú de thoradh ar an ardú €6 milliún ar an gcoistíocht phoiblí a fógraíodh i mBuiséad 2017 den chuid is mó, páirtchúiteamh i gcomórtas leis an gciorrú ar chistí poiblí ón mbliain 2010 anall. Tháinig ardú freisin ar líon na n-aonad táillí ceadúnais a dhíol An Post i rith na bliana 2017, de thoradh ar bhreis cigireachta a bheith ar siúl agus ar ardú maidir le líon glan na dteaghlach nua a cruthaíodh.

De réir an ríomh is deireanaí ag DCCA ar na figiúirí, tá an leibhéal seachanta cothrom le 15% (2016) de na teaghlach agus de na háitribh ghnó a mbeadh an táille le gearradh orthu. Tá an ráta seachanta in Éirinn i bhfad níos airde ná mar atá sa Ríocht Aontaithe agus i dtíortha eile san Eoraip agus tá an costas bailiúcháin níos mó ná dhá oiread an chostais ag Craoltóirí Seirbhíse Poiblí eile san Eoraip. Tá an Post, an DCCA agus RTÉ ag obair i gcomhar chun an leibhéal seachanta a ísliú agus tá sin ar na bearta príomhthábhachta arís eile i ndáil leis an mbliain 2018.

Éire	15%
An Ríocht Aontaithe	6.5%
An Ghearmáin	2%
An Ostair	4%
An Danmhairg	9.9%
An Eilvéis	8.5%
An Iorua	6.8%

Foinse: Tuarascáil de chuid an EBU maidir le Táillí Ceadúnais 2017 - Rátaí Seachanta 2016 san áireamh

Ábhar buartha eile an t-ardú ar líon na dteaghlach nach bhfuil teilifíseán den ghnáthchineál acu. Tá ardú ar an bhfigiúr sin go seasta le blianta beaga anuas de réir an Nielsen Establishment Survey agus é cothrom le 9.1% faoin tráth seo (Eanáir 2018). De réir mar atá athrú i gcónaí faoi na modhanna ina dtapaítear ábhar na meán cumarsáide, agus sin ag éirí níos casta, is lú a thiocthaí táille an

cheadúnas teilifíse leis an gcaoi a dtapaíonn daoine ábhar seirbhíse poiblí. Tá sin ar an gcóis is mó leis an athrú ar an gcóras atá á thabhairt isteach i dtíortha eile, ionas gur táille maidir leis na meán chumarsáide nó modh eile atá iontu anois seachas táille a bhaineann le gléas de chineál faoi leith.

Tá ísliú níos mó ná €20 milliún tagtha ón mbliain 2010 i leith ar an ioncam ó tháillí Ceadúnais Teilifíse a fhaigheann RTÉ trí chistíocht phoiblí mar gheall ar bhearta trína ndéantar ciorrú agus laghdú ar an gciste atá ar fáil. Áirítear ar na bearta sin páirtmhaoiniú a dhéanamh ar TG4 díreach ó tháille an cheadúnais teilifíse, maoiniú breise ar Chiste Fuaime agus Físe BAI, an t-uasteorainn airgid a tugadh isteach i ndáil leis an tsuim a bhíonn le fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le táillí do cheadúnais ‘saor in aisce’, agus an laghdú de €5 milliún faoi Bhuiséad 2014 ar shuim iomlán na gcistí poiblí a fuarthas. Fáiltíonn RTÉ roimh an €6 milliún breise de chistíocht phoiblí a fógraíodh faoi Bhuiséad 2017 agus an €1.5 milliún a fógraíodh faoi Bhuiséad 2018 mar pháirtchúiteamh ar chiorruithe ar chistíocht phoiblí na mblianta roimhe sin.

Mhol an tÚdarás Craolacháin gach bliain – mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar an gcoistíocht do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí i leith na mblianta 2013, 2014, 2015 agus arís sa bhliain 2016 – gur cheart an maoiniú poiblí ar RTÉ a ardú chun dul i ngleic leis an leibhéal cistíochta a fhaigheann RTÉ atá easnamhach maidir leis na cuspóirí mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí a thabhairt i gcrích.

Leagtar amach faoin gceannnteideal ‘An Úsáid as gach Táille Ceadúnais Teilifíse a bailíodh’ (féach leathanach 18) an úsáid a bhaintear as an táille ón gceadúnas le hinfheistíocht a dhéanamh i seirbhísí agus i mbeartaíocht RTÉ ar 81% d’iomlán na dtáillí ceadúnais. Déantar an 19% fuilligh a infheistiú i mBearta neamh-RTÉ, lena n-áirítear Ciste Fuaime agus Físe an Údarais Craolacháin, an asbhaint agus an cúnadh a bhaineann le TG4 agus na táillí bailiúcháin a íoctar le An Post.

Costais Oibriúcháin

B’ionann an costas iomlán oibriúcháin i rith na bliana 2017 agus €334.5 milliún, 2.5% níos ísle ná figiúr na bliana 2016, bliain lena bhain cuid mhór imeachtaí speisialta a ndearna RTÉ craoltóireachta ina leith (Olltoghchán, Comóradh Céad Bliain 1916 agus imeachtaí éagsúla spóirt a raibh costas breisíoch ábhartha i gceist lena gcur i láthair ar RTÉ). Tá smacht á choinneáil ar chostais i gcónaí agus bhí costas oibriúcháin na bliana 2017 24% níos ísle ná leibhéal na bliana 2008.

2017 v 2016
Athrú
€m

Ardú ar Chostais Oibriúcháin maidir le Cúrsaí Pearsanra	0.4
Ardú ar Chostais Oibriúcháin maidir le Cúrsaí Neamhphearsanra	6.8
Laghdú ar Chostais maidir le hlmeachtaí Speisialta	(16.1)
Laghdú Bliain i ndiaidh Bliana (Imeachtaí Speisialta san áireamh)	(8.9)
Costais Oibriúcháin 2016	343.4
Costais Oibriúcháin 2017	334.5

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Bhí ardú ar na costais oibriúcháin maidir le cúrsaí pearsanra (PROC) sa bhliain 2017 mar gheall ar chiorruithe deonacha pá ar ghlac lucht na foirne leo a chur ar ais mar a bhíodh ar bhonn céimnithe, ciorruithe a bhí cúitithe go hiomlán faoi mhí na Nollag 2017, glan ar íslíú de chineálacha eile maidir le leibhéal costais acmhainní. Thángthas ar réiteach sa bhliain 2015 leis an bhfoireann agus leis na ceadchumainn faoi na ciorruithe pá ar ghlac an fhoireann go deonach leo sa bhliain 2009 a chur ar ais mar a bhíodh ar bhonn céimnithe de réir a chéile. Aontaíodh go ndéanfaí an t-athrú ar ais ó na ciorruithe pá ar bhonn céimnithe idir mí na Nollag 2015 agus mí na Nollag 2017. Is de thoradh ar chostas ardaithe maidir le cláir a coimisiúnaíodh agus le cláir a ceannaíodh an t-ardú maidir le costas neamh-PROC i rith na bliana 2017.

Líon na bhFostaithe

B'ionann líon an bhfostaithe ar an 31 Nollaig 2017 agus 1,924 (2016: 1,984) agus bhí 317 (2016: 278) acu sin a mba fostaithe ar bhonn páirtaimseartha / ócáideach iad. B'ionann coibhéis líon na bhfostaithe lánaimseartha an 31 Nollaig 2017 agus 1,746 (2016: 1,834), laghdú 5% in imeacht bliana. Is í mí na Nollag 2017 a tharla an laghdú sin nuair a d'fhág 84 ball foirne an eagraíocht, an chéad sciar atá ag fágáil de thoradh ar an gclár don scor deonach a seoladh mar chuid d'athstruchtúrú ginearálta na heagraíochta i rith na bliana.

Fáltais Glan ó Dhiól Talún

Leanann Bord RTÉ agus Lucht Feidhmiúcháin RTÉ de straitéisí a thabhairt chun cinn maidir le luach airgid ón sealúchas talún a thabhairt i bhfeidhm. D'aontaigh Bord RTÉ, mar chuid den bheartaíocht sin, le socrú talamh nach raibh oiread sin leas á bhaint as ag an gceann thiar den suíomh i nDomhnach Broc a dhíol. Tar éis próiseas soláthair poiblí a réachtáil i rith na bliana 2016, ceapadh Savills i mbun na bainistíochta i ndáil leis an bpróiseas díolacháin. I mí Márta 2017, cuireadh 8.64 acra talún i nDomhnach Broc ar an margadh i bpróiseas oscailte díolacháin poiblí. Cairn Homes plc, comhlacht tógála de chuid na hÉireann, a chuir isteach an tairiscint ar éirigh léi agus díoladh an talamh i mí Iúil 2017 ar €107.5 milliún. Bhain costas iomlán €2.8 milliún le díol na talún ar an gcostas díolacháin díreach agus caiteachas gaolmhar eile a áireamh. Tagann an costas díolacháin agus margaíochta, cúrsaí dlíodóireachta agus airgeadas corparáide i gceist leis an gcostas sin chomh maith le cúrsaí pleanála agus comhairleoirí tríú páirtí eile i ndáil le máistirplean forghinearálta RTÉ don suíomh i nDomhnach Broc a leagan amach agus cúnadh a thabhairt leis an díol agus le hiarratais éagsúla ar chead pleanála.

Ionas go bhféadfaí an talamh a thabhairt ar láimh gan eire don cheannaitheoir, bhí gá le sraith de thionscadail éagsúla, sular tharla an díol agus ó shin, ar mhaithe leis an díol féin agus i ndáil le gnéithe den obair a athlonnú. Meastar go mbeidh costas iomlán €10 milliún leis na tionscadail sin ar mhaithe lena thabhairt go bhféadfaí an díol a dhéanamh, agus tharla €6.9 milliún den chostas sin i rith na bliana 2017. Tarlóidh fuilleach €3.1 milliún an chostais i rith na bliana 2018. Maidir le costas €6.9 milliún na bliana 2017, déantar €5.2 milliún a lua de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim mar chaiteachas eisceachtúil agus déantar caipitliú mar shócmhainní ar an €1.7 milliún d'fhuilleach.

B'ionann an ghnóthachtáil sa bhliain 2017 ó dhiól na talún, glan ar an gcostas a d'fhág go bhféadfaí an díol a dhéanamh, €99.5 milliún roimh cháin, agus déantar sin a lua mar mhír eisceachtúil. Tagann an ghnóthachtáil ó dhiól talún faoi réir cháin corparáide freisin agus déantar soláthar do mhuirear gaolmhar cánachais €21 mhíilliún sa bhliain 2017 a bheidh le híoc sa bhliain 2018.

Fágfaidh na cistí a fuarthas ó dhiól na talún gur féidir infheistíocht caipitil agus infheistíocht sa teicneolaíocht dhigiteach a bhfuil géarghá léi a dhéanamh, chomh maith le hathstruchtúrú eagrúcháin a mhaoiniú agus leibhéal iasachta RTÉ a íslíú.

Athstruchtúrú agus Muirir eile

D'fhógair Príomh-Stiúrthóir RTÉ Dee Forbes an struchtúr eagrúcháin 'Aon RTÉ amháin' i mí Márta 2017. Tá leagtha amach leis sin feabhas a chur ar an gcomhordú maidir le hábhar, díriú ar riachtanais an lucht féachana agus éisteachta, dul i gcion níos tréine ar an lucht féachana agus éisteachta agus breis éifeachta a thabhairt i dtreis. Mar chuid den athstruchtúrú ginearálta agus chun an bonn costais maidir le cúrsaí oibriúcháin a íslíú, tá leagtha amach de sprioc líon na foirne a íslíú idir 200 agus 300 duine agus sábháil inbhuanaithe bhliantúil a thabhairt i gcoric go leanúnach do RTÉ. Ba ghné mhórthábhachtach maidir leis an gclár atheagrúcháin an Clár maidir le RTÉ a fhágáil go deonach (VEP), a raibh roghanna scoir agus roghanna iomarcaíochta i gceist leis, a fhógairt i mí Mheán Fómhair 2017. Ar na bearta atheagrúcháin eile, bhí struchtúr eagrúcháin nua a leagan amach, córais airgeadais a athrú i ndáil leis an struchtúr eagrúcháin nua agus seirbhísí eile comhairle.

B'ionann an soláthar foriomlán a rinneadh maidir leis an athstruchtúrú agus muirir eile agus €29.6 milliún agus déantar sin a lua de mhuirear ar Ráiteas Ioncaim 2017 RTÉ. Tagann san áireamh leis an gcostas maidir le hathstruchtúrú agus muirir eile an costas a ghabhann le sochair a cuireadh ar fáil do dhaoine agus iad ag fágáil faoin scéim VEP, táillí lucht gairme agus seirbhísí comhairle maidir leis an scéim VEP, an t-athrú glan maidir le suimeanna a bhaineann le haisiocaíochtaí pinsin le Scéim Aoisliúntais RTÉ, an leagan amach ar an struchtúr eagrúcháin agus seirbhísí comhairle eile ó lucht gairme.

Costas Glan Airgeadais

Bhí costas glan airgeadais €2.1 milliún i gceist sa bhliain 2017 i gcomórtas le hioncam glan airgeadais €0.2 milliún sa bhliain 2016, mar seo a leanas:


B'ionann an t-ioncam airgeadais iomlán sa bhliain 2017 agus €0.5 milliún, i gcomórtas le hioncam airgeadais €1.8 milliún sa bhliain 2016. Bhain an t-ioncam glan úis €0.5 milliún le scéim pinsin shochair shainithe IAS 19 (costas glan úis €1.2 milliún sa bhliain) agus le hioncam úis ar airgead taisce, suim dhiomaibhseach i rith na bliana faoi chaibidil (2016: Náid).

Is ionann an costas airgeadais i leith na bliana 2017 agus €2.6 milliún, i gcomórtas le costas €1.6 milliún sa bhliain 2016. Tugtar san áireamh leis an gcostas €2.6 milliún an t-ús atá le híoc, ús ar chostais athstruchtúraithe agus cailteanas ar luach cothrom maidir le fálú sreabhach airgid arna aistriú ón gothromas €1.4 milliún (2016: €1.6 milliún) agus cailteanas ar luach cothrom €1.2 milliún (2016: gnóthachtáil €0.6 milliún) i ndáil le conarthaí maidir le díorthach airgeadra eachtraigh.


Cánachas

Ag leanúint leis na straitéisí a tugadh chun cinn i rith na mblianta roimhe seo i ndáil le maoin talún, rinne RTÉ réadú i rith na bliana 2017 i ndáil le roinnt den mhaoin sin trí 8.64 acra talún i nDomhnach Broc a dhiúscairt. Tá muirear €21.4 milliún i gceist maidir le cáin corparáide don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus sin ag baint den chuid is mó le cáin ar an bhfáltais ó dhiúscairt na talún mar chuid den straitéis ina leith sin. Tagann san áireamh freisin muirear cánach iarchurtha €0.4 milliún (2016: muirear cánach €0.3 milliún) mar gheall ar iomrall tráthanna maidir le líuntais caipitil a éileamh agus dímhéas a chur de mhuirear.

LÍON NA BHFOSTAITHE



COSTAIS OIBRIÚCHÁIN RTÉ €M 2008 - 2017



Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Sreabhadh Airgeadais agus Iasachtaí

Mar a bhí á thuar, bhí tionchar chun sochair ag díol na talún i nDomhnach Broc ar an sreabhadh airgid agus ar leibhéal na n-iasachtaí agus tháinig de thoradh air sin go mb'ionann an iarmhéid airgid tirim ar an 31 Nollaig 2017 agus €58 milliún (2016: fíachas glan €40 milliún)

B'ionann iarmhéid iomlán an airgid thirim ar an 31 Nollaig 2017 agus €107.1 milliún (2016: €17.7 milliún), ardú €89.4 milliún. Is féidir achoimre i ndáil leis an ngluaiseacht ó thaobh iarmhéideanna airgid thirim i rith na bliana 2017 a leagan amach mar seo a leanas:

Ráiteas Achoimre faoi Shreabhadh Airgid	2017 €m	2016 €m
EBITDA Roimh Athstruchtúró Muirear agus Gnóthú maidir le Sócmhainní a Dhiúscairt	3	(6)
Sreabhadh Airgid Oibriúcháin – Caipiteal Oibre	-	4
Sreabhadh Airgid Athstruchtúrúcháin – Íocaíochtaí	(11)	(3)
Beartaíocht Infheistíochta:		
- Caiteachas Caipitil	(11)	(8)
- Fáltas ó Dhiúscairt Sócmhainní	110	-
- Deontas Caipitil a Fuarthas	8	-
Sreabhadh Airgid maidir le Cúrsaí Airgeadais:		
- Iasachtaí (Aisiocaíochtaí)/Tarraingt Anuas	(8)	7
- Ús a Íocadh	(2)	(2)
Ardú/(Laghdú) glan maidir le hAirgead Tirim agus Infheistíocht i Sócmhainní Leachtacha	89	(8)

I bhfianaise ar tháinig de bhrú maidir le cúrsaí airgeadais ón mbliain 2008 i leith, tá béim níos géire ar an mbainistíocht ar airgead tirim agus ar chistíocht. Bhí sin ar cheann de na gnéithe barrthábhachta maidir leis an mbainistíocht airgeadais arís i rith na bliana 2017 chun a dheimhniú go mbeadh sreabhadh leordhóthanach airgid thirim ar fáil agus saoráidí leordhóthanacha ina leith sin.

Tá an-tábhacht don eagraíocht le socrú agus saoráidí bainc éireachta RTÉ chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na saoráidí céanna sin. Tá buntábhacht i gcónaí leis an mbéim seo ar chúrsaí cistíochta.

Ar an 31 Nollaig 2017, bhí iasachtaí bainc ag RTÉ dar luach €49.5 milliún (2016: €57.9 milliún) mar seo a leanas:

- Tá comhaontú saoráide iasachta €40 milliún maidir le ciste airgeadais tionscadail idir 2rn, fochuideachta tarchuradóireachta RTÉ, agus Barclays Bank mar chuid den mhaoiniú don infreastruchtúr tarchuradóireachta agus dáileacháin a theastaíonn don tionscadal maidir le Teilifís Trastíre Dhigiteach (DTT). Tá an tsaoráid sin ag seasamh amach an 31 Nollaig 2017. Rinneadh saoráid iasachta sa bhreis air sin dar luach €13 mhíilliún agus bhí a iomlán sin tarraingthe anuas i rith na bliana 2016. Cuirteadh tús le haisiocaíochtaí caipitil i ndáil leis an iasacht sin i rith na bliana 2017 agus €9.5 milliún a bhí ag seasamh amach ar an 31 Nollaig 2017 (2016: €13 mhíilliún).

- Bhí an tsaoráid iasachta le Banc na hÉireann a tarraingíodh anuas sa bhliain 2012 agus a bhí le híoc ar ais i rith tréimhse 5 bhliana íochta ar ais ina hiomlán amhail an 31 Nollaig 2017 (2016: €1.9 milliún). Socraíodh saoráid nua sa bhliain 2016 maidir le creidmheas imrothlach dar luach €15 mhíilliún go ceann tréimhse cúig bliana. Socrú airgeadais sochóirithe atá ansin faoinar féidir suimeanna a tharraingt anuas agus a aisíoc de réir mar a bhíonn gá ag RTÉ leo i rith théarma an tsocraithe. Ní raibh suim ar bith ag seasamh amach ar an 31 Nollaig 2017 (2016: €3 mhíilliún).

Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais

Is é Bord RTÉ a leagann síos polasaithe cistíochta an Ghrúpa, ar a n-áirítear ionstraimí airgeadais, bainistíocht ar airgead tirim, riosca maidir le rátaí úis, riosca maidir le malartú eachtrach, riosca leachtachta agus riosca creidmheasa maidir le frithpháirtithe. Leagtar amach iad sin i nóta 23 leis na ráitis airgeadais.

Deontais Chaipitil

Fuarthas deontas caipitil ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le socrú do ghlanadh bhanna minicíochta Speictream 700 MHz de réir shainordú an AE.

Caiteachas Caipitil agus Gnóthachtáil ó Sócmhainní a Dhiúscairt

B'ionann caiteachas caipitil iomlán RTÉ i rith na bliana 2017 agus €15.8 milliún (2016: €7.6 milliún), lena dtugtar infheistíocht i gcúrsaí teicneolaíochta agus i sócmhainní de chuid RTÉ san áireamh chomh maith leis an tionscadal maidir le Speictream 700 MHz agus na tionscadaí ar tugadh fúthu ionas go bhféadfaí talamh a dhíol.

Rinneadh infheistíocht €6.6 milliún i gcúrsaí teicneolaíochta, mar shampla i leathnú stórais, in iontaofacht an chórais seinnte, i gcórais grafaice, i bhforfheabhsú an chórais díolacháin, in athnuachan agus i bhforfheabhsú ar an RTÉ Player, i gcórais anailíse digiteacha agus in obair infreastruchtúir ar an láthair. Leanadh den bhéim ar an infheistíocht leanúnach in infreastruchtúr craolacháin DTT agus i dtionscnaimh athnuachana maidir leis na córais tarchuradóireachta.

Mar a luaitear thuas, ionas go bhféadfaí an talamh a díoladh le Cairn Homes plc a thabhairt ar láimh, b'éigean tabhairt faoi tionscadaí éagsúla ar mhaithe leis an díolachán, réimsí beartaíochta de chuid RTÉ a aistriú go dtí áit eile ar an suíomh i nDomhnach Broc agus nithe eile a bhí de choinníoll maidir leis an socrú díolacháin. Áirítear ar na tionscadaí infreastruchtúir a bhí i gceist, orèche RTÉ a aistriú ionas go bhféadfaí bealach nua a dhéanamh isteach ar an suíomh, aomhal nua ó Bhóthar Stigh Lorgan (R138) go suíomh RTÉ, agus Club Spóirt agus Sóisialta RTÉ agus láthair léiriúcháin *Fair City* a athrú go hionaid eile. Bhí costas iomlán €6.9 milliún leis na tionscadaí ar mhaithe le díol na talún sa bhliain 2017.

B'ionann an caiteachas caipitil ar an tionscadal maidir le hathrú ó 700 MHz i rith na bliana 2017 agus €2.7 milliún. Na seirbhísí craolacháin a athrú ón mbanda minicíochta 700 MHz faoin mbliain 2020 atá i gceist leis an tionscadal seo agus tá an chuid is mó den chiste lena aghaidh á chur ar fáil ag DCCA.

I dtús na bliana 2017, dhíol RTÉ a cuid áiteanna ar treoir leictreonach cláir (EPG) ar ardán Sky sa Ríocht Aontaithe agus tugadh gnóthachtáil €5 mhíilliún roimh chéin i gcorch ón tsócmhainn dholáimhsithe a dhiúscairt. Luaitear sin mar chuid de thorthaí oibriúcháin na bliana.

Cúrsaí Rialála

Rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* a leasú agus tháinig an cód nua i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2016. Tá feidhm leis an gcód sin maidir le tréimhsí tuairiscíochta airgeadais dar tús an dáta sin nó tráth is deireanaí ná an dáta sin. Cloíonn RTÉ leis an gcód leasaithe.

Tagann RTÉ faoi rialáil Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) maidir leis na dualgais mar chomhlacht craolacháin seirbhíse poiblí. Oibríonn RTÉ (faoi mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009*) leis an Údarás Craolacháin i ndáil leis an athbhreithniú bliantúil agus leis an athbhreithniú cúig bhliana ar an gcistíocht phoiblí a dhéanann an BAI faoi alt 124 an Achta. Bhí RTÉ i mbun athbhreithniú mór straitéise a dhéanamh i rith na bliana 2017 ónar eascair straitéis na mblianta 2018-2022 a chur le chéile. Tá an straitéis sin dírithe ar a chinntiú go leanann RTÉ de na seirbhísí a chur ar fáil agus go sásaítear riachtanais an lucht éisteachta agus féachana i dtimpeallacht lena mbaineann athruithe go luath tobann ar na pátrúin dáileacháin agus ar na pátrúin úsáide. Cuireadh an straitéis sin faoi bhráid an BAI lena meas mar chuid den athbhreithniú cúig bliana.

Ag teacht le coinníollacha de chuid an Rialtais agus de chuid an BAI, déantar Polasaí agus Nós Imeachta Cóirthrádála RTÉ a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin RTÉ. Leagtar creatchóras amach sa cháipéis atá bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Deighilt ghlan idir an bheartaíocht tráchtála agus an tseirbhís phoiblí
- Trádáil chothrom de réir phrionsabail an mhargaidh
- Follasacht agus freagracht

D'ainmnigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg), roimhe seo, RTÉ agus 2rn mar chomhlachtaí a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh (SMP) acu sna margaí a bhaineann le seirbhísí tarchuradóireachta agus dáileacháin a chur ar fáil do chraoltóirí Raidió agus don oibrítheoir Ilphléacs DTT chomh maith le seirbhísí Ilphléacs DTT a sholáthar do chraoltóirí. Is é an toradh a tháinig de bharr na breithe sin go leagtar dualgais áirithe ar RTÉ (Margadh B) agus ar 2rn (Margadh A). Déantar cuntais dheighilte lena mbaineann cuntais rialáilte maidir le Margadh A agus Margadh B faoi seach chomh maith le buncháipéisíocht cuntasaíochta a fhoilsiú de réir na gcoinníollacha faoin rialáil.

Cúrsaí Pinsin

Tá trí cinn de scéimeanna pinsin ar bun ag RTÉ do na fostaithe: scéim pinsin le sochair shainithe (DB), scéim pinsin le ranníocaíochtaí sainithe (DC) agus scéim hibrideach (scéim a mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC araon léi).

Scéim Aoisliúntais RTÉ (DB)

Is scéim pinsin mhaoinithe, ranníoca, le sochair shainithe, arna cur ar bun faoin reachtaíocht agus faoi urraíocht ag RTÉ, atá i Scéim Aoisliúntais RTÉ. Níor ligeadh aon fhostaithe nua isteach faoin scéim

ón mbliain 1989 i leith. Ar an 31 Nollaig 2017, bhí 181 fostaí ag RTÉ (213 fostaí ar an 31 Nollaig 2016) a bhí ina gcomhaltaí de Scéim Aoisliúntais RTÉ.

Ar an 31 Nollaig 2017, b'ionann luach shócmhainní na Scéime ar an margadh agus €1,053 mhilliún (2016: €1,043 mhilliún). B'ionann dliteanais na Scéime ar an 31 Nollaig 2017, arna ríomh de réir IAS 19 maidir le Sochair Fostaithe agus €1,005 mhilliún (2016: €1,016 mhilliún). Mar a éilítear de réir IAS 19, luaitear an farasbarr nó an t-easnamh idir sócmhainní agus dliteanais na Scéime mar shócmhainn ar ráiteas RTÉ faoin riocht airgeadais. Dá réir sin, luaitear sócmhainn pinsin €48 milliún i leith na Scéime ar an 31 Nollaig 2017 (2016: €27 milliún). Is é is mó is cionsiocair leis an ardú maidir leis an tsócmhainn pinsin gur tháinig ardú beag ar an ráta lascaine a úsáidtear chun luach a lua leis na dliteanais agus go raibh an toradh ar an infheistíocht níos fearr ná mar a bhí á mheas.

Rinne achtúirí na Scéime riocht na Scéime a mheas freisin i ndáil le dliteanais arna n-áireamh de réir thástáil luachála chaighdeán an chiste íosta (MFS). De réir mheastachán na n-achtúirí, b'ionann farasbarr na scéime ar an 31 Nollaig 2017 faoi thástáil MFS agus €159 milliún (2016: €97 milliún). Bhí, chomh maith leis sin, an coinníoll maidir le caighdeán an chúlchiste cistíochta á shásamh i ndáil leis an Scéim ar an 1 Eanáir 2018. Ba thorthaí tairbheacha an dá ní sin don Scéim agus fágтар nach mbeidh gá cistíocht a bheartú i rith na bliana 2018.

Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe RTÉ (DC)

Is socrú ranníocaíochtaí sainithe maoinithe í an Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe atá oscailte do chomhaltaí nua ó 1989. Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí 1,200 fostaí ag RTÉ (1,272 amhail an 31 Nollaig 2016) a bhí ina gcomhaltaí den scéim.

Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ

Scéim mhaoinithe, ranníoca, hibrideach atá i Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ lena mbaineann gnéithe DB agus gnéithe DC agus atá faoi urraíocht RTÉ. Cuireadh tús leis an scéim seo ar an 1 Meán Fómhair 2010 mar shocrú pinsin roghnach d'fhostaithe atá ina theideal. Ar an 31 Nollaig 2017, bhí 326 fostaí de chuid RTÉ ina gcomhaltaí de Scéim Pinsin 50/50 Riosca i bPáirt RTÉ (332 fostaí an 31 Nollaig 2016).

Ar an 31 Nollaig 2017, bhí luach €17.1 milliún ar an margadh le sócmhainní roinn DB na Scéime. B'ionann na dliteanais faoi IAS 19 i ndáil leis an roinn DB agus €14.3 milliún, rud a fhágann barrachas €2.8 milliún (barrachas na bliana 2016: €1.95 milliún). Luaitear sin mar shócmhainn sa ráiteas maidir le riocht airgeadais RTÉ.

Tá barrachas ag baint le roinn DB na Scéime faoi thástáil MFS agus na riachtanais leachtachta á sásamh faoi na cúlchistí riosca agus, dá réir sin, ní bheidh call aon chistíocht a bheartú i leith na scéime.

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

Cúrsaí Árachais

Coimeádtar coimirce cuí árachais in aghaidh réimse rioscaí inárachais ábhartha, lena n-áirítear mórtuabaiste, faoi réir asbhaintí agus eisiaimh iomchuí.

Imeachtaí Dlí

Tá RTÉ agus fochuideachtaí dá chuid ina bpáirtithe in imeachtaí éagsúla dlí agus tá éileamh i leith RTÉ nó fochuideachtaí dá chuid ag baint le roinnt acu sin cé nach bhfuiltear cinnte cén toradh a bheidh ar na himeachtaí. Tá RTÉ den tuairim, de réir na comhairle a fuarthas, go bhfuil bearta riachtanacha déanta chun a chinntiú nach mbeadh drochthionchar fadtéarmach suntasach ag torthaí na n-imeachtaí sin, arna dtabhairt le chéile, ar riocht airgeadais, ar thorthaí ná ar leachtacht RTÉ.

Breathnú Romhainn

Cé gur mór an scéal díol na talún sa bhliain 2017 agus go raibh toradh tairbheach air maidir le hacmhainní a raibh géarghá leo a chur ar fáil, tá cúrsaí airgeadais, de réir mar a fheictear a bheidh sa bhliain 2018 agus ina dhiaidh sin, ina ábhar buartha go fóill gan leibhéal na gcistí oibriúcháin ó tháille an cheadúnais teilifíse agus ón ioncam tráchtála le chéile leordhóthanach maidir le dualgais na heagraíochta a chomhlíonadh.

- Leis an bhfáltas glan ó dhíol na talún, cuireadh cistí a raibh géarghá leo ar fáil d'infheistíocht fhadtéarmach straitéiseach caipitil agus d'infheistíocht sa teicneolaíocht dhigiteach, agus d'atheagar agus athstruchtúr ar an eagraíocht ionas gur féidir le RTÉ leanúint de riachtanais athraitheacha an lucht féachana agus éisteachta a shásamh agus den bhonn costais agus de leibhéal na n-iasachtaí a íslíú. Cé gur cuireadh aomhainní ar fáil trí na sócmhainní talún a dhíol a ligeann do RTÉ díriú ar an easnamh maidir le hinfeistíocht i gcúrsaí infreastruchtúir agus teicneolaíochta, níl leigheas ar fáil leis maidir leis an ngá atá le breis infheistíochta i gcláir agus in ábhar.
- Tá borradh eacnamaíochta arís ina chuid den scéal maidir le heacnamaíocht na hÉireann. San am atá caite, bheadh ardú ar an ioncam fógraíochta dá bharr sin ach ní hamhlaidh an cás níos mó. Leis an ngéarú ó thaobh iomaíochta agus leis an deighilt atá ar an lucht féachana maidir le margadh na teilifíse go háirithe, chomh maith le hardú bliain i ndiaidh bliana ar líon na gcainéal as an Ríocht Aontaithe a gcaoltar fógraí de chuid na hÉireann orthu agus an tionchar leanúnach mar gheall ar chúrsaí an Bhreathimeachta, is deacair ioncam tráchtála a ghnóthú.
- Níl an córas bailiúcháin reatha maidir le táille an cheadúnais teilifíse oiriúnach don chuspóir agus tá níos mó ná €50 milliún in aghaidh na bliana, a bheadh le caitheamh ar chraoltóireacht seirbhíse poiblí, á chailleadh leis an gcóras mar atá. De réir mar a leanann an t-athrú ar an gcaoi a dtapaíonn daoine na meáin chumarsáide, is lú a thagann an táille maidir le ceadúnas teilifíse leis an gcaoi a mbíonn ábhar seirbhíse poiblí á thapú ag an bpobal. Tá ráta na hÉireann maidir le táille an cheadúnais teilifíse a sheachaint ar cheann de na rátaí is airde san Eoraip agus an costas bailiúcháin ar cheann de na rátaí is airde chomh maith.

Bheadh i ndán le leasú ar an gcóras maidir le táille ceadúnais don teilifís - tríd an nasc le teilifíseáin a scaoileadh, bunachair sonraí a fheabhsú agus a chónascadh agus an costas a ghabhann leis an mbailiúchán a íslíú, go gcruthófaí méid suntasach d'ioncam breise le hinfeistiú i meáin chumarsáide seirbhíse poiblí, gan cur ar bhealach ar bith leis an ualach ar an duine aonair ná ar an teaghlach.

- Cúis áthais do RTÉ torthaí obair Chomhchoiste an Oireachtais um Chumarsáid a fheiceáil. I dtuarascáil an Chomhchoiste maidir le Craolachán Seirbhíse Poiblí a Mhaoiniú sa Toghchán, moltar sraith leasuithe a thabhairt i gcorrach maidir le córas na dtáillí ceadúnais agus leis an mbeartas craolacháin agus dá ndéanfaí na leasuithe sin a chur i bhfeidhm, bheadh claoclú i gceist, ní amháin do RTÉ, ach d'earnáil na cruthaitheachta ar fad in Éirinn.
- Cúis áthais do RTÉ freisin, mar thús maith maidir le déileáil le leibhéal na gcistí poiblí, an t-ardú €7.5 milliún ar chistí ón táille ceadúnais a fógraíodh i mBuiséad 2017 agus i mBuiséad 2018, páirtchóiteamh maidir leis na ciorruithe €20 milliún a rinneadh ón mbliain 2010 i leith.
- Leanfaidh RTÉ den obair maidir le hathstruchtúrú eagrúcháin a mbeidh íslíú breise ar líon na foirne i gceist leis chomh maith le híslíú inbhuanaithe ar an mbonn costais a thabhairt i gcorrach.
- I mí Dheireadh Fómhair 2017, chuir RTÉ an straitéis cúig bhliana, *Athnuachan RTÉ don Chéad Ghluin Eile 2018-2022*, faoi bhráid Údarás Craolacháin na hÉireann lena hathbhreithniú. Leagtar amach sa straitéis an dóigh ina dtabharfaidh RTÉ faoin ábhar dúshláin a bhaineann leis an ré atá romhainn agus an dóigh ina ndéanfar athnuachan ar an eagraíocht chun freastal do riachtanais an lucht féachana agus éisteachta tráth ar casta agus ar iléagsúla go mór saol na meáin chumarsáide. Leagtar amach spriocanna tús áite maidir le cláir agus le líon ábhair agus an bonn tuisceana maidir le cúrsaí airgeadais atá i gceist le hardaidhmeanna na mblianta seo romhainn a thabhairt i gcorrach.

An Leas a bhaintear as gach Táille Ceadúnais

Tugtar tuairisc i nóta 2 leis na ráitis airgeadais ar an leas a bhaintear as an airgead ón táille ceadúnais a fhaigheann RTÉ mar chiste i ndáil leis na seirbhísí poiblí. Leagtar amach i nóta 2(c) an bunús ar a ndáiltear an táille ceadúnais ar chainéil agus sheirbhísí faoi leith.

Cuirtear cistí poiblí i leith sheirbhísí faoi leith ar bhealach atá i gcomhréir le costas glan na seirbhíse poiblí. Riomhtar costas glan na seirbhíse poiblí tríd an gcionroinnt ó bheartaíocht tráchtála a dhealú ón ollchostas a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí a thabhairt i gcorrach.


Féachtar leis an úsáid a bhaintear as aon táille ceadúnais teilifíse amháin a leagan amach sa tábla seo a leanas, arna thabhairt san áireamh nach le RTÉ amháin a íoctar an t-airgead a chruinnítear ó tháillí ceadúnais teilifíse:

An Úsáid as gach Táille Ceadúnais a Bailíodh

	2017 €	2016 €
RTÉ One	46.19	46.23
RTÉ2	30.20	29.52
Teilifís RTÉ	76.39	75.75
RTÉ Radio 1	13.26	12.83
RTÉ 2fm	4.92	3.74
RTÉ Raidió na Gaeltachta (RnaG)	8.47	8.55
RTÉ lyric fm	4.60	4.46
Raidió RTÉ	31.25	29.58
Ceolfhoirne RTÉ	9.55	9.41
Muirir Rialachais agus Cistíochta	3.20	4.54
Cúrsaí DTT	0.78	0.48
Seirbhísí ar líne	5.33	3.47
Cainéil Eile	3.83	3.14
Beartaíocht RTÉ	130.33	126.37
	81%	79%
Cúnamh RTÉ do TG4	5.53	5.65
Tobhach BAI	0.96	1.10
Asbhaint maidir le TG4	3.12	6.87
Ciste Fuaime agus Físe BAI	10.53	10.53
Costais Bailiúcháin An Post agus Táillí Gaolmhara	9.53	9.48
Beartaíocht Neamh-RTÉ	29.67	33.63
	19%	21%
Costas an Cheadúnais Teilifíse	€ 160	€ 160

Tugtar achoimre leis an bpíchart (thíos) ar an dáileadh a rinneadh i rith na bliana 2017 ar an ioncam ó tháillí an cheadúnais teilifíse a fhaigheann RTÉ i ndáil le gné na seirbhíse poiblí de bheartaíocht RTÉ.

LEITHROINNT AR AN IONCAM ÓN gCEADÚNAS TEILIFÍSE A FUAIR RTÉ IN 2017



*Áirítear in Eile muirir airgeadais agus rialaithe, a bhaineann le DTT agus cainéil eile

Athbhreithniú Airgeadais (ar lean)

An Costas in aghaidh na hUaire Craolacháin

Mar chuid den Ráiteas Bliantúil faoi na Gealltanais Feidhmiúcháin, foilsíonn RTÉ an meánchostas in aghaidh na huair a bhain leis na cláir a craoladh ar na cainéil éagsúla. Leagtar amach sa tábla thíos an t-eolas sin i ndáil leis an mbliain 2017 chomh maith le figiúirí inchoimrtais leo i leith na bliana 2016.

2017	RTÉ One €'m	RTÉ2 €'m	RTÉ Radio 1 €'m	RTÉ 2fm €'m	RTÉ lyric fm €'m	RTÉ RnaG €'m
Costais						
Cláir de dhéantús na hÉireann	106.9	43.5	33.0	10.8	5.2	10.2
Cláir a Ceannaidh – in Éirinn	1.8	0.3	-	-	-	-
– Thar Lear	13.3	11.6	-	-	-	-
Oibriúchán Ginearálta Craolacháin & Tarchuradóireachta	12.2	11.2	2.7	0.5	0.4	0.3
Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta	2.6	2.8	2.0	1.1	1.1	1.1
	136.8	69.4	37.7	12.4	6.7	11.6
Uaireanta						
Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh)	8,760	8,760	8,871	8,760	8,760	8,760
Meánchostas Foriomlán in aghaidh na hUaire Craolacháin – 2017						
Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad	15,600	7,900	4,200	1,400	800	1,300
2016						
	RTÉ One €'m	RTÉ2 €'m	RTÉ Radio 1 €'m	RTÉ 2fm €'m	RTÉ lyric fm €'m	RTÉ RnaG €'m
Costais						
Cláir de dhéantús na hÉireann	111.7	47.6	32.9	10.7	5.1	10.1
Cláir a Ceannaidh – in Éirinn	2.8	0.3	-	-	-	-
– Thar Lear	12.3	10.3	-	-	-	-
Oibriúchán Ginearálta Craolacháin & Tarchuradóireachta	13.1	11.5	1.8	0.5	0.3	0.3
Táillí Tarchuradóireachta & Cumhachta	2.7	2.8	2.0	1.1	1.1	1.1
	142.6	72.5	36.7	12.3	6.5	11.5
Uaireanta						
Uaireanta Tarchuradóireachta in aghaidh na Bliana (comhchraoladh san áireamh)	8,784	8,784	8,949	8,784	8,784	8,784
Meánchostas Foriomlán in aghaidh na hUaire Craolacháin – 2016						
Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad	16,200	8,300	4,100	1,400	700	1,300
Gluaiseacht i rith na bliana						
% d'Athrú ar an gCostas in aghaidh na huair¹						
Na hUaireanta Tarchuradóireachta ar fad	(3.8%)	(4.1%)	3.5%	0.9%	3.2%	0.6%

1. Déantar an costas in aghaidh na huair a shlánú go dtí an céad Euro is gaire. Déantar an céatadán d'athrú a ríomh de réir chostas na huair sula n-oibrítear an slánúchán.

Tarlaíonn athrú ar an meánchostas in aghaidh na huair craolacháin mar gheall ar thosca éagsúla a dtagann ardú agus íslíú maidir le costais cláir dá mbarr, mar shampla athrú ar chineálacha agus ar mheascán na gclár, an leibhéal cómhaoiniúcháin, an líon uaireanta an chloig d'ábhar atá á chraoladh den chéad uair agus líon na n-uaireanta athchraolta.

An Eagraíocht

Teilifís

RTÉ ONE

RTÉ ONE 

RTÉ 2



RTÉ News **NOW**

Raidió

RTÉ RADIO 1

RTÉ  FM

RTÉ lyric fm

RTÉ 

RTÉ 

RTÉ pulse

RTÉ RADIO 1


RTÉ **GOLD** 



RTÉ radioplayer 

Nuacht agus Cúrsaí Reatha

RTÉ News & Current Affairs

Spórt

RTÉ Sport

Digiteach

RTÉ.ie

RTÉ **player** 

RTÉ AERTEL

RTÉ Archives

RTÉ News **NOW**

Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir

RTÉ NATIONAL SYMPHONY ORCHESTRA 

RTÉ CONCERT ORCHESTRA 

RTÉ CONTEMPO QUARTET 

RTÉ PHILHARMONIC CHOIR 

RTÉ Cór na nÓg 

RTÉ GUIDE

SAORVIEW

2rn 

Na Tráthanna Cinniúnacha

Bíonn RTÉ i gceartlár chomhrá na ndaoine.

Craoladh 4,731 uair a chloig d'ábhar cláir a léiríodh in Éirinn ar RTÉ i rith na bliana 2017 agus 1,520 de sin á léiriú i gcomhar le hearnáil na léiritheoirí neamhspleácha sa tír seo.



Tallann nua: Thug an bean ghrinn as Éirinn,
Alison Spittle, aghaidh ar an teilifís don chéad uair
le *Nowhere Fast* ar RTÉ2.



Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain Teilifís

Maidir le Seirbhísí Teilifíse RTÉ

Cuireann seirbhísí teilifíse RTÉ clár shainiúla seirbhíse poiblí ar fáil atá ina n-ábhar siamsaíochta, machnaimh agus eolais ag dreamanna de gach aois sa lucht féachana. Cuireann muid an réimse is leithne de chlár arna léiriú in Éirinn ar fáil ar fud RTÉ One HD, RTÉ One +1, RTÉ2 HD, RTÉ News Now, RTÉjr agus TRTÉ.

Ba bhliain faoi leith ag teilifís RTÉ an bhliain 2017. Ainneoin géarú ar an iomaíocht ó chainéil na hÉireann agus ó chainéil ón iasacht, ar RTÉ One agus RTÉ2 a bhí gach ceann den 20 clár is mó a raibh lucht féachana acu in Éirinn. Tugadh rogha níos leithne don lucht féachana ar réimse de na hardáin nua atá ag teacht chun cinn, ach roghnaigh 33.6%* ina dhiaidh sin féin a bheith ag faire ar chainéil RTÉ ar mhaithe le clár agus nuacht iontaofa ar ardchaighdeán arna léiriú in Éirinn.

* Buaicseiar chomhdhlúite maidir le RTÉ One, RTÉ2, RTÉ One +1, RTÉjr, RTÉ News Now (náisiúnta, daoine aonair 4+).

Lucht Cruthaitheachta na hÉireann

Chuir scoth lucht na cruthaitheachta in Éirinn ollsoláthar d'ábhar cláir ar ardchaighdeán ar fáil don lucht féachana agus éisteachta i rith na bliana 2017 agus is ar RTÉ a cuireadh 20 den chlár ba mhó lucht féachana ar an teilifís i rith na bliana ar fáil.

Soéalta de chuid na hÉireann a chur i láthair, ceiliúradh a dhéanamh ar chultúr na tíre agus léargas a thabhairt ar cheisteanna na linne, sin a bhí ag baint go croilárnach le hábhar cláir RTÉ, idir chlár don teaghlach – mar shampla *Dancing with the Stars* agus *Weather Live* – agus dhrámaíocht ghéarchúiseach, chlár faisnéise mhórshuntais agus tuilleadh ó lucht RTÉ Investigates.

Slógadh Mhuintir na Tíre

Idir chlár nuachta, spóirt agus shiamsaíochta, bhí muintir na hÉireann ag breathnú ar an goraoltóir seirbhíse poiblí náisiúnta ina sluaite i rith na bliana 2017.

Tháinig ardú ar sciar RTÉ d'iomlán an lucht féachana teilifíse le linn na mbuaicthráthanna i rith na bliana 2017. Toradh feidhmíochta maith maidir le RTÉ One ba mhó ba chúis leis sin. Cuireadh le líon lucht féachana an chainéil sin agus treisíodh dá réir le stádas RTÉ One chun tosaigh ar chainéil uile na hÉireann maidir le lucht féachana. Ainneoin níos mó ná 800 cainéal a bheith ar fáil acu, is iad na cláir ar RTÉ One agus RTÉ2 a léiríodh in Éirinn, ar fud réimse leathan seánraí, is mó a raibh tóir orthu ag lucht féachana na tíre seo.

Comharobair

D'oibrigh RTÉ i gcomhar le páirtnéirí éagsúla in Éirinn agus thar lear chun réimse leathan d'ábhar cláir agus d'imeachtaí a chur ar fáil don lucht féachana in Éirinn.

Chuir RTÉ agus Bord Scannán na hÉireann comhar páirtnéireachta ar bun freisin maidir le tograí scrípteáilte grinn de chuid na hÉireann, a mbeadh i ndán agus go bhféadfaí iad a easpórtáil, a fhorbairt agus a thabhairt chun cinn.

RTÉ One

Imeachtaí don Teaghlach

Mar chuid de comhpháirtíocht le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus Met Éireann, bhí *Weather Live*, formáid nua fíorais agus siamsaíochta, ar an ngné ba shuntasá de chion oibre RTÉ ar mhaithe le Seachtain na hEolaíochta. Rinneadh a chraoladh beo ar feadh na seachtaine ó Gharraithe na Lus le míreanna éagsúla as áiteanna ar fud na tíre. Bhí tóir air mar ócáid don teaghlach uile ar RTÉ One chomh maith le haird an lucht féachana ar líne a tharraingt. Bhí *Big Week on the Farm* ar ais don dara sraith agus rinneadh a chraoladh beo ar feadh cúig oíche as a chéile i rith mí Aibreáin ón bhfeirm déiríochta a ritheann teaghlach Patrick Shalvey in aice le Muinchille, Co. an Chabháin. Craoladh *Ploughing Live*, arna chur i láthair ag Marty Morrissey agus ag Áine Lawlor, beo ón Screagán i gCo. Uíbh Fháilí ar feadh trí oíche i mí Mheán Fómhair. Cuireadh, i gcomórtas leis an mbliain 2016, leis an líon daoine a bhí ag breathnú agus leis an sciar den lucht féachana.

Ar RTÉ One arís a bhí an aird is mó maidir le hócáid móra ceiliúrtha náisiúnta agus le féilte, ina meas Lá Fhéile Pádraig 2017 agus Rós Thrá Lí.

Siamsaíocht den Scoth

Phléasc *Dancing with the Stars* go spleodrach ar an scáileán i rith na bliana 2017 agus beocht á chur san fhoráid iomráiteach do lucht féachana na hÉireann. Bhí an-tóir air ag réimse leathan aoisghrúpaí, agus go háirithe ag teaghlaigh, tráthnóna an Domhnaigh.

Bhí láithreoir nua sa bhreis ar *Ireland's Fittest Family* nuair a tháinig Donncha O'Callaghan, an t-imreoir clúiteach rugbaí i mbun na cóitseála in éineacht leis na réaltaí eile spóirt Derval O'Rourke, Anna Geary agus Davy Fitzgerald.

Bhí *The Late Late Toy Show* arís ar an gclár teilifíse ba mhó le rá ar feadh na bliana. Bhí meánlucht féachana 1.3 milliún duine ar fud na tíre a d'fhéach ar an gclár i rith dheireadh seachtaine a chraolta chomh maith le daoine in 110 tír ar fud an domhain a bhreathnaigh an clár ar sheinnteoir an RTÉ Player. Bhí leanaí cumasacha de bhunadh éagsúil as gach cuid den tír le feiceáil ar an gclár croíuil seo.

An 10 Clár is Mó Lucht Féachana

1 Eanáir-31 Nollaig 2017 Gach Cainéal - Náisiúnta, Aonair, Comhdhlúite Aois 4+

Ord	Clár	Cainéal	Lá	Dáta	Tráth	Rátáil	000s	Sciar %
1	The Late Late Toy Show	RTÉ One	Aoine	01-12-2017	21:37 - 24:04	31.5	1,346	70.22
2	Cluiche Ceannais Sinsir Peile na hÉireann: Baile Átha Cliath v Maigh Eo	RTÉ2	Domh	17-09-2017	15:31 - 17:14	26.7	1,141	79.88
3	Corn an Domhain 2018 - Cluiche Réitigh: Poblacht na hÉireann v An Danmhairg	RTÉ2	Máirt	14-11-2017	19:46 - 21:33	24.3	1,039	57.55
4	Cluiche Ceannais Sinsir Iománaíochta na hÉireann: Gaillimh v Port Láirge	RTÉ2	Domh	03-09-2017	15:30 - 17:03	21.4	917	72.85
5	Corn an Domhain 2018 - Babhtai Cáilithe: An Bhreatain Bheag v Poblacht na hÉireann	RTÉ2	Luan	09-10-2017	19:46 - 21:39	20.3	866	49.05
6	RBS 6 Nations: Éire v An Fhrainc	RTÉ2	Sath	25-02-2017	16:52 - 18:49	20.2	826	62.40
7	RBS 6 Nations: An Bhreatain Bheag v Éire	RTÉ2	Aoine	10-03-2017	20:06 - 21:58	20.0	818	48.26
8	RTÉ News: Nine O'Clock	RTÉ One	Domh	15-10-2017	21:02 - 21:21	19.8	846	47.00
9	RBS 6 Nations: Éire v Sasana	RTÉ2	Sath	18-03-2017	17:05 - 18:53	18.4	753	58.36
10	Mrs Brown's Boys CSI: Mammy	RTÉ One	Domh	31-12-2017	21:46 - 22:18	17.6	753	46.61

Foinse: TAM Ireland Ltd/Nielsen TAM

Aon Lá Aon Am - An eipeasóid is fearr arna rangú in ord rátála (TVR) (tugtar chun aire go mbiónn athrú faoi thrí gach bliain ar an ollréimse) 15 nóiméad íosfhad cláir

Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain Teilifís (ar lean)

Bhí ábhar cainte agus comhrá beo siamsúil lárnach i gcónaí i sceideal na bpríomhthráthanna ar an deireadh seachtaine le borradh arís eile faoi *The Late Late Show* agus *The Ray D'Arcy Show*. Bhí *Brendan O'Connor's Cutting Edge* ar ais i rith na seachtaine le mionchioradh a dhéanamh ar chúrsaí tráthúla.

Bhí *The Tommy Tiernan Show*, an clár cainte den nuáil, nuair nach eol d'fhear an tí cé atá ag teacht ar cuairt aige go seasann siad ar an urlár os a chomhair, ar ais arís sa bhliain 2017. Craoladh *Senior Moments* i mí na Nollag le haisteoirí agus lucht grinn scothaosta ag trácht go greannmhar ar shaol na linne seo

Bhí clár ceoil go tréan freisin ar RTÉ One. Bhí *Fleadh Cheoil* ar ais arís chomh maith leis an *Nathan Carter Show*, a bhfuil an-tóir air agus a raibh Clár Speisialta Nollag ón Opera House i mBéal Feirste á chur le sraith na bliana seo.

An Pháirtneireacht i gCroi-Lár Drámaíocht RTÉ

Cuireadh ábhar nuacheaptha drámaíochta ar fáil don lucht féachana i rith na bliana 2017, lena n-áirítear *Striking Out* agus *Acceptable Risk*, chomh maith le *Fair City*, sobaldráma RTÉ, agus an tionscnamh Storyland lena ndéantar aomhainn feabhais agus cumas dhaoine i mbun drámaíocht teilifíse a thabhairt chun cinn.

Seoladh *Striking Out*, an tsraith ceithre chlár drámaíochta faoi dhliodóirí i mBaile Átha Cliath – ina bhfuil Amy Huberman, Neil Morrissey agus Rory Kennan ar na príomhaisteoirí – i mí Eanáir agus baineadh amach meánsciar 36.5% den lucht féachana. Blinder Films a léirigh agus rinneadh maoiniú comhchistíochta le RTÉ, na dáileoirí idirnáisiúnta DCD Rights agus Acorn Media Enterprises, an tÚdarás Craolacháin agus Alt 481. Chomh maith le lucht féachana maith a tharraingt in Éirinn, tá sé á chur ar fáil ó shin ag Acorn Media Enterprises sna Stáit Aontaithe agus ar Sundance International i ndlínsí éagsúla thar lear. Díoladh le Channel 5 sa Ríocht Aontaithe é agus le cainéil i roinnt dlínsí eile.

Ron Hutchinson, a bhfuil gradam Emmy buaite aige, a scríobh an tsraith sé chlár scéinséireachta *Acceptable Risk* ina bhfuil Elaine Cassidy, Angeline Ball agus Morten Suurbelle i bpáirteanna na bpríomhcharachtar. Comhléiriúchán de chuid na hÉireann agus Ceanada an tsraith nua aon uaire seo atá suite i mBaile Átha Cliath agus i Montréal an lae inniu. Saffron Moon a léirigh do RTÉ le hairgead ón Údarás Craolacháin, in éineacht leis an gcomhlacht léiriúcháin Facet4 as Ceanada. Rinne DCD Rights agus Acorn Media Enterprises comhchistíocht ar an tsraith.

Daoine Cumasacha Nua a Fhorbairt agus Iléagsúlacht a Spreagadh

Rinneadh cúig cinn de dhrámaí úrnua 20 nóiméad a choimisiúnú faoi scéim Storyland RTÉ le haghaidh an RTÉ Player i gcomhar le Scáileán Thuaisceart Éireann. Rinneadh na clár – *Odyssey*, *On the Hemline*, *Cry Rosa*, *A Sign of Things* agus *Bright Night* – a léiriú i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste agus insíodh scéalta éagsúla maidir le téama an bhaile. D'fhág athrú ar an modh ina raibh na hiarratais le cur isteach gur tháinig athrú suntasach chun feabhais maidir le cúrsaí iléagsúlachta. Tháinig feabhais freisin ó thaobh chothromaíocht inscne agus níos mó mná ag cur isteach ar dheis a bheith ina scríbhneoirí, ina stiúrthóirí agus ina léiritheoirí cruthaitheachta, rud a thug go raibh cur i bhfeidhm nádúrtha ar bun ar mhisean RTÉ cur leis an iléagsúlacht i ndáil le choimisiúin ar an leibhéal iontrála.

Rinneadh trí cinn de ghearrscannáin a choimisiúnú faoi chlár seach-chaidrimh RTÉ in éineacht le Film Base agus le hIonad Scannán na Gaillimhe.

Lean RTÉ den infheistíocht san fhorbairt ar scríbhneoirí nua drámaíochta agus ar eagarthóirí scrípte. D'eagraigh *Fair City* ceardlann scéalaíochta i rith na bliana 2017 ónar eascair naonúr scríbhneoirí scéil nua agus tugadh ceathrar scríbhneoirí scrípte nua isteach ar an meitheal scríbhneoirí. Thug *Fair City* an oiliúint chun críche ar eagarthóirí cunta scrípte chomh maith ionas go bhfuil sé ar chéim eagarthóirí scrípte anois.

Léiríonn RTÉ 200 clár sa tsraith *Fair City* gach bliain agus tá an oiliúint agus an fhorbairt ar dhaoine cumasacha ina dhíhlthchuid den phróiseas cruthaitheachta a ghabhann leis an tsraith.


Clár Faisnéise agus Fíorais

Craoladh cuid mhór clár faisnéise i rith na bliana 2017 ar RTÉ One a chuaigh i gcion go mór ar an lucht féachana, chomh maith le hábhar fíorais eile a raibh níos mó den tsiamsaíocht ag baint leis agus ceiliúradh á dhéanamh ar ghnéithe níos éadroime den saol. Ar *Ireland's Health Divide*, léirigh an Dr Eva Orsmond an dóigh a bhfágann an bhearna idir saibhir agus daibhir in Éirinn torthaí éagsúla ar shláinte na ndaoine. Ar *The Class Divide*, scrúdaigh Joe Duffy an cás a fhágann nach dócha de rogha ag daoine as teaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste dul faoi ardoideachas. Rinneadh iniúchadh maidir le ceisteanna móra sóisialta, ina measc an t-idirdhealú maidir le hacmhainn saothraithe ar fud shochoaí na hÉireann (*What Are You Working For?*), an neamhréireacht leanúnach agus na deacrachtaí a bhaineann go dlúth leis na polasaithe tithíochta (*Ireland's Property Crisis*) agus na ceisteanna a bhaineann leis an gcaoi is fearr chun bainistíocht a dhéanamh maidir le daonra atá ag éirí níos sine (*Too Old for the Road*). Pléadh le téamaí scoiteachta agus dhaoine aosta ar *David Brophy's Choir of Ages*, sraith a léiríodh le cúnaimh airgid ón Údarás Craolacháin.

Cuireadh ábhar nuacheaptha drámaíochta ar fáil don lucht féachana i rith na bliana 2017, lena n-áirítear *Striking Out* agus *Acceptable Risk*, chomh maith le *Fair City*, sobaldráma RTÉ, agus an tionscnamh Storyland lena ndéantar aomhainn feabhais agus cumas dhaoine i mbun drámaíocht teilifíse a thabhairt chun cinn.

**SCIAR COMHDHLÚITE NÁISIÚNTA AN CHAINÉIL
AR FEADH AN LAE MAIDIR LE DAOINE AONAIR 4+ (%)**

■ 2017 □ 2016



Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain Teilifís (ar lean)

Rinneadh comóradh ar shaol agus saothar dhaoine iomráiteacha de lucht spóirt agus siamsaíochta na hÉireann le sraith de chlár faisnéise mórshuntais, ina measc Johnny Giles (*Giles*), Christy Dignam (*This is Christy*) agus Anthony Foley, laoch an rugbaí (*Anthony Foley: Munsterman*). Insíodh scéal iontach Tommy Byrne, a d'fhéach le bheith ina thiománaí rásaí carranna de chineál Formula One, in *Crash and Burn*, comhléiriú le BBC Thuaisceart Éireann agus Bord Scannán na hÉireann, agus scéal suntasach eile ar *Good Vibrations* faoi mhúinteoir ceoil as Corcaigh a bhí bodhar agus lag ó thaobh radharc na súl.

Ar an ábhar faisnéise níos éadroime, áirítear *Baz and Nancy's Holy Show*, ina raibh cuntas ar an iarracht a rinne Baz Ashwamy a mháthair Nancy a thabhairt ag caint leis an bPápa, agus *Nathan Carter Goes to Nashville*.

Bhí toradh maith ar an mbliain oibre maidir le clár faisnéise a léiríodh go himheánach in RTÉ freisin. Ba í an dara bliain as a chéile í ag RTÉ na clár faisnéise is mó a tharraing lucht féachana a léiriú. Ba é *Fairytale of New York* an clár faisnéise ba mhó lucht féachana in Éirinn i rith na bliana le sciar 36% den lucht féachana. Ar an dara ceann, bhí *Medication Nation*, a ghnóthaigh sciar 32% den lucht féachana. Bhí clár faisnéise aon uaire eile, mar shampla *The Undocumented* agus *Golden: Our 50 Years of Marriage*, a tharraing sciar ab airde ná 30% den lucht féachana.

Bhí RTÉ chun tosaigh chomh maith maidir le clár faisnéise iriseoireachta a chuaigh go mór i gcion ar dhaoine, le clár faoi fheallmharú Sophie Toscan du Plantier, faoi chreach-chistí agus faoi thionóiscí bóthair a dtarlaíonn bás dhaoine dá mbarr. Bronnadh an Gradam do Ghné-Chlár Gnó na Bliana ar *Great Irish Sell-Off* ag Gradaim Iriseoireachta Smurfit agus gnóthaíodh dhá ghradam maidir le *After the Crash*, ceann ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an dara ceann ón Irish Road Victims' Association. Tugadh aitheantas idirnáisiúnta do *The Crossing* a ghnóthaigh Moladh Speisialta ag Prix Europa na bliana 2017, an chéad uair ag clár faisnéise de chuid na hÉireann an gradam sin a fháil.

Lean an tAonad Fiorais den nuáil i rith na bliana 2017 trí *Missing You*, an chéad sraith teilifíse ar domhan a ríomhtar trí chomhráit ar Skype, a léiriú.

Cuireadh leis an réimse clár sin le sraith de chlár faisnéise aon uaire ar mhaithe leis an oideachas poiblí. Díol suntas ina measc sin an clár *Autism and Me* – inar cuireadh scéal an uathachais i láthair ón taobh istigh, de réir mar a d'inis dream daoine óga faoina dtaithí saoil féin – agus *Deafening* inar scrúdaíodh dearcadh na mbodhar ar an saol atá acu in Éirinn faoi láthair le stíl léiriúcháin den chineál céanna.

Rinneadh clár píolótach d'fhormáid nua *Goodbye House*, ina ndéanann tuismitheoirí a bhfuil a gclann tógtha agus imithe as an teach athrú go dtí áras cónaithe níos lú, le cúnaimh óna gclann, a chraoladh.

Stellify i mBéal Feirste a léirigh an clár i gcomhar le Sony TV.

Chuir Operation Transformation muintir na tíre ag coraí níos mó ná a rinneadh riamh leis an tionscnamh nua 10@10 lenar cuireadh na mílte daltaí bunscóile ar fud na hÉireann i mbun 10 nóiméad aclaíochta ag 10 r.n. Dé hAoine an 10 Feabhra. Eagraíodh chomh maith an ócáid náisiúnta siúlóide ba mhó i rith na bliana agus é ar siúl in 70 ionad ar fud na tíre. Bhí *What are you Eating? Awake – The Science of Sleep* dírithe freisin ar dhea-nósanna maireachtála a dhéanann maith don tsláinte.

Ealaín na Cruthaitheachta

Bhí an tsraith ealaíne, *Painting the Nation*, a mbíonn an-tóir air i rith na mbuaicthráthanna craolta, ar ais sa bhliain 2017. Bhí seachtar ealaíontóirí amaitéarachacha in iomaíocht lena chéile ag súil go roghnófaí saothar dá gcuid le cur i mbailiúchán náisiúnta Oifig na nOibreacha Poiblí. Déantar an scannánaíocht in ionaid éagsúla ar fud na hÉireann agus spreagann an tsraith daoine den lucht féachana chun a gcuid cruthaitheachta féin a thriail an tráth céanna a ndírítear aird ar shaothiúlacht na hÉireann maidir leis an taobh tíre agus le cúrsaí oidhreachta. Tá cuid mhór daoine sásta leis an tsraith ealaíne seo i sceideal na mbuaicthráthanna agus tháinig ardú ar líon an lucht féachana sa bhliain 2017.

Craoladh dhá chlár faisnéise mórshuntais faoi chúrsaí ealaíne i rith na bliana ina raibh an láithreoir chun cinn ó thaobh stíle agus scríbhneoir mórchlú de chuid na hÉireann i gceist ó thaobh ábhair. Scrúdaigh Gabriel Byrne, an t-aisteoir a bhfuil cáil air go hidirnáisiúnta, an tionchar fadmarthanach ó thaobh cúrsaí cultúir agus cúrsaí polaitíochta a bhí agus atá ag an scríbhneoir George Bernard Shaw in *My Astonishing Self: Gabriel Byrne on George Bernard Shaw*; agus chuir aisteoir cáiliúil scáileán na pictiúrlainne Anjelica Huston scéal shaol agus shaothar eisceachtúil James Joyce i láthair in *James Joyce: A Shout in the Street*.

Ríomhadh scéal athchóiriú Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, ceann de na tionscadail athchóiriúcháin is mó riamh i stair an Stáit in *Portrait of a Gallery*, a raibh ardmholadh ag an lucht léirmheastóireachta air. *Wildfire Films* a bhí i mbun an léiriúcháin agus bhí scannánaíocht ar siúl ar feadh tréimhse ceithre bliana. Tugadh cuntas ar an obair athchóiriúcháin a rinneadh ar sciathán Dargan agus ar sciathán Bhaile an Mhuilinn, a bhí i ndroch-chaol, agus ar an mbailiúchán náisiúnta ealaíne a chrochadh in athuair iontu, sa bhfadscannán faisnéise a stiúraigh Adrian McCarthy. Má bhí tráth riamh ann ar mhaithe an rud ceamaraí chun tuairisc a thabhairt ar thréimhse cinniúnach ag foras náisiúnta cultúir, ba é seo an tráth sin.

Bhí liosta mórshuntasach d'aíonna speisialta ag John Kelly ar *The Works Presents* i rith na bliana 2017, ina measc Adam Clayton; Laurie Anderson; Grace Coddington, stiúrthóir ealaíne clúiteach Vogue;

Bhí an tsraith ealaíne, *Painting the Nation*, a mbíonn an-tóir air i rith na mbuaicthráthanna craolta, ar ais sa bhliain 2017. Bhí seachtar ealaíontóirí amaitéarachacha in iomaíocht lena chéile ag súil go roghnófaí saothar dá gcuid le cur i mbailiúchán náisiúnta Oifig na nOibreacha Poiblí.


**UAIREANTA D'ÁBHAR DE DHÉANTÚS NA hÉIREANN A
CRAOLADH AR THEILIFÍS RTÉ LE LINN BUAICHRÁTHANNA DE RÉIR SEÁNRA**

■ 2017 □ 2016



Foinse: RTÉ

UAIREANTA TEILIFÍSE LE FOTHEIDIL



Foinse: RTÉ

Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBlain Teilifís (ar lean)

Jesse Jones, ionadaí na hÉireann ag Biennale na Veinése; Fiona Shaw, aisteoir; agus John Minihan, grianghrafadóir.

I gcomhfhiontar nuálaíocht idir RTÉ, Accenture agus Acadamh Ríoga na hÉireann, dhírigh *Women on Walls* aird ar smaointeoirí mná agus ceannródaíthe mná a bheith in easnamh ar bhallaí na bhforas náisiúnta. Taispeánadh sa scannán, a craoladh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, na healaíontóirí Blaise Smith agus Vera Klute i mbun porráidí d'ochtar ban a bhfuil clú orthu i measc lucht eolaíochta, staire agus smaointeoireachta na linne seo agus de cheathrar ceannródaíthe mná nach maireann a phéinteáil.

RTÉ2

Tá ról faoi leith le RTÉ2 maidir le pearsana nua agus daoine cumasacha de chuid na hÉireann a thabhairt chun cinn agus a chothú, ceiliúradh a dhéanamh ar iléagsúlacht an tsaoil in Éirinn, muintir na tíre a thabhairt le chéile tráth a mbíonn imeachtaí móra spóirt ar siúl agus ábhar cláir de chuid na hÉireann a chur ar fáil do lucht féachana na n-ógánach agus na leanaí.

Daoine Nua i mbun Grinn

Alison Spittle, an bhean grinn, a scríobh an tsraith nua sé chlár grinn *Nowhere Fast* chomh maith lena bheith ar feiceáil ar an scáileán. Rinneadh trácht sa tsraith ar na deacrachtaí barrúla a bhíonn le sárú ag glún an bhúmaraing trí scéal a ríomh faoi Angela, bean de lucht na mílaoise, a bhí ar ais ina cónaí sa mbaile i lár tíre inar tógadh í.

Sa tsraith nua trí chlár piolótach *The School*, chonacthas CCCahoots, an compántas nua grinn a bhfuil gealladh maith fúthu, agus aisteoirí óga eile agus chuaigh Jennifer Maguire agus Bernard O'Shea i mbun pinn agus aisteoireachta arís i sraith nua den chlár *Bridget & Eamon* ina mbíonn súil ghreannmhar siar ar shaol na n-ochtóidí.

Glúin Daoine faoi Thaifead

Bhí idir shúgradh agus dháiríre san ábhar fíorais agus faisnéise. Thug an t-aisteoir Yasmine Akram léargas ar Éireannaigh atá ag obair do chuid de na daoine is saibhre ar domhan (*Irish In Wonderland*) agus thug Charlie Bird athchuid ar láthair scéalta móra nuachta a fhanann inár gcuimhne in *After the Headlines*. I sraith nua ceithre chlár, *Trauma: Ireland's Medical Emergencies*, ríomhadh annála na seomraí éigeandála i dtrí cinn d-ospidéal i mBaile Átha Cliath de réir mar a bhíodhas ag féachaint le daoine a thabhairt slán ón nguais.

Bhí sraith de chlár faisnéise corraitheacha ar RTÉ2 lenar tugadh cead cainte do dhaoine fásta níos óige in Éirinn agus pléadh le réimse leathan téamaí a bhaineann lena saol. Rinneadh cíoradh in *Living with an Addict* ar an tionchar a bhíonn ag andúil ar an gcaidreamh idir daoine agus labhair daoine atá i dtús a saol fásta ar *Schizophrenia: Voices in my Head* faoi mhaireachtáil le scitsifríne. Saothraíodh réimse úrnua sa tsraith *My Trans Self* inar léiríodh an saol a chaitheann daoine óga trasinscneacha in Éirinn agus cuntas á thabhairt ar an streachailt a bhíonn i gceist ó thaobh cúrsaí mothúcháin, colainne

agus meabhrach agus iad i mbun an athraithe. Chuir Vogue Williams sraith de chlár faisnéise i láthair lenar bhain réimse iléagsúil ábhair, ina measc imní agus deonú uibheacha.

Sa tsraith nua *Crowded House*, chuidigh Brendan Courtney, ó thaobh cúrsaí mothúcháin agus gnóthaí airgid, le daoine óga lánfhásta teach na muintire a fhágáil, agus tugadh tuairisc sa chlár formáide nua *Bodyshopping* ar an méadú atá ar an tóir ar mháinliacht phlaisteach in Éirinn agus thar lear.

Tharla an chéad chraoladh ar RTÉ2 den fhormaid idirnáisiúnta *Say Yes to the Dress* ach le blas láidir na hÉireann air agus Franc, gúru na bainise as Corcaigh, ag cuidiú le brídeoga na hÉireann an gúna is galánta a roghnú do lá a bpósta. Tugadh amharc báuil arís eile ar chúrsaí rómánsaíochta in Éirinn na linne seo ar *First Dates Ireland* le réimse leathan daoine ag cur aithne ar a chéile den chéad uair. D'éirigh go han-mhaith leis an tsraith, go háirithe le daoine níos óige den lucht féachana, agus tarraingíodh sciar 34% de dhaoine 15-34 bliana d'aois agus sciar 29% de dhaoine 25-44 bliana d'aois.

Spórt agus Siamsa

Lean craoladh beo ar chluichí spóirt de mhuintir na tíre a tharraingt le chéile i mbun ceiliúrtha ar na foirne náisiúnta agus ar na cluichí náisiúnta ar RTÉ2. Ar shraith úrnua, *Ireland's Greatest Sporting Moment*, á chur i láthair ag Des Cahill agus Evanne Ní Chuillín, tugadh deis don lucht féachana vótáil maidir leis an nóiméad ba shuntasáil i stair an spóirt in Éirinn. Ar *The Toughest Trade* chonacthas beirt d'imreoirí mór le rá an CLG ag tabhairt faoi spóirt nua le club nua agus bhí *Après Match* ar ais ar an scáileán le sraith nua sé chlár.

Binneas nach Tost

Cuireadh cumas dhaoine atá ag teacht chun cinn i saol an cheoil i láthair ar chlár éagsúla ar RTÉ2, ina measc *Other Voices* a bhí ar ais ar an scáileán, Gradaim EBBA agus Duais Ceoil RTÉ Choice, chomh maith le clár speisialta aon uaire *Other Voices Belfast Special* agus craoladh ón bhféile Electric Picnic.

Stíl Mhaireachtála

Cuireadh formáidí nua ar an aer den chéad uair i rith na bliana 2017. Ar an tsraith ceithre chlár *Salon Confidential*, arna léiriú ag Waka Television, fuarthas réiteach stuama ar roinnt de chruacheisteanna an tsaoil, agus bhí *Ireland's Rich List*, arna léiriú ag Waddell Productions i mBéal Feirste ar cheann eile de na buaicphointí.

Bhí sraith de chlár faisnéise corraitheacha lenar tugadh cead cainte do dhaoine fásta níos óige in Éirinn agus pléadh le réimse leathan téamaí a bhaineann lena saol.

RTÉ
CHOICE
MUSIC
PRIZE

ONLY ON


RTÉ 2



Uimhir a hAon

Déanann naoi gcinn de sheirbhísí raidió RTÉ ar FM agus ar chórais dhigiteacha freastal ar gach dream sa lucht éisteachta, ar fud na réigiún go léir, sa dá theanga.

Tugann níos mó ná 1,000,000 duine cluas do RTÉ Radio 1 gach seachtain.




Chraol RTÉ Radio 1, 2fm, lyric fm agus RnaG beo ón gComórtas Náisiúnta Treabhadóireachta ar an Tulach Mhór.



**Athbhreithniú
ar Chúrsaí
Oibriúcháin
Súil Siar ar an
mBliain
Raidió**

Maidir le Seirbhísí Raidió RTÉ

Cuireann RTÉ naoi gcinn de sheirbhísí sainiúla raidió ar fáil, ar thonnta FM agus trí chraolachán digiteach fuaime (DAB), ar an idirlíon agus ar ghléasraí soghluaiste. Déantar freastal, sa dá theanga, ar dhaoine de gach aois le bailiúchán seirbhísí a chuireann dearcadh faoi leith ar fáil don lucht éisteachta ar an tír, trí chlár nuachta agus faisnéise, clár shiamsaíochta agus drámaíochta, clár spóirt agus ealaíon, agus ceol de gach seánra.



RTÉ Radio 1

Is ar an bpleanáil don athrú, ar oiliúint agus ar fhorbairt bhaill na foirne, agus ar fheabhas go ginearálta a chur ar an méid a bhí le cloisteáil ag lucht éisteachta an stáisiúin, a bhí an phríomhbhéim ag RTÉ Radio 1 i rith na bliana 2017.

Mar gheall ar fheabhas agus ar réimse an ábhair cláir i rith na bliana 2017, roghnaíodh RTÉ Radio 1 don ghradam IMRO maidir le Stáisiún Réimse Iomlán Seirbhíse na Bliana in Éirinn agus bronnadh an gradam do Chraoltóir na Bliana ar RTÉ Radio 1, in éineacht le RTÉ lyric fm, ag Féile Nua-Eabhrac. Gnóthaíodh gradaim shuntasacha freisin maidir le seánraí faoi leith agus, ar an gceann ba shuntasáí ar fad, bronnadh duais Prix Italia maidir leis an tsraith *Documentary on One*.

Cé gur coinníodh an sceideal i rith na lae agus bunsceideal an deireadh seachtaine gan athrú, leanadh den fhorbairt agus tharla dul chun cinn suntasach i gcásanna éagsúla maidir leis an ábhar craolta i rith na bliana.

Maidir le cúrsaí spóirt, mar cheiliúradh ar chearta náisiúnta craoladh raidió maidir le Comórtais Craoibhe an CLG a bheith ag Radio 1 go heisiach, bhí feithicil sainchóirithe seachcraolta mar bhonn taca leis an ábhar spóirt gach deireadh seachtaine i rith an tsamhraidh agus bhain cláir eile leas as freisin. Chomh maith le cluichí CLG, cuireadh tráchtairacht iomlán ar fheachtas fhoireann rugbaí na hÉireann i gcomórtas na Sé Náisiúin agus i gcluichí an fhómhair ar fáil chomh maith leis na trí cinn de chluichí idirnáisiúnta le linn thuras Leoin na Breataine agus na hÉireann sa Nua-Shéalainn.

Rinneadh go maith maidir le cláir cúrsaí reatha agus bhí Taoiseach nua a thoghadh ar cheann de scéalta móra na bliana. Bhí tráchtairacht leanúnach ar chúrsaí sláinte, tithíochta, dlí agus cirt agus cúrsaí sóisialta eile go mór i gceist freisin chomh maith leis an díospóireacht faoi imeacht na Breataine as an Aontas Eorpach. Chuir foireann ilscile de dhaoine níos óige den lucht déanta cláir tráchtairacht ar olltoghchán na Ríochta Aontaithe i láthair as Tuaisceart Éireann. Ceisteanna slándála idirnáisiúnta agus ainghníomhartha éagsúla, chomh maith leis an athrú ar chúrsaí polaitíochta go ginearálta ar fud na hEorpa agus sna Stáit Aontaithe, is mó a bhí chun tosaigh i measc na scéalta idirnáisiúnta.

Bhí RTÉ Radio 1 ina phríomhchran seasta, i gcomhar le hÉire Ildánach, maidir le hócáid mhórsála Chruinniú na Cásca, lá náisiúnta nua dírithe ar chúrsaí cultúir agus cruthaitheachta. Ar Oíche an Chultúir, craoladh ceolchoirm mhórthaibhseach trí huair an chloig ar RTÉ Radio 1 a bhí ar siúl amuigh faoin aer ag Caisleán Bhaile Átha Cliath agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ chun tosaigh ann. Bhí ábhar ó chraoltóirí agus ó léiritheoirí óga nua, arna chur ar fáil as earnáil na léiritheoirí neamhspleácha trí Léiriúcháin Neamhspleácha Raidió RTÉ, i gceartlár sceideal an tsamhraidh agus sceideal na Nollag i rith na bliana 2017.

RTÉ 2fm

Faoi dheireadh na bliana, bhí ardú le tabhairt faoi deara ar lucht éisteachta RTÉ 2fm de réir na príomhshlata tomhais go léir. Is ar an stáisiún atá cúig cinn anois de na deich glóir is mó lucht éisteachta i measc daoine 15-34 bliana d'aois agus deich gcinn as an fiche clár is mó a n-éistean daoine den aoisghrúpa sin leo. *Breakfast Republic* agus an clár le linn tráth tiomána an tráthnóna, *The Eoghan McDermott Show*, faoi seach, an clár is mó agus an dara clár is mó lucht éisteachta maidir leis an réimse déimeagrafaíochta sin, léiriú go ndéanann RTÉ an sainordú maidir le freastal ar gach uile dhream den lucht éisteachta agus féachana in Éirinn a chomhlíonadh, agus go leagtar béim tús áite ar aird lucht éisteachta níos óige a tharraingt.

Seachtain na Gaeilge

Craoladh cláir nuachta dhátheangacha ar RTÉ 2fm i rith Sheachtain na Gaeilge. In ionad na ngnáthchlár a craoladh iad seo agus léiríodh go gcuireann Gaeilge labhartha intuigthe leis an tseirbhís chomh maith leis an nGaeilge a chur chun cinn.

Lean RTÉ 2fm, i gcomhar le Conradh na Gaeilge, den chúnamh maidir leis an albam *Ceol*. Eoghan McDermott a rinne an obair ar an albam amhráin mhórráchairte i nGaeilge le roinnt de na hoifidigh is mó le rá in Éirinn, ina measc *Picture This*, *The Coronas* agus *The Blizzards*, a thabhairt ina chéile.

Ceol na hÉireann

Threisigh RTÉ 2fm arís leis an mbonn daingean a chuirtear faoin gceol in Éirinn le *2fm Rising* ag seasamh go tréan leis an gcuid is fearr de na ceoltóirí nua atá ag teacht chun cinn sa tír. Cuireadh gach ceoltóir agus banna a roghnaíodh i lár an aonaigh ar chláir a craoladh i rith na mbuaicthráthanna le seisiúin taifeadta a rinneadh a léiriú go speisialta agus le bolscaireacht ar líne ar fud chainéil shóisialta uile RTÉ 2fm.

Na 10 gClár Raidió Is Mó Ar Éisteachd Leo Ar Feadh Na Seachtaine Náisiúnta – Daoine Fásta 15+

Sciar Bloc Ama i gcás Stáisiúin Tráchtála Náisiúnta Eanáir-Nollaig 2017

Ord	Clár	Stáisiún	Tráth de Lá	Laethanta na Seachtaine	Sciar na nDaoine Fásta 15+	Líon Daoine Fásta 15+ (000)
1	Morning Ireland	RTÉ Radio 1	07:00-09:00	Luan-Aoine	11%	423
2	Liveline	RTÉ Radio 1	13:45-15:00	Luan-Aoine	10%	373
3	The Marian Finucane Show	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Sath	10%	359
4	The Marian Finucane Show	RTÉ Radio 1	11:00-13:00	Domh	9%	346
5	News at One	RTÉ Radio 1	13:00-13:45	Luan-Aoine	9%	327
7	The Ryan Tubridy Show	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Luan-Aoine	8%	318
6	The Business	RTÉ Radio 1	10:00-11:00	Sath	8%	314
8	Today with Sean O'Rourke	RTÉ Radio 1	10:00-12:00	Luan-Aoine	8%	312
9	Playback	RTÉ Radio 1	09:00-10:00	Sath	8%	282
10	Sunday with Miriam	RTÉ Radio 1	10:00-11:00	Domh	7%	259

Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain Raidió (ar lean)

Rinneadh comóradh ar albam mór le rá U2, *The Joshua Tree*, a bheith ar fáil le 30 bliain sa bhliain 2017. Le cead an bhanna féin, agus i gcomhar le Universal Music, chruthaigh RTÉ 2fm *The Joshua Tree – New Roots*, albam d'athleaganacha de na hamhráin ar fad atá ar *The Joshua Tree*.

Lean RTÉ 2fm de threisiú le ceoltóirí agus bannaí ceoil atá gan conradh go fóill tríd an tionscnamh Play the Picnic a eagrú ag féile Electric Picnic. Bhí deis ag ceoltóirí agus ag bannaí nach bhfuil conarthaí acu le foilsitheoirí ceoil a gcuid ceoil a bheith á chraoladh le linn na mbuaicthráthanna chomh maith le seans a fháil seinm ar Stáitse Crosby ag an bhféile.

Duais Ceoil RTÉ Choice

Bronntar Duais Ceoil RTÉ Choice ar amhrán na bliana agus ar albam na bliana in Éirinn. I mí Márta, bhí Eoghan McDermott ina Fhear an Tí ag an mbaibhta ceannais i Vicar Street a ndearnadh a chraoladh beo ar eagrán fada speisialta den *Louise McSharry Show* ar RTÉ 2fm.

Ar cheann de na gnéithe sin a bhaineann le tacaíocht RTÉ 2fm le Duais Ceoil RTÉ Choice a bhfuil dea-thoradh suntasach orthu, tá Laethanta Cheol na hÉireann Amháin agus bhí sin ar siúl ceithre huairé i rith na bliana 2017.

RTÉ 2fm agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ

Bhuail RTÉ 2fm bóthar go Corcaigh, Gaillimh, Cill Chainnigh agus ionad an 3Arena i mBaile Átha Cliath mar ar lean Jenny Greene agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ d'iontas a chur ar an lucht éisteacha a tháinig ina mílte. Bhí siad ar ais i bpuball Rankings Wood ag féile Electric Picnic i mí Lúnasa freisin nuair a bhí 2fm agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ ag obair as lámha a chéile ar chur i láthair maidir le ceol hip-hop. Bhí ceathrar d'oirfidigh uirbeacha na hÉireann (Mango, Jafaris, Erica agus Jessica) i mbun rapála agus amhránaíochta leis an gceolfhoireann.

Oíche an 2fm Christmas Ball leis an ISPPC

Tháinig lán an tí go dtí ionad an 3Arena ag deireadh na bliana le haghaidh an 2fm Christmas Ball. Bailíodh níos mó ná €500,000 don ISPPC agus bhí bannaí de leithéid The Coronas ar stáitse sular sheinn na sár-réalta idirnáisiúnta The Script, banna eile de chuid na hÉireann, chun clabhsúr a chur leis an oíche agus leis an mbliain.

RTÉ Raidió na Gaeltachta

I mí Eanáir, den chéad uair riamh, d'oibrigh RTÉ Raidió na Gaeltachta agus RTÉ One i gcomhar lena chéile ar sheirbhísí reiligiúnacha a chomhchraoladh ar an raidió agus ar an teilifís. Craoladh an babhta ceannais maidir le comórtas Bhone Óir Sheáin Uí Riada beo as Corcaigh i mí Feabhra. Tá curtha go mór le stádas an chomórtais, a ritheann Peadar Ó Riada ar an gclár *Cuireadh chun Ceoil*, ó cuireadh ar bun é sa bhliain 2010 agus bhí cruiritir as an bhFrainc agus as Chicago le háireamh ar na hiomaitheoirí a bhain an babhta ceannais amach sa bhliain 2017.

I rith Sheachtain na Gaeilge, thug an stáisiún faoin bhfeachtas Gaeilge na Gaeltachta #GnaG, ar éirigh

go hiontach leis ar na meáin shóisialta, agus é mar aidhm ag an bhfeachtas cuidiú leo siúd ar mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Bhí sraith d'fhíseáin ghairide i gceist leis an bhfeachtas ina raibh láithreoirí de chuid RTÉ RnaG ar fud na tíre le feiceáil agus le cloisteáil ag plé nathanna cainte i nGaeilge (le fotheidil i mBéarla).

Bhí baint lárnach ag RTÉ le Cruinniú na Cásca sa bhliain 2017. Mar chuid den chlár uailmhianach imeachtaí, d'eagraigh RTÉ Raidió na Gaeltachta agallamh poiblí leis an scríbhneoir Éilís Ní Dhuibhne, chomh maith le sraith de thobchainteanna "pop-up" i nGaeilge beo as Margadh na Feirme i mBaile Átha Cliath. Craoladh eagrán speisialta ina dhiaidh sin den chlár ealaíne *An Cheárta*, a bhí dírithe ar an gceol traidisiúnta agus ar ealaín thraidisiúnta de chineálacha eile in Éirinn.

Is cuid thábhachtach den lucht éisteacha ag an stáisiún an diaspóra agus, den chéad uair riamh, bhí clár seachtainiúil as Bostún, *Anall as Meiriceá*, ina chuid de sceideal an tsamhraidh sa bhliain 2017.

I mí Dheireadh Fómhair, cuireadh an chéad cheoldráma a ceapadh i nGaeilge ar an stáitse arís den chéad uair le breis agus 100 bliain. Chraol RTÉ Raidió na Gaeltachta an ceoldráma beo in éineacht le RTÉ Lyric fm.

Amach san fhómhar, d'fhógair an clár *Bláthnaid Libh* agus RTÉ 2fm beartaíocht i gcomhar maidir le gradaim ceoil NÓS 2018 do cheol na linne seo trí Ghaeilge. Cuirtear buaiteoirí Amhrán na Bliana ar an liosta seinnte maidir le 2fm, rud a chinntíonn lucht éisteacha níos fairsinge ar fud na tíre dóibh.


Tá an ceol traidisiúnta ar cheann de na bunreimsí maidir le hobair RTÉ Raidió na Gaeltachta agus rinne an stáisiún craoladh beo i rith na bliana 2017 ó Scoil Samhraidh Willie Clancy, ó Fhleadh Cheoil na hÉireann agus ó fhéile an Oireachtais. Rinneadh ábhar a thaifeadadh freisin ag imeachtaí éagsúla ar fud na tíre le craoladh níos deireanaí. Áirítear orthu sin Scoil Samhraidh Joe Mooney i gContae Liatroma, Éigse an Spidéil i gConamara, Ceardlann Earraigh i gCill Dara, Meitheal i Luimneach agus Scoil Samhraidh Dheisceart Shligigh.

Craoladh irischláir an stáisiúin beo ó fhéilte réigiúnacha éagsúla agus ó ócáidí eile ar fud na gcúigí, mar shampla Tionól Niocláis Tóibín i nGaeltacht Phort Láirge, Éigse Dhiarmuidín i nGaeltacht Mhúscraí i gContae Chorcaí agus Festifál i gContae Dhún na nGall. Rinneadh craoladh beo freisin as Ráth Chairn, an ceantar beag Gaeltachta i gContae na Mí a raibh 80 bliain ó thráth a bhunaithe á cheiliúradh sa bhliain 2017; as scoileanna i gCorr na Móna in iarthar Chonamara; agus ón oscailt oifigiúil, a rinne Mícheál Ó Muircheartaigh, ar Ghaelscoil de hÍde in Órán Mór, Contae na Gaillimhe.

Lean RTÉ Raidió na Gaeltachta d'fheasacháin beo *Nuacht RTÉ* a chur ar fáil i rith an lae do RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm agus RTÉ Lyric fm, chomh maith le seirbhís shainiúil nuachta náisiúnta, idirnáisiúnta agus Gaeltachta an stáisiúin féin.

I mí Eanáir, den chéad uair riamh, d'oibrigh RTÉ Raidió na Gaeltachta agus RTÉ One i gcomhar lena chéile ar sheirbhísí reiligiúnacha a chomhchraoladh ar an raidió agus ar an teilifís.

**SCIAR NÁISIÚNTA DE LUCHT ÉISTEACHTA RAIDIÓ 2017 –
LÁ NA SEACHTAINE/BUAICTHRÁTH**



Foinse: JNLR / Ipsos MRBI 2017/4

UAIREANTA RAIDIÓ DE RÉIR SEÁNRA

■ 2017 □ 2016



Foinse: RTÉ
Tabhair ar aird: Áirítear sa chatagóir 'Eile' Reiligiún, Daoine Óga, Oideachas agus Drámaíocht

Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain Raidió (ar lean)

Rinne an stáisiún craoladh beo as Béal Feirste maidir le toghcháin Thionól Thuaisceart Éireann i mí Eanáir agus le hOlltoghchán na Ríochta Aontaithe i mí Meithimh agus bhí tuairisceoirí sna hionaid comhairimh ar fud na sé chontae. Bhí RnaG ag craoladh beo freisin ó Ard Fheiseanna na bpáirtithe polaitíochta agus as Teach Laighean ar lá an Bhuiséid.

Bronnadh gradaim éagsúla ar láithreoirí de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta i rith na bliana. Den seachtú bliain as a chéile, craoltóir de chuid RnaG, Bláthnaid Ní Chofaigh i 2017, a rug an gradam do Láithreoir Raidió na Bliana léi ag Féile na Meán Ceilteach a bhí ar siúl ar Oileán Mhanann. Ag Gradaim IMRO, bronnadh an gradam don chlár Gaeilge is fearr ar *Cormac ag a Cúig*, an clár tráth tiomána an tráthnóna a chuireann Cormac Ó hEadhra i láthair.

RTÉ lyric fm

Bronnadh gradam IMRO maidir le Stáisiún Ceoil na Bliana ar RTÉ lyric fm sa bhliain 2017. Bronnadh an gradam maidir le héacht mórshuntais ar RTÉ lyric fm ar an ábhar craoltóireachta faoi *Composing the Island*, agus bronnadh bonn airgid ar Tom Norton maidir leis an bhFuaim Beo ab Fhearr – Ceol. Bronnadh dhá bhonn óir agus dhá bhonn cré-umha ar lyric fm ag Féile Nua-Eabhrac 2017 agus ag Féile Prix Marulió, bhuaigh RTÉ lyric fm trófaí óir maidir leis an Dráma Raidió is Fearr (*Terrible Beauty*).

Lean an téarma ag Sebastian Adams ina Chumadóir Cónaitheach RTÉ lyric fm, ar cuireadh tús leis i mí Eanáir 2016, i rith na bliana 2017. Idir mí Eanáir agus mí Meithimh, chum Sebastian sraith cúig dhréacht don cheolfhoireann agus rinne sé sin a shaothrú i gceardlanna le Robert Houlihan agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ. D'oibrigh sé i gcomhar le Jools Gilson ina stiúthóir fuaime maidir le gnéchlár de chuid lyric fm ar théama na báistí (*The Lyric Feature – The Rain Box*) a craoladh i mí Iúil 2017. In éineacht le Gerry Murphy, an file as Corcaigh, chum Sebastian an dara carúl don chomórtas *Choirs for Christmas* a eagraíonn RTÉ lyric fm agus chum sé saothar eile do Cheolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ a ndearnadh a sheinm ag ceolchoirm i mí Aibreáin.

Seoladh an dlúthdhiosca *Rhapsodic Celli: The Music of Frank Corcoran*, leis an gceoltóir aonair Martin Johnson agus Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ i rith na bliana 2017. Rinne lyric fm taifeadadh freisin ar ábhar breise i rith na bliana a fhoilseofar in am tráth. Áirítear ar an ábhar sin iomlán na gceathairéad téadach a chum Swan Hennessy, cumadóir Gael-Mheiriceánach de chuid na 19ú aoise, le Ceathairéad Contempo RTÉ; ceol barócach agus ceol traidisiúnta de chuid na hÉireann le Camerata Chill Chainnigh agus an píobaire David Power; ceol le Bill Whelan, an Riverdance Symphonic Suite san áireamh; agus coimisiún speisialta agus James Galway na feadóige móire i mbun seanma.

Craoladh 50 uair an chloig d'ábhar cultúir i rith na bliana 2017 ar *Lyric Feature*, an tríú cuid de á léiriú as an nua ar coimisiún i gcomhar le hearnáil na

léiritheoirí neamhspleácha. Craoladh, i rith an ama céanna, níos mó ná 48 uair an chloig d'ábhar cultúir, idir thráchtairéacht agus léirmheastóireacht, mar chuid den mhír laethúil *Culture File* ar lyric.

Lean RTÉ lyric fm le himeachtaí faoin scéim *Music for all Ages*, an clár spéisiúil siamsúil de choirmeacha ceoil á gcur i láthair in ionaid oideachais agus pobail. Thug an mheitheal cuairt ar bhunscoileanna agus ar scoileanna dara leibhéal, ar fhorais tríú leibhéal, ar árais cúraim agus ar leabharlanna i nDún na nGall (Bealtaine 2017) agus i Maigh Eo (Samhain 2017). Bhí coirm cheoil ag Ceathairéad RTÉ lyric fm gach lá den fhéile cúig lá Bloom 2017 agus ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta chomh maith le seinm ar RTÉ lyric fm agus ar RTÉ Radio 1.

Ar na cláir nua a tugadh isteach mar chuid den sceideal ón 4 Meán Fómhair 2017 amach, bhí *The Full Score* le Liz Nolan, *Classical Daytime* le Niall Carroll agus *Mystery Train* le John Kelly.

Craoladh cláir de chuid RTÉ lyric fm beo i rith na bliana 2017 ón bhféile Bloom, ón gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus ó Fhéile Ceoldrámaíochta Loch Garman, chomh maith le *Marty in the Morning* a chraoladh beo as Verona i mí Lúnasa agus as an Róimh i mí Dheireadh Fómhair.

Rinneadh ceiliúradh ar Lá na hEorpa don Luathcheol ar an 21 Márta ar RTÉ lyric fm leis an luathcheol á chraoladh ar chláir ar fud an sceidil chomh maith leis an gclár *Classic Drive* le Lorcan Murray a chraoladh beo as Caisleán an Rí i Luimneach.

Tairgeadh 32 ceolchoirm d'Aontas Craolacháin na hEorpa (EBU) trí Mhalartán Ceoil EBU agus bhí cúig cinn acu sin a thionsaigh an EBU ina bPríomhshéasúr Sárhoirmeacha Ceoil ionas go ndearnadh a gcomhchraoladh ar fud an domhain. Áirítear ar na cúig cinn sin an chéad seinm ceolchoirme riamh ar *Humiliated and Insulted* le Gerald Barry i mí Feabhra agus ceolchoirm chomórach céad bliain Bhrian Boydell sa Cheoláras Náisiúnta i mí Márta.

Rinneadh an tsraith *Summer Lunchtime Concerts*, á chur i láthair ag Niall Carroll, a chraoladh beo ón gCeoláras Náisiúnta (NCH) ó mhí Meithimh go mí Lúnasa. Leanadh de *The Lyric Concert with Paul Herriott* le séasúr ceolchoirmeacha de chuid Cheolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ, i gcomhar leis an iliomad ceoltóirí aonair agus stiúthóirí clúiteacha as Éirinn agus tíortha thar lear, a chraoladh beo ón gCeoláras Náisiúnta gach Aoine chomh maith le sruthchraoladh beo físeáin a dhéanamh. Rinneadh freisin an chéad chur i láthair ar shaothar nua leis an gcomadóir Kevin Volans – an *Piano Trio* — a cumadh ar coimisiún ó RTÉ lyric fm nuair a sheinn an Fidelio Trio é le linn Fhéile GlasDrum i nGlas Naíon agus i nDroim Conrach.

Ar Piano Keys, podchraoladh oideachais eisiach ar líne i gcomhar le Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann (RIAM), threoraigh an tOllamh Réamonn Keary na daltaí trí scrúduithe pianó RIAM 2017 sna hionaid áitiúla. Téann níos mó ná 40,000 dalta faoi na scrúduithe sin gach bliain.

I mí na Nollag 2017, thaifead lyric fm dhá cheolchoirm oideachais de chuid Cheolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ (Ceol an Teastais Shóisearaigh agus Ceol na hArdteistimeireachta) atá ar fáil ag scoileanna agus ag daltaí ceoil ar YouTube.

Chuir RTÉ lyric fm ceithre lá den tionscadal Making Radio do dhaltai na hidirbhliana ar siúl i mí Feabhra/Márta 2017. Cothaítear meon foirne le linn an tionscadail sin lena mbaineann úsáid as teicneolaíocht an raidió agus cruthaitheacht i mbun léiriúcháin agus láithreoireachta faoi threoir lucht foirne de chuid RTÉ lyric fm.

Raidió Digiteach/Ábhar Cláir Seirbhísí

Craolacháin

RTÉ Pulse

Leanadh i rith na bliana 2017 de dhaoine cumasacha a thabhairt chun cinn ar RTÉ Pulse. Tháinig an blagálaí/bean grinn Shannon Keenan (in éineacht leis an bhfear grinn Emman Idama); Laura Fox, láithreoir óg nua an-spéisiúil as Gaillimh agus Graham Smyth ag obair leis an tseirbhís. I rith na bliana 2017 freisin a seoladh an chéad chlár Gaeilge ar Pulse le hAindriú de Paor.

Bhí brandaí móra idirnáisiúnta de leithéid Tough Love, Gorgon City, Eats Everything agus Flashmob ar sceideal Pulse. Coimisiúnaíodh sraith speisialta ceoil do Pulse freisin, *Scratching the Surface*, ina scrúdaítear go mion saol agus saothar léiritheoirí áirithe ceoil de leithéid Kanye West, Daft Punk agus Fatboy Slim trí dhíchumadh ar stíl faisnéise agus siamsaíochta a dhéanamh ar a gcuid modhanna léiritheoireachta.

Craoladh sraith trí chlár speisialta le Black Madonna (DJ na Bliana ag Mixmag sa bhliain 2016) inar tugadh cuntas ar stair agus ar éabhlóid an cheol damhsa. Cuireadh an tsraith *Represent* ar siúl freisin maidir le Lá Náisiúnta na Filíochta.

I mí Márta, rinneadh ceiliúradh ar Pulse ar chothrom trí bliana ó seoladh *Souletiquette* le craoladh beo as teach ósta an Tengu Bar i mBaile Átha Cliath. Chuaigh Dave Treacy (ón gclár *We Love Beats*) go dtí na Stáit Aontaithe chun tuairiscí a chur ar fáil ón bhféile Miami Music Week agus sheol Pulse sraitheanna físeán freisin d'agallaimh uair sa tseachtain le Beta De Silva agus d'agallaimh faoi dhó sa tseachtain le Mo-K.

Rinne Adam Fogarty, eagarthóir an stáisiúin, *Story of Hip Hop*, ar éirigh go hiontach leis ag an bhféile Electric Picnic 2017 a chruthú agus a stiúradh.

RTÉ 2XM

D'oibrigh RTÉ 2XM agus RTÉ 2fm i gcomhar maidir le seisiúin arna dtaifeadadh beo i Stiúideo 8 i rith na bliana 2017, agus bhí dream chomh spéisiúil agus chomh hábailta le Soule, Jafaris agus Aik J ina measc sin a tháinig i láthair.

Craoladh dhá thionscadal ar tugadh cistí ina leith faoin soéim Fís & Fuaim a ritheann an tÚdarás

Craolacháin. Sraith deich goinn de chlár maidir le lipéid neamhspleácha ceirníní in Éirinn a bhí in *Independents Day* agus riomhadh an scéal maidir le *No Disco*, ceann de na cláir ba thábhachtaí maidir le cúrsaí cultúir ar RTÉ, in *This Ain't No Party*.

D'oibrigh RTÉ 2XM i gcomhar le 2fm maidir le Gradaim Ceoil Óige na hÉireann agus craoladh gné-ábhar speisialta, arna léiriú faoi choimeádaíocht Dan Hegarty, faoi bhuaiteoirí na mblianta roimhe sin mar chuid den réamhábhar i rith an tréimhse díreach roimh an ócáid féin.

RTÉ Gold

Tá RTÉ Gold dírithe den chuid is mó ar dhaoine 35+ a bhaineann taitneamh as ardchaighdeán ceoil. Lean an tseirbhís d'fhónamh a dhéanamh maidir le lón ábhair agus ceol a chur ar fáil gach seachtain don chraoladh i rith na hoíche ar RTÉ Radio 1.

Cuireadh tús i mí na Samhna le dhá chlár nua i rith an lae, arna gcur i láthair ag iar-láithreoirí de chuid 2fm, Will Leahy (7-10 r.n.) agus Rick O'Shea (3-6 i.n.). Tháinig feabhas maidir le héisteacht ar líne le hardú 20% ar an meán ar líon na sruthanna a ceanglaíodh i rith an lae.

RTÉ Radio 1 Extra

Leanadh le sceideal RTÉ Radio 1 Extra chun cur lena comhsheirbhís, RTÉ Radio 1. Chomh maith leis an gcuid is fearr d'ábhar cláir RTÉ Radio 1 a chraoladh, agus réimse iléagsúil de chlár ó chraoltóirí Béarla ar fud an domhain, rinneadh freisin bunchlár nua de chuid RTÉ Radio 1 Extra féin a chraoladh freisin i rith na bliana 2017. Bhain *Reverberations*, sraith sé chlár 30 nóiméad an ceann, le cumasc idir saol na filíochta agus ealaín na fuaime. Sé cinn de chlár leathuair maidir le teacht chun cinn an phodchraolta a bhí sa tsraith *Pod Only Knows*.

RTÉjr Radio

Féach an roinn maidir le cláir do leanaí agus do dhaoine óga (féach leathanach 72).

Ó "Ar an Aer" go dtí "Ar Líne"

Tháinig leathnú arís ar na meithle digiteacha i rith na bliana 2017 agus bhí foireann oibre i mbun coimeádaíochta a dhéanamh ar lón ábhair den raidió lena thapú ar líne agus ar an fón cliste chomh maith le hábhar faoi leith a chruthú chun na críche céanna. Is í an ghné is suntasaí den obair sin ábhar físeán a chur leis an ábhar raidió agus rinneadh léiriú físeán le hardchaighdeán iarléiriúcháin ar cheoltóirí ag seinm ar chlár sa stiúideo agus sruthchraoladh beo, ar líne agus ar na hardáin shóisialta, ar agallaimh. Tarraingíodh an saothar seo ar fad le chéile faoi chlár brandála faoi leith a chruthaigh dearthóir grafaice na meithle agus le *RTÉ Radio 1 Highlights*, ardán don ghearrscéalaíocht dhigiteach a cuireadh ar bun i ndeireadh na bliana 2016 agus a ndearnadh fairsingiú air i rith na bliana 2017 chun ábhar as gach cuid de sceideal Radio 1 a thabhairt faoina scáth.

Ag Teacht ar Phobal Úr

Tá RTÉ, mar gheall ar an réimse seirbhísí digiteacha, i gcroílár thimpeallacht dhigiteach na hÉireann.

Tá 46% de dhaoine fásta na hÉireann a bhaineann úsáid gach seachtain as seirbhís dhigiteach de chuid RTÉ. Tháinig ardú 9% i rith na bliana 2017 ar iomlán na húsáide as na seirbhísí digiteacha agus tharraing nuacht maidir le *Rescue 116*, Martin McGuinness agus stoirm Ophelia sluaite ollmhóra á dtapú i mí Márta agus i mí Deireadh Fómhair.






**Athbhreithniú
ar Chúrsaí
Oibriúcháin
Súil Siar ar an
mBliain
Digiteach**

Maidir le Seirbhísí Digiteacha RTÉ

Tá rannóg dhigiteach RTÉ chun tosaigh in Éirinn ó thaobh seirbhísí meán digiteach a chur ar fáil. Táthar freagrach as an éabhlóid dhigiteach in RTÉ agus cuirtear RTÉ.ie, RTÉ Player, RTÉ Player International, agus réimse leathan aipeanna don ghléasra soghluaiste ar fáil, aip RTÉ News Now ina measc. Cuirtear ar chumas RTÉ na haidhmeanna leathanréimseacha seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích sa saol digiteach, cuirtear straitéis dáiliúcháin RTÉ i bhfeidhm, cuirtear nuálaíocht chun cinn, brostaítear le hearnáil na dtionscantóirí agus cuirtear chun cinn an clár oibre maidir le hoideachas digiteach ar dhaoine óga in Éirinn.



Seinnteoir RTÉ Player

Buaiclíon Sruthanna sa bhliain 2017

Lean an fhorbairt ar sheinnteoir an RTÉ Player, an tseirbhís craolacháin is mó in Éirinn maidir le físeáin ar a n-éileamh (VOD) agus ceanglaíodh buaiclíon sruthanna i rith na bliana 2017. Tá an tseirbhís ar fáil ar 11 ardán faoin tráth seo, Chromecast ar ghléasra iOS san áireamh. Ceanglaíodh níos mó ná 51.5 milliún sruth, ardu 2% i gcomparáid leis an mbliain 2016.

Meánlíon 4.3 milliún sruth in aghaidh na míosa a ceanglaíodh ar an seinnteoir i rith na bliana agus meánlíon 1.1 milliún brabhsálaí faoi leith a d'úsáid an tseirbhís gach mí. Bhí líon iomlán 43.9 milliún sruth ar a n-éileamh a ceanglaíodh i rith na bliana, ardu 5% i gcomparáid leis an mbliain 2016.

Faire Beo

Cruthaíodh go maith arís maidir le hábhar beo a bhreathnú ar sheinnteoir an RTÉ Player agus ceanglaíodh 7.6 milliún sruth beo sa bhliain 2017. I mí Dheireadh Fómhair is mó a ceanglaíodh sruthanna beo, le 951,000 sruth beo, nuair a bhí tuairiscí nuachta maidir le stoirm Ophelia i gceist (níos mó ná ceathrú milliún sruth beo) agus dhá chluiche cáilíochta maidir le corn sacair na hEorpa.

Tharla an ócáid ba mhó riamh maidir le craoladh beo ar sheinnteoir an RTÉ Player i mí na Samhna nuair a nascadh 135,500 sruth beo do chluiche cáilíochta do chorn na hEorpa idir Poblacht na hÉireann agus an Danmhairg.

Ábhar nua a Fhorbairt agus cur leis an Lucht Féachana

Leanadh den chóiriú ar sheinnteoir an RTÉ Player i rith na bliana 2017 agus cuireadh le líon na gclár a bhí ar fáil ar a n-éileamh. Cuireadh roinnt sraitheanna as seanchatalóg RTÉ ar fáil, na drámaí de chuid na hÉireann *The Clinic*, *Striking Out*, *Proof* agus *Damage* ina measc chomh maith leis na clár grinn *Bridget & Eamon* agus *Hardy Bucks* agus clár réaltachta *Popstars* agus *Fade Street*.

Bhí clár coimisiúnaithe agus léiriúcháin eile a cuireadh ar fáil go heisiach ar sheinnteoir RTÉ Player i rith na bliana, ina measc sraith sé chlár le Stefanie Preissner faoin teideal *How to Adult*, sraith aclaíochta le Amanda Byram, láithreoir *Dancing with the Stars*, *The Good Room*, sraith dírithe ar chóiriú seomraí, *My Sister's Closet*, clár piolótach dhá pháirt faoi chúrsaí faisin agus ábhar eisiach faoi chúrsaí bia ar a n-áirítear *Recipes for Actual Real Life* le Sophie White agus an tsraith sé chlár *Chef Adrian Eats Ireland*. D'oibrigh RTÉ Player i gcomhar le Nuacht agus Cúrsaí Reatha Theilifís RTÉ freisin ar shraith dhá chlár faisnéise faoi dhrochíde sa teaghlach in Éirinn.

Léirigh RTÉ Player ábhar eisiach ar líne freisin maidir le roinnt de na sraitheanna teilifíse is mó a mbíonn tóir ag daoine orthu ar RTÉ agus le himeachtaí móra i rith na bliana. Áirítear orthu sin comórtas Rós Thrá Lí, súil siar ar shnáitheanna scéil na bliana ar *Fair City*, tuairimí daoine iomráiteacha faoi *First Dates Ireland*, cuairteanna ar bhreis árais cónaithe maidir le *Dermot Bannon's New York Homes* agus *Dermot Bannon's LA Homes* agus cnuasaigh d'ábhar faoi leith ón *Late Late Show*.

Tharraing an t-ábhar breise eisiach ar líne agus na clár nua eisiacha ar RTÉ Player níos mó ná 5.2

milliún sruth, ardu 50% ar an líon a ceanglaíodh maidir leis an gceinéal sin sa bhliain 2016.

Bhí sobaldrámaí ar na clár ba mhó lucht féachana ar RTÉ Player arís i rith na bliana seo. *Fair City* an clár ba mhó lucht féachana le 6.9 milliún sruth, ceanglaíodh 5.6 milliún sruth i ndáil le *Home and Away* agus 4.8 milliún sruth maidir le *EastEnders*.

Cartlanna RTÉ

Tá béim mhór ó thaobh obair Chartlann RTÉ ar sheantaifeadtaí sa bhailiúchán cartlainne d'ábhar craoltóireachta a chur ar bhealach a sábhála. Leagadh amach réimsí éagsúla den ábhar nuachta agus teilifíse, chomh maith le roinnt de na taifeadtaí fuaime is luaithe de chuid Radio Éireann, aistriú i rith na bliana 2017 ó fhormaidí a bhain le seanchineálacha gléasra go dtí comhaid dhigiteacha ar mhaithe lena stóráil, le tuairisc a scríobh ar an ábhar atá orthu agus lena gcur ar fáil do dhaoine. Bhí cúnamh airgid ina leith sin ar fáil faoi scéim cistíochta maidir le hobair cartlainnaíochta a ritheann an tUdarás Craolacháin. Mar chuid den tionscadal seo, sheol RTÉ Bailiúchán Nuachta na Cartlainne i mí Deireadh Fómhair 2017. Tá 2,213 tuairisc a tugadh idir mí Márta 1985 agus mí Bealtaine 1986 ar fáil ar líne faoin tráth seo. Tá de chuspóir leis an tionscadal seo ábhar 14 bliana de Nuacht RTÉ a fhoilsiú i rith na mblianta seo romhainn.

Leanadh den cheangal ar líne idir Chartlann RTÉ agus an pobal a neartú i rith na bliana 2017 agus cruthaíodh 1,154 scéal nua le cur ar an suíomh idirlín faoin teideal Archives Daily. Tugann Chartlann RTÉ deis don phobal gach lá réimse ábhair as an gcartlann a thapú trína uaslódáil ar an suíomh idirlín, www.rte.ie/archives. Tharraing an suíomh idirlín buaicléibhéal úsáide, le 3.1 milliún cuairt ar an suíomh idirlín i rith na bliana 2017 i gcomórtas le 1.9 milliún an bhliain roimhe sin. Baineadh buaicléibhéal amach maidir le ceadú leathanaigh chomh maith, agus tapáidh leathanaigh 5.6 milliún uair i rith na bliana 2017 i gcomparáid le 3.5 milliún uair i rith na bliana 2016.

Tá Chartlann RTÉ freagrach as ábhar cruthaitheachta agus ábhar faisnéise an chraoltóra náisiúnta a bhailiú, a chaomhnú agus a chur ar fáil. Déantar ábhar a bhailiú agus a thaifeadadh gach lá ar fud sheirbhísí uile RTÉ agus tuairisc scríofa air a bhreacadh ina leith. Tháinig méadú circa 7% ar an mbailiúchán i rith na bliana 2017 nuair a cuireadh 10,000 uair an chloig d'ábhar craolta nuacheaptha leis. Tá fairsingiú ag teacht i gcónaí ar an mbailiúchán grianghrafadóireachta ar líne freisin agus tá teacht ar líon is mó ná 126,000 íomhá sa chartlann sin faoin tráth seo.

Ábhar as Chartlann RTÉ

Bhí ábhar as an gChartlann le feiceáil agus le cloisteáil i sceidil RTÉ i rith na bliana 2017 le hábhar as catalóg na seansaothar. Chomh maith le seirbhísí taighde forleitheachta a chur ar fáil do dhreamanna léiriúcháin, bhí na mílte blúirín in úsáid i saothair léiriúcháin de chuid na linne seo ar an raidió, ar an teilifís agus ar na seirbhísí ar líne chomh maith le fadscannáin mhóra faisnéise.

Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBlain Digiteach (ar lean)

Buaicphointí

Ríomhtar scéal na ndaoine a chuir tús leis an bhfeachtas maidir le Comhionannas Pósta in Éirinn agus a choinnigh ar bun é in *The 34th – The Story of Marriage Equality*. Ainmníodh an clár seo maidir le gradam IFTA don fhadchlár faisnéise ab fhearr.

Tugtar léargas spésiúil, atá sainiúil maidir le mionsonraí agus leitheadach ó thaobh comhthéacs, ar na taispeántais chonspóideacha chinníúnacha in *ROSC 50* – arna chur i láthair i gcomhar le Leabharlann Náisiúnta Amharcealaíne na hÉireann (NIVAL) Cartlann RTÉ agus Áras Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA). Déantar cur i láthair saothraithe ar ábhar cartlainne lena n-áirítear catalóga, grianghraif, lón scannánaíochta nuachta, agus léirmheasanna agus tuairiscí eile ar na taispeántais, chomh maith le cuntais ó dhaoine faoi leith.

Tá cuid mhór lón scannánaíochta as Cartlann RTÉ in úsáid sa chlár faisnéise *Rocky Ros Muc* faoin dornálaí Seán Ó Mainnín as Conamara. Is é an chéad fhadscannán faisnéise Gaeilge é a ainmníodh ar an bhfadliosta maidir le gradam Oscar. Ríomhtar scéal an dornálaí as ceantar suaimhneach Ros Muc i nGaeltacht na Gaillimhe sa scannán faisnéise agus é ag tabhairt faoi shaol na dornálaíochta proifisiúnta i mBostún.

Déantar cioradh ar thráth cinniúnach i stair Thuaisceart Éireann in *Divided Society*. Tá ábhar as irisí, póstaear agus grianghraif a foilsíodh idir 1990 agus 1998 sa bhailiúchán i Leabharlann Halla an Línéadaigh i mBéal Feirste chomh maith le hábhar fiseáin as cartlanna RTÉ agus UTV.

RTÉ.ie

Lean an méadú i rith na bliana 2017, ó thaobh lucht úsáide agus ábhair, ar RTÉ.ie, an suíomh meán cumarsáide is mó in Éirinn. Ar na ranna nua a cuireadh leis an suíomh, bhí rte.ie/gaeilge, atá dírithe ar chainteoirí líofa agus ar lucht an chúpla focal agus rte.ie/brainstorm, spás inar féidir le lucht léinn cur leis an díospóireacht phoiblí agus smaointeoireacht nua faoi réimse leathan ceisteanna a chur i láthair.

Mar chuid den obair leanúnach maidir le hathdhearadh a thabhairt ar an suíomh, cuireadh suíomh nua teilifíse ar fáil chomh maith leis an eolas is cruinne, is tráthúla agus is cuimsithí faoi thuar na haimsire a chur ar fáil ar roinn nua de chuid Aimsir RTÉ i gcomhar le Met Éireann. Cuirtear foláireamh aimsire oráiste/dearg in iúl don lucht úsáide ar fud an tsuímh ar fad. Tá dúbailt ar líon na ndaoine a thapaíonn eolas faoin aimsir ó cuireadh an roinn nua seo leis an suíomh.

Tháinig ardú arís i rith na bliana 2017 ar líon na mbrabhsálaithe faoi leith agus ar líon na leathanach a ceadaíodh le meánlíon 54.1 milliún leathanach agus sé mhíilliún brabhsálaí faoi leith in aghaidh na míosa. Tháinig ardú maidir leis an suíomh a thapú ar ghléasra soghluaiste freisin ó 54% sa bhliain 2016 go dtí 59%.

Ar na scéalta is mó maidir le Nuacht agus Spórt a tharraing aird ar an suíomh idirlín i rith na bliana, bhí stoirm Ophelia, an tragóid a bhain do *Rescue 116* agus an cluiche iománaíochta sa dara babhta cáilithe idir Port Láirge agus Cill Chainnigh. Tháinig borradh láidir freisin maidir le Cultúr, Stíleanna Maireachtála agus Siamsaíocht i rith na bliana 2017 agus cuireadh gearrchuntas i scríbhinn ar bhuaicphointí an ábhair fuaimne ar RTÉ Radio 1 ar fáil nuair a cuireadh an roinn faoin teideal Radio Highlights leis an suíomh.

Rinneadh tráchttaireacht ar RTÉ.ie freisin ar imeachtaí náisiúnta de leithéid Chruinniú na Cásca, a ndearnadh leathanaigh a cheadú 335,000 uair mar gheall air agus daoine ag féachaint le heolas a fháil ar na himeachtaí a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre.

Trí phainéal nua moltaí, dar teideal More for You, déantar ábhar don lucht úsáide a mholadh de réir na húsáide a bhaineann siad as an suíomh. Tá coimeádaíocht á dhéanamh ag meitheal faoi leith anois ar an goead leathanach ionas go gcuirtear an chuid is fearr d'ábhar RTÉ i láthair seacht lá na seachtaine. Tugadh brúfhógraí gréasáin isteach freisin i rith na bliana 2017. Déantar sárábhar de chuid RTÉ a chur chun cinn ar fud na mbrabhsálaithe ar an gcaoi sin ionas go gcoinnítear an lucht úsáide ar an eolas faoin ábhar is deireanaí atá RTÉ a chur ar fáil.

RTÉ News Now

Choinnigh an suíomh agus aip chun tosaigh ar gach aip nuachta eile in Éirinn. Bíonn teacht ag an té a úsáideann é ar na ceannlínte nuachta, spóirt agus siamsaíochta is deireanaí. Tá 1.85 milliún cóip ar fad den aip ioslódáilte faoi seo agus bhí 164,700 duine nua a thosaigh á úsáid i rith na bliana 2017.

Go ginearálta, d'fhan líon na n-úsáideoirí gníomhacha míosúla mar a chéile ag 430,000 duine, ach tháinig ardú 16% ar an úsáid as an aip le meánlíon 78 milliún leathanach á mbreathnú. Is léir go bhfuil an lucht úsáide ag éirí níos dílse i gcónaí agus gur minice a thapaíonn siad an aip agus gur mó leathanach a cheadaítear gach uair.

Lean RTÉ i rith na bliana 2017 den aip a leasú trí chur leis an úsáid is féidir a bhaint as. Sa roinn maidir le nuacht Réigiúnach a cuireadh leis i mí Bealtaine, dírithe aird ar scéalta ó na comhfhreagrúithe réigiúnacha ar fud na tíre. Leis an leas ar an tseirbhís brúfhógraí a tugadh isteach i mí Meithimh, is féidir na scéalta nuachta is deireanaí a chur ar fáil go tobann luath-thráthúil chomh maith le fógraí idirghníomhacha agus teachtaireachtaí taobh istigh den aip a sheoladh. Seoladh dearadh nua ar an aip i mí na Samhna lenar féidir nascleanúint a dhéanamh ar bhealach níos caoithiúla agus cóiriú pearsanta a dhéanamh go furasta maidir le cineál an ábhair.

Tháinig ardú arís i rith na bliana 2017 ar líon na mbrabhsálaithe faoi leith agus ar líon na leathanach a ceadaíodh le meánlíon 54.1 milliún leathanach agus sé mhíilliún brabhsálaí faoi leith in aghaidh na míosa. Tháinig ardú maidir leis an suíomh a thapú ar ghléasra soghluaiste freisin ó 54% sa bhliain 2016 go dtí 59%.

AN LÍON LEATHANACH AR AN MEÁN A TAPAÍODH SA MHÍ AR FUD NA SEIRBHÍSÍ DIGITEACHA (MILLIÚIN)

2017	150.4
2016	145.6
2015	126.5
2014	125.9
2013	134.8

Foinse: RTÉ

SCIAR A BHAINNEANN LEAS AS SEIRBHÍS DHIGITEACH RTÉ SA TSEACHTAIN

Aon seirbhís dhigiteach ó RTÉ	46%
RTÉ.ie	30%
Seinnteoir RTÉ Player	28%
Seinnteoir RTÉ Radio Player	11%
Aipeanna RTÉ	12%

Foinse: Sonraí RTÉ 2017, Daoine Fásta 18+

SRUTHANNA AR AN SEINNTEOIR RTÉ PLAYER 2013 - 2017 (MILLIÚIN)

2017	52
2016	51
2015	40
2014	51
2013	46

Foinse: RTÉ

Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain Digiteach (ar lean)

Ardáin agus Dáileadh

Nearthaigh RTÉ leis an gcaidreamh le Virgin Media agus le Vodafone ionas gur féidir leis na hardáin teilifíse sin níos mó d'ábhar RTÉ a thairiscint dá gcuid custaiméirí. Seoladh an seinnteoir RTÉ Player mar cheann de na príomhsheirbhísí ar Saorview Connect i mí na Samhna.

Lucht Féachana agus Éisteachta thar lear GAAGO

Lean an dul chun cinn maidir leis an tseirbhís sruthchraolta ar líne ó RTÉ agus CLG, lena gcuirtear cluichí Gaelacha ar fáil do lucht féachana taobh amuigh d'oileán na hÉireann, i rith na bliana 2017. Cuireadh réimse níos fairsinge de chláir agus de chláir faisnéise leis an tseirbhís sa chaoi agus go raibh níos mó ná 30 clár faisnéise a bhaineann le hábhar CLG ar fáil ag daoine a raibh pas séasúir acu. Ó cuireadh GAAGO ar bun sa bhliain 2014, rinneadh freastal ar líon is mó ná 900,000 iarratas sruth a cheangal agus sin as níos mó ná 180 dlínse éagsúla as áiteanna chomh fada óna chéile le Arda Golan, Vítneam agus Murascaill Bhoitnia amach ó chósta na Fionlainne. Ó rinneadh a chur ar fáil ar Roku sa bhliain 2016, tá tóir faoi leith ar an tseirbhís sna Stáit Aontaithe, tír óna n-eascraíonn beirt as gach cúigear a cheannaíonn an tseirbhís.

RTÉ Player International

Leanadh de sheirbhís a chur ar fáil don lucht féachana i líon is mó ná 120 tír leis an leagan idirnáisiúnta de sheirbhís an RTÉ Player. Cuireadh cláir agus sraitheanna nua as catalóg na seansaothar ar fáil don lucht féachana idirnáisiúnta ar an tseirbhís.

Nuálaíocht

Rinneadh, trí pháirtnéireacht nuála le Amazon, RTÉ News, Nuacht RTÉ agus Aimsir RTÉ a thabhairt isteach ina 'scileanna' ar chóras Alexa, seirbhís gutha Amazon atá bunaithe ar an néalríomhaireacht agus a seoladh in Éirinn i rith mhí na Nollag. Is é ardán an

ghutha an chéad cheann eile atá ag teacht i dtreis de réir mar is mó an glacadh atá le callairí cliste agus le gléasra ceangailte de chineálacha eile. Mar gheall ar an mbeart luathfhorbartha seo, is í seirbhís RTÉ an tseirbhís nuachta a thairgtear ar dtús do dhaoine in Éirinn nuair a chuireann siad an cheist "Alexa, what's new?"

Lean RTÉ i rith na bliana 2017 ag cur leis na straitéisí maidir leis an gcaidreamh digiteach ionas go gcothaítear dlúthcheangal níos díri leis an lucht éisteachta agus féachana ar bhealach is fearr a thagann lena gcuid riachtanas agus lena gcuid roghanna. Trí chóras lena mbaineann teachtaireachtaí ríomhphoist arna seoladh go huathoibreach, moltaí maidir le hábhar, agus brúfhógraí ar an ngléasra soghluaiste agus ar an ngréasán, i gcumasc le húsáid as na meáin shóisialta, tá an straitéis seo ar an bpríomhdheis caidrimh maidir le RTÉ.ie, RTÉ Player agus RTÉ News Now a chuireann ar chumas an lucht féachana agus éisteachta teacht go furasta ar lón ábhair breise a oireann dóibh ó thaobh taitnimh nó riachtanais.

Tá na céadta mílte den lucht úsáide cláraithe le RTÉ ID ionas go mbíonn buntáiste breise acu as seirbhísí do dhaoine a shíníonn isteach. Chuir RTÉ 33% breise leis an mbunachar beo i rith na bliana 2017. Seoltar teachtaireachtaí gach seachtain agus gach lá chuig an goid sin den lucht úsáide maidir le réimsí lárnacha ábhair (cláir teilifíse le breathnú, nuacht an lae, stíleanna maireachtála agus Gaeilge).

Leanadh de sheirbhís a chur ar fáil don lucht féachana i líon is mó ná 120 tír leis an leagan idirnáisiúnta de sheirbhís an RTÉ Player. Cuireadh cláir agus sraitheanna nua as catalóg na seansaothar ar fáil don lucht féachana idirnáisiúnta ar an tseirbhís.



Bí Linn agus Beidh Tú Ann

Bíonn Spórt RTÉ i gceartlár shaol an spóirt in Éirinn, ag cur léiriúchán, tráchttaireacht agus tuairiscíocht ar fáil don náisiún, saor ó tháille ar an aer.

617 uair an chloig de bhunábhar cláir spóirt ar an teilifís i rith na bliana 2017.







**Athbhreithniú
ar Chúrsaí
Oibriúcháin
Súil Siar ar an
mBliain
Spórt**

Maidir le Spórt RTÉ

Cuireann Spórt RTÉ na foirne náisiúnta, na cluichí náisiúnta agus imeachtaí móra spóirt in Éirinn agus thar lear ar fáil don lucht féachana agus éisteachta ar fud na hÉireann, ar na hardáin ar fad atá ar fáil agus ar bhealach atá éifeachtúil ó thaobh costais lena mbaineann nuacht, siamsaíocht agus ilchuimsitheacht.

Teilifís

Léirigh Spórt RTÉ 617 uair an chloig d'ábhar teilifíse i rith na bliana 2017 agus coinníodh an chéad áit in ord na goraoltóirí spóirt in Éirinn. Ar RTÉ a bhí gach ceann den 20 clár ba mhó lucht féachana i rith na bliana 2017 agus bhí téama spóirt, idir cluichí CLG, sacar agus rugbaí, le haon cheann déag acu sin. Bhí seacht golár spóirt ar an deich golár ba mhó lucht féachana, an cluiche ceannais sinsear peile i gCraobh na hÉireann idir Baile Átha Cliath agus Maigh Eo ina measc, an dara clár ba mhó lucht féachana tar éis *The Late Late Toy Show*, le 1,141,200 de mheánlíon lucht féachana (79.88%).

Comórtais Craoibhe na Peile agus na hIománaíochta ab ábhar don líon is mó uaireanta an chloig, 134 uair an chloig craolacháin maidir le cluichí CLG. Bhí na Cluichí Ceannais ar an gcúig chlár ba mhó lucht féachana i rith na bliana ar fad ach bhí an cluiche leathcheannais peile idir Baile Átha Cliath agus Tír Eoghain ar an 20 tosaigh chomh maith le 59% den lucht féachana iomlán ag an am ag faire air.

Den chéad uair riamh, chraol Spórt RTÉ cluichí ceathrú ceannais Chraobh na hÉireann sa Chamógaíocht beo chomh maith leis na cluichí leathcheannais agus an cluiche ceannais agus bhí mná ar an lucht tuairimíochta ar *The Sunday Game* maidir le cluichí camógaíochta agus iománaíochta i rith cuid mhór den séasúr.

Bhí an dara cluiche sa bhabhta cáilithe idir Éirinn agus an Danmhairg i gCorn Sacair na hEorpa ar an tríú clár ba mhó lucht féachana in Éirinn i rith na bliana 2017 le 1,038,600 duine de lucht féachana. Sacar na hEorpa agus sacar na hÉireann féin a bhí i gceist le mórchuid mhór an 233 uair an chloig d'ábhar cláir sacair i rith na bliana.

Léirigh Spórt RTÉ 27 n-uair an chloig de chraoladh beo ar chluichí rugbaí na mban, cluichí uile fhoireann na hÉireann i gCorn an Domhain agus i gcomórtas na 6 Náisiún san áireamh. Bhí cluichí fhoireann na hÉireann in aghaidh na Fraince, na Breataine Bige agus Shasana araon ar an deich gclár ba mhó lucht féachana i rith bhliain deiridh chonradh Spórt RTÉ maidir le comórtas 6 Náisiún na bhfear.

Chraol Spórt RTÉ rásaí iomraimh beo ar dhá dheireadh seachtaine chinníúnacha i stair an spóirt sin in Éirinn. I mí Bealtaine, taispeánadh lucht iomraimh na hÉireann (Shane O'Driscoll & Mark O'Donovan agus Paul & Gary O'Donovan) agus an chéad áit á ghnóthachtáil acu i dhá chomórtas de chuid an hEorpa chomh maith leis an dara háit i gcomórtas eile (Denise Walsh). I mí Meán Fómhair, bhuaigh Paul O'Donovan corn an domhain in athuair d'iomróirí ísealmheáchain sa scull aonair agus thug Shane O'Driscoll, in éineacht le Mark O'Donovan, tar éis dóibh corn na hEorpa a bhreith leo roimhe sin, craobh an domhain leo d'iomróirí ísealmheáchain sa bhád beirte.

Ag teannadh le deireadh na bliana, rinne an fhoireann léiriúcháin inmheánach *Ireland's Greatest Sporting Moments* a cheapadh amach agus a chur ar fáil. Ba é bua mór Pádraig Harrington sa bhliain 2007 a roghnaigh pobal na hÉireann a bheith ar an nóiméad ab iontaí i saol an spóirt ó cuireadh tús le ré na teilifíse.

Sé huair an chloig d'ábhar cláir a d'eascair ó léiriúcháin coimisiún, an dara sraith de *Après Match of the Day* san áireamh chomh maith le *The Toughest* agus *All-Ireland Day - The Hurling Final*.

Den chéad uair riamh, ligeadh RTÉ, in éineacht le Loosehorse Productions isteach i seomraí feistis cheann de shárfhoirne na linne. Riomhadh scéal fheachtas iontach imeartha fhoireann peile mhná Bhaile Átha Cliath sa chlár *Blues Sisters* go dtí gur thug siad leo craobh na hÉireann. Léiríodh

fírinne an cháis maidir leis an íobairt agus an díograis a bhíonn de dhíth chun buaic a bhaint amach.

Ar na buaicphointí eile maidir le cúrsaí spóirt sa bhliain 2017, bhí 24 lá de rásaíocht capaill; mórchomórtas gailf an Dubai Duty Free Irish Open; comórtas an Aga Khan as an RDS; babhtáí leathcheannais agus ceannais an Irish Derby i rásaí na gcon; agus gradaim GPA do Sháirimreoirí CLG na bliana, Gradaim an FAI agus Gradaim Spóirt RTÉ.

Digiteach

Tarraingíodh 13% níos mó de lucht úsáide maidir le rte.ie/sport ar ghléasra soghluaiste, an ríomhaire deisce agus ar an aip RTÉ News Now ná mar a tarraingíodh sa bhliain 2016 le hardú ó 23 mhilliún go dtí 26 mhilliún maidir le meánlíon na n-uaireanta in aghaidh na míosa ar osclaíodh leathanaigh.

Ábhar blagála maidir le Craobhchomórtais CLG a bhí i gceist leis na trí scéal ba mhó a ceadaíodh i rith na bliana 2017. Ba é an cluiche cáilíochta idir Port Láirge agus Cill Chainnigh san iománaíocht a tharraing an aird ba mhó agus an leathanach á thapú 567,045 uair, rud a d'fhág gurbh é an séú scéal ba mhó aird é ar fud na seánraí ar fad ar an suíomh i rith na bliana. An 8 lúil an lá ba mhó aird ar chúrsaí spóirt, a bhúiochas sin cuid mhaith den chluiche sin idir Port Láirge agus Cill Chainnigh. Bhí an lá sin ar cheann den 15 lá ba mhó aird i rith na bliana ar fad ar rte.ie trí chéile agus ábhar spóirt a tharraing 44% den aird ar fad i rith an lae.

Bíonn an lucht úsáide ar ais seachtain i ndiaidh seachtaine ar rte.ie/sport ar mhaithe le cur síos siamsúil lán eolais a thugtar ar chluichí le linn a n-imeartha. Taobh amuigh den ábhar beo, ba iad scéalta báis Jimmy Magee agus Tony Keady na scéalta ba mhó aird ar rte.ie/sport, chomh maith le tuairisc ar ghlacadh le rún an "Super 8" ag Comhdháil CLG agus ar Peter O'Mahony a bheith ainmnithe ina chaptaein don chéad chluiche idirnáisiúnta idir na Leoin agus an Nua-Shéalainn.

Ó thaobh na gcoinneála sóisialta, tháinig borradh 52.85% maidir le leathanach *The Sunday Game* le 201,000 de lucht leanúna. Tháinig borradh réasúnta freisin maidir le RTÉ Sport (+20.46%), RTÉ Rugby (+15.67%) agus RTÉ Soccer (+11%), a bhúiochas sin den straitéis nua maidir le hábhar fiseáin chomh maith le cúiseanna eile. Tháinig borradh 3.41% maidir leis na cuntais Twitter ar a n-áireamh in éineacht.

Raidió

Bhí bliain eile den rath ag Spórt RTÉ ar fud sheirbhísí raidió RTÉ ar fad. Tar éis an dá chlár spóirt ar an deireadh seachtaine a bheith san áireamh leis an 20 clár ba mhó lucht éisteachta sa bhliain 2016, tháinig borradh breise foráis i rith na bliana 2017. Den chéad uair le blianta fada, bhí níos mó ná 200,000 duine de lucht éisteacht ag *Sunday Sport* agus ag *Saturday Sport* araon.

Ba í an bhliain tosaigh í den socrú cúig bhliana maidir le cearta CLG a fhágann cearta eisiacha raidió maidir le cluichí uile an CLG ag RTÉ. Bhí gá le hacmhainní breise i ndáil leis sin, agus an chéad úsáid dhá bhaint as an RTÉ Radio 1 Roadcaster mar chuid de sin.

Bhí béim ar chraoladh beo chluichí sacair agus rugbaí in Éirinn agus ar chluichí idirnáisiúnta a mbíonn tábhacht i goónaí leo maidir le tráchtairacht RTÉ ar chúrsaí spóirt agus leathnaíodh leis an tráchtairacht ar lúthchleasaithe mná atá i mbun na dtrí mhórchineál de na cluichí páirce.

Choinnigh Spórt RTÉ isteach is amach le 15 uair an chloig d'ábhar cláir agus d'fheasacháin spóirt ar fáil gach seachtain den bhliain 2017.


Ar an Eolas, Ar an Toirt

Ón gcéad tuairisc a fhaightear, gan bheann ar an áit a dtarlaíonn, bíonn an scéal is deireanaí ag Nuacht RTÉ, i nGaeilge agus i mBéarla, á chur ar fáil don náisiún agus don domhan.

Coinníonn níos mó ná 1,000,000 duine iad féin ar an eolas le Nuacht RTÉ ar na meáin shóisialta.







**Athbhreithniú
ar Chúrsaí
Oibríúcháin
Súil Siar ar an
mBliain
Nuacht & Cúrsaí
Reatha RTÉ**

Maidir le Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ

RTÉ an soláthraí is mó nuachta ar líne agus craolta in Éirinn. Oibríonn gréasán cuimsitheach de chomhfhreagrúithe réigiúnacha agus náisiúnta go dian dícheallach chun an nuacht a thabhairt chuig an lucht féachana, an tráth ar mian leo í agus san áit ar mian leo í a thapú, ar fud an iliomad ardán a bhíonn de shíor ag leathnú. I mbun tuairiscithe, imscrúdaithe agus anailíse, tugann RTÉ News léiriú dúchasach ar leith i gcomhthéacs domhanda don lucht féachana in Éirinn.

RTÉ an fhoinse nuachta agus cúrsaí reatha ba mhó a raibh iontaoibh aisti i rith na bliana 2017.

Cuireadh tús i rith na bliana le próiseas trína mbeidh Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ ina sheirbhís nuachta atá 'digiteach i dtús báire'. Rinne an lucht úsáide níos mó ná 78 milliún leathanach a cheadú gach mí ar RTÉ News Now – an aip nuachta is mó úsáid in Éirinn. Coinníodh an lucht féachana agus éisteachta maidir le cláir nuachta agus cúrsaí reatha ar sheirbhísí craolta RTÉ gan íslíú an tráth céanna ar tháinig ardú 16% ar an úsáid as an aip RTÉ News Now. I gcodarsnacht le réimse na teilifíse, mar a bhfuil an lucht féachana ag dul in aois, tá níos mó ná leath de lucht úsáide an aip News Now idir 35-54 bliana d'aois.

Bhí tionchar suntasach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ag meitheal dílis nuála a chruthaigh ábhar digiteach agus a rinne eagarthóireacht air don ghléasra soghluaiste atá in úsáid ag dreamanna atá ar na boinn agus a thapaíonn na meáin shóisialta. Rinneadh cuid mhór de thuairiscíocht na meithle sin a chraoladh arís in athuair ar na cainéil craolacháin thraidisiúnta.

Dé Luain, an 16 Deireadh Fómhair 2017 a tharla, mar gheall ar thuairiscíocht faoi stoirm Ophelia, an lá ba mhó úsáid riamh as seirbhísí digiteacha Nuacht RTÉ, 39% níos mó ná an buaicleibhéal roimhe sin maidir le trácht ar Olltoghchán 2016. Bhí beagnach cúig oiread na húsáide a bhaintear as rte.ie/news agus as RTÉ News Now ar an ngnáthlá i gceist lá na stoirme le líon 1.7 milliún duine faoi leith á dtapú.

Bhí sciar níos mó den lucht féachana ag gach ceann de chláir nuachta agus teilifíse RTÉ ag deireadh na bliana 2017 ná mar a bhí faoi dheireadh 2016, tar éis don fhoireann bliain an-ghnóthach ó thaobh scéalta nuachta a chur isteach. Bhí *Six One* agus *Nine O' Clock News* ar na cláir ba mhó lucht féachana ar an teilifís in Éirinn go rialta i rith na bliana 2017. Ar an raidió, bhí *Morning Ireland* ar an gclár is mó lucht éisteachta sa tír i gcónaí agus bhí *News at One* agus *This Week* chun tosaigh arís maidir leis na scéalta ba mhó a chur in iúl roimh aon dream eile.

Bhí lucht féachana ollmhór ag faire na teilifíse mar gheall ar stoirm Ophelia i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh cláir eile an sceidil ar atráth ionas go bhféadfaí tuairiscíocht nuachta a chur ar fáil agus cheangail 2.3 milliún le RTÉ One – 871,000 duine sa bhreis ar an réimse den lucht féachana a d'aimseodh RTÉ ar an ngnáthlá.

Bhí cúrsaí maidir leis an mBreaitimeacht agus a bhféadfadh a theacht dá bharr in Éirinn, ó thuaidh agus ó dheas, go mór i gceist i rith na bliana 2017 ar

fad agus bhí RTÉ ar an gcéad dream tuairiscíochta a chuir scéalta éagsúla maidir le hidirbheartaíocht na Ríochta Aontaithe leis an Aontas Eorpach os comhair an phobail. Ag RTÉ a bhí an tuairisc ba luaithe go raibh Martin McGuinness ag éirí as oifig an Leas-Chéad-Aire, rud ar tháinig tarraingt siar Shinn Féin ón rialtas comhroinnte cumhachta i Stormont dá bharr. Ag Nuacht RTÉ a bhí scéal a bháis freisin dhá mhí dár gcionn agus é in aois a 66. Rinneadh tráchttaireacht fholeitheadach ar thoghcháin Thionól Thuaisceart Éireann tar éis do McGuinness éirí as oifig agus ar Olltoghchán na Ríochta Aontaithe a fógraíodh go tobann. Chuir RTÉ tráchttaireacht agus tuairiscíocht ar na torthaí ar fáil beo as Londain, as Baile Átha Cliath agus as Béal Feirste ar an raidió, ar an teilifís agus ar líne.

Chuir RTÉ tuairiscíocht leitheadúil ar fáil freisin faoi na hionsaithe sceimhlitheoireachta i Londain agus i Manchain agus faoin dóiteán uafásach nuair a loisceadh Grenfell Tower.

Bhí tuairteáil thragóideach héileacaptar *Rescue 116* an Gharda Cósta amach ó chósta Mhaigh Eo ar cheann de na scéalta nuachta ba thruamhéalaí sa tír seo i rith na bliana. Bhí briseadh croí sna hiomhánna a ghabh leis an gcuardach i ndáil le coirp na foirne agus le sochraidí na beirte ar tugadh a gcoirp i dtír – agus tháinig cruacheisteanna chun cinn don chomhlacht a chuireann an tseirbhís cuardaigh agus tarrthála ar fáil in Éirinn.

Tharla i rith na bliana freisin go ndeachaigh Taoiseach amháin ar scor, gur toghadh Taoiseach eile agus go raibh Taoiseach eile fós a chuaigh ar shlí na fírinne. I mí Meithimh, d'éirigh Enda Kenny as post an Taoisigh tar éis dó sé bliana a chaitheamh san oifig sin agus cúig bliana déag ina cheannaire ar Fhine Gael. Tháinig Leo Varadkar ina ionad, an ceann Rialtais is óige i stair an Stáit. I gcodarsnacht leis sin, fuair Liam Ó Cosgartha bás i mí Dheireadh Fómhair in aois a 97, an Taoiseach is fadmharthanaí de chuid na tíre agus fear a bhí i gceannas na tíre sula raibh an té is deireanaí a tháinig i gcomharbacht air ar an saol beag ná mór.

Thar sáile, bhí Donald Trump seasta sna ceannlínte ó thús deireadh na bliana 2017 – ón lá a ndearnadh Uachtarán de go raibh trácht ar lucht na Rúise cor a chur i dtoghchán na bliana 2016 agus an polasaí gnóthaí eachtracha atá á chur chun cinn aige maidir le tús áite ag Meiriceá agus a bhféadfadh a theacht i gceist leis sin maidir le gnólachtaí as na Stáit Aontaithe atá lonnaithe in Éirinn.

Bhí *Six One* agus *Nine O' Clock News* ar na cláir ba mhó lucht féachana ar an teilifís in Éirinn go rialta i rith na bliana 2017. Ar an raidió, bhí *Morning Ireland* ar an gclár is mó lucht éisteachta sa tír i gcónaí agus bhí *News at One* agus *This Week* chun tosaigh arís maidir leis na scéalta ba mhó a chur in iúl roimh aon dream eile.

Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ (ar lean)

Cuireann Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ seirbhís laethúil nuachta ar fáil i nGaeilge. Craoltar *Nuacht* ar RTÉ One, RTÉ News Now agus TG4 as Baile na hAbhann. Cuirtear ábhar náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil chomh maith le dearcadh faoi leith ar chúrsaí Gaeltachta, ar chúrsaí Gaeilge agus ar ghnóthaí tuaithe. Maidir le tuilte i nDún na nGall agus stoirm Ophelia, an tragóid i nGrenfell agus míshuaímheas sa Chatalóin, agus leis an éiginnteacht a bhaineann le himeacht na Breataine as an Aontas Eorpach, bhí tráchtairéacht chuimsitheach le dearcadh úr ar na mórscéalta ar fad ar fáil ar *Nuacht*.

Tugadh cuairt ar beagnach ceithre mhíilliún leathanach de chuid seirbhísí digiteacha Nuacht agus is mó an bhéim atá ar nuacht réigiúnach, áitiúil agus Gaeltachta de réir a chéile. Tá scéalta den chineál sin ag cur go mór leis an tóir atá ar ábhar Nuachta ar ardáin na meán sóisialta. Baineann na seirbhísí digiteacha go léir leas as ábhar ó Nuacht agus ó Raidió na Gaeltachta. Cuireann *Nuacht* tuairiscí agus ábhar eile ar fáil gach lá do RTÉ Raidió na Gaeltachta do na feasacháin nuachta ar RTÉ Radio 1, 2fm agus lyric fm.

Craoladh as Baile na hAbhann an tseirbhís laethúil Nuachta ar RTÉ One, RTÉ News Now agus ar TG4, agus réimse ábhar náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta ann, mar aon leis an léargas ar leith ar chúrsaí Gaeilge, Gaeltachta agus tuaithe. Idir thuilte Dhún na nGall, stoirm Ophelia, tubaiste Grenfell, an chorraíl sa Chatalóin, agus impleachtaí éiginnte do phobail ón mBreataine, bhí clúdach cuimsitheach agus úr ar na mórscéalta ar fad. I rith na bliana, tharraing Nuacht digiteach beagnach ceithre mhíilliún cuairt, agus béim níos mó ná riamh ann ar scéalta sainiúla, réigiúnacha agus Gaeltachta. Chonaic na scéalta seo fás láidir sa tóir atá ar ábhar ó Nuacht ar na meáin shóisialta éagsúla. Tá ábhar ó Nuacht agus ó RTÉ Raidió na Gaeltachta ag croí na seirbhísí digiteacha uile. Agus ar bhonn laethúil, cuireann Nuacht tuairiscí agus ábhar eile ar fáil do RTÉ Raidió na Gaeltachta do na feasacháin nuachta ar RTÉ Raidió 1, RTÉ 2fm agus RTÉ lyric FM.

I rith na bliana 2017, bhí *Prime Time* chun tosaigh maidir le muintir na hÉireann a chur ar an eolas faoi scéalta: idir an tuairteáil a tharla do *Rescue 116* – agus ábhar buartha leanúnach maidir le héileacaptair cuardaigh agus tarrthála na hÉireann – agus ábhar scéil maidir le cás sceithireachta an Gharda agus Maurice McCabe a fhoilsiú. Léiríodh in *Carers in Crisis* an cás ina bhfuil beagnach 200,000 duine a chaitheann a saol ag tabhairt aire do dhaoine dá dteaghlach nach bhfuil ar a gcumas aire a

thabhairt dóibh féin. Ba léir ó thorthaí Dhaonáireamh 2016 go raibh ardlú 35% ar líon na goúramóirí atá 85 bliana d'aois agus os a chionn. Spreagadh éileamh le *Carers in Crisis* go ndéanfadh an Stát níos mó chun cuidiú le harm ceilte laochra na hÉireann.

Ar *Claire Byrne Live* gach oíche Luain, bhí na scéalta atá ina ábhar cainte ag muintir na hÉireann. Trí shuirbhéireacht á dhéanamh ag Amárach Research, rinneadh an tábhacht a bhraitear le scéala faoi leith a thomhas – idir Donald Trump agus ionad na Stát Aontaithe in ord tábhachta thíortha an domhain, imeacht na Breataine as an Aontas Eorpach agus an fonn atá ar dhaoine go mbeadh Éire aontaithe.

I mí na Nollag, craoladh an chéad eagrán de mhórscrúdú a dhéanfar gach ráithe ar an ábhar dúshlán is mó atá roimh an tír seo. Tugadh iriseoirí agus léiritheoirí as gach cuid de RTÉ le chéile faoi scáth *Big Picture* chun cioradh a dhéanamh ar fhadhb na ndaoine gan dídean. Tugadh deis freisin dóibh siúd nach bhfuil aon áit baile acu a scéal féin a chur i láthair agus dúshlán an Aire Tithíochta a thabhairt sa díospóireacht a bhí ar siúl beo sa stiúideo.

Léiríodh cláir éagsúla ardsuntais de chuid *RTÉ Investigates* ar mhaithe le leas an phobail i rith na bliana 2017 chomh maith le hiriseoireacht imscrúdúcháin a chur ar fáil do chláir agus d'ardáin uile RTÉ News. Ar *RTÉ Investigates: Living on a List*, léiríodh an crá agus an phian a fhulaingíonn daoine atá ar liostaí feithimh na n-ospidéal. Foilsíodh líon fírinneach na n-othar atá ar na liostaí feithimh, beagnach dhá oiread an líon a d'fhoilsigh an Roinn Sláinte, agus tarraingíodh ceisteanna sa Dáil dá bharr. I mí na Samhna, léiríodh ar *RTÉ Investigates: Nightmare to Let* an dóigh ina ndéanann tiarnaí talún gan scrupall oiread brabúis agus is féidir a ghnóthú trí thionóntaí a bhrú isteach sa chaoi is go mbíonn siad i mullach a chéile in árais nach bhfuil ar an gcaighdeán atá dlite. Taispeánadh cás amháin ina raibh 60 tionónta ina gcónaí in aon teach amháin.


Tar éis beagnach 30 bliain ina láithreoir ar *Morning Ireland*, chuaigh Cathal Mac Coille ar scor i rith na bliana 2017, athrú mór nach raibh ann ach an chéad cheann maidir le RTÉ News. Fíche bliain tar éis dó tosú ar *Six One*, d'athraigh Bryan Dobson ón teilifís go dtí an raidió agus é ar dhuine de láithreoirí *Morning Ireland*. D'fhógair RTÉ go dtiocfadh Keelin Shanley agus Caitríona Perry i mbun *Six One* a chur i láthair in éineacht i mí Eanáir 2018.



Ceolfhoirne RTÉ

**Cothaíonn RTÉ ceolfhoirne,
ceathairéad agus cóir náisiúnta na
hÉireann do mhuintir na tíre.**

Bhí an lucht éisteachta ag coirmeacha ceoil idir Corcaigh agus Béising na Síne an-tógtha le ceolfhoirne RTÉ i rith na bliana 2017.





**Athbhreithniú
ar Chúrsaí
Oibriúcháin
Súil Siar ar
an mBliain
Ceolfhoirne,
Ceathairéad agus
Cóir**

Maidir le Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir RTÉ

Tá níos mó ná 350 ceoltóir ar fad i ngrúpaí ceoil RTÉ, 130 acu sin ar ceoltóirí gairmiúla lánaimseartha iad. RTÉ an crann taca is mó atá ag ceol ceolfhoirne in Éirinn. Déantar freisin ceolchoirmeacha beo a chur i láthair (cuid mhór acu a ndéantar a ggraoladh chomh maith agus a gcur ar fáil ar líne), saothair nua a choimisiúnú agus ceol nuachumtha a chur á sheinm. Anuas air sin, is léir an cúnaimh taca a thugann RTÉ don cheol beo ón líon suntasach ceoltóirí neamhfhoirne a fhostaítear gach bliain ina gceoltóirí speisialta agus i mbun tionlacain chomh maith leis na ceoltóirí aonair agus na stiúrthóirí a bhfuil iomrá orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ ('CFSN RTÉ')

Ar na buaicphointí a bhain leis an mbliain ag Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ, bhí ceapadh Nathalie Stutzmann ina Príomhstiúrthóir Cuairte. Tharraing a cuid ceolchoirmeacha lán an tí de lucht éisteachta go seasta rialta chomh maith le moladh ón lucht léirmheastóireachta agus ó lucht an cheoil araon. Sheinn an Cheolfhoireann os comhair lán an tí i mBéising i mí Iúil, tar éis cuireadh a fháil ón Maestro José Serebrier agus ó Lárionad Náisiúnta na nEalaíon Taibhréime i mBéising, agus ní ligfeadh an lucht éisteachta mór sin dóibh imeacht den stáitse go raibh encore i ndiaidh encore seinnte acu, cúig cinn ar fad.

Cuireadh tús leis an mbliain le ceolchoirm in éineacht le Cór Fiolarmónach RTÉ faoi stiúir Mark Hindley ag ar cuireadh *Messiah* le Handel i láthair in éineacht leis na hamhránaithe aonair Sharon Carty agus Gavin Ring.

Ar bhuaicphointí na bliana, bheadh taifeadh le háireamh a rinneadh in éineacht le Sir James Galway ar *Linen and Lace* le Bill Whelan lena chur amach ar lipéad RTÉ lyric fm chomh maith le ceolchoirmeacha do lucht éisteachta an teaghlaigh agus do lucht éisteachta oideachais in éineacht le Paul Rissmann; scéim meantóireachta na ceolhoirne maidir le mic léinn tríú leibhéal ina raibh mic léinn as gach coláiste ceoil tríú leibhéal ar fud an oileáin páirteach; agus, in imeacht dhá lá, ceithre shaothar de chuid Tchaikovsky don phianó agus don cheolfhoireann a sheinn leis an stiúrthóir cáiliúil ón Rúis Alexander Vedernikov.

I mí Márta, ceapadh Anthony Long ina Bhainisteoir Ginearálta tar éis dó an cúram céanna bheith air le ceithre bliana déag anuas le Ceolfhoireann Coirme RTÉ.

D'oibrigh an Cheolfhoireann Siansa Náisiúnta i rith na bliana 2017 le daoine de cheoltóirí móra an cheoil chlasaiceach, mar shampla Vadim Gluzman, Simone Lamsma, Kari Kriikku, Veronika Eberle, Håkan Hardenberger agus Boris Giltburg. Bhí an veidhleadóir clúiteach Maxim Vengerov i mbun an cheolfhoireann a stiúradh chomh maith leis an veidhlín a sheinn le linn ceann amháin de na ceolchoirmeacha a eagraíodh sa Cheoláras Náisiúnta faoin teideal International Concert Series.

Den chéad uair riamh, sheinn an ceoltóir agus an cumadóir Mícheál Ó Súilleabháin, a bhfuil clú agus cáil air go hidirnáisiúnta, in éineacht le Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ. Bhí liosta le háireamh de cheoltóirí clúiteacha eile ar chlár na ceolchoirne céanna, ina measc Iarla Ó Lionáird (The Gloaming), Kenneth Edge agus Mel Mercier. Mar chuid den chomhar páirtneireachta leis an bhféile Sounds from a Safe Harbour i gCorcaigh, sheinn an cheolfhoireann leis an amhránaí Lisa Hannigan agus rinneadh an ceolchoirm sin a thaifeadh agus a chraoladh ar theilifís RTÉ.

Ar na cumadóirí móra de chuid an 20ú aois ar seinneadh saothair dá gcuid ag ceolchoirmeacha i rith na bliana, bhí Lutosławski, Bodley, Barry, Dennehy, Adès, Sofia Gubaidulina agus Messiaen.

An dara bliain as a chéile, d'oibrigh an cheolfhoireann i gcomhar le hIonad an Cheoil Chomhaimseartha chun Saotharlann an Chumadóir a chur ar siúl. Deis faoi leith atá ansin ag cumadóirí ceoil atá ag teacht chun cinn oibriú i dtimpeallacht lena mbaineann cruthaitheacht agus ionracas ionas gur féidir tuiscint níos doimhne a fháil ar a bhfuil i gceist le ceol a cheapadh do cheolfhoireann iomlán. Bhí cumadóirí de chuid na linne seo i gceist freisin leis an tsraith ceolchoirmeacha faoin teideal *Music of our Time*.

Mar chuid d'Oíche an Chultúir, chuir an Cheolfhoireann Siansa Náisiúnta dhá cheolchoirm ar siúl in aisce sa Cheoláras Náisiúnta leis an stiúrthóir cáiliúil Robert Trevino as Meiriceá agus an pianódóir iomráiteach Paul Lewis. Bhain lán an tí sásamh as *Speed* le Hindson a bhfuil ceol na gclub cathrach ina spreagadh leis agus as an *Fantasy-Overture* as *Romeo and Juliet* le Tchaikovsky agus an coinséartó cáiliúil don phianó a chum Grieg.

Bhí ceoltóirí de dhúchas na hÉireann ag seinm le Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta i rith na bliana freisin, ina measc Máire Flavin, Mark Redmond, Tara Erraught, Majella Cullagh, Paul McNamara, Gavin Ring, Rachel Kelly agus John O'Connor. Leagadh amach sraith ceolchoirmeacha am lóin na ceolhoirne i rith an tsamhraidh, a ndearnadh a ggraoladh beo ar RTÉ lyric fm, sa chaoi is go mbeadh aird á tharraingt ar cheoltóirí óga de chuid na hÉireann agus rinne Karen Ní Bhroin an cheolfhoireann a stiúradh den chéad uair riamh mar chuid de sin.

I mí na Nollag, tharraing an cheolfhoireann dreamanna nua sa lucht éisteachta nuair a seinneadh an ceol beo le *Harry Potter and the Chamber of Secrets* in ionad an 3Arena agus le *The Legend of Zelda: Symphony of the Goddesses* agus *E.T.* in Amharclann Bhord Gáis Energy, chomh maith le Ceolchoirm Mhór na Nollag a chur ar siúl i nDroichead Átha, i Loch Garman agus i mBaile Átha Cliath.

Cuireadh críoch spleodrach leis an mbliain leis an goéad Gala Oíche Chinn Bhliana de chuid na Ceolhoirne Siansa Náisiúnta le níos mó ná deich mbliana sa Cheoláras Náisiúnta in éineacht le Charles Castronovo agus Claudia Boyle. Bhí na ticéid ar fad ceannaithe seachtainí roimh ré.

Ceolfhoireann Coirme RTÉ ('CFC RTÉ')

Ba fhreacnairceach an bhliain í ag Ceolfhoireann Coirme RTÉ a lean leis na coirmeacha beo in éineacht le RTÉ 2fm, a sheinn ceol de réimse leathan seánraí agus a rinne saothair éagsúla a chur i láthair den chéad uair riamh in Éirinn sular tosaíodh ar an goéad chamchuairt riamh ag an gceolfhoireann don tSín.

Rinneadh an comhar iontach páirtneireachta idir Ceolfhoireann Coirme RTÉ agus RTÉ 2fm a thabhairt chun cinn arís eile le hábhar nua a cuireadh i láthair ag Electric Picnic. Cuireadh *The Story of Hip Hop* leis an DJ Mo K, an lucht rapála Mango agus Jafaris, agus na hamhránaithe Jess Kav agus Erica Cody leis an gclár chomh maith le ceol damhsa clasaiceach ó bhlianta na '90idí leis an DJ Jenny Greene agus leis an amhránaí Gemma Sugrue. Cuireadh an ceol damhsa clasaiceach ar siúl arís in ionad an 3Arena i mBaile Átha Cliath agus seinneadh beo ar dhá oíche in ionad an Marquee i gCorcaigh, oíche amháin ag Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe agus dhá oíche in ionad an INEC i gCill Airne.

Ar na himeachtaí ar fud na réigiúin, bhí an dara hoíche den cheol clasaiceach ag Féile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe, ceolchoirm ag an 40ú Féile Ealaíon ar an gClochán agus ceolchoirm chun ceiliúradh a dhéanamh ar chothrom deich mbliana ó bunaíodh an Solstice Arts Centre san Uaimh.

Seinneadh ceol barócach, ceol clasaiceach agus ceol cóir ag ceolchoirmeacha chomh maith le saothair a bhaineann le hamharolannaíocht an cheoil, le ceol pop agus le ceol traidisiúnta. Ar na scannáin a ndearnadh a dtaispeáint ar scáileáin mhóra agus an ceol á sheinn beo leo, bhí an chéad seó san Eoraip de *An American in Paris Live* agus an chéad seó in Éirinn de *Harry Potter and the*

Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain Ceolfhoirne, Ceathairéad agus Cóir (ar lean)

Philosopher's Stone Live agus *Independence Day Live*. Ar na scannáin a raibh blas na hÉireann go mór orthu, bhí *Guests of the Nation* a raibh scór le Niall Byrne leis. Ar na hócáidí suntasacha eile a bhain le ceol na scannán, bhí ceiliúradh ar shaol agus saothar Elmer Bernstein, lena mhac, Peter Bernstein, i mbun stiúrtha agus John Landis ina aoí speisialta.

Áirítear ar shaothair thaifeadta na bliana an dara bailiúchán de leaganacha cóirithe don cheolfhoireann d'amhráin de chuid Joe Dolan nach maireann, saothar nua ar coimisiún le Sebastian Adams, Cumadóir Cónaitheach RTÉ lyric fm agus an scór a chum Brian Byrne don scannán nua *Black 47*.

Ar na ceolchoirmeacha don uile dhuine den teaghlach, bhí ceann le The Wiggles agus taispeántais den *Gruffalo* agus de *Revoltin' Rhymes* ar seinneadh an ceol beo leo (i mBaile Átha Cliath), agus taispeántas de *The Snowman* mar chuid de cheolchoirm don teaghlach in ionad an INEC i gCill Airne.

Bhí oirfidigh mór le rá ó réimse an snagcheoil, an cheoil chlasaiceigh, na scannánaíochta agus an cheoil traidisiúnta ag seinm le Ceolfhoireann Coirme RTÉ mar chuid den tsraith Signature, ina measc Michael Feinstein, Danielle de Niese, David Arnold, Vanessa Benelli Mosell, Stacey Kent agus Beoga. Tháinig JoAnn Falletta (an stiúrthóir is fearr le daoine ar fud an domhain de réir vóta Bachtrack sa bhliain 2015) agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ (an cheolfhoireann is fearr le daoine ar fud an domhain de réir an vóta céanna) le chéile don chéad cheolchoirm acu in éineacht. Sheinn an Cheolfhoireann le beirt de na hamhránaithe is mó a bhfuil tóir orthu in Éirinn a chanann amhráin dá ndéantús féin, Gilbert O'Sullivan agus Declan O'Rourke chomh maith.

Chuir Ceolfhoireann Coirme RTÉ clabhsúr leis an mbliain leis an gcéad turas riamh don tSín idir dhá Nollaig. Thug siad camchuairt cúig cinn de chathracha sa tír sin i mbun ceolchoirmeacha idir an 31 Nollaig 2107 agus an 6 Eanáir 2018.

Ceathairéad Contempo RTÉ

Chuir Ceathairéad Contempo RTÉ tús leis an mbliain 2017 mar a cuireadh deireadh leis an mbliain 2016, leis na trí cinn deireanacha sa tsraith sé cheolchoirm de shaothar iomlán Bartók agus iad á gcur i láthair i gceithre ionad ó mhí Eanáir go mí Márta, i mBaile Átha Cliath (An Ceoláras Náisiúnta), i gCorcaigh (Dánlann Triskel), i Luimneach (sa Dánlann Ealaíne) agus i gCill Chainnigh (Halla Castalia agus Ardeaglais Mhuire).

Tar éis sos an tsamhraidh, cuireadh tús leis an obair mhór a bhaineann le 16 saothar ceathairéid Beethoven, maille leis an *Grosse Fugue*, a chur i láthair i rith shéasúr 2017-18. Rinneadh ceithre chlár ceoil a chur i láthair le linn 18 gceolchoirm i gcúig cinn d'ionaid (Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Cill Chainnigh agus an Uaimh) idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2017.

Rinneadh an chéad chur i láthair freisin ar cúig cinn de shaothair nua (le Linda Buckley, David Coonan, Seán Clancy, Raymond Deane agus Deirdre McKay) a choimisiúnaigh RTÉ agus leanadh leis na ceardlanna i gcuimhne ar John Lynch a eagraítear

i gCeol-Acadamh Ríoga na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus atá dírithe go háirithe ar cheathairéid óga atá i dtús tionscanta.

Áirítear ar na bearta taifeadta, *Quartet No 1* le Gerald Barry agus *Midday for Two Quartets* leis an gcumadóir céanna (a ndearnadh a thaifeadadh i Sligeach in éineacht le Ceathairéad Vogler) chomh maith le saothair ceathairéid Swan Hennessy, cumadóir Gael-Mheiriceánach, nach seinntear chomh minic sin.

Sheinn Ceathairéad Contempo ar 40 ócáid do RTÉ i rith na bliana 2017 agus oibríodh le haíonna éagsúla, ina measc Cathy Belton (Aoine an Chéasta), Hugh Tinney (Féile NMD i mí Márta) agus Denis Kozhukhin (mall san oíche sa Cheoláras Náisiúnta i mí Márta).

Cór na nÓg RTÉ

I mí Aibreáin, rinne an cór ceiliúradh mar ba cheart ar chothrom 30 bliain ó thráth a bhunaithe le ceolchoirm in éineacht leis an amhránaí dordghutha Gavan Ring ag ar cuireadh *Requiem* le Fauré i láthair do lán an tí in Ardeaglais Theampall Chríost. Rinneadh an cheolchoirm a chraoladh beo ar RTÉ lyric fm agus ar fud Aontas Craolacháin na hEorpa. Chan an cór *St Matthew Passion* le Bach in éineacht le Cór Fiolarmónach RTÉ ar Aoine an Chéasta agus canadh in éineacht leis an Aspiro Choir i gCeatharlach ag an bhFéile Phan-Cheilteach i mí Aibreáin. D'fháiltigh Cór na nÓg RTÉ roimh Chór Fiolarmónach na Leanaí as Béal Feirste ag ceardlann Sathairn agus lá ceolchoirme i mí Bealtaine.

Tharla ceithre ócáid aimsir na Nollag, ina measc ceolchoirm eile in Eaglais Naomh Anna nach raibh ticéad lena haghaidh gan díol; Seirbhís Nollag Óglaigh na hÉireann ag ar canadh mar aionna de chuid Bhanna Uimhir a hAon an Airm; agus taifeadadh le Ceolfhoireann Coirme RTÉ maidir leis an gclár *Today with Sean O'Rourke* ar RTÉ Radio 1.

Canadh saothair éagsúla, idir cheapadóireacht de chuid Bach agus amhráin as *Les Misérables*, agus is mór a chuaigh na leanaí i gcion ar dhaoine i gcónaí maidir lena gcumas amhránaíochta, a gcuid dúthrachta agus an sult agus an sásamh a bhaineann siad as an gceol lena chéile.


Cór Fiolarmónach RTÉ

Bhí *Messiah* le Handel, arna stiúradh ag an Stiúrthóir Cóir Mark Hindley os comhair lán an tí sa Cheoláras Náisiúnta i mí Eanáir ar an gcéad uair ag an gcór an saothar sin a chur i láthair ag ceolchoirm ó cuireadh ar bun é 32 bliain roimhe sin. Thug an lucht éisteachta bualadh bos a lean ar feadh i bhfad tar éis an *Requiem* le Mozart a chur i láthair, faoi stiúir Nathalie Stutzmann, Príomhstiúrthóir Cuairte Cheolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ, i mí na Nollag.

Ar na saothair eile a canadh ag ceolchoirmeacha, bhí an chéad chur i láthair in aon áit ar domhan ar *Humiliated and Insulted* le Gerald Barry (mí Feabhra), *St Matthew Passion* le Bach ar Aoine an Chéasta agus *The Dream of Gerontius* le Elgar faoi stiúir Gerhard Markson.

TAIBHITHE CHEOILFOIRNE RTÉ

■ 2017 □ 2016



Foinse: RTÉ

FREASTAL CHEOLFHOIRNE RTÉ

■ 2017 □ 2016



Foinse: RTÉ

Teanga Bheo

**Tá an Ghaeilge neadaithe san éiteas
atá againn maidir le 25 sheirbhís RTÉ
a threorú.**





**Athbhreithniú
ar Chúrsaí
Oibriúcháin
Súil Siar ar an
mBlain
An Ghaeilge**

Maidir leis an nGaeilge agus RTÉ

Tá an Ghaeilge i gcoilár gach a ndéanaimid in RTÉ. Ba ócáid thábhachtach a bhí ann don teanga agus do RTÉ nuair a seoladh Meáin Ghaeilge RTÉ: Plean Gníomhaíochta 2015-2019 i Meán Fómhair 2015. Luaitear beagnach 100 gníomh ann a bhaineann le réimsí éagsúla RTÉ agus tríd an tionscnamh, fitear an Ghaeilge isteach i ngach a ndéanaimid. Mar thoradh air, tá RTÉ ina lárionad i dtaobh na nuálaíochta sna meáin Ghaeilge, áit a bhfuil timpeallacht bhríomhar maidir le hábhar Gaeilge a chruthú ina bhfuil an leas is fearr á bhaint as tallann, as scileanna agus as cruthaitheacht na ndaoine den fhoireann a bhfuil Gaeilge acu.

Tháinig athrú suntasach maidir le cur chuige RTÉ i ndáil le hábhar i nGaeilge i rith na bliana 2017 agus leagadh béim ar ábhar digiteach a raibh nuáil ag baint leis agus ar chur go mór le hoiread an ábhair a bhíonn ar fáil ar líne.

Bhí meon "digiteach-i-dtús-báire" le sonrú ar an ábhar a chuir roinn Cláracha Gaeilge RTÉ ar fáil i rith Sheachtain na Gaeilge 2017. Tugadh an lucht féachana ar chamthriall aerach na gcuairteanna gairide go bhfeicfí an Ghaeilge ar a nádúr mar chuid de *Random Acts as Gaeilge*. Taispeánadh seo i bhfoirm scéalta gairide ar líne ar feadh tréimhse coicise, sular cuireadh an t-iomlán le chéile mar aon chlár líneach amháin.

In éineacht leis sin, cuireadh teachtaireachtaí físeáin ar fáil lá i ndiaidh an lae ar RTÉ.ie agus ar na meáin shóisialta inar thug pearsa cáiliúla in Éirinn agus thar lear – mar shampla Stephen Fry, Stephanie Preissner agus Ronan O’Gara – cuntas ar an goeangal a bhí acu féin leis an nGaeilge i rith an tsaoil go dtí seo.

Cor suntasach maidir leis na meáin dhigiteacha do lucht labhartha na Gaeilge go ginearálta ab ea suíomh idirlín faoi leith i nGaeilge, rte.ie/gaeilge, a sheoladh. Bhí ardán ar an suíomh sin ag cuid mhór daoine nua nach gcloistí uathu roimhe sin agus cuireadh meascán ábhair siamsaíochta agus cultúir ar fáil chomh maith le cúrsaí reatha. Déantar, chomh maith le haird a tharraingt ar roinnt den sárábhar atá á chur ar fáil ag seirbhísí éagsúla de chuid RTÉ, mar shampla RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Nuacht RTÉ, ábhar Gaeilge an tsuimh a chur i láthair fite fuaite leis an ábhar Béarla i ranna cuí de chuid RTÉ.ie agus ar fud na meán sóisialta.

I rith na bliana 2017 freisin, cuireadh an chéad sraith Gaeilge de chuid RTÉ arna ceapadh go speisialta don phodchraoladh ar fáil den chéad uair agus tharraing an triúr láithreoirí lucht leanúna tréan i rith na bliana. Siún Ní Dhuinn, Comhordaitheoir Digiteach Gaeilge RTÉ, a chuir *Beo ar Éigean* i láthair i gcomhar le hÁine Ní Bhreisleáin agus Sinéad Ní Uallacháin ó RTÉ RnaG. Bhí an triúr ag Oireachtas na Gaeilge i gCill Airne i mí na Samhna chun aird a tharraingt ar an bpodchraoladh agus trácht faoi leith a dhéanamh ar an bhféile sin ar RTÉ.ie. Ag Oireachtas na Gaeilge freisin a baineadh leas den chéad uair as teicneolaíocht nua ceamaradóireachta a ndearna RTÉ Raidió na Gaeltachta infheistíocht ina leith agus lean an tseirbhís den fhorbairt maidir le sruthchraoladh fise ar chláir atá ag dul amach beo.

Lean an bhéim níos mó atá ag RTÉ ar ábhar Gaeilge ar na meáin dhigiteacha chomh fada leis na hardáin do na meáin shóisialta chomh maith agus bhí ábhar i nGaeilge fite fuaite leis an ábhar ar phríomhchuntais RTÉ ar na meáin shóisialta, sraith físeáin i nGaeilge maidir le *Operation Transformation* san áireamh.

I nGaeltacht Chonamara a léirigh Meangadh Fíbin an tsraith *GAA Nua* arna chur i láthair ag Dara Ó Cinnéide. Diríodh sa tsraith ceithre chlár seo, a raibh cúnaimh airgid lena aghaidh faoi scéim an Údaráis Craolacháin, ar an méadú atá tagtha ar úsáid na heolaíochta agus na teicneolaíochta maidir leis na

cluichí Gaelacha. Craoladh i rith an tsamhraidh é den chéad uair agus sáraíodh an meánlíon lucht féachana agus an meánsiar den lucht féachana don tráth craolta. Craoladh *U2 Agus An Arc*, an tráth a raibh U2 ag filleadh ar Pháirc an Chrócaigh agus tharraing an clár aird an lucht féachana agus cuid mhór cainte ina dhiaidh.

Lean an t-ábhar a chuireann aonad inmheánach Cláracha Gaeilge RTÉ ar fáil ag mealladh lucht féachana maith le sraitheanna fadbhunaithe de leithéid *Scannal* agus *Cloch Le Carn*. Léirigh an fhoireann léiriúcháin inmheánach *An Teorainn* freisin chomh maith le *Fab Vinny*, sraith ghairid maidir leis an gcuma fhisiciúil atá ar an teorainn le Tuaisceart Éireann agus próifil de Vincent Hanely, nach maireann, a bhíodh ina láithreoir le RTÉ.

Craoladh níos mó cluichí de chraobhchomórta Uile-Éireann CLG le tráchtairacht sa dá theanga sa bhliain 2017 ná aon bhliain go dtí sin – bhí tráchtairacht ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ó na cluichí ceathrú ceannais ar aghaidh. Tharla leathnú freisin maidir le líon na n-ardán a bhféadfaí toghadh idir an dá rogha tráchtairachta agus bhí an tseirbhís sin ar fáil ar Saorview, Sky, Eir agus Virgin Media.

Chuir RTÉ Raidió na Gaeltachta an chéad chlár seachtainiúil riamh as Bostún sna Stáit Aontaithe ar an aer. Bhí ardán le *Anall as Meiriceá* ag an líon suntasach daoine i Meiriceá a labhraíonn Gaeilge agus tugadh léargas faoi leith ar an saol an taobh eile den Atlantach.

Chomh maith leis an gcéad chomhchraoladh riamh le RTÉ lyric fm, rinne RTÉ RnaG an chéad chomhchraoladh ar an raidió agus an teilifís le craoladh ar sheirbhísí reiligiúnacha i gcomhar le RTÉ One.

Choinnigh RTÉ Raidió na Gaeltachta leis an mbéim thábhachtach ar na réigiúin agus rinneadh craoladh beo agus caidreamh seachtarach ag imeachtaí éagsúla, mar shampla Scoil Samhraidh Willie Clancy, Fleadh Cheoil na hÉireann agus Oireachtas na Gaeilge. Diríodh chomh maith ar imeachtaí sna ceantair Ghaeltachta ar fad, na ceantair bheaga Gaeltachta i gContae na Mí, i gCorcaigh agus i bPort Láirge san áireamh.

Idir an aip RTÉ News Now agus an suíomh idirlín, tharraing Nuacht RTÉ beagnach ceithre mhilliún leathanach a thapú i rith na bliana 2017, agus béim níos mó de réir a chéile ar bhunscéalta réigiúnacha, áitiúla agus Gaeltachta. Tharla méadú tréan ar an tóir atá ar ábhar Nuacht RTÉ ar na meáin shóisialta leis na scéalta nuachta a léirítear i gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Lean Nuacht den tseirbhís laethúil a chur ar fáil ar RTÉ One, RTÉ News Now agus TG4. Cuirtear ábhar náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil chomh maith le dearcadh faoi leith ar chúrsaí Gaeltachta, ar chúrsaí na Gaeilge agus ar ghnóthaí tuaithe. Cuirtear ábhar ar fáil freisin d’fheasacháin Nuachta RnaG ar RTÉ Radio 1, 2fm agus lyric fm.

Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain An Ghaeilge (ar lean)

Lean RTÉ 2fm den straitéis maidir le gnáthchuid den sceideal craoltóireachta, atá dírithe ar lucht éisteachta óg a bhfuil glacadh acu leis, a dhéanamh den Ghaeilge. Rinneadh craoladh píolótach i rith Sheachtain na Gaeilge ar fheasachán nuachta dhátheangach faoi leith idir an 7 r.n. agus an 1 i.n. agus bhí an t-aisteoir Clíona Ní Chiosáin in éineacht le Eoghan McDermott gach lá chun blas dhátheangach a chur ar a chlár i rith thráth tiomána an tráthnóna.

D'eagraigh Breakfast Republic féile ceoil trí Ghaeilge ar bhús faoin ainm *Coach Eile*, agus sheol an banna Seo Linn albam agus singil ar RTÉ 2fm le seisiún ceoil beo. Bhí baint ag RTÉ 2fm freisin le leabhar spraiúil Gaeilge, bunaithe ar an albam le Seo Linn, a cuireadh ar fáil do na bunscoileanna ar fud na hÉireann. Lean RTÉ 2fm freisin le *The Chart Show*, á chur i láthair i nGaeilge agus i mBéarla ag Bláthnaid Treacy.

Lean RTÉ leis an golár tionscanta oideachais sna meáin chumarsáide a eagraítear go seachtarach agus ritheadh cúrsa oiliúna ar feadh seachtaine ar an gCeathrú Rua i nGaeltacht na Gaillimhe. Tháinig 20 dalta idirbhliana as scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna ar fud na tíre i láthair in ionad an Acadaimh atá faoi scáth Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Ghlac siad páirt i sraith de cheardlanna a chuir léiritheoirí gradamúla ar ábhar raidió, teilifíse agus ar líne ar siúl agus fuair siad léargas speisialta de réir mar a bhí siad ag foghlaim le scéalta dá gcuid féin a chruthú do na meáin chumarsáide. Fuair na daltaí léargas iontach ar an gcaoi a n-oibríonn na meáin chumarsáide ó lá go lá agus thug cuairt ar ionaid RTÉ RnaG, RTÉ Nuacht agus TG4, chomh maith le comhlachtaí neamhspleácha meán cumarsáide sa cheantar.

Tharla ócáid stairiúil sa Cheoláras Náisiúnta nuair a cuireadh an chéad cheoldráma a ceapadh i nGaeilge ar an stáitse arís den chéad uair le breis agus 100 bliain. Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ agus an Opera Theatre Company a chuir *Eithne* le Robert O'Dwyer ar siúl agus craoladh beo é ar RTÉ Raidió na Gaeltacht agus ar RTÉ lyric fm.

Ar Lá Fhéile Pádraig, sheinn Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ ceol de chuid na gcumadóirí Éireannacha Bill Whelan agus Shaun Davey agus an cheolchoirm á cur i láthair i nGaeilge, beo ar RTÉ lyric fm, ag Doireann Ní Bhriain. I rith na bliana 2017 chomh maith, sheinn Ceolfhoireann Coirme RTÉ an saothar clúiteach *Mise Éire* le Seán Ó Riada comhuain is a bhí an scannán lena ngabhann an scór á thaispeáint agus an reacaireacht á déanamh ag Sinéad Ní Uallacháin RTÉ RnaG.

Chraol RTÉ Radio 1 clár píolótach nua dhátheangach as Corcaigh, *Maura agus Dáithí um Nollaig*, á chur i láthair ag Maura Derrane agus ag Dáithí Ó Sé. Ar chuid den ábhar eile Gaeilge ar RTÉ Radio 1, craoladh na drámaí *Líon mo Bhearna* agus *An Duairocán ar Drama on One* agus an clár seachtainiúil *An Scoth* ar oícheanta an tSathairn. Leanadh leis an seasamh níos láidre ag feasacháin de chuid Nuacht RTÉ, atá á gcráladh anois ag tráthanna ar bhuille na huaire ar RTÉ Radio 1.



A man in a plaid shirt is speaking into a microphone. In the background, there is a yellow wall with a white pattern and a television screen showing a purple object. Another man in a blue shirt is visible in the background.

Féach Éist Imir

Ábhar mórtais do RTÉ an t-aon seirbhís shainiúil náisiúnta do leanaí, do thuismitheoirí agus don lucht oideachais a chur ar fáil.



**Athbhreithniú
ar Chúrsaí
Oibriúcháin
Súil Siar ar an
mBliain
Leanaí & Daoine
Óga**

Maidir le Seirbhísí RTÉ do Dhaoine Óga

Féachann RTÉ lena chinntiú go dtugann na seirbhísí atá dírithe ar dhaoine óga, a chuirtear ar fáil ar an teilifís, ar an raidió, ar líne agus ar ghléasra soghluaiste, léiriú ar an saol faoi mar a chaitheann siadsan é. Cuireann seirbhísí tacaíochta digiteacha eolas ar fáil do thuismitheoirí agus gníomhaíochtaí agus ábhar tacaíochta ar fáil do leanaí agus do lucht oideachais. Is cuid lárnach den dúthracht maidir leis an tseirbhís phoiblí an tseirbhís phoiblí faoi leith seo a chuirtear ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

RTÉjr

RTÉjr an tseirbhís shainiúil do leanaí faoi seacht mbliana d'aois a chuireann RTÉ ar fáil saor ó fhógraí tráchtála. Cuireadh clár éagsúla ar fud réimse seánraí ar fáil ar an teilifís agus ar aip RTÉjr i rith na bliana 2017.

Nua as an bPíosa i 2017

Ar na coimisiúin nua a taispeánadh i rith na bliana 2017, bhí Showtime inar léiríodh chomh tógtha agus a bhíonn leanaí lena gcuid oibre agus uaireanta fada an chloig á gcaitheamh acu ag ullmhú agus ag traenáil laonna, caoirigh agus pónaithe lena gcur ar taispeáint ag taispeántais talmhaíochta ar feadh an tsamhraidh. Sa tsraith 15 chlár *All Aboard*, taispeánadh turas trí seachtaine ar bháirse a thug na deirfúra Caoimhe agus Muireann in éineacht lena gcuid tuismitheoirí ó Dhug na Canálach Móire i mBaile Átha Cliath go Caladh na Sionainne.

Draíocht

Ar an gclár nua draíochta, *AbraKidabra*, rinne an draíodóir Joe Daly cleasa draíochta ar bhealach mealltach greannmhar os comhair lucht féachana beo. Sraith bhríomhar puipéadóireachta do leanaí réamhscoile a bhí in *Mr. Mender and the Chummyjiggers* agus sraith puipéadóireachta 26 clár a bhí in *Wildwoods* faoin ngruagach mór Cooper a fhágann an baile sa chathair go dtéann ag eachtraíocht i gcoillte fiáine le Poppy, faoileoir beag fuinniúil.

Leanaí Barrúla Tráthúla

Rinneadh an tsraith eadarlúide *Kidspeak* atá seanbhunaithe ar RTÉjr a choimisiúnú ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha den chéad uair agus cuireadh tús le hollsoláthar léiriúcháin ar an tsraith eadarlúide cónaisc *Bright Sparks*.

Déantar Gnáthrud den Éagsúlacht

Ar na sraitheanna a ndearnadh athchoimisiúnú orthu, bhí *What Makes My Day*, ina léirítear éagsúlacht agus cúrsaí míchumais trí scéal dheichniúr leanaí a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a chur i láthair, ina measc scéal Joseph a bhfuil madra cúnta aige a chuidíonn leis siúl a dhéanamh. Casadh Lilah freisin orainn a dhéanann a cuid scolaíochta sa bhaile i nDún na nGall, Mohammed, atá ag caitheamh an chéad samhradh i mBaile Átha Cliath agus Will atá an-tugtha don *ballet*.

Baineadh beagán de chasadh as an dara sraith de *Wonder What?* agus scrúdaíodh an chaoi ina n-oibríonn rudaí éagsúla, mar shampla, droichead ardaithe, clóphreas nuachtáin agus craenacha coimeádáin ag Calafort Bhaile Átha Cliath.

Beochan na hÉireann

Maidir le cúrsaí beochana, craoladh sraith nua 52 clár anamúlachta de chuid RTÉ/Cbeebies, *Pablo*, ina bhfeictear buachaill greannmhar cliste cúig bliana d'aois atá ar speictream an uathachais. Bíonn a chuid crián agus a chuid cruthaitheachta in úsáid aige chun eachtraí i saol a chuid ealaíne a dhéanamh as constaicí a thagann roimhe. Rinneadh ceiliúradh ar an tsraith mar gheall ar an bpríomhcharachtar agus an cliar a bheith ar speictream an uathachais, rud nach raibh ag baint le haon sraith eile go dtí sin.

Bhí *Angela's Christmas*, clár speisialta 26 nóiméad le haghaidh na Nollag atá bunaithe ar ghearrscéal le Frank McCourt, ina bhuaicphointe maidir i sceideal

na Nollag ar RTÉ One. Rinneadh scrúdú ar an saol san uisce in *I'm a Fish*, sraith 52 clár dhá nóiméad agus freagraíodh na ceisteanna is maith le leanaí a chur sa tsraith spraiúil anamúlachta *Brewster The Rooster*. Tosaíodh ar an obair léiriúcháin ar *Peek Zoo*, *Mya Go* agus *Ballybraddan* lena gcaoladh i rith na bliana 2018.

Coimisiúnaíodh cúig cinn de ghearrscannáin ó stiúideonna nua in Éirinn faoin scéim a ritheann RTÉ maidir le Gearrscannáin Anamúlachta 2017.

Gan Éagóir ar Dhéagóir

Cuireadh clár do dhaoine idir seacht agus cúig bhliana déag d'aois ar fáil ar bhloc TRTÉ ar RTÉ2. Ar na clár nua i rith na bliana 2017, bhí *Drop Dead Weird*, sraith grinn 26 clár, arna comhléiriú idir an Astráil agus Éirinn, le Pauline McLynn agus David Rawle i bpáirteanna na bpríomhcharachtar.

I rith Seachtain na hEolaíochta 2017, craoladh an tríú sraith de *Brainfreeze*, an clár grinn beochana faoi chúrsaí eolaíochta.

RTÉjr Radio

Leanadh le hardán a chur ar fáil ar RTÉjr Radio do chraoltóirí óga nua chun teacht i láthair ar an aer chomh maith le taithí a fháil ar léiriú clár agus ar ábhar craoltóireachta a fhorbairt. Bronnadh bonn cré-umha ar an tseirbhís i rith na bliana 2017 maidir leis an tSeirbhís Raidió Idirlin is Fearr ag Gradaim Raidió Fhéilte Nua-Eabhrac.

Damhsa

Cuireadh tús le snátha nua clár i rith na bliana, ina measc *Radioactive*, ábhar damhsa agus gluaiseachta á chur i láthair gach lá ag John Sharpson chun gluaiseacht agus aclaíocht a spreagadh chomh maith le bia folláin ina bhfuil cothú don duine. Craoltar *Weekend Dance Party* leis an láithreoir nua Lisa Delaney luath sa tráthnóna ar an Satharn agus ar an Domhnach

Náisiún an Oileáin

Craoladh sraitheanna éagsúla ar RTÉjr Radio i rith na bliana 2017 a raibh cúnaimh airgid ina leith ón scéim Fis agus Fuaim de chuid an Údaráis Craolacháin. Sraith 12 scéal atá bunaithe ar abhainn na Sionainne atá in *Short Stories From the Longest River*; tosaítear ag foinse na habhann sa Damhshraith i gContae an Chabháin, leantar ar aghaidh thar na Calaí agus críochnaítear i Luimneach ag inbhear na Sionainne. Sa tsraith 10 gclár do leanaí, *Celtic Fables in Rhyme*, léiríodh scéalta miotaseolaíochta na hÉireann i bhfoirm filíochta. Bhain an t-athchóiriú seo i bhfoirm filíochta casadh nua as na scéalta don lucht éisteachta óg.

Drámatúlacht raidió

Bhí ábhar nuacheaptha drámaíochta go mór chun tosaigh i rith na bliana 2017 le *The Children of Leary*. Tarraingíodh aird sa dráma sé chuid sin ar bhunéirim uileghabhálach na mothúcháin a léirítear i seanscéalta trua de leithéid Scéal Chlann Lir agus Scéal Dheirdre. Craoladh *A Furry Christmas*, dráma nua 30 nóiméad do leanaí arna scríobh ag Ciaran Mc Goldrick do RTÉjr Radio, ar Oíche Nollag.

Féach Éist Foghlaim

Trí ócáidí móra náisiúnta, meáin shóisialta atá ar fáil go seasta síoraí, straitéis náisiúnta chun tacú leis na healaíona agus clár cuimsitheach sóisialta de chuid na corparáide, déanann RTÉ freastal ar an bpobal i réimsí éagsúla den saol ar fud an oileáin.

Tacaíocht á tabhairt do 130 imeacht ealaíon go háitiúil agus go réigiúnach gach bliain.





**Athbhreithniú
ar Chúrsaí
Oibriúcháin
Súil Siar ar an
mBliain
Branda, Imeachtaí
agus an Pobal**

Comhpháirtíochtaí

Chothaigh RTÉ comhpháirtíochtaí nua tairbheacha le dreamanna éagsúla i rith na bliana 2017, agus cuireadh le líon na n-imeachtaí mór le rá, réigiúnacha agus náisiúnta, a rabhthas páirteach ina gcur ar bun dá thoradh sin.

Ócáid mhór ealaíne agus cultúir a bhí i gCruinniú na Cásca nach bhféadfaí a chur ar bun murach acmhainní agus saineolas ghníomhaireachtaí éagsúla de chuid an Stáit a chur ag feidhmiú in éineacht. Cuireadh arís leis an gcomhar fiúntach páirtnéireachta a cothaíodh san obair ar imeachtaí an chláir Éire 2016, agus d'oibrigh Éire Ildánach, Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath, Oifig na nOibreacha Poiblí, Iompar Éireann agus RTÉ as lámh a chéile chun ócáid mhór saor in aisce a chur ar bun a raibh fiúntas poiblí agus scála ollmhór ag gabháil leis. Bhí an comhar páirtnéireachta nua seo a bhfuil oiread de rath air i gceist freisin le ceolchoirm mhór RTÉ i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar Oíche an Chultúir.

Cothaíodh an dea-chaidreamh atá idir Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus RTÉ arís eile le Seachtain na hEolaíochta ar RTÉ, seachtain ina ndéantar tumadh go domhain i gcúrsaí eolaíochta ar fud na n-ardán éagsúil. Leagadh béim faoi leith ar chúrsaí aimsire i mbliana le sraith mórshuntais trí chlár *Weather Live* ar RTÉ One.

Bhí gné nua maidir leis na meáin dhigiteacha i gceist sa bhliain 2017 leis an bpáirtnéireacht meán cumarsáide atá idir RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Oireachtas na Samhna. Bhí meitheal iriseoirí reatha ag seoladh ábhair i bhformáidí gairide ó mhóriméacht seo na Gaeilge go dtí rte.ie/gaeilge agus ar fud an domhain. Bhí ábhar leitheadach nua ilardán i nGaeilge le fáil mar chuid de Sheachtain na Gaeilge ar RTÉ, rud a chuir go mór leis an aird atá ar an tseachtain thábhachtach sin a eagraíonn Conradh na Gaeilge.

D'oibrigh RTÉ, mar urraitheoir teidil i ndáil le Gradam Ceoil RTÉ Choice, in éineacht leis na dreamanna tacaíochta eile, IMRO, Irish Recorded Music Association (IRMA), Recorded Artists Actors Performers (RAAP), Cultúr Éireann agus Golden Discs, chun beocht breise a chur faoin gcaoi ina dtreisíonn an duais sin le ceoltóirí cumasacha de chuid na hÉireann.

Feachtas tionscantach a bhí in National Treasures – comhar páirtnéireachta as an nua idir Ard-Mhúsaem na hÉireann, an tÚdarás Craolacháin agus RTÉ – chun gnáthearraí a bhailiú ón slua a mbeadh lón eolais le baint astu maidir le stair oileán na hÉireann le 100 bliain anuas.

Brandáil

Le teann dúthrachta maidir le tábhacht breise le branda RTÉ a chothú i measc dhaoine den aoisghrúpa 18-34 bliana d'aois a bhfuil cónaí orthu in Éirinn, thug RTÉ feachtas nua ilardán, #iam, i bhfeidhm. Ó thaobh ghné na cruthaitheachta, imíodh ó na gnáthnósanna maidir le feachtais brandála RTÉ agus bhíothas sásta dul san fhiontar ag cur in aghaidh réamhthuiscintí agus trácht a tharraingt ar an iléagsúlacht. Cuireadh i gcuimhne in athuair do dhaoine go bhfuil RTÉ tugtha do scéalta an lucht féachana agus éisteachta a chur in iúl.

Cuireadh tús i rith na bliana 2017 leis an bhfeachtas faoin teideal, Because Licence Fee, a chur i láthair. Diríodh aird ar ábhar ar leis an táille don cheadúnas teilifís a chuirtear cistí lena léiriú ar fáil le 20 mír speisialta bolscaireachta, don teilifís, don raidió agus do na meáin dhigiteacha.

D'oibrigh RTÉ i gcomhar le hAontas Craolacháin na hEorpa ar an gcóad fheachtas margáiochta riamh ar fud na hEorpa ar fad maidir leis na meáin chumarsáide seirbhíse poiblí. Seoladh an feachtas Keep Media Good ag an am céanna in ocht gcinn de thíortha san Eoraip, Éire, an Fhrainc agus an Iodáil san áireamh.

Caidreamh Seachtrach

Eagraíodh breis is 50 cuairt phoiblí i rith na bliana 2017 faoi scáth scéim lárnach RTÉ don Chaidreamh Seachtrach. Tugadh daltaí na hidirbhliana, mic léinn sna meáin chumarsáide, pinsinéirí gníomhacha agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu ar chuairt inspéise ar an gcuid nach bhfeictear de ghnáth den champas i nDomhnach Broc.

Lean RTÉ i rith na bliana 2017 den obair i gcomhar le réimse leathan eagraíochtaí cathróireachta agus carthanachta. Cuidíodh le feachtais éagsúla chun aird an phobail a tharraingt agus airgead a bhailiú, mar shampla Lá Lus an Chromchinn a eagraíonn Cumann Ailse na hÉireann agus an ISPCC 2fm Ball lena bailíodh níos mó ná €500,000 chun treisiú le hobair Childline agus seirbhísí eile. Bhí baill foirne de chuid RTÉ páirteach freisin i réimse imeachtaí bailiú airgid, ina measc an Codladh Amuigh a eagraíonn Focus Ireland (bailíodh níos mó ná €35,000 le cur leis an airgead a cruinníodh an oíche sin) agus an Bailiúchán Bliantúil Bréagán agus Bia a eagraíonn Naomh Uinsíonn de Pól.

Chomh maith le tionscadail den sórt sin a bhaineann le caidreamh pobail, lean RTÉ de réimse cuimsitheach tionscnamh a thabhairt chun cinn ar mhaithe le cúrsaí comhshaoil ar tháinig sábháil shuntasach ó thaobh costais dá mbarr agus feidhmíocht bhreise ó thaobh tionchar na heagraíochta ar an timpeallacht go ginearálta. Ba chúis mhór ríméid ag RTÉ gur ainmníodh an eagraíocht mar Bhuaiteoir Roinn na Seirbhísí Proifisiúnta maidir le Gradam Pakman 2017. Aitheantas atá sa ghradam sin ar shárffheidhmíocht maidir le cúrsaí timpeallachta ag gnólacht, eagraíocht nó grúpa pobail i ndáil leis an gcur chuige i leith gach gné dá gcuid oibre. Luaigh painéal breithiúnais Pakman go raibh iarratas RTÉ thar cionn ó thaobh cur i láthair, tionchar intomhaiste agus spreagadh ginearálta na ngeallsealbhóirí agus go raibh ceannródaíocht de scoth á dhéanamh ag RTÉ agus inmharthanacht comhshaoil á cur chun cinn.

Bhí RTÉ ar cheann den 27 gcomhlacht ar bronnadh an Marc maidir le bheith ina ngnólachtaí a fheidhmíonn le teann cúraim orthu i rith na bliana 2017. Aitheantas atá ansin ar dhúthracht comhlachta agus i ndáil le hiompar cúramach i mbun gnó agus ar a fheabhas a éiríonn leis an gcomhlacht sin a thabhairt i gcrích. Déanann an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta in Éirinn iniúchóireacht neamhspleách ar an deimhniú ina leith sin atá bunaithe ar ISO 26000. Is deimhniú an caighdeán sin ar fheidhmíochán cúramach inmharthana san ionad oibre, sa phobal, sa timpeallacht agus sa mhargadh agus tríd an rialachas corparáide, chomh maith le haitheantas a thabhairt do na caighdeáin is airde maidir le cúrsaí bainistíochta, eitice agus saoránacht na corparáide.

Imeachtaí

Taispeántas Teicneolaíochta & Eolaí Óg BT

Ábhar mórtais ag RTÉ an pháirtneireacht le Taispeántas Teicneolaíochta & Eolaí Óg BT 2017 idir 11- 13 Eanáir. Nuair a osclaíodh doirse an RDS don 4,251 dalta as 383 scoil, do dhaoine den phobal agus do ghrúpaí scoile, bhí RTÉ rompu chun tuairisc a thabhairt ar an scéal go léir.

Bhí sceideal ríspéisiúil imeachtaí ar an seit a bhí ag RTÉ sa Halla Tionscail. Chomh maith le himeachtaí agus bearta faoi leith, rinneadh craoladh beo ón seit. Ina measc, bhí sé cinn de chlár beo raidió, seacht gcinn d'fheasacháin aimsire, *Today with Maura & Daithí*, *news2day*, eispéireas réaltachta fíorúla (VR) RTÉ & Samsung, deis scéal na haimsire a chur i láthair agus rudaí eile gan choinne nár fógraíodh go poiblí roimh ré.

Chinntigh RTÉ go raibh na daoine nár fhéad a theacht i láthair ag an taispeántas iad féin á gcoinneáil ar an eolas le tuairiscí ar RTÉ News, *news2day* agus *Morning Ireland*, chomh maith le hábhar a cuireadh ar fáil ar sheinnteor an RTÉ Player agus tráchtairacht leanúnach ar Twitter, Facebook agus Instagram.

RTÉ Mojocon 2017

Ní raibh aon ticéad breise le fáil nuair a tháinig 500 toscaire ó eagraíochtaí meán cumarsáide ar fud an domhain i láthair ag RTÉ MojoCon 2017 in óstán an Radisson Blu i nGaillimh. Bhí an chomhdháil, a dhíríodh ar iriseoirí ag cruthú ábhair ar an ngléasra soghluaiste, ar siúl ar feadh trí lá le 60 cainteoir i mbun plé ar obair iriseoirí soghluaiste i saol meán cumarsáide na linne seo.

RTÉ All-Ireland Drama Festival

Ba í seo an ceathrú bliain déag ag RTÉ ina príomhurra ainmniúcháin ar an bhféile náisiúnta drámaíochta seo. Cuireadh feachtas slánchóirithe margáiochta ar siúl ar an teilifís, ar an raidió, ar líne agus ar na meáin shóisialta, ionas gur cuireadh leis an aird agus leis an tuiscint ar an ócáid. Rinne sin neartú ar pháirtneireacht RTÉ leis an bhféile agus ar theacht i láthair RTÉ ina leith.

Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain Branda, Imeachtaí agus an Pobal (ar lean)

Bloom

Rinneadh craoladh beo ag tráthanna éagsúla ar an teilifís agus ar an raidió ón seit a bhí ag RTÉ ag féile Bloom ionas go raibh deis ag an lucht féachana agus éisteachta ar fud na tíre ar fad blas na féile a fháil. Bhí ardú suntasach i gceist ar an méid ábhair beo raidió a cuireadh amach ar RTÉ Radio 1 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Bhí feachtas eolais ar bun ar an teilifís agus ar an raidió, ar na meáin ar líne, ar an ngléasra soghluaiste, ar na meáin shóisialta agus ar na meáin chlóite ionas gur spreagadh spéis an phobail san ócáid ar fud na hÉireann agus suim dhaoine a theacht i láthair ag an bhféile féin. Bhí RTÉ a bheith i láthair agus i mbun beartaíochta ag an bhféile ina ghné shainiúil den fhéile a d'fhan i gcuimhne an 120,000 duine a d'fhreastail í.

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Bhí RTÉ go mór i gceist arís ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gContae Uíbh Fháilí. Le beartaíocht RTÉ ag an ócáid sa bhliain 2017, díriodh aird ar an réimse leathan seirbhíse a chuireann eagraíocht náisiúnta meán cumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann ar fáil.

Bhí puball RTÉ lán go béal ar feadh an ama le craoltóireacht á dhéanamh beo ar an teilifís, ar an raidió agus ar na meáin dhigiteacha; le ceol á sheinm beo; agus le himeachtaí Gaeilge agus imeachtaí painéil. Bhí RTÉ One, RTÉ Radio 1, RTÉ 2fm, RTÉ lyric fm, RTÉ Raidió na Gaeltachta, RTÉjr, RTÉ Player, RTÉ.ie agus an *RTÉ Guide* uile i gceist i rith scoideal trí lá.

Oíche Cultúir

D'oibrigh RTÉ i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta; Éire Ildánach; Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath agus Oifig na nOibreacha Poiblí chun ceolchoirm mhór eile amuigh faoin aer a chur ar fáil saor in aisce agus a chraoladh ar an gclár *Arena* ar RTÉ Radio 1.

Tugadh deis do dhaoine freisin triail a bhaint as dráma don raidió a scríobh ag ceardlann do shlua beag daoine á chur ar bun ag meitheal *Drama on One*. Fiafraíodh de phainéal ilghnéitheach daoine ar an gclár *Banter* le Jim Carroll cén bhrí a bhí leis an gcultúr acusan. Rinneadh cláracha speisialta de na sraitheanna *CountryWide*, *Sunday Miscellany* agus *Marty Morrissey and Guests* ar RTÉ Radio 1 a thaifeadadh os comhair lucht éisteachta beo i Séipéal an Rí i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

Chuir Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ agus Cór na nÓg RTÉ ceolchoirmeacha saor in aisce ar siúl sa Cheoláras Náisiúnta. Ar nós mar a rinneadh blianta roimhe sin, chuir RTÉ buaicphointí Oíche an Chultúir as áiteanna éagsúla ar fud na tíre ar fáil don lucht féachana agus éisteachta sa bhaile ar an teilifís, ar an raidió agus ar líne.

Féile Scannán Chorcaí

B'ábhar áthais ag RTÉ Ag tacú leis na hEalaíona treisiú leis an 62ú Féile Scannán i gCorcaigh mar phríomhpháirtneir meán cumarsáide. Is í seo an fhéile scannán is seanbhunaithe in Éirinn agus

cuireadh níos mó ná 200 scannán as 50 tír ar an scáileán ann.

Cor nua sa bhliain 2017 a bhí in urraíocht RTÉ Ag tacú leis na hEalaíona maidir leis an nGradam Grand Prix don Ghearrscannán Éireannach is Fearr. Is é seo an gradam is mó clú agus urraim ag an bhféile agus bhí an buaiteoir le cur ar an bhfadliosta maidir le gradaim an Oscar sa bhliain 2019. Anuas air sin, nuair a bhí an fhéile thart, cruthaíodh mol speisialta ar sheinnteoir an RTÉ Player chun rogha gearrscannán de dhéantús na hÉireann a chur i láthair.

Crann Taca na nEalaíon, Crann Taca an Phobail

Chuidigh scéim RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona le níos mó ná 130 ócáid ar fud na tíre i rith na bliana 2017. Chuidigh an scéim i rith na bliana le himeachtaí éagsúla cultúir agus ealaíon i réimsí an cheoil agus na litríochta, na hamharclannaíochta agus an damhsa, chomh maith le taispeántais, an focal labhartha, ealaín na sráide, an Ghaeilge agus teicneolaíocht dhigiteach na scannánaíochta. Trí leas a bhaint as am ar an aer, ar an teilifís agus ar an raidió chomh maith le hardáin ar líne agus ar na meáin shóisialta, tugann an scéim seasamh náisiúnta do na himeachtaí seo agus léirítear dúthracht RTÉ maidir le lucht na n-ealaíon go ginearálta ar fud na tíre ar fad. I gcás eagraíochtaí a bhfuil srianadh orthu ag cúrsaí buiséid, tá fógra modúlach 15 soicind don teilifís tugtha chun cinn ag RTÉ, córas tionscanta maidir le cúnaimh a thabhairt nach bhfuil a leithéid eile ar fáil ar fud na meán cumarsáide.

Déantar an réimse forleathan imeachtaí a gcuirtear bonn treise fúthu leis an scéim seo a chur chun cinn ar fud ardáin lárnacha RTÉ ar na meáin shóisialta ionas go mbíonn aird beagnach 700,000 duine de lucht leanta á tharraingt orthu. Tháinig de thoradh ar an ngné breise seo a chur leis an gcóras oibre go bhfuil treisiú rífhíniúntach ar an gcaidreamh leis an lucht féachana agus éisteachta ag na dreamanna a mbíonn tairbhe acu as an scéim.

Caidreamh Seachtrach RTÉ

Bhí 490,000 de lucht leanta ag cuntas lárnach Twitter RTÉ, @rte, faoi dheireadh na bliana, ardú ó 400,000 ag deireadh na bliana 2016. Fágann sin gurb é an dara cuntas is mó é atá faoi úinéireacht ag eagraíocht meán cumarsáide de chuid na hÉireann.

Leanann RTÉ den chaidreamh laethúil leis an lucht féachana agus éisteachta ar Facebook le cuntais éagsúla, cuntas lárnach RTÉ agus cinn maidir le RTÉ News, RTÉ One agus RTÉ 2fm san áireamh, ionas go gcinntítear go gcuirtear ábhar caomhchóirithe ar fáil don lucht léite méadaitheach atá ina ábhar spéise acu.

Tá an cuntas lárnach ar LinkedIn ina nasc ceangail i gcónaí idir RTÉ agus lucht na meán cumarsáide go ginearálta, na forais oideachais agus geallsealbhóirí eile. Cuirtear ailt agus ábhar ar fáil go rialta a spreagann tuairimíocht agus a chuireann daoine ar an eolas.



Saoirse Teilifíse

Tá Saorview ar an ardán teilifíse is mó in Éirinn.

Tá Saorview ag 661,000 teaghlach faoin tráth seo.



**Athbhreithniú
ar Chúrsaí
Oibriúcháin
Súil Siar ar an
mBliain
Saorview**

Maidir le Saorview

Saorview an t-ardán teilifíse is mó in Éirinn. Cuirtear seirbhísí teilifíse intíre na hÉireann ar fáil saor go haer, RTÉ, TV3, TG4 agus Oireachtas TV san áireamh.



An tArdán Teilifíse is mó in Éirinn

Sheas Saorview an fód i rith na bliana 2017 ar an ardán teilifíse is mó in Éirinn. De réir Nielsen, bhí Saorview ag 661,000 teaghlach faoi dheireadh na bliana 2017, líon is ionann agus 42% de na teaghlaigh ar fad in Éirinn a bhfuil teilifíseán acu. Tá timpeall is 25% de na teaghlaigh a bhfuil Saorview acu a íocann ar sheirbhís teilifíse eile chomh maith agus is teaghlaigh a chloíonn le teilifís gan táille an chuid eile.

Saorview Connect – Seirbhís Teilifíse Saor ó Tháille na Linne seo Romhainn

Seoladh Saorview Connect, an táirge nua de chuid Saorview atá ceangailte leis an idirlíon, i mí na Samhna. Is féidir a cheangal le haeróg chun cainéil teilifíse na hÉireann a fháil agus a nascadh le córas leathanbhanda chun seinnteoirí teilifíse atrátha (de leithéid RTÉ Player) a thapú chomh maith le hábhar ar a éileamh.

Tairgtear modh iltréitheach chun teilifís saor ó tháille a thapú le Saorview Connect le deis cuardaithe de réir theideal an chláir, seirbhís moltaí ar a dtugtar Spotlight, comhéadan úsáideora faoi leith, treoir maidir le súil siar agus cuid mhór deiseanna eile. Tá tiúnóir satailíte sa bhosca chomh maith lenar féidir cainéil bhreise teilifíse atá saor ó tháille a thapú. Ó lár na bliana 2018 amach, tar éis leasú a thabhairt i bhfeidhm ar an mbogearra, beifear in ann an bosca a úsáid mar thaifeadán físe pearsanta (PVR).

Chun cuidiú le Saorview Connect a sheoladh, tugadh faoi fheachtas margaidhtha ilmheán ar an teilifís, ar an raidió, i gcló agus ar na meáin shóisialta. Oibríodh freisin leis an dáileoir agus le lucht miondíolacháin ionas gur cinntíodh go raibh an táirge ar fáil ar fud an tslabhra soláthair. Leanfaidh an feachtas seolta sin isteach sa bhliain 2018 agus tá feachtais eile fógraíochta beartaithe chomh maith le bolscaireacht go forleathan ar na meáin shóisialta, ócáid de chineál nua beo ar Facebook san áireamh. Bhí an-ghlacadh le Connect agus leibhéal maith suime á chur ann ag an lucht tomhaltóireachta agus ag an lucht tráchtála. De réir mar atáthar ag leanúint le haird a tharraingt ar an táirge nua, táthar ag tnúth le leibhéal daoine á chur ag obair i rith na bliana 2018.

Ardán faoi bhainistíocht atá i gceist le Saorview Connect. Is féidir an bogearra a leasú agus a sheoladh amach chuig gach duine den lucht úsáide trí cheangal ar líne agus trí cheangal ar an aer. Cinntítear ar an gcaoi sin gur féidir seirbhís leanúnach iontaofa a chur ar fáil go seasta don uile dhuine den lucht úsáide agus cuirtear Saorview i láthair mar tháirge ingearach (ar aon dul le seirbhísí teilifíse ar tháille) cé gur tríd an margadh cothrománach a rinneadh a chur ar fáil. Mar gheall ar chur chuige ar an gcaoi sin, is féidir linn freisin seirbhísí nua ábhar ar a éileamh a sheoladh agus forbairt eile a thabhairt ar an táirge.

Freastal ar an bPobal, Freastal ar an Tionscal

**Tugann 2rn aire do chóras
craolacháin agus tarchuradóireachta
na hÉireann, á chinntiú go mbíonn an
tír ceangailte i gcónaí.**

Tapaíonn 99.9% den daonra seirbhísí a
chuireann RTÉ 2rn ar fáil.





**Athbhreithniú
ar Chúrsaí
Oibriúcháin
Súil Siar ar an
mBlain
2m**

Maidir le 2m

2m, fochuideachta faoi úinéireacht iomlán RTÉ, a dhéanann an obair chothabhála, an bhainistíocht agus an fhorbairt ar chóras tarchuradóireachta na hÉireann do chraoltóirí uile an oileáin.

Ginearálta

Tagann seirbhísí náisiúnta tarchuradóireachta agus dáileacháin 2rn maidir le cúrsaí craolacháin, trína ndéantar freastal ar gach áras cónaithe sa Stát, faoi rialáil ComReg. Lean 2rn ag obair go dlúth le ComReg agus le geallsealbhóirí eile i rith na bliana 2017 chun comhlíonadh iomlán tráthúil na ndualgas rialála ar fad a chinntiú. I dtús na bliana 2017, tháinig 2rn agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar shoocrú maidir le seirbhísí craolacháin a athrú ón mbanda minicíochta 700 MHz faoin mbliain 2020. Beidh maoirsiú á dhéanamh ar ComReg ar chur i bhfeidhm an tsocraithe sin.

Leanadh, trí sheirbhísí Saorview agus Saorsat, de sheirbhísí teilifíse agus raidió seirbhíse poiblí a chur ar fáil saor ar an aer i ngach teach sa Stát, le seirbhís ardchaighdeán físe agus fuaim. As 1.58 milliún teaghlach in Éirinn a mbítear ag faire teilifíse iontu, bhí Saorview ag 661,000 acu faoi dheireadh na bliana 2017. Bhí 192,000 teaghlach nach raibh aon bhealach eile seachas Saorview acu chun breathnú ar chraoladh teilifíse.

Níor tháinig aon athrú i rith na bliana 2017 ar líon na gcainéal ar ardán Saorview ná ar ardán Saorsat ach tharla cóiriú áirithe ar na seirbhísí agus athraíodh ó UTV Ireland go dtí be3. Níor tharla aon athrú ábhartha maidir le seirbhísí raidió i rith na bliana.

Ioncam

Ainneoin cuid mhaith stoirmeacha, d'éirigh le 2rn iomlán na seirbhísí a bheith ar fáil 99.9% den am i rith na bliana 2017. Tharla briseadh maidir le seirbhís Saorview le linn stoirm Ophelia, ach ba go logánta é agus briseadh sa soláthar leictreachais is mó ba chúis leis nuair a tharla sin san áit a bhfuil ionad tarchuradóireachta. Níor tharla aon chur isteach ar sheirbhísí raidió FM ná ar sheirbhísí Saorsat tráth na stoirme sin.

Chruthaigh 2rn ioncam €28.5 milliún, ísliú beag ar leibhéal na bliana 2016. Is léiriú seo ar sheasmhacht a bheith tugtha i gcorich ar an margadh craolacháin agus gur cruthaíodh go maith ar an margadh maidir le crainn agus túir ar cíós.

Níor tháinig aon athrú suntasach ar an margadh raidió áitiúil agus réigiúnach, ó tharla na réimsí ar fad atá ar fáil ar an mbanda FM a bheith in úsáid anois a bheag nó a mhór.

Bhí cur isteach ag comhdhlúthú líonraí na seirbhísí fón póca ar ioncam na bliana seo agus tá dúshlán ag baint i gcónaí le seasmhacht ioncaim bliain i ndiaidh bliana a thabhairt i gcorich i ngnó na teileachumarsáide.

Éileamh agus Ráchairt

Is ionann ioncam tráchtála €151.5 milliún RTÉ agus 45% d'ioncam iomlán RTÉ. Rinneadh an bheartaíocht trádála ar fad a shlánchóiriú le chéile den chéad uair i rith na bliana 2017. Tionscnamh ceannródaíochta sin i ndáil leis an margadh agus bhí glacadh maith leis i measc na gcliant agus na ngníomhaireachtaí ar an margadh.

Tá áit faoi leith ag an *RTÉ Guide* i measc teaghlaigh na hÉireann agus b'ionann líon na léitheoirí sa bhliain 2017 agus 383,000 (TGI 2017) in aghaidh na seachtaine.



aste €2

BITE ME!
THE ULTIMATE IN
NATIONAL COMFORT FOODS

5 of the best
BACK TO
SCHOOL
LUNCHES
Send them
back happy!

BONUS!
MEGA
MIDWEEK
FAMILY
MEALS
SPECIAL

**COAST
DAST**
Dingle
Ire



RTÉ Win! A fab family break



**Athbhreithniú
ar Chúrsaí
Oibriúcháin
Súil Siar ar an
mBliain
Tráchtáil**

Tháinig ísliú ar ioncam tráchtála RTÉ sa bhliain 2017 de réir mar tháinig toradh carntha ón dímheas airgeadra a bhaineann le cúrsaí an Bhreiteachta agus éiginnteacht maidir le hinfheistíocht i bhfeidhm ar an margadh fógraíochta i bPoblacht na hÉireann. Maidir le cúrsaí fógraíochta agus urraíochta go ginearálta, tháinig feabhas ar sciar RTÉ sna hearnálacha sin den mhargadh ina ndéantar iomaíocht. Tharla sin de thoradh ar an gcur chuige nua trádála agus tá RTÉ i riocht buntáiste a bhaint as aon téarnamh a tharlaíonn maidir leis an margadh i rith na bliana 2018.



Bhí an cúlú leanúnach maidir le hinfheistíocht, go háirithe i bhfógraíocht, ina bhac ar an bhfeidhmíocht maidir le réimse na teilifíse. Fógraíocht agus urraíocht Teilifíse an fhoinsé is mó maidir le hioncam tráchtála agus 57% d'ioncam tráchtála uile RTÉ i gceist leis i rith na bliana.

Cruthaíodh go maith maidir le hioncam Raidió RTÉ i gcomhthéacs a achrannaí a bhí an margadh agus níor tharla ach íslíú 2% nuair a bhí íslíú níos gaire don 10% i gceist leis an margadh ar fad.

Tá íslíú géar tagtha maidir le fógraíocht taispeántais i réimse na meán digiteach, léiriú ar an íslíú géar maidir le cúrsaí praghsála freisin. D'fhág sin go raibh an t-ioncam ó fhógraíocht agus ó urraíocht i ndáil leis an réimse digiteach níos ísle ná na meastacháin.

Bhí seasamh níos déine in línte ioncaim de chineálacha eile nár tharla cúlú níos mó ná 1% ina leith.

	2017 v 2016	Athrú
	€m	%
Fógraíocht agus Urraíocht - Teilifís	(5.1)	-6%
Fógraíocht agus Urraíocht - Raidió	(0.5)	-2%
Fógraíocht agus Urraíocht - Digiteach	(0.8)	-12%
Ioncam Eile, Ábhar Digiteach san áireamh	(0.3)	-1%
Gluaiseacht bliain i ndiaidh bliana	(6.7)	-4%
Ioncam Tráchtála 2016	158.2	
Ioncam Tráchtála 2017	151.5	

Foireann Trádála Shláncóirithe

Rinneadh beartaíocht trádála RTÉ a shláncóiriú den chéad uair riamh sa bhliain 2017. Tionscnamh ceannródaíochta sin i ndáil leis an margadh agus bhí glacadh maith leis i measc na gcliant agus na ngníomhaireachtaí. Rinneadh an mheitheal trádála a fhorbairt sa chaoi is go bhfuil an córas dírithe ar na gníomhaireachtaí agus, den chéad uair riamh, bhí aon phointe caidrimh amháin ag custaiméirí sna gníomhaireachtaí maidir le praghsáil ar fud ardáin agus sheirbhísí uile RTÉ. Ar na tionscnaimh trádála eile a tugadh isteach, bhí margaí costas in aghaidh an mhíle (OPT) maidir leis an raidió. Tá margaí OPT go mór i gceist ar mhargadh an raidió i dtíortha eile le blianta fada, ach ba thionscnamh seo a raibh Trádáil RTÉ chun tosaigh ar lucht an mhargaidh ina leith.

Díolachán Meán RTÉ – Teilifís

Tháinig íslíú 6% ar ioncam RTÉ ó fhógraíocht agus urraíocht maidir leis an teilifís i rith na bliana 2017 de réir mar a bhí cora achranacha a tharraing an Breatimeacht ar an margadh ag cur isteach ar an ioncam. Tá an meath seo ar aon dul leis an meath ar an margadh ina iomláine a bhfuil tionchar chun dochair air ó bhuiséid a bheith á n-íslíú mar gheall ar chúrsaí airgeadra sterling, ó bhrabús a bheith á chosaint agus ó easpa infheistíochta mar gheall ar an éiginnteacht leanúnach.

Níor tháinig íslíú ar an ioncam ó urraíocht maidir le cúrsaí teilifíse mar gheall ar a fheabhas atá ag éirí le hábhar cláir a bhfuil cúnaimh taca ar fáil lena léiriú, mar shampla *Today with Maura and Dáithí*, urraíocht maidir le snátha drámaíochta, agus ioncam a eascraíonn ó thréimhsí den lá agus ó ghnóthaí minicíochta.

Díolachán Meán RTÉ – Raidió

Chruthaigh RTÉ Radio 1 go maith i dtimpeallacht lenar bhain iomaíocht ghéar agus ábhar dúshlán eile. Rinneadh go maith maidir le hioncam tráchtála na bliana agus deimhníodh le figiúirí deireanacha JNLR na bliana 2017 go raibh RTÉ Radio 1 chun tosaigh ar a bhfuil sa mhargadh le sciar 22.6% den lucht éisteachta agus aird 24% a tharraingt.

Tá lucht fógraíochta á dtarraingt chuig an raidió i gcónaí mar gheall ar na réimsí faoi leith den phobal a aimsítear leis agus gur féidir tosú ar chostas íseal. Ina ainneoin sin, tá deacrachtaí le sárú le blianta beaga anuas de réir mar atá praghsanna á n-íslíú mar gheall ar líon níos mó craoltóirí ar an margadh agus gá iomaíochta a dhéanamh leis na meáin shóisialta agus le cainéil cuardaigh a thairgeann deis ísealchostais an dream céanna daoine a aimsiú tráth ar bith den lá. Tar éis meath 5% ar an margadh iomlán maidir le fógraíocht raidió sa bhliain 2016, tharla géarú ar an ráta íslithe sa bhliain 2017 go dtí ráta measta 8%.

Chruthaigh RTÉ, mar gheall ar an stádas san ord tábhachta ar an margadh, níos fearr ná an meánráta íslithe sin le ráta -2% d'íslíú ar an ioncam ó fhógraíocht agus ó urraíocht maidir leis an raidió. Bhí bliain den rath ag RTÉ arís maidir le hurraíocht raidió agus lean brandaí ag déanamh infheistíochta i goláir de chuid RTÉ.

Díolachán Meán RTÉ – Digiteach

Lean an t-íslíú ar ioncam ó fhógraíocht agus urraíocht maidir leis na meáin dhigiteacha i rith na bliana 2017 mar gheall ar oiread den mhargadh a bheith faoina smacht ag líon beag de dhreamanna príomhthábhachta (Google agus Facebook) agus an brú dá réir sin ar ioncam maidir le fógraíocht taispeántais agus físeáin ar a n-éileamh. Lean ardú ag teacht ar luach na fógraíochta atá ceangailte (go huathoibreach) le cláir ar mhargadh na hÉireann agus is i gcás fógraíocht taispeántais is mó a bhí sin á chúiteamh, ar fud an mhargaidh ar fad agus i gcás RTÉ go sonrach.

Tá, mar gheall air sin, beart á dhéanamh ina choinne ag RTÉ trí fhorbairt breise a thabhairt ar RTÉ.ie, rud a d'fhág gurbh fhéidir nithe nua a thabhairt i gcrích maidir leis na meáin le formáidí nua ilscáileáin den tsamhlaíocht. D'éirigh go maith le RTÉ freisin maidir le hábhar brandáilte agus tairgeadh cláir shaincheaptha ar fud RTÉ Player, RTÉ News Now agus RTÉ.ie do na cliaint.

Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin Súil Siar ar an mBliain Tráchtáil (ar lean)

Díolachán Clár

Déanann roinn Díolachán Clár RTÉ oiread agus is féidir d'ábhar Éireannach a dhíol ar an margadh idirnáisiúnta trí cheadúnas maidir le hábhar a ligean le páirtneírí, le hardáin agus le craoltóirí ar fud an domhain, i ndáil leis na seánraí ar fad, drámaíocht, cláir grinn, cláir fíorais, cláir siamsaíochta agus formáidí san áireamh. Bhí dímhéas maidir le hairgeadra sterling ina shrian ar ioncam na bliana 2017.

Seo a leanas roinnt de na buaicphointí i rith na bliana:

- Lean an borradh faoi bheartaíocht maidir le fiseáin ar a n-éileamh agus rinneadh socrúithe le Amazon, Netflix, Acorn TV agus HULU i ndáil le drámaíocht, cláir grinn agus cláir fíorais.
- Ba bhliain an-mhaith í maidir le cláir grinn – craoladh *Can't Cope*, *Won't Cope* ar BBC3 agus ar Netflix ar fud an domhain agus lean UKTV Gold, HULU agus Amazon le sraith eile de *Bridget and Eamon* a chraoladh.
- Bhí tóir, go háirithe i ndlínsí ina labhraítear an Béarla, ar sheánra na gclár faoi stíleanna maireachtála, mar shampla *Room to Improve*, *Masterchef*, *Home of the Year* agus *First Dates*, chomh maith le cláir ina raibh Rachel Allen agus Catherine Fulvio le feiceáil.
- Cruthaíodh go maith maidir le réimse na drámaíochta – bhí lucht féachana idirnáisiúnta ag *Fair City* ar Scottish Television, agus díoladh ceadúnas maidir le *Striking Out* (an chéad agus an dara sraith) le Sundance TV Global maidir le dlínsí éagsúla, le YLE na Fionlainne agus le Acorn TV sna Stáit Aontaithe.

Áiseanna Léiriúcháin

Cuireann Stiúideonna RTÉ stiúideonna agus seirbhísí craolacháin ar fáil i margadh léiriúcháin do na meáin fise a bhfuil iomaíocht ghéar ag baint leis. Tháinig borradh faoin mbeartaíocht i dtír cinn de réimsí faoi leith i rith na bliana 2017:

- Bhain comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha úsáid as na háiseanna uilechuimsitheacha atá ar fáil ó RTÉ, idir áiseanna sainchóirithe don léiriúchán HD agus réimse seirbhísí coimhdeacha.
- Bhain craoltóirí de chuid na hÉireann leas as na meithle oibriúcháin sáraithe atá díocasach díograiseach i mbun an chúraim.
- Bhain comhlachtaí meán cumarsáide idirnáisiúnta úsáid as stiúideonna mar gheall ar sholúbthacht, a luaithe a chuirtear toradh saothair ar fáil, a oiread is féidir a chur ar fáil agus luach an airgid.

RTÉ Guide

Bhí an *RTÉ Guide* ar an iris ba mhó díol in Éirinn arís sa bhliain 2017 le figiúirí léitheoireachta 383,000 (TGI 2017) léitheoir in aghaidh na seachtaine, 205,000 léitheoir mná agus 178,000 léitheoir fir. Ábhar dóchais gur tháinig ardú maidir le dreamanna déimeagrafaíochta níos óige; tá níos mó léitheoirí óga mná ag an iris anois ná mar atá ag aon iris eile de chuid na hÉireann.

Lean an iris ag freastal do riachtanais an lucht léite i dtimpeallacht meán cumarsáide atá faoi shíorathrú. Cuireadh fad breise le gné-ailt faoi chúrsaí siamsaíochta agus stíleanna maireachtála rud a raibh leathnú ar an mbonn léitheoireachta de thoradh air. Leanadh den infheistíocht i réimsí na heagarthóireachta agus an ábhair trí fhoilseacháin éagsúla a chur ar fáil chun leathnú leis an mbranda agus mioniris a fhoilsiú, mar shampla an iris garraíodóireachta *Dig*, chomh maith le *Fashion*, *Home & Interiors* agus *Eat*. D'oibrigh an iris i gcomhar le *Operation Transformation* chun iris speisialta 32 leathanach a chur ar fáil agus le *Weight Watchers* maidir le gné-ailt speisialta fada a chur ar fáil go rialta, beartaíocht a chruthaíonn teacht isteach agus a chuireann leis an díolachán sna siopaí. Leanadh de *Taste a fhoilsiú*, iris aonair agus ardchaighdeán bia.


Rinne an *RTÉ Guide* forbairt ar straitéis 360 maidir le himeachtaí, bunaithe ar chaidreamh aonair le daoine den lucht léite, trí réamhthaispeáint scannáin do lucht an *RTÉ Guide* amháin a eagrú sula mbeidís ar taispeáint sna pictiúrlanna chomh maith le himeachtaí bia. Oibríodh i bpáirt leis an gcomhlacht foilsitheoireacht leabhar Penguin Random House freisin chun bhunábhar ficsin a chruthú agus ardán ar a ndíreofaí aird ar údair nár foilsíodh saothar leo go dtí seo. Tharraing comórtais gearrscéalaíochta an *RTÉ Guide* Puffin/Penguin iarratais ó na mílte.

Lean an iris den chaidreamh a chothú leis an lucht léite trí bheith i láthair ag imeachtaí náisiúnta tomhaltóireachta de leithéid an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta (mar a raibh beagnach 5,000 léitheoir a thug leo leathanach tosaigh pearsanta dá gcuid féin den *RTÉ Guide*) agus Bloom.

Tá eagrán méadaithe na Nollag den *RTÉ Guide* ina dhíol iontais bliain i ndiaidh bliana i saol na foilsitheoireachta in Éirinn agus díoltar beagnach 300,000 cóip. Ba é PJ Lynch, Laureate na nÓg, a rinne leathanach tosaigh an eagrán sin a dhearadh arís i mbliana. Chruthaigh an t-ealaíontóir seo a bhfuil clú agus meas air ar fud an domhain radharc Éireannach faoi leith i gcomhar leis an bhfoireann eagarthóireachta.

IONCAM TRÁCHTÁLA

■ 2017 □ 2016





Moya Doherty, Cathaoirleach
Téarma oifige: 4 Samhain 2014 – 6 Samhain 2022 (Athcheaptha don dara téarma ar an 6 Samhain 2017))

Tá an amharclannaíocht chomh maith le léiriú agus láithriú ar raidió agus ar teilifís, in Éirinn agus thar lear, le lua le saol oibre Moya Doherty. Chuir sí cláir ealaíon, gnéchláir agus cláir fhaisnéise i láthair ar RTÉ. Ina léiritheoir feidhmiúcháin di, léirigh Moya roinnt telethon carthanachta, Comórtas Amhránaíochta an Eurovision agus an léiriú teilifíse ar shearmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta a bhí ar siúl in Éirinn sa bhliain 2003. Ba í Moya a bhí ina léiritheoir coimisiúnaithe agus ina tionscnóir maidir le *Riverdance* do Chomórtas Eurovision na bliana 1994.

Tá sí ina stiúrthóir ar Tyrone Productions, ceann de na comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha is mó le rá in Éirinn a chuireann cláir drámaíochta, faisnéise agus siamsaíochta ar fáil don teilifís. Bhí sí ina stiúrthóir tionscanta ar an stáisiún raidió Today FM. Bhí sí ina comhalta boird ar roinnt bord a bhain le cúrsaí ealaíon, lena n-áirítear cathaoirleach ar Fhéile Amharclannaíochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath (ar feadh seacht mbliana), ar bhord Amharclann na Mainistreach, The Ark Children's Theatre i mBaile Átha Cliath, Business to Arts agus Walnut Hill Arts School i Massachusetts.

Is iomaí gradam a bronnadh ar Moya le himeacht na mblianta, ina measc Gradam Veuve Clicquot do Bhean Gnó na Bliana agus Gradam Ernst & Young d'Fhiontraí na Bliana. Bronnadh céimeanna onóracha dochtúireachta uirthi freisin ó Ollscoil Uladh agus ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann mar aitheantas ar an tiomantas leanúnach a léiríonn sí maidir le saol na n-ealaíon in Éirinn.



Dee Forbes, Príomh-Stiúrthóir
Comhalta ex officio de bhun an cheapacháin ina Príomhstiúrthóir an 11 Iúil 2016.

Ceapadh Dee Forbes ina Príomh-Stiúrthóir ar RTÉ le héifeacht ón 11 Iúil 2016. I Londain a bhí Dee Forbes lonnaithe sula ndeachaigh sí i mbun oibre le RTÉ, áit ar chaith sí níos mó ná 27 bliain ag obair do chraoltóirí agus don ghníomhaireacht fógraíochta Young and Rubicam.

An post deiridh a bhí aici roimhe seo ná ina hUachtarán agus ina Stiúrthóir Bainistíochta i Discovery Networks Northern Europe. Thosaigh Dee ag obair le Discovery in 2010 mar Cheann oibríocht na Ríochta Aontaithe/na hÉireann agus chuir sí lena cuid freagrachtaí de réir a chéile go dtí go raibh sí i gceannas ar réigiún Thuaisceart na hEorpa, ina raibh 18 margadh agus críoch agus 27 gcainéal, idir chinn saor-go-haer agus sintiúis, a bhí ag craoladh chuig breis is 276 milliún líon tí ar fud Thuaisceart na hEorpa gach mí.

Sula ndeachaigh sí le Discovery, stiúir Dee gnónna Turner Broadcasting sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, ina raibh seacht gcainéal siamsaíochta, ina measc Cartoon Network, Boomerang agus TCM. Chaith sí roinnt blianta ag obair le Turner i ról éagsúla tráchtála, ina measc Bainisteoir Ginearálta ar réigiún Nordach/Lár na hEorpa, Oirthear na hEorpa agus na réigiúin EMEA. Ba í Ceann na nDíolachán Fógraíochta don Eoraip freisin í. Bhí Dee ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar bhord The *Irish Times* tráth agus tá sí ar bhord Munster Rugby faoi láthair. I nDrom Dhá Liag in iarthar Chorcaí a rugadh Dee agus bhain sí céim sa stair agus sa pholaitíocht amach i UCD.



Frank Hannigan
Téarma oifige: 4 Samhain 2014 – 3 Samhain 2019

Tá Frank Hannigan ina pháirtneir leis an gcomhlacht comhairleoireachta StrategyCrowd. Tá sé ag obair leis na meáin chumarsáide thraidisiúnta agus le comhlachtaí teicneolaíochta le breis agus 30 bliain anuas. D'oibrigh sé ag tráthanna éagsúla i bpostanna ceannaireachta le An Post, Sunshine Radio, Hot Press, Sunday Times, Examiner Newspapers, Inhance Technologies agus Digiserve.

Le tamall anuas, is ar shaol oibre mar chomhairleoir gnó atá Frank ag díriú. Áirítear EBRD, Fiontar Éireann, an Banc Domhanda, an Coimisiún Eorpach agus na Coimisinéirí Ioncaim ar a chuid cliant. Is comhairleoir bainistíochta deimhneithe é Frank chomh maith lena bheith ina chomhalta de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann.

Tá fónamh déanta aige ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin agus ina chathaoirleach ar réimse leathan bord.

Bíonn Frank ina léachtóir cuairte in ollscoileanna na hÉireann agus díronn sé ina chuid taighde ar chúrsaí straitéise, nuálaíocht agus iomaíochta. Céimí gnó é de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



Deborah Kelleher
Téarma oifige: 4 Samhain 2014 – 6 Samhain 2022 (Athcheaptha don dara téarma ar an 6 Samhain 2017)

Ceapadh Deborah Kelleher ina Stiúrthóir ar Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann (RIAM) i mí Dheireadh Fómhair 2010 agus bhí bunpháirt aici san fhorbairt straitéiseach ar chluí idirnáisiúnta an fhorais, ar chúrsaí allamuigh agus ar chúrsaí acadúla. Ar na torthaí suntasacha a tugadh i gcorích, tá bunchéimeanna speisialta sa chumadóireacht agus i gceol an ghutha a thabhairt isteach; RIAM Podium, an tIonad do Chompántais Seanma ina gcuirtear oiliúint ar cheoltóirí do cheolfhoirne agus do chompántais mhóra; agus an chéad roinn acadúil don Seinm Stairiúil a chur ar bun i gcomhpháirt le Ceolfhoirneann Bharócach na hÉireann.

Sa bhliain 2013 rinneadh Coláiste Comhlach de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath as Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann agus rinne Deborah ceannródaíocht maidir leis an athrú suntasach sin. Tá méadú faoi thrí tagtha ar líon na mac léinn atá ag tabhairt faoi chúrsaí tríú leibhéal ó rinneadh í a cheapadh.

Deborah a bhí i gceannas freisin ar mhéadú suntasach ar líon na gcúrsaí don fhorbairt ghairmiúil ar 7,000 múinteoir ceoil príobháideach ar fud na tíre a chuireann daltaí isteach ar scrúduithe RIAM in ionaid áitiúla. Gné amháin an tionscnamh sin de straitéis níos ginearálta d'fhonn Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann a bheith ina acmhainn ag ceoltóirí ar fud na hÉireann, ón leibhéal amaitéarach go dtí an ceoltóirí profiúnta, trí fhoghlaim ar líne, cianfhoghlaim, deiseanna ceolchoirme agus eile. Toghadh Deborah ina Leas-Uachtarán sa bhliain 2016 ar Chumann Ardscoileanna Ceoil na hEorpa, scáthghrúpa do bhreis agus 300 ardscoil ceoil ar fud na hEorpa agus níos faide ó bhaile.



Aengus Mac Grianna

Téarma oifige: 4 Samhain 2014 – 3 Samhain 2019

Tá sé ar dhuine de na léitheoirí nuachta is feara thaitníonn leis an bpobal. Thosaigh sé le RTÉ i lár na 1980idí ag obair mar theachtaire sa seomra nuachta. D'oibrigh sé ina thuairisceoir leis an gcuid is mó de dheasca an tseomra nuachta ina dhiaidh sin sular ceapadh ina léitheoir nuachta é sa bhliain 1999.

Bíonn Aengus le feiceáil go rialta ar chláir nuachta *Six-One* agus *Nine O'Clock News* agus le cloisteáil ar RTÉ Radio 1 agus RTÉ lyric fm.

Sa bhliain 2009, rinneadh Athair Shéipéal an tSeomra Nuachta de Cheardchumann an NUJ de agus bhí baint aige leis an gcaibidlíocht maidir le scálaí nua pá agus le córais nua sa seomra nuachta. Rinne sé ionadaíocht ar NUJ ag leibhéal TUG ar feadh beagnach dhá bhliain. In 2014, thogh comhaltaí foirne Aengus ar Bhord RTÉ.



An Dr. P.J. Mathews

Téarma oifige: 4 Samhain 2014 – 3 Samhain 2019

An Dr. P.J. Mathews ina Chomh-Ollamh i Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta sa gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath. Baineann a shaothar go speisialta le litríocht agus le cultúr an hÉireann. Is é a scríobh an saothar *Revival* (arna fhoilsiú ag Field Day) Cork UP sa bhliain 2003) maidir le tréimhse athbheochan chultúr na hÉireann; a rinne eagarthóireacht ar an saothar *Cambridge Companion to J.M. Synge* (2009); agus comheagarthóireacht ar *A Handbook of the Irish Revival* (arna fhoilsiú ag Amharclann na Mainistreach sa bhliain 2015).

Is é P.J. a bhunaigh agus atá ina Stiúrthóir ar an bpodchraoltóireacht acadúil le UCDscholarcast (www.ucd.ie/scholarcast).

Bhí sé ina stiúrthóir ar Scoil Samhraidh Parnell idir 2002 - 2005 agus ceapadh ina Chomhalta Naughton agus ina Chomh-Ollamh Cuairte sa Bhéarla é in Ollscoil Notre Dame sa bhliain 2007-8. Tá sé ina *membre extérieur* de Mheitheal Léann na hÉireann in Université Sorbonne Nouvelle-Paris 3, agus ina chomhthionálaí ar Chraobhchóras Taighde Dochtúireachta Léann na hÉireann. Is é P.J. atá ina stiúrthóir ar Scoil Geimhridh Yeats faoi láthair.



Eoin McVey

Téarma Oifige: 20 Nollaig 2016 – 16 Feabhra 2020

Iriseoir is ea Eoin McVey. Chuaigh sé faoi oiliúint cuntasáíochta le Coopers & Lybrand i mBaile Átha Cliath (ar a dtugtar PwC) agus ar a chuid alt a chríochnú thosaigh sé le *The Irish Times* ina iriseoir airgeadais.

I measc na gceapachán eile a bhí aige tá Eagarthóir Gnó, Eagarthóir Cúnta agus Eagarthóir Bainistíochta. D'fhóin sé ina Stiúrthóir ar The Irish Times Ltd agus ar Irish Times Publications Ltd. Ba é duine de na stiúrthóirí bunaitheacha ar Press Council of Ireland Ltd é agus chaith sé 6 bliana ar an mbord.

Is comhalta é Eoin de Bhord Bainistíochta an RDS agus dá Chomhairle rialaithe. Tá sé ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann freisin. Is é an cathaoirleach é ar an gcoiste Iniúchta agus Riosca sa dá eagraíocht.



Shane Naughton

Téarma oifige: 17 Feabhra 2015 – 16 Feabhra 2020

Is é Shane Naughton Príomhoifigeach Airgeadais The Economist Group, príomhfhoinsé anailíse ar ghnóthaí gnó agus domhanda. Tá an nuachtán *The Economist* ar cheann dá ghnónna.

Roimhe seo bhí sé ina Phríomhoifigeach Domhanda Airgeadais le EMI Music, an gnó idirnáisiúnta ceoil a chuimsíonn na lipéid Capitol, Virgin, Blue Note agus Parlophone, a eisíonn ceol de chuid na Beatles agus Beach Boys, Coldplay agus Katy Perry.

Roimhe sin arís, bhí Shane ina Phríomhfheidhmeannach ar rannóg Connect de chuid UBM plc, áit ar bhainistigh sé punann irisí gnó. Bhain sé taithí mhór amach i goúrsaí teilifíse agus craolacháin le linn a chuid ama le Sky. D'oibrigh sé freisin le Coca-Cola agus le Dell Computers i róil éagsúla maidir le cúrsaí airgeadais.

Cháiligh sé ina chuntasóir cairte i KPMG agus bhain sé céim sa dlí amach sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath.



Anne O'Leary

Téarma oifige: 4 Samhain 2014 – 3 Samhain 2019

Tá taithí mhór ag Anne O'Leary ina hinnealtóir sibhialta agus ina feidhmeannach Gnó. Réimsí spéise ina bhfuil cumas faoi leith léirithe aici is ea cúnamh a thabhairt do chomhlachtaí bealaí nua a aimsiú isteach ar an margadh agus leas a bhaint de seiseanna teicneolaíochta d'fhonn acmhainneacht a thapú. Tá tuiscint ghéar ghrinn ag Anne ar rialachas corparáide agus ar chúrsaí comhlíonta. Ina comhalta di d'Institiúid na Stiúrthóirí, tá tuiscint aici ar na coinníollacha reatha maidir le boird phríobháideacha agus boird chomhlachtaí Stáit.

Is fiontraí cruthanta í a rinne tionscnamh agus forás ar Cadco, gnólacht teicneolaíochta de scoth an domhain, sular dhíol sí é sa bhliain 2009. Bíonn béim láidir aici ar pháirtnéireacht straitéiseach, ar bhainistíocht díolacháin, ar mhargaíocht, ar fhorbairt táirgí agus ar bhainistíocht i ndáil leis an gcaidreamh inmheánach-seachtrach.

Tá taithí leathanréimseach ag Anne ar earnálacha éagsúla gnó. Is léir a cumas maidir le fáthmheas, pleanáil straitéiseach, soirbhíú do mheithle agus do dhaoine aonair agus méadú inbhuanaithe ar theacht isteach airgid.



Fionnuala Sheehan

Téarma oifige: 17 Feabhra 2015 – 16 Feabhra 2020

Le linn a gairme go dtí seo, d'oibrigh Fionnuala Sheehan sa státseirbhís (sa Roinn Airgeadais agus sa Choimisiún Cánachais), sa tseirbhís phoiblí (Bainisteoir Maoiniúcháin do Telecom Éireann, tráth a bhunaithe, agus dá cuideachta infheistíochta caipitil, Irish Telecommunications Investments Limited), san earnáil tráchtála (Cisteoir Grúpa do GPA Limited agus dá chuideachtaí comhfhiontair), san ardoideachas (Leas-Chláráitheoir, Ollscoil Luimnigh), agus san earnáil neamhbhrabúis (Príomhfheidhmeannach MEAS/ drinkaware agus ar FirstLight).

Bhí Fionnuala i gceannas ar chuid mhór tionscnamh maidir leis an nuálaíocht agus le bainistíocht athraithe i rith a ré gairme.

Is as cathair Luimnigh Fionnuala ó dhúchas agus bhain sí céim dhúbailte chéad onóracha amach in Ollscoil na hÉireann Gaillimh. Tá céim Máistreacht sna Dána aici, diplóma san Airgeadas Feidhmeach, chomh maith le teastas agus diplóma i Stiúrthóireacht Cuideachtaí (arna mbronnadh ag Institiúid na Stiúrthóirí). D'fhóin sí ina Gobharnóir ar Ollscoil Luimnigh agus ina Stiúrthóir ar Daghdha Dance Company agus tá sí ag fónamh faoi láthair ar Bhord Extern Ireland.



Margaret E. Ward

Téarma oifige: 17 Feabhra 2015 – 16 Feabhra 2020

Fiontraí í Margaret E. Ward a chaith 25 bliain ag obair ina hiriseoir maidir le gnóthaí airgeadais. Tá sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ag Clear Ink, gníomhaireacht cumarsáide maidir le brandaí domhanda atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. D'oibrigh sí ina colúnaí gnó agus ina hiriseoir fiosrúcháin leis an *Irish Times*. Bhí sí ar an gcéad Eagarthóir Airgid ag an *Sunday Times* in Éirinn, chuir sí clár faoi chúrsaí gnó i láthair ar Newstalk agus bhíodh sí go rialta ar chláir raidió de chuid RTÉ.

Bhronn Dí-Chumann na hÉireann an gradam *Justice Media Award* uirthi as a cuid iriseoireachta sóisialta agus feachtasaíochta. Bronnadh gradam iriseoireachta eolaíochta ICS uirthi freisin as alt a foilsíodh san *Irish Times* faoi tharbhfhrídí atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach.

In 2010, bhunaigh sí Women on Air, grúpa neamhbhrabúis líonraithe a thugann scileanna agus muinín do mhná ar saineolaithe iad le dul ar an aer. Tá máistreacht san Iriseoireacht aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

I Nua Eabhrac a rugadh Margaret ach in Éirinn a rugadh a tuismitheoirí. D'aistrigh sí go Baile Átha Cliath i 1995.

Freastal ar Chruinnithe an Bhoird

Tionóladh 10 gcuinníú de Bhord RTÉ i rith na bliana 2017. Leagtar amach thíos freastal chomhaltaí an bhoird ar na cruinnithe sin:

	Cruinnithe Infreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh
An Bord mar a bhí an 31 Nollaig 2017		
Moya Doherty	10	9
Dee Forbes	10	10
Frank Hannigan	10	7
Deborah Kelleher	10	8
Aengus Mac Grianna	10	10
An Dr. P.J. Mathews	10	10
Eoin McVey	10	10
Shane Naughton	10	9
Anne O'Leary	10	9
Fionnuala Sheehan	10	10
Margaret E. Ward	10	9
Comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige le linn 2017		
Fergus Armstrong	9	9

Tionóladh dhá chruinníú i rith na bliana le cois ghnáthsceideal Cruinnithe Boird RTÉ agus bhí cruinníú amháin acu sin a tionóladh gan mórán fógra. Féach an tuairisc faoi Rialachas Corparáide ar leathanach 100 maidir le tuilleadh mionsonraí faoi na hathruithe i gcomhaltas an Bhoird sa bhliain 2017.

Coistí an Bhoird

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tionóladh naoi gcuinníú i rith na bliana 2017, a ndearnadh freastal mar seo a leanas orthu:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
Anne O'Leary (Cathaoirleach)	9	9	27 Samhain 2014
Moya Doherty	9	5	21 Aibreán 2016
Frank Hannigan	9	5	27 Samhain 2014
Eoin McVey	9	8	26 Eanáir 2017
Shane Naughton	9	8	23 Iúil 2015

Coiste na gClár

Tionóladh trí chruinníú de Choiste na gClár i rith na bliana 2017, agus bhí iomlán na gcomhaltaí i láthair ag gach cruinníú.

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
An Dr. P.J. Mathews (Cathaoirleach)	3	3	27 Samhain 2014
Deborah Kelleher	3	3	27 Samhain 2014
Aengus Mac Grianna	3	3	19 Feabhra 2015
Margaret E. Ward	3	3	19 Feabhra 2015

An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Tionóladh trí chruinníú le linn 2017:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
Moya Doherty (Cathaoirleach)	3	3	22 Eanáir 2015
Shane Naughton	3	2	4 Samhain 2015
Anne O'Leary	3	3	22 Eanáir 2015
Comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige le linn 2017: Fergus Armstrong	2	2	10 Márta 2009

An Coiste maidir le Cóirtrádáil

Tionóladh cúig chruinníú i rith na bliana 2017, a ndearnadh freastal mar seo a leanas orthu:

Comhaltaí Coiste	Cruinnithe Infreastail	Cruinnithe a Freastalaíodh	Ceapadh ar an gCoiste
Fionnuala Sheehan (Cathaoirleach)	5	5	24 Meán Fómhair 2015
Deborah Kelleher	5	5	24 Meán Fómhair 2015
Comhaltaí ar tháinig deireadh lena dtéarma oifige le linn 2017: Fergus Armstrong	4	4	24 Meán Fómhair 2015

An Coiste Tráchtála agus Teicneolaíochta

Tionóladh aon chruinníú amháin den Choiste Tráchtála agus Teicneolaíochta i rith na bliana 2017 ag a raibh iomlán na gcomhaltaí i láthair: Frank Hannigan (Cathaoirleach), Aengus Mac Grianna agus Fionnuala Sheehan.

An Coiste Straitéise (coiste sealadadh i rith na bliana 2017)

Cheap an Bord ceathrar comhaltaí ar an gooiste ar an 20 Aibreán 2017: P.J. Mathews (Cathaoirleach), Fergus Armstrong, Fionnuala Sheehan agus Margaret E. Ward. Eagraíodh naoi gcinn de chruinnithe foirmeálta de chuid an choiste le linn fhorbairt na straitéise. Tugadh obair an choiste chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2017. Faoi mar a leagtar amach thuas, tháinig deireadh le téarma oifige Fergus Armstrong' ar an mBord i rith na bliana 2017.

Freastal ar Chruinnithe de Bhord RTÉ agus d'fhochoistí an Bhoird

Is do fhreastal chomhaltaí an Bhoird ar chruinnithe de Bhord RTÉ agus d'fhochoistí an Bhoird a thagraítear leis an eolas a fhoilsítear thuas. Anuas air sin, tá Moya Doherty, Eoin McVey agus Fionnuala Sheehan ina gcomhaltaí freisin ar Bhoird fho-chuideachtaí de chuid RTÉ, agus déanann siad freastal ar na cruinnithe Boird de réir sceidil na bhfochuideachtaí sin.



Dee Forbes, Príomh-Stiúrthóir

Féach an nóta beathaisnéise ar leathanach 94.

Frances Abeton

Stiúrthóir, Oibríúcháin agus Seirbhísí Léiriúcháin

Tháinig Frances Abeton ag obair le RTÉ ina Stiúrthóir Oibríúcháin agus Seirbhísí Léiriúcháin i mí Meán Fómhair 2016. Tá céim MBA aici as Scoil Gnó Smurfit, Baile Átha Cliath. Bhí Frances roimhe sin ina Leas-Uachtarán ar an gcomhlacht Firecrest a bhaineann le réimse na teicneolaíochta do thrialacha cliniciúla agus atá faoi úinéireacht an chomhlacht cógaisíochta Icon Plc. Ceannasaí cruthanta i mbun cúrsaí oibríúcháin í a bhfuil tréimhsí caite aici le réimsí na cógaisíochta, na teicneolaíochta, na teiléachumarsáide agus chúrsaí airgeadais.



Eimear Cusack

Stiúrthóir, Acmhainní Daonna

Ceapadh Eimear Cusack ina Stiúrthóir Acmhainní Daonna sa bhliain 2017. Tá taithí ag Eimear ar oibriú le cúrsaí dlí, baincúireachta, seirbhísí gairmiúla agus TEC i rith a saol oibre agus ceapadh ina Ceannasaí Acmhainní Daonna maidir leis an Ríocht Aontaithe agus Éirinn le Ericsson í sa bhliain 2013, áit a ndearna sí clár fhorleathana athrúcháin a leagan amach agus a thabhairt i bhfeidhm. Lena bhfuil de thaithí aici ar straitéisí nualaíochta i leith dhaoine, tá béim ag Eimear ar an gcaidreamh leis an bhfostaí, ar dhaoine cumasacha a mhealladh chun na heagraíochta agus ar bhainistíocht ina leith, agus ar chúrsaí foghlamtha agus forbartha. Sular thosaigh sí ag obair le RTÉ, bhí straitéisí éagsúla idirathraithe, athchóiriúcháin agus comhtháite tugtha i gcrích ag Eimear i ndáil le seirbhísí bainistithe agus cásanna éadála.



Brian Dalton

Stiúrthóir, Gnóthaí Corparáide

Thosaigh Brian le RTÉ ina Bhainisteoir Stiúrtha maidir le Forbairt Corparáide i mí Márta 2009. Tá céim Mháistreachta sa Bhainistíocht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Sular tháinig sé isteach in RTÉ, bhí Brian i bpoist shinsearacha bainistíochta maidir le cúrsaí Oibríúcháin agus AD. Is i gcomhlachtaí ilnáisiúnta de leithéid GE, Intel agus Becton Dickinson a d'oibrigh sé den chuid is mó agus i réimse seirbhísí airgeadais ina dhiaidh sin maidir leis an mbainistíocht ar athrú i gcomhthéacs cumaisc agus éadála. Tá Brian i gceannas ar Ghnóthaí Corparáide in RTÉ ó tugadh athstruchtúrú ar an eagraíocht sa bhliain 2017.

Jim Jennings

Stiúrthóir, Ábhar

Ceapadh Jim Jennings ina Bhainisteoir Stiúrtha ar Raidió RTÉ i mí na Samhna 2013. Déanann sé maoirseacht freisin maidir leis an mbainistíocht ar Cheolfhoirne, Cheathairéad agus Chóir RTÉ. Bhí Jim ina Cheannasaí ar RTÉ Raidió 1 sular ceapadh sa phost seo é. Sa bhliain 1985 a thosaigh Jim le RTÉ Radio 1, ag obair ar dtús le gnéchláir agus cúrsaí reatha ar chláir de leithéid *Today at Five* agus *The Pat Kenny Show*. D'athraigh sé sa bhliain 1989 go dtí Teilifís RTÉ, mar a raibh roinnt post sinsearach aige, ina measc Léiritheoir Feidhmiúcháin ar *The Late Late Show*, *Election 2012* agus searmanas oscailte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta. D'oibrigh sé freisin ina eagarthóir ar Léargas. Rinneadh Stiúrthóir Ábhair de Jim mar chuid den athstruchtúrú ar an eagraíocht sa bhliain 2017.





Adrian Lynch

Stiúrthóir, Lucht Féachana agus Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht

Is é Adrian Lynch an Stiúrthóir maidir leis an Lucht Féachana agus an Lucht Éisteachta, Cainéil agus Margaíocht, ról a ndeachaigh sé ina bhun i mí Meán Fómhair 2017. Thosaigh Adrian le RTÉ in 2014 ina Cheannasaí Cainéil maidir le RTÉ One agus le RTÉ2 agus sheol sé sceidil nua ardaidhme maidir leis na seirbhísí lena linn sin. Ina Cheannasaí Cainéil dó ar RTÉ One agus ar RTÉ2, thug Adrian réimse leathan d'ábhar cláir den iliomad seánra ar an scáileán agus is suntasach mar a d'éirigh le *Dancing with the Stars*, RTÉ 1916, agus cláir faisnéise de leithéid *My Homeless Family* ar bronnadh gradaim orthu chomh maith.

Sular thosaigh sé le RTÉ, bhíodh Adrian ina Bhainisteoir Stiúrtha agus ina úinéir ar Animo Television, ceann de na comhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha is fearr a chruthaigh in Éirinn. Ba é a bhí freagrach as roinnt de na cláir is iomráití ar RTÉ One i rith a chuid ama le Animo, sraitheanna faisnéise ar bronnadh gradaim orthu ina measc, mar shampla *Freefall – The Night the Banks Failed*.

Breda O’Keeffe

Príomhoifigeach Airgeadais

Ceapadh Breda O’Keeffe ina Príomhoifigeach Airgeadais i rith na bliana 2013. As Cill Chainnigh ó dhúchas di, d’fhreastail sí Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus tá sí ina Comhalta de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Sular tháinig sí ag obair le RTÉ, bhí poist shinsearacha i réimsí airgeadais aici le GPA, GE Capital Aviation Services, JetPhone, GE Insurance Services agus Halifax Bank of Scotland. Bhí baint mhór aici le GE Insurance Services agus Halifax Insurance Ireland a chur ar bun i mbaile na Sionainne.

Thosaigh Breda ag obair le RTÉ sa bhliain 2002. Ceapadh ina Stiúrthóir Airgeadais maidir le Teilifís RTÉ í sa bhliain 2003 agus bhí sí ina comhalta den Ghrúpa Straitéise maidir le Cláir Teilifíse. Ceapadh Breda ina stiúrthóir ar RTÉ Commercial Enterprises DAC i rith na bliana 2012 agus ceapadh ina stiúrthóir ar RTÉ Transmission Network DAC í sa bhliain 2013.



Richard Waghorn

Stiúrthóir Athchóiriúcháin agus Teicneolaíochta

Thosaigh Richard le RTÉ ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta i mí Feabhra 2012. Ceapadh Richard ina stiúrthóir ar RTÉ Transmission Network DAC i rith na bliana 2013. Tá céim MBA ag Richard ó Henley Management College agus is céimí de chuid an University of Leeds é.

Bhí Richard ina Phríomhoifigeach Teicneolaíochta leis an South African Broadcasting Corporation idir na blianta 2009 agus 2011. Roimhe sin, chaith Richard ceithre bliana ina Stiúrthóir Dáiliúcháin leis an BBC agus é i mbun ceannródaíochta maidir leis an athrú go dtí córais dhigiteacha. D'oibrigh sé ar fud roinnt réimsí éagsúla leis an BBC, straitéis, meán chumarsáide nua, dáiliúcháin agus léiriúcháin raidió ina measc. Bhí Richard ina stiúrthóir boird ag Freesat agus ina bhainisteoir tionscadail maidir le seoladh Freeview sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 2002.

Ghlac Richard ceannasaíocht maidir le cúrsaí teicneolaíochta agus athchóiriúcháin in RTÉ sa bhliain 2017 mar chuid den atheagar ar an eagraíocht.

Jon Williams

Stiúrthóir, Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ

Tháinig Jon Williams ag obair in RTÉ i mí Eanáir 2017. Bhíodh sé roimhe sin ina Eagarthóir Bainistíochta, Nuacht Idirnáisiúnta ag ABC News i Nua-Eabhrac mar ar mhúnlaigh sé thráchtareacht na heagraíochta sin ar an nuacht idirnáisiúnta agus an straitéis ina leith sin. Rinne sé ceannródaíocht maidir le tuairiscíocht ABC ar an gcogadh san Úcráin, ar ghéarchéim na ndéanaithe san Eoraip agus ar ionsaithe sceimhlitheoireachta ISIS san Eoraip chomh maith leis an nuálaíocht a chur chun cinn le físeáin 360 agus an réadúlacht fhíorúil a úsáid.

Idir 2006-2013, bhí Jon ina Eagarthóir maidir le Nuacht an Domhain ag an BBC, i mbun bainistíochta ar fhoireann 200 duine i 30 tír. Rinne sé maoirseacht ar an tuairiscíocht ar chogadh Iosrael agus na Liobáine sa bhliain 2006 ar bronnadh gradam idirnáisiúnta Emmy ina leith. Bronnadh an dara gradam Emmy air sa bhliain 2013 mar gheall ar thráchtareacht an BBC ar an gcogadh cathartha sa tSiria. Ba é Jon Eagarthóir Nuachta na Ríochta Aontaithe ag an BBC tráth ar tharla ionsaithe sceimhlitheoireachta 7/7 ar an gcóras iompair i Londain agus Leaseagarthóir an *Six O’Clock News* ag an BBC tráth ar tharla 9/11. Ghnóthaigh sé an tríú gradam Emmy sa bhliain 2017 mar gheall ar thráchtareacht an ABC ar ghéarchéim na ndéanaithe sa tSiria.



Rialachas Corparáide

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

Tá comhaltaí Bhord RTÉ tiomanta maidir leis na caighdeáin is airde a choinneáil ar bun maidir leis an rialachas corparáide agus leis an iompar i mbun gnó. Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* go mbeadh taithí nó cumas ag comhaltaí i gcúrsaí atá iomchuí don mhaoirseacht ar chraoltóir seirbhíse poiblí (Alt 82). Ní mór do chomhaltaí uile an Bhoird freisin a goid feidhmeanna a chur i gcorích ar bhealach lena gcinntítear go ndéantar obair RTÉ, de bhun na gcuspóirí faoin reachtaíocht, go héifeachtach agus go críochnúil (Alt 87).

Cloíonn RTÉ leis an gCód *Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ("an Cód Cleachtais"). D'fhoilsigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leagan leasaithe den Chód Cleachtais an 17 Lúnasa 2016, a thagann i bhfeidhm maidir le tuairiscíocht airgeadais i gcás thréimhsí tuairiscíochta dar tús an 1 Meán Fómhair 2016 nó dáta ina dhiaidh sin.

Leagtar amach sa Chód Cleachtais na prionsabail maidir le rialachas corparáide a gceanglaítear ar Bhoird na gComhlachtaí Stáit iad a chomhlíonadh. Áirítear orthu sin gnáis agus nósanna rialachais maidir le raon leathan réimsí, mar shampla, ról an Bhoird; cóid iompair agus nochtadh leasa; tuairiscíocht gnó agus airgeadais; bainistíocht i ndáil le réimsí baoil agus rialáil inmheánach; caidreamh leis an Oireachtas agus leis an Roinn rialtais a dtagann an comhlacht faoina coimirce; agus gnáis rialála faoi leith maidir le raon réimsí eile. Leagtar amach tuilleadh eolais ar na réimsí sin sa chuid eile den chaibidil seo den Tuarascáil Bhliantúil.

Éilítear ar Chathaoirleach an Bhoird gach bliain a dheimhniú leis an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil go bhfuil na cleachtais agus nósanna imeachta rialachais in RTÉ ag teacht leis an gCód *Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*.

Comhlíonann RTÉ freisin an ceanglas maidir le rialachas corparáideach agus ceanglais eile arna bhforchur ag an *Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus ag an *Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001*.

Bord RTÉ


Comhdéanamh

Ceaptar Comhaltaí Bhord RTÉ faoi Alt 81 d'*Acht Craolacháin 2009* ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bhliana. Foráiltear faoin Acht do Bhord ar a bhfuil dáréag comhalta, arna gceapadh ag an Rialtas mar seo a leanas:

- Seisear comhalta a cheaptar ar ainmniúchán an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil;
- Déanann an Comhchoiste Oireachtais um Chumarsáid, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ceathrar comhaltaí a mholadh leis an Aire;
- Is comhalta ex-officio Príomh-Stiúrthóir RTÉ; agus
- Ceaptar duine amháin d'fhoireann RTÉ tar éis toghcháin.

Ceapann an rialtas duine de na comhaltaí chun gníomhú mar Chathaoirleach. Foráiltear faoin *Acht Craolacháin 2009* freisin do chothromaíocht idir na hinscní maidir le comhaltas an Bhoird, trína éileamh go mbeadh ar na comhaltaí líon fear nach lú ná cúigear agus líon ban nach lú ná cúigear. Amháil an 31 Nollaig 2017, seisear ban agus cúigear fear atá ar Bhord RTÉ.


Iléagsúlacht an Bhoird ó thaobh cúrsaí inscne



D'éirigh Fergus Armstrong as a bheith ina chomhalta den Bhord ar an 3 Samhain 2017 ar dheireadh a theacht lena théarma oifige. Níor tharla aon athrú eile maidir le comhaltaí Bhord RTÉ i rith na bliana agus bhí aon fholúntas amháin ar an mBord ar an 31 Nollaig 2017.

Leagtar amach sonraí beathaisnéise faoi 11 chomhalta an Bhoird, mar a bhí ar an 31 Nollaig 2017, ar leathanaigh 94 go 96 agus mionsonraí faoi théarmaí oifige san áireamh.

Iléagsúlacht an Bhoird maidir le seilbh oifige



Ról

Leagtar amach dualgais chomhaltaí an Bhoird in Alt 87 d'*Acht Craolacháin 2009*. Tugann comhaltaí an Bhoird treoir faoi stiúir chorparáideach agus straitéis RTÉ agus seasann siad ar son leasa an lucht féachana agus an lucht éisteachta, arna chinntiú go gcomhlíonann RTÉ na dualgais faoin reachtaíocht ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Cuireann gach comhalta breithiúnas neamhspleách i bhfeidhm trí dhúshlán an lucht Feidhmeannais a thabhairt ar bhealach tairbheach agus trí chuidiú le cuspóirí straitéise RTÉ a thabhairt chun cinn.

Tá éagsúlacht ag baint le cúlra, scileanna agus taithí chomhaltaí an Bhoird maidir le raon leathan réimsí gnó a bhaineann le hábhar maidir le maoirseacht a dhéanamh ar chraoltóir seirbhíse poiblí. Leagtar síos na critéir maidir le comhaltacht ar an mBord in Alt 82 den *Acht Craolacháin 2009*. Luaitear i measc na gcritéir nithe mar seo a leanas: gnóthaí meán cumarsáide, craoltóireacht seirbhíse poiblí, ábhar

craoltóireachta a léiriú, teicneolaíocht do mheáin dhigiteacha, gnó agus gnóthaí tráchtála, cúrsaí dlí agus gnóthaí rialúcháin agus nithe a bhaineann leis an nGaeilge a thabhairt chun cinn.

Déantar deighilt shoiléir ó thaobh freagrachtaí idir post Chathaoirleach an Bhoird, ar cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin atá ann, agus post an Phríomh-Stiúrthóra.

Glacann an Príomh-Stiúrthóir, i gcomhar leis an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, freagracht as cúrsaí oibriúcháin ó lá go lá in RTÉ. Áirítear ar fhreagracht an Chathaoirleach ceannasaíocht a dhéanamh ar an mBord, clár oibre an Bhoird a dheimhniú, éifeachtúlacht an Bhoird a chinntiú agus freastal do rannpháirtíocht iomlán a bheith ag gach comhalta den Bhoird.

Bíonn cruinnithe go minic ag Cathaoirleach an Bhoird agus an lucht bainistíochta feidhmiúcháin leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil chun cúrsaí maidir le feidhmiúcht oibriúcháin agus airgeadais RTÉ a phlé.

Thug Comhaltaí an Bhoird próiseas maidir le ceistiúchán féinmheastóireachta chun críche le gairid a bhí dírithe ar fheidhmiú an Bhoird a mheas.

Nósanna Imeachta an Bhoird

Cuirtear cáipéisí mionteagaisc faoi RTÉ agus cúrsaí oibriúcháin RTÉ ar fáil do gach comhalta den Bhoird ar a gceapadh. Tagann an Bord le chéile de réir sceideal cruinnithe rialta agus bíonn cruinnithe ann tráthanna eile freisin de réir mar a mheastar gá leis sin. Bíonn teacht iomlán go tráthúil ag gach comhalta den Bhoird ar an eolas a theastaíonn chun cur ar a gcumas a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Seoltar páipéir iomlána an Bhoird chuig gach comhalta den Bhoird in am tráth roimh chruinnithe an Bhoird agus bíonn aon pháipéar nó eolas sa bhreis air sin ar fáil go héasca ag gach comhalta Bhoird ar a iarraidh.

Bíonn san áireamh le páipéir an Bhoird a sheoltar chuig comhaltaí an Bhoird roimh gach cruinniú Bhoird miontuairiscí gach cruinniú coiste a tionóladh ón gcruinniú Bhoird roimhe sin nó, sa chás nach mbíonn miontuairiscí ar fáil an tráth a ndéantar na páipéir a dháileadh, tugtar cuntas ó bhéal ag cruinniú an Bhoird.

Bíonn teacht ag comhaltaí an Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí ó Rúnaí Ghrúpa RTÉ atá freagrach as cinntiú go ndéantar de réir nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla RTÉ ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis an mBord de réir mar is gá. Is féidir le comhalta aonair den Bhoird comhairle lucht gairme a fháil agus dul faoi oiliúint ghairmiúil, más gá, ar chostas RTÉ. Tá polasaí árachais i bhfeidhm ag an mBord trína slánaítear comhaltaí an Bhoird sa chás go dtabharfaí imeachtaí dlí ina n-aghaidh le linn a gcuid dualgas mar chomhaltaí den Bhoird.

Tá sceideal foirmeálta leagtha síos maidir le cineálacha ábhair a choimeádtar don Bhoird amháin maidir lena meas agus cinneadh a dhéanamh ina leith. Tagann réimsí buntábhachtacha de ghnó RTÉ faoi scáth an sceidil sin:

- Pleananna straitéise, an buiséad bliantúil agus na ráitis airgeadais bhliantúla a aontú;
- Bearta móra infheistíochtaí agus tionscadail mhóra chaipitil a aontú;
- Sócmhainní suntasacha a éadail, a dhiúscairt nó a lígean i léig;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfeidhmiúcht ó thaobh cúrsaí oibriúcháin agus cúrsaí airgeadais;

- An polasaí cistíochta agus polasaithe maidir le bainistíocht i leith riosca;
- Leibhéil údaráis tharmilgthe, conarthaí móra a aontú san áireamh; agus
- Athbhreithniú ar an gcóras rialála inmheánach.

Déantar ábhair áirithe eile a tharmilgean le coistí de chuid an Bhoird, mar a leagtar amach thíos.

Bíonn Cathaoirleach gach coiste ar fáil chun tuairisc a thabhairt agus ceisteanna a fhreagairt faoi imeachtaí an choiste ag na cruinnithe Bhoird, de réir mar is gá.

Coistí an Bhoird

Tá cúig cinn d'fhochoistí buana ar bun ag an mBord an 31 Nollaig 2017 chun cuidiú leis an bhfeidhmiúchán i leith na bhfreagrachtaí. Is iad sin an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, Coiste na gClár, an Coiste maidir le Cóirtrádáil agus an Coiste Teicneolaíochta agus Nuála agus an Coiste Tráchtála agus Teicneolaíochta.

Leagtar amach ar leathanach 97 na comhaltaí atá ar gach coiste agus sonraí faoin bhfreastal a rinneadh ar na cruinnithe a tionóladh i rith na bliana 2017. Feidhmíonn Rúnaí Ghrúpa RTÉ ina Rúnaí ar gach Coiste.

D'fhéadfaí coistí sealadacha a bhunú ó am go chéile chun déileáil le hábhair faoi leith de réir téarmaí tagartha sainiúla. Chuir an Bord Coiste Straitéise sealadach ar bun i rith na bliana 2017 chun maoirseacht a dhéanamh i ndáil le straitéisí RTÉ don tréimhse 2018-2022 a thabhairt chun cinn. Tugtar sonraí breise faoin gcoiste sin thíos.

An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá ceathrar de chomhaltaí an Bhoird ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca, agus comhaltaí iad ar fad a mheastar a bheith ina gcomhaltaí neamhspleácha. Is iad Shane Naughton agus Eoin McVey na comhaltaí ar an gcoiste a bhfuil taithí le gairid acu ar ghnóthaí airgeadais. Tá téarmaí tagartha an choiste ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ.

Freastalaíonn an Príomhoifigeach Airgeadais agus an Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh ar chruinnithe an choiste, agus freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha de réir mar is gá. Foráiltear faoi théarmaí tagartha an choiste gur féidir cuireadh a thabhairt do chomhaltaí eile den Bhoird, d'fheidhmeannaigh agus do dhaoine eile freastal ar chruinniú iomlán nó ar chuid de chruinniú ar bith. Bíonn teacht go hiomlán, go díreach agus go neamhsrionta tráth ar bith ag an gCeannasaí Iniúchta Inmheánaigh agus ag na hiniúchóirí seachtracha araon ar Chathaoirleach an choiste. Anuas ar an méid sin, bíonn plé ar a laghad uair sa bhliain ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca le hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, gan daoine den lucht bainistíochta feidhmiúcháin i láthair, d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon ábhar buartha gan socrú.

Rinne an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar na nithe seo a leanas i rith na bliana 2017:

- Tuairiscí gach ráithe maidir le hábhar baoil agus athruithe i rith na bliana a mheas maidir leis na príomhréimsí baoil agus a bhféadfadh a bheith i gceist leo ó thaobh ghnó na corparáide;
- Tuairisc mhion ón Urra Feidhmiúcháin maidir le roinnt de na príomhréimsí baoil do ghnó na corparáide;
- An Plean don Iniúchadh Inmheánach 2017;

Rialachas Corparáide

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 (ar lean)

- Tuairiscí maidir le hIníúchadh Inmheánach agus an dul chun cinn maidir le bearta a shonraítear sna tuairiscí a chur i bhfeidhm. Cuireann an Ceannasaí Iníúchta Inmheánach tuairiscí i láthair ag gach cruinniú den Choiste Iníúchta agus Riosca, ina dtugtar cuntas achomair ar obair a rinneadh ó bhí an cruinniú deireanach ann agus ar thorthaí na hoibre sin, chomh maith leis na réimsí a lua a mbeifear ag díriú orthu don chéad tréimhse eile;
- An plean don iníúchadh seachtrach, scóip na hiniúcháireachta, de réir mar a leagtar amach sa Litir Fostaíochta, agus éifeachtúlacht phróiseas na hiniúcháireachta;
- Ráitis airgeadais bhliantúla an ghrúpa, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta é. Bhí athbhreithniú an choiste dírithe go háirithe ar pholasaithe cuntasaiochta, ar réimsí a dteastaíonn breithiúnas ina leith, a shoiléire agus a bhí nochtadh á dhéanamh agus cúrsaí comhlíonta maidir leis na caighdeáin cuntasaiochta agus dlí is infheidhme;
- Tuairisc ón iníúcháir seachtrach tar éis iníúcháireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus plé ar na ceisteanna a d'eascair uaidh sin;
- Cúrsaí comhlíonta maidir le Rialachas Corparáide, comhlíonadh an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* san áireamh;
- Tuarascáil bhliantúil Léiriúchán Neamhspleách, sular cuireadh faoi bhráid an Bhoird go foirmeálta í;
- Éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus tuairisc ar na torthaí a thabhairt don Bhoird;
- Buiséad bliantúil Ghrúpa RTÉ, sula gcuirtear ar aghaidh go foirmiúil chuig an Bord é.
- Tuairiscí rialta faoi fheidhmíocht an Ghrúpa ó thaobh cúrsaí airgeadais, gnóthaí pinsean san áireamh chomh maith leis an mbainistíocht riosca maidir le hathruithe ar rátaí malairte eachtraí;
- Socruithe agus saoráidí baincseirbhíochta RTÉ;
- Straitéis nua RTÉ maidir leis an tréimhse 2018-2022 agus ceisteanna maidir le hathstruchtúrú na heagraíochta;
- Pleananna maidir le féinmheastóireacht an choiste (a tugadh chun críche ar bhonn foirmeálta i dtús na bliana 2018); agus
- Téarmaí tagartha leasaithe don choiste.

Cuireadh teagasc ar fáil don Choiste Iníúchta agus Riosca i rith na bliana 2017 faoi chora nua i réimsí éagsúla maidir le rialachas corparáide, bainistíú riosca agus caighdeáin cuntasaiochta.

Tá bearta cúraim curtha i bhfeidhm ag an gCoiste Iníúchta agus Riosca lena chinntiú nach gcuirtear isteach ar neamhspleáchas agus ar oibiachtúlacht fheidhm na hiniúcháireachta seachtraí. Déantar athbhreithniú go tráthrialta ar na bearta cúraim sin. Anuas air sin, tá deimhneithe ag na hiniúcháirí seachtracha, KPMG, leis an gCoiste Iníúchta agus Riosca go leanann siadsan de nósanna imeachta a chur i bhfeidhm ionas nach bhféadfadh tarlú go gcuirfí isteach ar a gcuid neamhspleáchais ná ar a gcuid oibiachtúlachta.

Déanann an Coiste Iníúchta agus Riosca an leibhéal seirbhíse neamh-iníúchta a chuireann iníúcháirí seachtracha ar fáil agus na táillí a ghabhann leo a bhreithniú gach bliain i gcomhthéacs neamhspleáchas na n-iníúcháirí neamhspleácha mar chuid d'athbhreithniú an choiste ar leordhóthanacht agus ar oibiachtúlacht phróiseas na hiniúcháireachta seachtraí. Leagtar amach mionsonraí maidir le cineál na seirbhíse a fuarthas ó KPMG i rith na bliana nár bhain le hiniúcháireacht, agus maidir leis na táillí a bhaineann leo sin, i nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

Coiste na gClár

Tá ceathrar de chomhaltaí an Bhoird ar Choiste na gClár, agus meastar

triúr acu a bheith ina gcomhaltaí neamhspleácha. Breithníonn an coiste seo bearta forbartha agus pleananna mórthábhachtacha maidir le cláir agus sceidil ag Teilifís RTÉ agus Raidió RTÉ. Ag gach ceann de na cruinnithe, buaileann an coiste leis na feidhmeannaigh atá freagrach as an ábhar a léirítear agus a chuirtear ar fáil agus leis an lucht bainistíochta sinsearach agus le lucht déanta cláir go himmheánach agus go seachtrach (léiritheoirí neamhspleácha) chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar cláir atá á chur ar fáil agus ar na straitéisí agus na pleananna atá á leagan amach.

Maidir le riosca eagarthóireachta, tugann Coiste na gClár agus an Coiste Iníúchta agus Riosca a gcuid clár oibre le chéile ionas go gcoinntítear maoirseacht agus bainistíocht éifeachtúil maidir le baol ó chúrsaí eagarthóireachta. Tugann an Bord riosca eagarthóireachta i gceist i gcomhthéacs riosca go ginearálta, mar a mhínítear níos mine maidir le rialáil inmheánach agus bainistíú riosca thíos.

An Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Ceathrar de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta, agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha iad ar fad. Tá téarmaí tagartha an choiste ar fáil ar láithreán gréasáin RTÉ.

Áirítear na bearta seo a leanas a bheith ag baint le ról agus freagracht an choiste:

- Ceapachán, spriocanna, feidhmíocht agus luach saothair an Phríomh-Stiúrthóra a mheas agus moltaí a dhéanamh leis an mBord sula n-iarrtar aontú an Rialtais. Déantar an t-athbhreithniú sin i gcomhthéacs pholasaí ábhartha an Rialtais. (Déanann téarmaí tagartha an choiste foráil freisin do ról an Leas-Phríomh-Stiúrthóra, nó aon duine arna cheapadh go sealadach chuig ról an Phríomh-Stiúrthóra de réir Alt 89 (8) den *Acht Craolacháin 2009*);
- Comhairliúchán a dhéanamh leis an bPríomh-Stiúrthóir maidir le pacáiste luach saothair don lucht bainistíochta feidhmiúcháin, le haird ar pholasaí an Rialtais maidir le luach saothair an lucht bainistíochta sinsearaí i gcomhlachtaí Stáit tráchtála.
- Comhairliúchán a dhéanamh leis an bPríomh-Stiúrthóir maidir leis na conarthaí do chonraitheoirí 'sárchumais'; agus
- Breithniú a dhéanamh ar luach saothair aon chomhaltaí Boird d'fhochuideachtaí RTÉ nár cheap an Rialtas.

Bíonn cúnamh ag an gcoiste, de réir mar a bhíonn gá leis sin, ó dhuine a ainmníonn an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Is de réir pholasaí an Rialtais a shocraítear luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus, dá bhrí sin, ní ábhar sin a thagann faoi scáth bhreithniú an choiste seo go sonrach.

An Coiste maidir le Cóirthrádáil

Tá an Coiste maidir le Cóirthrádáil freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar Pholasaí Cóirthrádála RTÉ. Faoin 31 Nollaig 2017, beirt de chomhaltaí an Bhoird a bhí ar an gCoiste. Go dtí gur tháinig deireadh i mí na Samhna 2017 le téarma Boird iarchomhalta den choiste, bhíodh triúr comhaltaí Boird ar an gcoiste. Meastar comhaltaí uile an choiste a bheith ina gcomhaltaí neamhspleácha. Seo a leanas feidhmeanna an choiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí ón Oifigeach Cóirthrádála;
- Maoirseacht a dhéanamh, agus athbhreithniú nuair is gá, ar na gnáis agus ar an nós oibre inmheánach, an nós oibre maidir le gearáin san áireamh; agus
- Athbhreithniú a choimisiúnú ó am go chéile ar ghnáis cóirthrádála RTÉ.

Tá Polasaí Cóirthrádála, chomh maith le Nós Imeachta maidir le Gearáin faoi chúrsaí Cóirthrádála, ag RTÉ agus cuirtear an dá cháipéis sin ar fáil ar shuíomh gréasáin RTÉ.ie. Bhí an Coiste maidir le

Cóirthrádáil freagrach as maoirseacht a dhéanamh i leith an pholasaí sin i rith na bliana. I gcomhréir leis an bpolasaí sin, d'aontaigh an coiste tuarascáil maidir leis an bPolasaí Cóirthrádála agus a chur i bhfeidhm agus tá sin ar leathanach 182.

An Coiste Tráchtála agus Teicneolaíochta

Triúr de chomhaltaí an Bhoird atá ar an gCoiste Tráchtála agus Teicneolaíochta agus meastar gur comhaltaí neamhspleácha beirthe acu. Seo a leanas feidhmeanna an Choiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na rannóige Tráchtála, bonn treise a chur faoin bhfeidhmíocht sin agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird ag díriú go háirithe ar shruthanna ioncain agus ar ardáin reatha agus nua (neamhthraidisiúnta); agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPhríomhoifigeach Teicneolaíochta, agus tacú leis féin agus lena fhoireann, bonn treise a chur faoin bhfeidhmíocht sin agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird ag díriú go háirithe ar an úsáid reatha as an teicneolaíocht agus cineálacha nua teicneolaíochta a d'fhéadfadh a theacht chun cinn.

An Coiste Straitéise


Chuir Bord RTÉ Coiste Straitéise ar bun ar bhonn sealadach i mí Aibreáin 2017 ar a raibh ceathrar comhaltaí de chuid an Bhoird. Comhaltaí iad ar fad a mheastar a bheith ina gcomhaltaí neamhspleácha. Is é cuspóir a bhí leis an gcoiste maoirseacht a dhéanamh i ndáil le straitéis nua RTÉ i leith na mblianta 2018-2022 a fhorbairt. Bhí caidreamh forleathan ag an gcoiste le Feidhmeannas RTÉ agus le comhaltaí eile de chuid an Bhoird le linn phróiseas forbartha na straitéise. Tugadh obair an choiste chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2017 nuair a chuir RTÉ an straitéis nua faoi bhráid Údarás Craolacháin na hÉireann.

Neamhspleáchas Chomhaltaí an Bhoird

Bíonn breithiúnas, ceistiú agus díograis neamhspleách á gcur i bhfeidhm ag gach comhalta Boird maidir leis an ábhar a phléann an Bord. Tá meastóireacht déanta ag an mBord ar neamhspleáchas na gcomhaltaí de réir na gcritéar neamhspleáchais a leagtar amach faoi Chód Rialachas Corparáide an Ríochta Aontaithe, an Cód maidir le Rialachas Corparáide atá i bhfeidhm maidir le cuideachtaí atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann.

Iléagsúlacht an Bhoird maidir le cúrsaí neamhspleáchais

Comhaltaí Boird nach bhfuil
Neamhspleách 18%



Comhaltaí Boird
Neamhspleácha 82%

Le haird ar ionracas, dianseasmhacht agus oibiachtúlacht chomhaltaí an Bhoird, meastar go bhfuil gach comhalta den Bhord neamhspleách faoi na critéir sin. Ina ainneoin sin, is fostaithe de chuid RTÉ iad Dee Forbes agus Aengus Mac Grianna agus ní féidir dá bhrí sin, agus ar an

gcúis sin amháin, iad a mheas mar chomhaltaí neamhspleácha den Bhord ar an 31 Nollaig 2017 de réir chritéir Chód Rialachas Corparáide an Ríochta Aontaithe.

Mar a luaitear níos mionsonraithe i nóta 26 (Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara), tharla idirbhearta gnó idir RTÉ agus comhaltaí áirithe den Bhord, nó daoine gar gaoil leo, le linn gnáthchúrsaí gnó i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2017. Ainneoin idirbhearta mar sin, tá deimhnithe ag an mBord go bhfuil na comhaltaí Boird sin neamhspleách ina dtréithe agus ina mbreithiúnas. Agus an Bord ag teacht ar an gcomhairle sin, rinneadh an t-ábhar seo a leanas a mheas:

Bhí cás amháin lenar bhain cláir a bheith á gcoimisiúnú ag RTÉ ó chuideachta léiriúcháin atá faoi úinéireacht / rialú chomhalta den Bhord. Chuir an Bord san áireamh sna cásanna sin gurb ann do Threoirlínte agus Nósanna Imeachta foirmeálta den fhollasacht maidir le Coimisiúnú, go bhfoilsítear iad ar láithreán gréasáin RTÉ agus go gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad maidir leis na coimisiúin uile. Anuas air sin, is ar an lucht bainistíochta feidhmiúcháin atá an fhreagracht maidir le gach cinneadh ar leith maidir le coimisiún, déantar a mheas de réir chritéir mheasúnaithe shoiléire agus is de réir ghnáth-thearmaí agus ghnáthchoinníollacha tráchtála i ngach cás a thugtar conarthaí i ngach cás. Ní ábhar an cinneadh maidir le coimisiún aon chlár faoi leith le tabhairt faoi mheas agus faoi bhreithniú an Bhoird. D'fhonn an fhollasacht a léiriú, déantar iniúchadh neamhspleách ar nósanna imeachta coimisiúnaithe áirithe freisin gach bliain agus cuirtear tuarascáil bhliantúil faoi Léiriúchán Neamhspleách faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil de réir Alt 116 (9) d'Acht Craolacháin 2009.

Bhreithnigh an Bord freisin ceist maidir le comhalta den Bhord, nó duine gar gaoil leo, a bheith á fhostú ag RTÉ faoi chonradh ealaíontóra maidir le páirt a ghlacadh i gclár. Daoine den lucht eagarthóireachta agus bainistíochta líne a shocraíonn ar rannpháirtí nó láithreoir a fhostú do chlár, agus an aird chuí ar riachtanais an chlár agus ar scileanna agus taithí an duine atá á fhostú. Thug an Bord ar aird freisin gur ar na gnáth-thearmaí tráchtála a gceanglaítear conarthaí agus iad ag teacht le polasaí RTÉ maidir le daoine a fhostú. Níor tharla fhostú ar bith a bhainfeadh le hábhar i rith na bliana 2017.

Rialáil Inmheánach agus an Bhainistíocht maidir le Riosca

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le córais an Ghrúpa don rialáil inmheánach agus le hathbhreithniú ar a éifeachtúlacht agus atá siad. Is chun bainistíochta a dhéanamh maidir le riosca nach mbainfí amach cuspóir gnó seachas chun an baol sin a chur ar neamhní ar fad atá na córais sin leagtha amach agus is dearbhú réasúnta a thugtar leo nach dtarlóidh míráiteas ábhartha nó caillteanas agus ní dearbhú absalóideach.

Deimhníonn an Bord go raibh próiseas leanúnach ar bun ar feadh na bliana agus go dtí dáta cheadú na ráiteas airgeadais chun rioscaí suntasacha a bhainfeadh le RTÉ a shonrú, a mheas agus a bhainistiú. Tá an próiseas seo ag teacht leis an *Treoir faoi Bhainistíocht Riosca, faoi Rialáil Inmheánach agus faoi Thuairiscíocht ar Chúrsaí Airgeadais agus Gnó a Ghabhann leis sin* (treoir leasaithe Turnbull) arna eisiúint ag an gComhairle maidir le Tuairiscíocht faoi Chúrsaí Airgeadais, agus déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca maoirseacht ina leith.

Glacann an Coiste Iniúchta agus Riosca leis gur cuid lárnach de chlár oibre an choiste an bhainistíocht i ndáil le riosca agus táthar díograiseach maidir le bainistíocht fhóna a dhéanamh ar an mbaol a

Rialachas Corparáide

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 (ar lean)

mbeadh RTÉ ann agus maolú oiread agus is féidir ar an gcur isteach a bheadh aige ar na cuspóirí gnó a bhaint amach.

An Creatchóras Bainistíochta maidir le Cúrsaí Riosca

Tá creatchóras bainistíochta maidir le cúrsaí riosca ar bun ag RTÉ atá bunaithe ar struchtúir; freagracht i ndáil le réimsí baoil a leagan ar dhaoine; próisis agus córais trína dtugtar ábhar baoil chun suntais, trína ndéantar a mheas agus trína dtugtar tuairisc air; agus monatóireacht ar éifeachtúlacht na mbearta maolúcháin. Déanann an Stiúrthóir, Gnóthaí Corparáide, maoirseacht ar an gcreatchóras bainistíochta maidir le cúrsaí riosca.

Bhí próiseas bainistíochta maidir le cúrsaí riosca i bhfeidhm ag RTÉ i rith na bliana atá leagtha amach chun na réimsí riosca mórhábhachtacha a mbeadh an gnóthas ina mbaol a thabhairt chun suntais agus tuairisc a thabhairt don Bhord agus don Choiste Iniúchta agus Riosca ar na bealaí ina bhfuil bainistíocht á déanamh maidir leis na rioscaí. Dírionn an Bord go háirithe ar na cineálacha riosca a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do straitéis RTÉ nó rioscaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'innmharthanacht fhadtéarmaigh nó do dhea-chlú RTÉ. Mar a mhínítear níos mine thíos, tá dhá chéim i gceist leis an bpróiseas bainistíochta maidir le cúrsaí riosca – meastóireacht straitéiseach ar an ábhar baoil a dhéanann Feidhmeannas RTÉ agus beart measúnachta áitiúil ar an mbaol a dhéanann an lucht bainistíochta líne sna rannóga.

Déanann lucht Feidhmeannas RTÉ an t-ábhar baoil a thabhairt chun suntais a thiofadh roimh straitéis RTÉ a thabhairt i gcrích. Luaitear Urra Feidhmiúcháin agus Úinéir Riosca le gach réimse a mheastar a bheith ina bhaol mórhábhachtacha agus coinnítear iad sin faoi athbhreithniú agus faoi mhonatóireacht leanúnach i rith na bliana. Coinníonn an tÚinéir Riosca súil ar na nithe ba chionsiocard leis an riosca agus coinnítear tuairisc ar na bearta rialála a dhéantar chun an baol a mhaolú. Déantar chomh maith táscairí baoil a shonrú a chuideodh leis an monatóireacht ar athrú maidir lena mhíne a

bheadh an baol ann. Tugtar cuntas comhdhlúth ar an mbeartaíocht sin i gcáipéis maidir le rioscaí straitéiseacha. Tá feidhm maidir le riosca a dhéanann maoirseacht agus athbhreithniú ar an obair seo anois agus ceangal cothaithe idir sin agus an próiseas pleanála straitéiseach faoi réimsí níos leithne ná sin ar fad. Cuirtear an cháipéis maidir le rioscaí straitéiseacha faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca agus faoi bhráid an Bhoird mar chuid den athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras don rialáil inmheánach. Tugtar tuairisc reatha gach ráithe i rith na bliana freisin don Choiste Iniúchta agus Riosca faoi stádas na rioscaí éagsúla, faoi athruithe maidir le táscairí baoil agus faoi bhearta maolúcháin.

Ag teacht leis an bpróiseas straitéiseach a leagtar amach thuas i ndáil le réimsí baoil a mheas, déanann na rannóga gnó ceisteanna maidir le hábhar baoil a mheas chomh maith agus tá clár dá gcuid féin acu ar a sonraítear na príomhréimsí baoil, ar a meastar an dóigh go dtarlódh nó nach dtarlódh na príomhtheagmhais a mbeifí ina mbaol agus an tionchar is dócha a bheadh ag na teagmhais dá dtitfidís amach. Déantar tuairisc ar na bearta bainistíochta a dhéantar ionas nach mbíonn an baol níos measa ná mar atá inghlactha a bhreacadh ar an gólár.

Na Príomhréimsí Baoil agus Éiginteachta

Mar chuid den phróiseas a mhínítear thuas maidir le hábhar baoil a shonrú, tá na príomhréimsí baoil leagtha amach a d'fhéadfadh bheith ina gcur isteach dochrach ar ghnó, ar riocht airgeadais, nó ar thorthaí an Ghrúpa. Tugtar cuntas achoimre thíos ar na réimsí baoil sin agus ar na bearta maolúcháin ina leith. Níl i gceist gur anailís uilechuimsitheach seo ar gach ábhar baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn an gnó a sheoladh. Déantar na príomhréimsí baoil a mheas ar bhonn leanúnach agus cuireann an lucht bainistíochta tuairisc ar athruithe suntasacha maidir leis an ábhar baoil a thugtar chun suntais, nó ar an tábhacht a bheadh leis an mbaol sin, faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Riosca.

Cuntas ar an Ábhar Baoil

Comhlíonadh

Cúrsaí Eagarthóireachta

D'fhéadfadh damáiste do chlú RTÉ sa chás go dtarlódh teip thromchúiseach cloí leis na caighdeáin eagarthóireachta nó le coinníollacha eile maidir le cothroime, neamhchlaonadh agus príobháideacht cur isteach ar leibhéal muiníne an lucht féachana agus éisteachta, dochar a dhéanamh don bhranda agus a bheith ina chúis le himeachtaí dlí.

Clú & Comhlíonadh

Damáiste do chlú RTÉ mar gheall ar neamhchomhlíonadh réimse leathan ceanglas faoin dlí agus faoi rialacháin, e.g. GDPR; iompar neamheitiúil, teip oibriúcháin nó teip bainistíochta de réir mar a mheastar, bainistíocht ar chás géarchéime san áireamh.

Bearta Maolúcháin

- Trí cinn de cháipéisí treoirlínte a ghabhann le chéile: Treoirlínte Iriseoireachta RTÉ, Treoirlínte Caighdeán Ábhar Clár RTÉ agus Treoirlínte Meáin Shóisialta RTÉ
- Slabhra bainistíochta sainsonraithe agus struchtúir eile eagarthóireachta
- Oiliúint ar an lucht foirne
- Comhairle dlíodóra de réir mar a bhíonn gá leis
- Próiseas gearáin faoin reachtaíocht

- Treoirlínte agus polasaithe leasaithe
- Cumarsáid rialta agus oiliúint ar an lucht foirne
- Córas sainsonraithe maidir le rialachas corparáide agus rialáil oibriúcháin
- Próiseas chun cásanna a chur faoi bhráid dhaoine níos sinsearaí sa chóras agus pleanáil maidir le bainistíocht ar chásanna géarchéime
- Coistí ceadaithe corparáide maidir le beartaíocht tráchtála
- Straitéis éifeachtúil maidir le caidreamh leis an lucht éisteachta agus féachana
- Slabhra bainistíochta sainsonraithe maidir le cúrsaí dlí

Cuntas ar an Ábhar Baoil

Cúrsaí Airgeadais

Acmhainní Airgid

Ábhar baoil a bhaineann le leithroinnt bainistíocht straitéiseach ar acmhainní airgid ionas go ndéantar an infheistíocht is fearr a d'fhéadfaí in ábhar dúchasach/seirbhísí nua feabhsaithe agus caipiteal (sa ghnó); smacht agus íslíú ar an gcostas oibriúcháin agus luach ar an airgead a thabhairt i gcrích ar fud na seirbhísí go léir.

Tagann i gceist leis seo freisin an bhainistíocht leanúnach ar chúlchistí airgid thirim agus ar chistíocht bainc ionas go mbíonn ciste leordhóthanach ar fáil maidir leis an airgead tirim a theastaíonn do chúrsaí leanúnacha oibriúcháin, agus chun infheistíocht a dhéanamh sa ghnó chomh maith.

Ioncam Tráchtála

Teip cur leis an ioncam tráchtála agus bearta nua a dhéanamh i ndáil le hathrú ar thionscal na fógraíochta.

Bearta Maolúcháin

- Próiseas buiséadaíochta ar bun maidir leis an mbuiséad bliantúil. Cuntais bainistíochta agus meastacháin ar bhonn míosúil, lena ngabhann an mhonatóireacht ar an teacht isteach agus ar an gcaiteachas i gcomórtas leis an mbuiséad
- Próiseas buiséadaíochta caipitil agus Coiste Caipitil ar leith
- Réimse feidhme maidir le cistíocht agus bainistíocht ar airgead tirim a oibríonn de réir pholasaí cistíochta aontaithe
- Meastacháin airgid meántéarmacha ilbhlianta

- Cuntas agus tuairiscíocht maidir leis an lucht féachana agus éisteachta
- Monatóireacht maidir le gnóthachtáil ioncain agus tuar leanúnach ar an teacht isteach atá i ndán gach ráithe: Déanann Feidhmeannas RTÉ monatóireacht gach coicís ar thuairiscí ioncain, lena ngabhann tráchttaireacht ar chúrsaí an mhargaidh agus na heacnamaíochta
- Tionscnaimh agus bearta tráthúla oiriúnacha i ndáil le cúrsaí díolacháin ilmheáin chun dul i ngleic leis an íslíú ioncain.
- Polasaí agus Nós Imeachta Cóirtrádála RTÉ a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt feidhme idir beartaíocht thrádála agus beartaíocht seirbhíse poiblí

Réimsí Straitéiseacha

Maoiniú Poiblí

Leibhéil neamhdhóthanacha maidir le cistíocht phoiblí agus easpa athchóiriúcháin ar chúrsaí maoinithe sa chaoi is go gcuirtear teorainn le hacmhainn RTÉ na haidhmeanna seirbhíse poiblí a leagtar síos faoin reachtaíocht a chomhlíonadh.

- Cruinnithe agus cur i láthair le lucht na goinntí
- Comhairle eacnamaíochta agus dlí a fháil, nó tuarascálacha / anailís tagarmharcála a choimisiúnú, de réir mar is gá
- Monatóireacht a dhéanamh ar na spriocanna maidir le táillí ceadúnais a bhailiú, ar na staitisticí maidir le teaghlaigh agus ar na rátaí seachanta
- Comhoibriú leanúnach le An Post agus le DCCAÉ maidir le bailiú an táille ceadúnais agus gnóthaí gaolmhara

Athrú Eagrúcháin a thabhairt i gcrích

An baol nach n-éireoidh le RTÉ bainistíocht éifeachtúil a dhéanamh ar an athchóiriú bunúsach ar an eagraíocht chun an modh oibriúcháin nua 'Aon RTÉ Amháin' agus bonn costais iomchuí a thabhairt i gcrích.

- An straitéis cúig bhliana – sé cinn de phríomhthionscnaimh – a thabhairt i gcrích
- Athruithe maidir le nósanna oibre chun obair i meithle, solúbthacht, soghluaisteacht agus éifeachtacht a chur chun cinn
- Athbhreithniú agus leasú maidir leis an struchtúr eagrúcháin ar bhonn leanúnach

Cúrsaí Dáileacháin

D'fhéadfadh teip deis a thabhairt ábhar a thapú ar ardáin faoi leith nó infheistíocht a dhéanamh maidir leis na pátrúin a thiofadh chun cinn i gcúrsaí teicneolaíochta maidir le hábhar a thapú, ceangal RTÉ leis an lucht éisteachta agus féachana, agus na spriocanna a leagtar síos ina leith, a chur i mbaol.

- Monatóireacht agus anailís leanúnach ar chora nua sa teicneolaíocht agus ar nósmaireacht an lucht féachana agus éisteachta ar an margadh
- Straitéis ar bun maidir le cúrsaí dáiliúcháin agus cearta ábhair
- Cruinnithe agus cur i láthair le lucht na goinntí

Leasú ar an Reachtaíocht/Athrú ar Rialacháin

Athrú ar bith ar rialacháin nó ar dhlí na hÉireann nó an AE a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar chúrsaí oibriúcháin RTÉ, lena n-áirítear inter alia reachtaíocht an chraolacháin, caighdeáin fógraíochta, an táille ceadúnais, cosaint sonraí, cóid cleachtais maidir le gnóthaí airgeadais.

- Cruinnithe agus cur i láthair le lucht na goinntí
- Aighneachtaí a chur faoi bhráid chomhlachtaí a bhaineann le hábhar ina leagtar amach cás RTÉ i ndáil leis an toradh a bheadh ar athrú ar an reachtaíocht nó ar rialacháin
- Aighneachtaí a chur faoi bhráid phróisís comhairliúcháin
- Comhoibriú le heagraíochtaí eile meán cumarsáide agus beartaíocht a dhéanamh i gcomhar leo
- Comhairle eacnamaíochta agus dlí a fháil, nó tuarascálacha / anailís tagarmharcála a choimisiúnú, de réir mar is gá

Rialachas Corparáide

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 (ar lean)

Cuntas ar an Ábhar Baoil

Cúrsaí Oibriúcháin

Cúrsaí Ábhair

Teip ábhar atá sách tábhachtach agus sách spéisiúil a shonrú agus a thabhairt chun cinn, go háirithe ag daoine óga agus ag dreamanna den lucht féachana agus éisteachta ar lú an freastal a dhéantar orthu – an gá atá le dul i bhfiontar ó thaobh cúrsaí cruthaitheachta.

Daoine/Scileanna

An baol go dtarlódh easnamh, ó thaobh plean straitéise RTÉ a thabhairt i gcrích, maidir le taithí agus scileanna ar fud na ndisciplíní.

Tagann i gceist leis sin an baol nach bhféadfaí baill foirne a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt, go háirithe maidir le rólanna sainspeisialta; agus easpa iléagsúlachta.

Teicneolaíocht agus Briseadh sa Ghnó

Teip shuntasach maidir le gné chinníunach den teicneolaíocht nó den infreastruchtúr a chuirfeadh isteach ar leanúnachas an ghnó agus ar an sruth craolacháin.

Bearta Maolúcháin

- Cuntas agus tuairiscíocht maidir leis an lucht féachana agus éisteachta
- Díriú ar mhol digiteach a fhorbairt
- Deiseanna comhchistíochta agus foinsí eile airgid a scrúdú a chuireann le hinfeistíocht RTÉ agus a thugann tionchar níos mó i gcrích as infheistíocht níos ísle
- Earnáil láidir léiritheoirí neamhspleácha

- Pleanáil straitéise cúig bhliana lena n-áirítear straitéis slánchóirithe acmhainní daonna
- Plean gníomhaíochta maidir le hiléagsúlacht d'fhonn iléagsúlacht foirne a chothú agus baill foirne a choinneáil
- Pleanáil comharbacht
- Straitéis foghlama agus forbartha ar leibhéal na heagraíochta
- Pleananna maidir le leanúnachas gnó
- Buanseasmhacht agus iomarcacht a bheith ina goid chóirithe de na próisis ghnó: Gnáis cóipeanna taca TE; seachfhreastalaithe; gné iomarcachta maidir leis an gcóras tarchuradóireachta náisiúnta don chraolachán; etc.
- Oiliúint

Rialáil Inmheánach

Tá creatchóras rialála inmheánach curtha ar bun ar bhonn docht d'fhonn rialú inmheánach den éifeacht a thabhairt i gcrích, lena mbaineann na gnéithe seo a leanas:

- Struchtúr eagrúcháin atá leagtha amach go soiléir, lena mbaineann saindealú foirmeálta maidir le teorainneacha údaráis agus córais tuairiscíochta le leibhéil bainistíochta níos airde agus leis an mBord;
- Ráiteas maidir le cinntí forchoimeáda don Bhorl lena mbreithniú agus le cinneadh a ghlacadh ina leith;
- Cóid iompair maidir leis an ngnó do chomhaltaí an Bhoird agus d'fhostaithe ina leagtar amach na caighdeáin eitice a bhfuil súil leo agus duine i mbun gnó;
- Nósanna imeachta atá leagtha síos chun riosca mórtábhachta a chuirfeadh isteach ar an ngnó a thabhairt chun aire, a smachtú agus a thuairisciú;
- Córais chuimsitheacha do bhuiséid le buiséid airgeadais bhliantúla á gceadú ag an mBord;
- Próiseas pleanála do gach rannóg agus pleananna straitéiseacha fadtéarmacha arna gceadú ag an mBord;
- Tuairiscíocht thráthúil de réir na míosa, leis na torthaí iarbhir á lua i gcomparáid leis an mbuiséad agus sin á bhreithniú ag an mBord gach mí;
- Polasaí maidir le Tuairiscíocht de Mheon Macánta (Sceithreach) trína gcuirtear córas ar fáil don lucht foirne lena féidir tuairisc a thabhairt faoi rún agus, más gá, gan ainm a lua, mar gheall ar ábhar buartha; agus
- Beartais agus nósanna imeachta cuimsitheacha a bhaineann le bearta rialála i gcúrsaí oibriúcháin agus airgeadais, lena n-áirítear gealltanais agus caiteachas caipitil. Bíonn ceadú an Bhoird riachtanach maidir le tionscadail mhóra caipitil.

Bhí ag baint leis an bpróiseas ar ghlac an Bord leis chun tabhairt faoi athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh:

- Breithniú a dhéanamh ar an údarás, ar na hacmhainní agus ar chomhordú na ndaoine a bhfuil baint acu le rioscaí suntasacha a mbeadh RTÉ ina mbaol a shonrú, a mheas agus a bhainistiú;
- Athbhreithniú agus meastóireacht ar thoradh an phróisis mheasúnaithe agus bhainistíochta maidir le riosca;
- Monatóireacht a dhéanamh ar thuarascálacha riosca ón lucht bainistíochta;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár oibre don iniúchadh inmheánach agus na príomhthorthaí a bhreithniú; agus
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil na n-iniúcháirí seachtracha, a dhéanann, mar chuid dá ngnáthnósanna imeachta, scrúdú ar ghnéithe de na córais don rialú inmheánach agus tuairisc a thabhairt don Choiste Iniúchta agus Riosca ar aon easnamh suntasach.

Gnóthas Leantach

Tar éis fiosrúcháin a dhéanamh, tá ionchas réasúnach ag comhaltaí an Bhoird go bhfuil acmhainní dóthanacha ag RTÉ chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó oibriúcháin chomh fada agus is intuartha. Mar gheall air sin, leanann siad de ghlacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Déanann Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú de réir córais ar na bearta rialála seo ag cur chuige ar bhonn riosca. Deimhníonn an Bord, tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca, go bhfuil athbhreithniú déanta aige ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais agus an dáta sin san áireamh.

Táillí Chomhaltaí An Bhoird¹

Cloíonn RTÉ le polasaí an Rialtais maidir le táillí a íoc le cathaoirligh agus stiúrthóirí chomhlachtaí Stáit, faoi mar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide.

	2017 €'000	2016 €'000
Comhaltaí an Bhoird an 31 Nollaig 2017		
Moya Doherty	31	31
Dee Forbes	-	-
Frank Hannigan	16	16
Deborah Kelleher	-	-
Aengus Mac Grianna ²	16	16
An Dr. P.J. Mathews	-	-
Eoin McVey	16	1
Shane Naughton	16	16
Anne O'Leary	16	16
Fionnuala Sheehan	16	16
Margaret E Ward	16	16

Íocaíochtaí le hIarchomhaltaí

Fergus Armstrong	14	16
Íocaíochtaí le hIarchomhaltaí eile ³	-	2
	157	146

1. Is comhaltaí neamhfheidhmiúcháin comhaltaí uile an Bhoird, seachas an Phríomh-Stiúrthóir, Dee Forbes, a dhéanann fónamh mar chomhalta ex officio
2. Chomh maith leis na táillí Boird, rinneadh Aengus Mac Grianna a íoc ina fhostaí de chuid RTÉ.
3. Baineann le hÍocaíochtaí le Pádraig Ó Céidigh. Tháinig deireadh lena thréimhse ina chomhalta ar an mBord ar an 3 Márta 2016.

Bhí an táille bhliantúil le comhaltaí an Bhoird maidir le fónamh mar chomhalta de Bhord RTÉ gan athrú ón mbliain 2016 go dtí an bhliain 2017. Tagann éagsúlacht i gceist maidir le leibhéal táillí mar gheall ar thráthanna ceapacháin, nó deireadh le téarma oifige, chomhaltaí an Bhoird.

Costais Chomhaltaí an Bhoird¹

Ag teacht leis an gCód *Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, ní mór an foilsiú seo a leanas a dhéanamh i ndáil le costais a íocadh le comhaltaí den Bhorrd:

	2017 €'000	2016 €'000
Taisteal – míleáiste	19	26
Liúntais Chothabhála	21	15
	40	41

1. Baineann costais chomhaltaí an Bhoird thuas leis an bhfónamh ar an mBord amháin agus ní thugtar san áireamh costais chomhaltaí ina gcóil mar fhostaithe de chuid RTÉ.

Luach Saothair an Phríomh-Stiúrthóra¹

Tá an luach saothair don Phríomh-Stiúrthóir ag cloí le polasaí an Rialtais faoi luach saothair phríomhoifigeach feidhmiúcháin na gcomhlachtaí Stáit tráchtála a shocrú, arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus arna cheadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. I gcomhlíonadh an cheanglais nochtaithe atá sa *Chód Cleachtais Chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus in Alt 305 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá luacht saothair an Phríomh-Stiúrthóra comhdhéanta de:

	Dee Forbes ¹ 2017 €'000	2016 €'000	Noel Curran 2017 €'000	2016 €'000
Luach Saothair:				
– Buntuarastal	250	137	-	150
– Liúntas Gluaisteáin	25	12	-	11
Luach Saothair Iomlán	275	149	-	161
Rannaíocaíochtaí Sochair Scoir ²	63	29	-	29
	338	178	-	190

1. Ghlac Dee Forbes post Phríomh-Stiúrthóir RTÉ an 11 Iúil 2016 agus tháinig in áit Noel Curran a d'fhág RTÉ le héifeacht ón 19 Meitheamh 2016.
2. An méid a d'íoc RTÉ le soéim pinsin ranníoca sainithe RTÉ.

Thabhaigh Dee Forbes costais dar suim iomlán €4,438 (2016: €49,652) i mbun dhualgais phost an Phríomh-Stiúrthóra a dhéanamh. (Thabhaigh Noel Curran costais dar suim iomlán €1,924 i mbun dualgais an phoist sa bhliain 2016 go dtí gur fhág sé RTÉ.)

Níor deonaíodh ná níor íocadh aon phá de réir feidhmíochta maidir leis an mbliain 2017 ná leis an mbliain 2016.

Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

Cuireann comhaltaí Bhord RTÉ an tuarascáil bhliantúil maille le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 i láthair.

Príomhbheartaíocht

Is é RTÉ an craoltóir seirbhíse poiblí in Éirinn agus cuirtear seirbhísí teilifíse agus raidió saor go haer ar fáil don lucht féachana agus éisteachta. Chomh maith leis sin foilsíonn an *RTÉ Guide*, oibrítear seirbhísí teilitéacs agus cuirtear raon leathan seirbhísí ar líne atá bunaithe ar an ngréasán ar fáil saor in aisce. Tríd an bhfochuideachta, RTÉ Transmission Network DAC, atá faoi lán-úinéireacht ag RTÉ agus atá ag trádáil mar 2rn, cuirtear córas tarchuradóireachta líonra analógach agus digiteach agus áiseanna crann craolta ar fáil do chraoltóirí agus d'úsáideoirí eile. Ina theannta sin, ritheann RTÉ Ceolfhoireann Siansa Náisiúnta RTÉ agus Ceolfhoireann Coirme RTÉ, mar aon le grúpaí oifide eile.

Athbhreithniú Ar An nGnó

Leagtar amach athbhreithniú mionsonraithe ar an bhfeidhmíocht i rith na bliana 2017 agus forbairtí don todhchaí san athbhreithniú ar chúrsaí Oibriúcháin ó leathanach 24 go dtí leathanach 93 agus san athbhreithniú ar chúrsaí Airgeadais ó leathanach 12 go dtí leathanach 20. Tugtar san áireamh leis na bearta athbhreithnithe sin na príomhréimsí riosca agus éiginnteachta os comhair an Ghrúpa agus déantar anailís ar na príomhtháscairí feidhmíochta, idir tháscairí a bhaineann le cúrsaí airgeadais agus táscairí eile. Déantar athbhreithniú ó leathanach 174 go dtí leathanach 181 ar fheidhmíocht RTÉ maidir le maith a dhéanamh de na gealltanais bhliantúla don lucht féachana agus éisteachta, arna leagan amach sa Ráiteas Bliantúil maidir le Gealltanais Feidhmíochta don bhliain 2017.

Torthaí na Bliana

Leagtar amach torthaí na bliana don Ghrúpa sa Ráiteas faoin Ioncam ar leathanach 112 agus sna nótaí a ghabhann leis an Ráiteas sin.

Comhaltaí An Bhoird

Leagtar amach ó leathanach 94 go dtí leathanach 96 ainmneacha na ndaoine a bhí ag fónamh ina gcomhaltaí ar an mBord ar an 31 Nollaig 2017.

Rialachas Corparáide

Leagtar amach socrúithe RTÉ maidir le cúrsaí rialachas corparáide sa tuarascáil bhliantúil mar seo a leanas:

- Rialachas corparáide leathanaigh 100 go dtí 107
- Próifílí Chomhaltaí an Bhoird leathanaigh 94 go dtí 96
- Ráiteas faoi fhreagrachtaí chomhaltaí an Bhoird leathanach 109

Comhlíontas na Stiúrtóirí

Tugtar isteach faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, a bhfuil feidhm leis maidir le fochuideachtaí RTÉ, coinníoll go ndéanfadh stiúrtóirí comhlíonadh na ndualgas ábhartha (faoi réir mar a shainmhíntear sin in Alt 225(1) an Achta) atá ar chuideachta a chinntiú sa chás go dtagann méid na cuideachta le critéir áirithe a leagtar síos san Acht.

Tá bearta curtha i bhfeidhm ag RTÉ ionas go gcinntítear, sa chás go bhfuil feidhm leis, go gcomhlíonann na fochuideachtaí gach a n-éilítear maidir le ráitis comhlíontais ó stiúrtóirí faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*.

Taifid Chuntasaíochta

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go ndéantar leabhair agus taifid chuntasaíochta a choimeád go cuí. Áirítear ar na bearta a dhéantar maidir leis sin córais agus nósanna imeachta iomchuí a úsáid, lucht cuntasaíochta a bhfuil cáilíochtaí gairmiúla agus an saineolas cuí acu a fhostú agus dóthain acmhainní a chur i leith fheidhm na gcúrsaí airgeadais. Is i nDomhnach Broc, Baile Átha Cliath 4 a choimeádtar leabhair cuntasaíochta an Ghrúpa.

Cuntais A Íoc

Admhaíonn comhaltaí an Bhoird an fhreagracht a leagtar orthu maidir le cinntiú go gcomhlíontar forálacha *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála)*, *Rialachán 2012* ('na Rialacháin') maidir le gach gné ábhartha. Tá nós imeachta curtha i bhfeidhm ionas go sonraítear gach dáta ar a mbíonn dlite sonrasc a íoc agus go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht faoin dáta faoi leith sin. Cuirtear ar fáil le nós imeachta den chineál sin dearbhú réasúnach nach dtarlódh neamhchomhlíonadh ábhartha maidir leis na Rialacháin. Ba é a bhí de pholasáí íocaíochta i rith na bliana faoi chaibidil ná coinníollacha na Rialachán a shásamh.

Guideachtaí an Ghrúpa

Tugtar eolas maidir le gnóthais fochuideachta agus gnóthais ghaolmhara i nóta 20 leis na ráitis airgeadais.

Ionstraimí airgeadais

Bheadh baol ann don Ghrúpa maidir le riosca airgeadais a bhainfeadh le riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca maidir le malairt eachtrach, rátaí úis agus cúrsaí oibriúcháin. Tá nósanna imeachta mionsonraithe ag an nGrúpa chun monatóireacht agus bainistíú a dhéanamh ar na rioscaí sin. Tá siad leagtha amach i nóta 23 leis na ráitis airgeadais.

Iníúchóir

Leanfaidh KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig de réir Alt 383 (2) *d'Acht na gCuideachtaí, 2014*.

Sintíúis Pholaitíochta

Ag tagairt *d'Acht Toghcháin, 1997*, ní thugann RTÉ aon sintíúis polaitíochta.

Faisnéis a bhaineann le hÁbhar na hIníúchóireachta

Is é tuairim chomhaltaí an Bhoird go ndearnadh gach beart is gá ionas go mbeidís ar an eolas faoi aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúchóireachta agus gur cinntíodh go raibh iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Chomh mór agus is eol sin do na Stiúrtóirí, ní aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar na hiniúchóireachta nach bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas mar gheall air.

Imeachtaí ina Dhiaidh Sin

Luaitear mionsonraí faoi imeachtaí tábhachtacha a bhfuil tionchar acu ar an nGrúpa agus a tharla tar éis dheireadh na bliana airgeadais i nóta 27 leis na ráitis airgeadais.

Thar ceann an Bhoird

Moya Doherty
Cathaoirleach

Anne O'Leary
Comhalta Boird agus
Cathaoirleach an
Choiste Iniúchta agus
Riosca

Dee Forbes
An Príomh-Stiúrtóir

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

Tá de fhreagracht ar chomhaltaí Bhord RTÉ (“Bord RTÉ”) an Tuarascáil Bhliantúil agus ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaítear faoin *Acht Craolacháin 2009* (“reachtaíocht an chraolacháin”) ar Bhord RTÉ ráitis airgeadais don Ghrúpa agus do RTÉ a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais. Faoin reachtaíocht sin, tá roghnaithe ag Bord RTÉ ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ a ullmhú de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin agus de réir fhorálacha ábhartha Acht na gCuideachtaí 2014.

Faoi fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*, níl cead ag Bord RTÉ ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa a cheadú mura bhfuil sé sásta go dtugann siad léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ agus ar bhrabús nó cailteanas an Ghrúpa don bhliain sin. Agus gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ á ullmhú, tá ceangailte ar chomhaltaí Bhord RTÉ:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- A rá cibé ar ullmháid na ráitis airgeadais de réir IFRS faoi mar atá glactha leo ag an AE agus arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha reachtaíocht an chraolacháin agus de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an grúpa agus RTÉ i mbun gnó.

Tá Bord RTÉ freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas an Ghrúpa agus RTÉ agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ullmhaithe de réir IFRS infheidhme, faoi mar atá glactha leo ag an AE agus go gcomhlíonann siad forálacha reachtaíocht an chraolacháin agus forálacha ábhartha Acht na gCuideachtaí 2014. Tá Bord RTÉ freagrach go ginearálta as gach beart is féidir go réasúnach a dhéanamh d’fhonn sócmhainní RTÉ agus an Ghrúpa a chaomhnú agus d’fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a thabhairt chun suntais. Tá Bord RTÉ freagrach freisin as Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird a ullmhú a chomhlíonann forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as a chinntiú go léiríonn an ráiteas faoi rialachas corparáideach ar leathanaigh 100 go dtí 107 go gcomhlíonann an *Grúpa Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*.

Tá comhaltaí Bhord RTÉ freagrach as caomhnú agus sláine na faisnéise corparáide agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin an Ghrúpa. D’fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh na ráiteas airgeadais a bheith éagsúil leis an reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an Bhoird

Moya Doherty
Cathaoirleach

Anne O’Leary
Comhalta Boird agus
Cathaoirleach an
Choiste Iniúchta agus
Riosca

Dee Forbes
An Príomh-Stiúrthóir

26 Aibreán 2018

Tuarascáil ón Iniúchóir Neamhspleách do Chomhaltaí Bhord RTÉ

1 Tuarascáil ar an iniúchóireacht maidir leis na ráitis airgeadais

Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa (“na ráitis airgeadais”) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 lena mbaineann Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa, Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach an Ghrúpa, Ráitis RTÉ agus an Ghrúpa maidir le Staid Airgeadais, Ráitis RTÉ agus an Ghrúpa maidir le hAthrú Cothromais, Ráitis RTÉ agus an Ghrúpa maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí a ghabhann leo, lena n-áirítear an achoimre chuimsitheach ar na polasaithe cuntasáíochta a leagtar amach i nóta 1. Is é an creatchóras maidir le tuairiscíocht airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná an *tAcht Craolacháin 2009* (“reachtaíocht an chraolacháin”) agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairiscíú Airgeadais (IFRS) mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach agus, i ndáil le ráitis airgeadais na Cuideachta, mar a dhéantar iad a chur i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*.

Is é ár dtuairim:

- Go dtugann ráitis airgeadais an Ghrúpa léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa amháin an 31 Nollaig 2017 agus ar a bhrabús don bhliain dar críoch sin;
- Go dtugann ráiteas RTÉ ar an staid airgeadais léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais RTÉ amháin an 31 Nollaig 2017;
- Gur ullmháiodh ráitis airgeadais an Ghrúpa go cuí de réir IFRS mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach.
- Gur ullmháiodh ráitis airgeadais RTÉ de réir IFRS faoi mar atá glactha leo ag an Aontas Eorpach, arna gcur i bhfeidhm de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*; agus
- Gur ullmháiodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ go cuí de réir fhorálacha ábhartha *Acht na gCuideachtaí 2014*.

Bunús leis an tuairim

Rinneadh an t-iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Éire) (ISAs (Ireland)) agus an dlí infheidhme. Tugtar cuntas níos iomláine ar a bhfuil de fhreagracht orainn faoi na caighdeáin sin faoin gceannteideal *Freagracht na nIniúchóirí i ndáil le hIniúchóireacht ar na ráitis airgeadais* sa tuarascáil seo. Tá na hiniúchóirí neamhspleách ar an gCuideachta i gcomhréir leis na coinníollacha eitice a bhaineann le hábhar iniúchóireacht a dhéanamh ar ráitis airgeadais in Éirinn, an Caighdeán Eitice san áireamh arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta na hÉireann maidir le hIniúchóireacht agus Cuntasáíocht (IAASA) agus rinneamar gach freagracht eitice a chomhlíonadh i gcomhréir leis na coinníollacha sin.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuairamar leordhóthanach agus oiriúnach mar bhunús lenár dtuairim.

Níl aon ní le tuairiscíú againn maidir le gnóthas leantach

Tá dlite orainn tuairisc a thabhairt daoibh sa chás go dtagtar ar an gcomhairle gurbh mhí-oiriúnach cuntasáíocht a dhéanamh ar bhonn gnóthais leantaigh nó go bhfuil éiginnteacht ábhartha neamhluaite a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar úsáid as an mbonn cuntasáíochta sin go ceann tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a n-aontaítear na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairiscíú againn i ndáil leis na nithe sin.

Eolas eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an eolas eile a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil chomh maith leis na ráitis airgeadais. Is é atá san eolas eile sin an t-eolas a thugtar san áireamh i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, sa ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird, i Ráiteas an Chathaoirligh, in Athbhreithniú an Phríomh-Stiúrthóra, san Athbhreithniú ar Chúrsaí Airgeadais, san Athbhreithniú ar Chúrsaí Oibriúcháin, sa ráiteas maidir le Rialachas Corparáide agus maidir le Ceanglais Tuairiscíochta eile, taobh amuigh de na ráitis airgeadais agus de thuarascáil na n-iniúchóirí ina leith sin. Ní bhaineann an tuairim a thugaimid faoi na ráitis airgeadais leis an eolas eile agus, dá réir sin, ní luaitear tuairim iniúchóireachta ná, taobh amuigh den méid a luaitear go sainráite thíos, dearbhú d'aon sórt ina leith sin.

Is é atá de fhreagracht orainn an t-eolas eile a léamh agus, ar a dhéanamh sin dúinn, a mheas cibé, bunaithe ar an obair iniúchóireachta maidir leis na ráitis airgeadais, atá an t-eolas ansin ina mhíríteas ábhartha nó ar neamhréir leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas atá againne ón iniúchóireacht. Arna bhunú ar an obair sin amháin, níl aon mhíríteas ábhartha tugtha chun suntas againn san eolas eile sin.

Arna bhunú ar an obair a rinneamar maidir leis an eolas eile amháin;

- níl aon mhíríteas ábhartha tugtha chun suntas againn i dTuarascáil Chomhaltaí an Bhoird; agus
- is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil Chomhaltaí an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Leagtar amach thíos ár tuairimí ar nithe eile nach mór dúinn thuairisc a thabhairt ina leith faoi théarmaí ár litir fostaíochta

Fuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.

Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasáíochta an Ghrúpa leordhóthanach le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go reidir agus mar is ceart agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

Nithe a bhfuil dlite orainn tuairisc a thabhairt orthu trí eisceacht

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (‘an Cód’)

tá dlite orainn tuairisc a thabhairt duit mura léirítear leis an ráiteas faoin gcóras rialachais inmheánach a éilítear faoin gCód mar atá mar chuid den Ráiteas faoi Rialachas Corparáide ar leathanaigh 100 go dtí 107 comhlíontas an Ghrúpa le halt 1.9 (iv) den Chód nó sa chás nach bhfuil sé ag teacht le faisnéis a bhfuil eolas againn air mar gheall ar an obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais agus tugaimid tuairisc duit mura léiríonn.

2 A bhfuil de fhreagracht ar dhaoine éagsúla agus srianta maidir le húsáid

Freagracht na Stiúrthóirí i ndáil leis na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltáí an Bhoird, arna leagan amach ar leathanach 109, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith cinnte go dtugtar léargas fíor cóir iontu agus as an rialáil inmheánach sin a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé an calaois nó earráid ba chúis lena leithéid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as acmhainn an Ghrúpa leanúint i mbun gnó mar ghnóthas leantach a mheas, as nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh de réir mar is gá agus as bonn cuntasaióchta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil de rún ag na stiúrthóirí an Grúpa a leachtú nó éirí as an ngnó, nó nach bhfuil aon rogha eile ag na stiúrthóirí le fírinne ach sin a dhéanamh.

Freagracht na nIniúcháirí i ndáil le hiniúchóireacht ar na ráitis airgeadais

Is é a bhíonn de chuspóir againn dearbhú réasúnach a thabhairt maidir leis na ráitis airgeadais tríd is tríd a bheith saor ó mhíríteas ábhartha, cibé ar calaois nó earráid ba chúis lena leithéid, agus tuarascáil iniúchára a eisiúint a bhfuil ár dtuairim ina chuid de. Is dearbhú ar leibhéal ard dearbhú réasúnach ach níl ráthaíocht i gceist leis go dtabharfar chun suntais i ngach cás míráiteas ábhartha sa chás gur ann dá leithéid ar iniúchadh a dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin ISA. D'fhéadfadh míráiteas a theacht de bharr calaoise nó earráide agus meastar gur ábhartha míráiteas sa chás go bhféadfaí le réasún a cheapadh go mbeadh tionchar acu, ar a cheann amháin a thabhairt san áireamh as féin nó iad ar fad a thabhairt san áireamh in éineacht, ar chinneadh eacnamaíochta a dhéanfadh lucht a n-úsáide bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Tugtar cuntas níos iomláine ar a leagtar de fhreagracht ar na hiniúcháirí ar shuíomh gréasáin an IAASA: https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf

An chuspóir atá leis an obair iniúchóireachta agus an dream a bhfuil na hiniúcháirí freagrach dóibh

Déantar ár dtuarascáil do Bhord RTÉ ("an Bord") agus dó sin amháin, de réir reachtaíocht an chraolacháin. Rinneadh an obair iniúchóireachta sa chaoi is go bhféadfaimis na nithe sin a lua i ráiteas leis an mBord a gceanglaítear orainn iad a lua leis i dtuarascáil iniúchára agus ní chun críche aon ní eile. A mhéid a cheadaítear sin faoin dlí, ní dhéanaimid freagracht a ghlacadh ná a ghabháil orainn féin i leith aon duine eile seachas an Bord as an obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí ar ar thángthamar.



Ruaidhrí Gibbons

ar son agus thar ceann

KPMG

Cuntasóirí Cairte, Comhlacht Iniúchóireachta Reachtuil

1 Plás Stokes,
Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2

26 Aibreán 2018

Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Oibríochtaí Leanúnacha			
Ioncam	2	337,576	337,318
Costais oibríúcháin (roimh dhímheas, amúchadh agus gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt agus míreanna eisceachtúla)	3	(334,520)	(343,448)
EBITDA¹ roimh ghnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt agus míreanna eisceachtúla		3,056	(6,130)
Dímheas agus amúchadh	5	(12,330)	(13,562)
Gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt	5	5,004	119
Míreanna eisceachtúla ²	6	69,896	-
Brabús/(Cailteanas) ó Ghníomhaíochtaí Oibríúcháin		65,626	(19,573)
Ioncam airgeadais	4	542	1,781
Costas airgeadais	4	(2,657)	(1,564)
Barrachas/(Easnamh) roimh Cháin Ioncaim		63,511	(19,356)
Costas Cháin Ioncaim	8	(21,418)	(297)
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		42,093	(19,653)

1 EBITDA: Tuilleamh (brabús oibríúcháin) roimh ús, cháin, dímheas agus amúchadh

2 Míreanna Eisceachtúla: Gnóthachan ar thalamh a dhiúscairt, costas tionscadail ionas go bhféadfaí an talamh a dhíol, athstruchtúrú agus muirir eile

Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		42,093	(19,653)
Ioncam Cuimsitheach Eile			
Nithe nach ndéanfar a athrangú chuig brabús nó caillteanas riamh			
Gnóthachan/(caillteanas) atomhais ar an scéim pinsin shochair shainithe	21	28,273	(15,521)
Gnóthachan/(caillteanas) atomhais ar an scéim pinsin '50/50' Riosca i bPáirt	21	1,074	(1,812)
Cáin iarchurtha ghaolmhar maidir le sócmhainní pinsin	22	(2,731)	2,211
		26,616	(15,122)
Nithe a dhéantar nó a d'fhéadfaí a athrangú chuig brabús nó caillteanas			
Fálú ar an sreabhadh airgid -cion éifeachtach athruithe i luach cóir		(49)	(350)
Fálú ar an sreabhadh airgid - athrangaithe go dtí an Ráiteas Ioncaim	4	218	187
Gnóthachan/(caillteanas) ar luach cothrom maidir le fálú sreabhadh airgid	19	169	(163)
Cánachas iarchurtha maidir leis an bhfálú maidir le sreabhadh airgid	22	(21)	20
		148	(143)
Iomlán an bharrachais/(easnamh) chuimsithigh eile i leith na bliana		26,764	(15,265)
Iomlán an bharrachais/(easnamh) chuimsithigh i leith na bliana		68,857	(34,918)

Ráiteas an Ghrúpa ar an Staid Airgeadais ar an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní Neamhreatha			
Maoin, innealra agus trealamh	9	66,114	70,137
Sócmhainní doláimhsithe	10	3,212	2,020
Sócmhainn phinsin	21	50,910	29,064
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	23	12	164
Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha		120,248	101,385
Sócmhainní Reatha			
Fardail	11	34,871	35,427
Suímeanna infhaighte trádála agus eile	12	39,494	40,340
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe		20,200	12,716
Infheistíochtaí leachtacha	13	36,993	1,000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	14	70,126	16,698
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	23	-	486
Iomlán na Sócmhainní Reatha		201,684	106,667
Sócmhainní Iomlána		321,932	208,052
COTHROMAS			
Tuilleamh coinnithe		109,373	40,664
Cúlchiste fálúcháin sreabhaidh airgid	19	(261)	(409)
		109,112	40,255
DLITEANAIS			
Dlíteanais Neamhreatha			
Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	15	45,000	52,500
Sochair fhostaithe	18	5,878	10,173
Suímeanna iníoctha trádála agus eile	16	3,858	2,515
Dlíteanais chánach iarchurtha	22	8,521	5,369
Deontais Chaipitil	25	7,946	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	23	85	258
Iomlán na nDlíteanas Neamhreatha		71,288	70,815
Dlíteanais Reatha			
Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	15	4,500	5,375
Suímeanna iníoctha trádála agus eile	16	80,208	72,437
Cánachas agus leas sóisialach	17	31,669	9,772
Deontais Chaipitil	25	22	-
Sochair fhostaithe	18	24,328	9,189
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	23	805	209
Iomlán na nDlíteanas Reatha		141,532	96,982
Dlíteanais Iomlána		212,820	167,797
Iomlán Cothromais agus Dlíteanais		321,932	208,052

Thar ceann an Bhoird

Moya Doherty
Cathaoirleach

Anne O'Leary
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iniúchta agus Riosca

Dee Forbes

An Príomh-Stiúrthóir

26 Aibreán 2018

Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe i gCothromas ar an 31 Nollaig 2017

	Tuilleamh coinnithe €'000	Cúlchiste maidir le fálú sreabhadh airgid €'000 (Nóta 19)	Iomlán Cothromas €'000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2017	40,664	(409)	40,255
Barrachas don bhliain	42,093	-	42,093
	26,616	148	26,764
Iomlán an chailteanais chuimsithigh	68,709	148	68,857
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2017	109,373	(261)	109,112
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2016	75,439	(266)	75,173
Easnamh don bhliain	(19,653)	-	(19,653)
Easnamh cuimsitheach eile	(15,122)	(143)	(15,265)
Iomlán an chailteanais chuimsithigh	(34,775)	(143)	(34,918)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016	40,664	(409)	40,255

Ráiteas RTÉ faoi Athrú ar Chothromas ar an 31 Nollaig 2017

	2017 €'000	2016 €'000
Tuilleamh coinnithe		
Iarmhéid an 1 Eanáir	(60,473)	(29,115)
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	47,853	(16,236)
Barrachas/(easnamh) cuimsitheach eile	26,615	(15,122)
Iomlán an bharrachais/(easnamh) chuimsithigh	74,468	(31,358)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	13,995	(60,473)

Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		42,093	(19,653)
Coigeartaithe maidir le:			
Dimheas maoin, innealra agus trealaimh	9	11,492	12,332
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	10	838	1,230
Gnóthachan ar mhaoín, ar threalamh agus ar innealra a dhiúscairt		(5,004)	(119)
Míreanna eisceachtúla		(69,896)	-
Difríocht idir creidmheas pinsin agus ranníocaíochtaí airgid		2,349	1,545
Glan (chostas)/ioncam airgeadais	4	2,115	(217)
Costas Cháin Ioncaim	8	21,418	297
		5,405	(4,585)
Athrú ar fhardail agus nithe iníoctha a bhaineann le fardail		(767)	(5,386)
Athrú ar thrádáil agus ar nithe infhaighte eile		880	(1,525)
Athrú ar réamhíocaíochtaí		(7,558)	5,045
Athrú ar nithe iníoctha trádála agus eile		12,470	4,152
Athrú ar chánachas agus leas sóisialach		889	(480)
Athrú ar shochair fhostaithe agus ar chostais athstruchtúraithe agus eile		(18,767)	(2,623)
Airgead Tirim Glan (insúite)/ginte ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(7,448)	(5,402)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Ús a fuarthas		2	13
Fáltais ó mhaoín, innealra agus trealamh a dhíol		109,963	127
Deontais Chaipitil		7,976	-
Éadail ar mhaoín, innealra agus trealamh		(9,854)	(7,551)
Éadail ar shócmhainní doláimhsithe		(1,532)	(987)
Airgead Tirim Glan arna ghiniúint ag Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		106,555	(8,398)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			
(Aisíocaíochtaí)/Fáltas ó iasachtaí	15	(8,375)	7,250
Ús a íocadh		(1,311)	(1,455)
(Meadú)/Íslíú ar infheistíochtaí leachtacha	13	(35,993)	(1,000)
Airgead Tirim Glan ionsúite ag Ghníomhaíochtaí Airgeadais		(45,679)	4,795
Laghdú glan ar airgead tirim agus coibhéis airgid thirim		53,428	(9,005)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir		16,698	25,703
Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar an 31 Nollaig	14	70,126	16,698

Thar ceann an Bhoird

Moya Doherty
Cathaoirleach

Anne O'Leary
Comhalta Boird agus Cathaoirleach
an Choiste Iníuchta agus Riosca

Dee Forbes
An Príomh-Stiúrthóir

26 Aibreán 2018

Ráiteas RTÉ ar an Staid Airgeadais ar an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní Neamhreatha			
Maoín, innealra agus trealamh	9	15,004	17,952
Sócmhainní doláimhsithe	10	3,171	1,881
Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí	20	65,827	65,827
Sócmhainn phinsin	21	50,910	29,064
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	23	12	164
Iomlán na Sócmhainní Neamhreatha		134,924	114,888
Sócmhainní Reatha			
Fardail	11	34,708	35,340
Suímeanna infhaighte trádála agus eile	12	34,969	34,081
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe		16,844	9,217
Infheistíochtaí leachtacha	13	36,993	1,000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	14	59,008	13,198
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	23	-	486
Iomlán na Sócmhainní Reatha		182,522	93,322
Sócmhainní Iomlána		317,446	208,210
COTHROMAS			
Tuilleamh coinnithe		13,995	(60,473)
DLITEANAIS			
Dlíteanais Neamhreatha			
Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	15	-	3,000
Sochair fhostaithe	18	5,636	10,027
Suímeanna iníochta trádála agus eile	16	3,858	2,515
Dlíteanais chánach iarchurtha	22	5,161	2,358
Iomlán na nDlíteanas Neamhreatha		14,655	17,900
Dlíteanais Reatha			
Ní mheastar go bhfuil aon nochtadh do riosca creidmheasa maidir le réamhíocaíochtaí. Is é a bhaineann le hioncam fabhráithe suimeanna infhaighte neamhbhilleáilte ó líon beag custaiméirí. Níor tharla aon chailiteanas don Ghrúpa mar gheall ar mhainneachtain chustaiméar ar bith acu sin déanamh de réir dualgais.

(c) Riosca Leachtachta

Is ionann an riosca leachtachta agus an baol nach mbeidh an Grúpa in acmhainn dualgas airgeadais a shásamh de réir mar a bhíonn dlite. Is é cur chuige atá ag RTÉ maidir le bainistíocht ar chúrsaí leachtachta go gcoinntítear oiread agus is féidir go mbíonn dóthain leachtachta ann chun dliteanais airgeadais a shásamh nuair a dhlítear sin, faoi ghnáthchúinsí oibre agus faoi chúinsí anáis, gan caillteanas doghlactha a thabú ná dul i mbaol dochar do dhea-chlú an Ghrúpa.

Leagtar amach sna táblaí a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais, íocaíochtaí úis a ghabhann le hiasachtaí san áireamh chomh maith leis an sreabhadh glan airgid neamhhlascainithe is féidir a chur i leith ionstraimí airgeadais díorthaigh.

Seo a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais:

31-Noll-17 Grúpa	Suim carraeireachta	Sreabhadh airgid chonarthaí	Laistigh de 1bl	1-2bl	2-5bl	Níos mó ná 5 bliana
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	49,500	50,806	5,370	45,436	-	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	890	890	802	88	-	-
Suimeanna iníochta trádála agus eile	84,066	84,066	80,208	3,858	-	-
Sochair fhostaithe	30,207	30,344	24,328	550	1,474	3,992
	164,663	166,106	110,708	49,932	1,474	3,992

31-Noll-16 Grúpa	Suim carraeireachta	Sreabhadh airgid chonarthaí	Laistigh de 1bl	1-2bl	2-5bl	Níos mó ná 5 bliana
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	57,875	60,271	6,399	8,417	45,455	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	467	467	209	185	73	-
Suimeanna iníochta trádála agus eile	74,952	74,952	72,437	2,515	-	-
Sochair fhostaithe	19,362	19,642	9,189	2,558	3,873	4,022
	152,656	155,332	88,234	13,675	49,401	4,022

Nótaí ar cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa iad (ar lean)

23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Seo a leanas tréimhsí aibíochta na gconarthaí maidir le dliteanais airgeadais (gan dliteanais idirchuideachtaí a áireamh):

31-Noll-17 RTÉ	Suim carraireachta €'000	Sreabhadh airgid chonarthaí €'000	Laistigh de 1bl €'000	1-2 bl €'000	2-5 bl €'000	Níos mó ná 5 bliana €'000
Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	-	-	-	-	-	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	591	591	591	-	-	-
Suimeanna iníochta trádála agus eile	238,589	238,589	234,731	3,858	-	-
Sochair fhostaithe	29,882	30,083	24,246	549	1,474	3,814
	269,062	269,263	259,568	4,407	1,474	3,814

31-Noll-16 RTÉ	Suim carraireachta €'000	Sreabhadh airgid chonarthaí €'000	Laistigh de 1bl €'000	1-2 bl €'000	2-5 bl €'000	Níos mó ná 5 bliana €'000
Iasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	4,875	4,955	1,944	3,011	-	-
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	-	-	-	-	-	-
Suimeanna iníochta trádála agus eile	65,852	65,852	63,337	2,515	-	-
Sochair fhostaithe	19,086	19,367	9,059	2,558	3,873	3,877
	89,813	90,174	74,340	8,084	3,873	3,877

Mar a nochtadh i nóta 15, tá áis creidmheasa imrothlach ag an nGrúpa le Banc na hÉireann agus tá áis iasachta téarma agus áis iasachta tionscadail aige le Barclays Bank PLC. Tá cúnaint iasachta ag an dá shaoráid sin agus má sháraítear iad amach anseo d'fhéadfadh go mbeadh ar an nGrúpa nó ar an gcuideachta na hiasachtaí a aisíoc níos luaithe ná mar a luaitear sna táblaí thuas. Léiríonn na híocaíochtaí úis sna táblaí thuas réamhrátaí úis an mhargaidh amhail an dáta tuairiscithe agus d'fhéadfadh athrú teacht ar na méideanna sin de réir mar a thagann athrú ar rátaí úis sa mhargadh. Seachas iasachtaí agus íosachtaíochtaí lena mbaineann ús, níltear ag súil go dtarlóidh an sreabhadh airgid a áirítear san anailís aibíochta thuas i bhfad níos luaithe nó ag méideanna mórán difriúla.

Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí áis rótharraingthe €10 milliún ag RTÉ, nár tarraingíodh, chomh maith le háis creidmheas imrothlach €15 milliún, nár tarraingíodh.

(d) Riosca Airgeadra

Is é an euro airgeadra feidhme eintitis uile an Ghrúpa. Mar gheall ar nádúr ghnéithe áirithe den ghnó, go háirithe cláracha teilifíse cheannaithe agus cearta ón iasacht, bíonn nochtadh ann i gcás RTÉ don toradh ar athruithe i rátaí malartaithe airgeadra eachtrach. Is iad dollar na Stát Aontaithe agus sterling na hairgeadraí a dtagann an riosca seo chun cinn maidir leo.

Réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach den chuid is mó a úsáideann an Grúpa chun fálúchán eacnamaíochta a dhéanamh ar an riosca airgeadra. Déantar athrú ar luach cóir réamhchonarthaí in airgeadra eachtrach a lua sa Ráiteas Ioncaim. An 31 Nollaig 2017 b'ionann luach cóir na sócmhainne díorthaí gaolmhaire agus €12,000 (2016: dliteanas €650,000).

Déanann an Grúpa agus RTÉ ar a laghad 60% dá nochtadh airgeadra eachtrach buiséadaithe a fhálú maidir le cláracha teilifíse cheannaithe agus cearta ó thar lear.

Ní raibh aon sócmhainní ábhartha ag an nGrúpa ná ag an gCuideachta ainmnithe in airgeadra eachtrach ar an 31 Nollaig 2017 ná 2016.

Ní raibh aon dliteanais airgeadais ag RTÉ ainmnithe in airgeadra eachtrach ach amháin iad sin a leagtar amach sna táblaí seo a leanas.

23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Briseadh síos ar shuimeanna inioctha trádála de réir airgeadra

	2017 €'000	2016 €'000
Grúpa		
Euro	8,510	5,699
GBP	629	1,168
USD	113	38
Eile	21	1
	9,273	6,906

Briseadh síos ar shuimeanna inioctha trádála de réir airgeadra

	2017 €'000	2016 €'000
RTÉ		
Euro	6,764	4,596
GBP	577	1,167
USD	113	25
Eile	21	1
	7,475	5,789

Bhí na rátaí malartaithe suntasacha seo i bhfeidhm i rith na bliana:

	Meánráta		Spot-ráta an Dáta Tuairiscíochta	
	2017	2016	2017	2016
EUR €1 = USD \$	1.1297	1.1069	1.1993	1.0541
EUR €1 = GBP £	0.8767	0.8195	0.8872	0.8562

Sa bhainistíocht a dhéantar maidir le rioscaí airgeadra, féachann an Grúpa leis an tionchar ó athruithe gearrthéarmacha ar thuilleamh an Ghrúpa a mhaolú. Baineann an Grúpa úsáid as conarthaí réamhcheannacháin airgeadra eachtrach chun an luaineacht a eascraíonn as an nochtadh seo d'airgeadra eachtrach a laghdú. Mar thoradh air sin, maolaíonn an Grúpa an riosca suntasach ó ghluaiseachtaí i rátaí malairte eachtraigh.

Grúpa

Bheadh tionchar dearfach nó diúltach suas le €84,759 (31 Nollaig 2016 €134,214) ar Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa ag athrú móide nó lúide 10% ar rátaí malartaithe airgeadra eachtrach ábhartha, bunaithe ar dhliteanais airgeadais a luaitear in airgeadra eachtrach a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2017.

RTÉ

Bheadh tionchar dearfach nó diúltach suas le €78,974 (31 Nollaig 2016 €132,622) ar Ráiteas Ioncaim RTÉ ag athrú móide nó lúide 10% ar rátaí malartaithe airgeadra eachtrach ábhartha, bunaithe ar dhliteanais airgeadais a luaitear in airgeadra eachtrach a bhí amuigh amhail an 31 Nollaig 2017.

Nótaí ar cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa iad (ar lean)

23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

(e) Riosca Ráta Úis

Ar an 31 Nollaig 2017 bhí iasachtaí iomlána €49.50 milliún ag an nGrúpa (2016: €57.88 milliún).

Ar an 28 Bealtaine 2012, cheangail RTÉ comhaontú maidir le háis iasachta téarma amúchta 5 bliana le Banc na hÉireann dar luach €15 milliún. Tháinig téarma na hiasachta in aibíocht in 2017.

Ar an 28 Eanáir 2016, chuaigh RTÉ i mbun áis creidmheasa imrothlach le Banc na hÉireann dar luach €15 milliún chun críocha caipitil oibre. Is neamhní (2016: €3 mhiliún) a bhí tarraingthe amhail an 31 Nollaig 2017. Is ar ráta athraitheach atá an iasacht thioctaidh in aibíocht sa bhliain 2021.

An 18 Meitheamh 2014, d'athmhaoinigh 2rn a áis iasachta tionscadail le Barclay's go dtí €40 milliún, chomh maith le háis iasachta téarma bhreise €13 milliún. Chuathas i mbun babhtáil ráta úis i rith 2015, maidir leis an áis iasachta do thionscadal €40 milliún, go dtí go dtiocfaidh an áis in aibíocht i Meitheamh 2019. Ainmníodh an ionstraim airgeadais díorthaigh seo mar fhálú maidir le sreabhadh airgid; mar thoraidh air sin bheadh éifeacht chothrom agus chontrártha ar an Ráiteas loncaim ag aon athruithe ar an ráta úis maidir leis an malartú ráta úis agus leis an bhfiachas don tréimhse.

D'fhágfadh gluaiseacht 1% sa ráta úis tionchar chun sochair nó chun dochair ar an gcothromas ab ionann is €1.0 milliún agus €1.1 milliún ar an Ráiteas loncaim.

Ar an dáta tuairiscíochta, bhí próifíl rátaí úis na sócmhainní airgeadais úsmhara ag RTÉ mar seo a leanas:

Grúpa	Suim carraeireachta	
	2017 €'000	2016 €'000
Ionstraimí Ráta Seasta		
Sócmhainní Airgeadais	36,993	7,493
Ionstraimí Ráta Inathraithe		
Sócmhainní Airgeadais	70,126	10,205
RTÉ	Suim carraeireachta	
	2017 €'000	2016 €'000
Ionstraimí Ráta Seasta		
Sócmhainní Airgeadais	36,993	7,001
Ionstraimí Ráta Inathraithe		
Sócmhainní Airgeadais	59,008	7,197

D'fhágfadh gluaiseacht 1% maidir leis an ráta úis ar na sócmhainní airgeadais úsmhara ag RTÉ toradh chun sochair nó chun dochair ar an Ráiteas loncaim ab ionann is €1.0 milliún (glan ar cháin).

23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

(f) Luachanna córa

Taispeántar sa tábla seo a leanas luach cóir na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais, maille lena leibhéal san ordchóras maidir le luach cóir. Ní luaitear eolas maidir le luach cóir sócmhainní airgeadais ná dliteanas airgeadais nach ndéantar a mheas ar an luach cóir sa chás gur neastachán réasúnta ina leith sin an luach coinneála.

An Grúpa ¹	Carraeireachta 2017 €milliún	Luach cóir leibhéal 2 2017 €milliún	Suim Carraeireachta 2016 €milliún	Luach cóir leibhéal 2 2016 €milliún
Sócmhainní airgeadais a mheastar ar a luach cóir				
Conarthaí réamh-mhalairte	-	-	0.7	0.7
Dlíteanas airgeadais a mheastar ar a luach cóir				
Babhtáil rátaí úis	(0.3)	(0.3)	(0.5)	(0.5)
Conarthaí réamh-mhalairte	(0.6)	(0.6)	-	-
Dlíteanas airgeadais nach meastar ar a luach cóir				
lasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	49.5	55.3	57.9	60.3
RTÉ ¹	Carraeireachta 2017 €milliún	Luach cóir leibhéal 2 2017 €milliún	Suim Carraeireachta 2016 €milliún	Luach cóir leibhéal 2 2016 €milliún
Sócmhainní airgeadais a mheastar ar a luach cóir				
Conarthaí réamh-mhalairte	-	-	0.7	0.7
Dlíteanas airgeadais a mheastar ar a luach cóir				
Conarthaí réamh-mhalairte	(0.6)	(0.6)	-	-
Dlíteanas airgeadais nach meastar ar a luach cóir				
lasachtaí agus iasachtaíochtaí lena mbaineann ús	-	-	4.9	5.0

¹ Ní dhearna an Grúpa ná RTÉ luach cóir a nochtadh maidir le hionstraimí airgeadais de leithéid suimeanna trádála infhála agus iníochta ná sochair fhostaithe, ó tharla gur neastachán réasúnta ar an luach cóir an luach coinneála ina leith a fhoilsítear ar leathanaigh 155 agus 156.

Bhí an luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh bunaithe ar an ordlathas luachála cothroime. Rinneadh an luach cóir ar réamhchonarthaí i malartú eachtrach agus ar an mbabhtáil ráta úis a ríomh de réir an mhodh luachála seo a leanas:

Leibhéal 2: iochuir, seachas na praghsanna gan choigeartú a luaitear ar mhargaí gníomhacha maidir le sócmhainní agus dlíteanas den chineál céanna, is féidir a bhreathnú maidir leis an tsócmhainn nó an dliteanas, más go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. díorthú ó phraghsanna).

Níor tháinig aon athrú i rith na tréimhse tuairiscíochta seo ná an tréimhse roimhe seo ar an modh luachála maidir le Leibhéal 2 ná ar na hionstraimí a ndéantar luacháil orthu leis an modh oibre seo. Níor tharla aon aistriú idir leibhéil san ordlathas luach cóir.

Nótaí ar cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa iad (ar lean)

23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

Léiríonn na táblaí seo a leanas na teicnící luachála a úsáideadh chun luachanna córa Leibhéal 2 a thomhas, chomh maith leis na hionchuir suntasacha neamh-inbhraite a úsáideadh.

Ionstraimí airgeadais a thomhaistear ag luach cóir

Cineál	Teicníc luachála	Ionchuir suntasacha neamh-inbhraite	Idirchaidreamh idir ionchuir suntasacha neamh-inbhraite agus tomhas ar luach cóir
Ionstraimí airgeadais díorthaigh	Bunaítear luachanna córa ar mheastacháin do chonarthaí comhchosúla arna dtrádáil i margadh gníomhach.	Níl infheidhme	Níl infheidhme

Ionstraimí airgeadais nach dtomhaistear ag luach cóir

Cineál	Teicníc luachála	Ionchuir suntasacha neamh-inbhraite
Íasachtaí agus íasachtaíochtaí lena mbaineann ús	Sreabhadh airgid lascaithe bunaithe ar rátaí úis luaite le hiasachtaithe.	Níl infheidhme

(g) Ionstraimí airgeadais díorthaigh

Leagtar amach thíos an sreabhadh airgid de réir conarthaí a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais díorthaigh:

31-Noll-17	Suim carraireachta €'000	Sreabhadh airgid chonarthaí €'000	Laisigh de 1bl €'000	1-2 bl €'000	2-5 bl €'000
Grúpa					
Sócmhainní/(dliteanais) díorthaigh					
Babhtáil rátaí úis	(298)	(298)	(213)	(85)	-
Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh)	(580)	(580)	(580)	-	-
	(878)	(878)	(793)	(85)	-

31-Noll-17	Suim carraireachta €'000	Sreabhadh airgid chonarthaí €'000	Laisigh de 1bl €'000	1-2 bl €'000	2-5 bl €'000
RTÉ					
Sócmhainní Díorthaigh					
Réamhchonarthaí i malairt eachtrach (eis-sreabhadh)	(580)	(580)	(580)	-	-

23. Ionstraimí Airgeadais agus Bainistíocht maidir le Riosca Airgeadais (An Grúpa agus RTÉ) (ar lean)

31-Noll-16	Suim carraireachta €'000	Sreabhadh airgid chonarthai €'000	Laistigh de 1bl €'000	1-2bl €'000	2-5bl €'000
Grúpa					
Sócmhainní/(dliteanais) diorthaigh					
Babhtáil rátaí úis	(467)	(467)	(209)	(185)	(73)
Réamhchonarthai i malairt eachtrach (eis-sreabhadh)	650	650	486	164	-
	183	183	277	(21)	(73)
31-Noll-16					
	Suim carraireachta €'000	Sreabhadh airgid chonarthai €'000	Laistigh de 1bl €'000	1-2bl €'000	2-5bl €'000
RTÉ					
Sócmhainní/(dliteanais) diorthaigh					
Réamhchonarthai i malairt eachtrach (eis-sreabhadh)	650	650	486	164	-

Déantar aon ghnóthachan nó cailteanas ag eascairt as athrú ar luach cóir réamhchonarthai i malairt eachtrach a lua go díreach sa Ráiteas Ioncaim.

Ar an 31 Nollaig 2017 bhí iasachtaí iomlána €49.50 milliún ag an nGrúpa (2016: €57.88 milliún). Rinne an Grúpa babhtáil ar ráta úis arb ionann é is €40 milliún d'fhonn ráta seasta a dhéanamh den ráta athraitheach ar iasachtaí 2014 go dtí tráth na haibíochta. Ar thionscnamh an fhálúcháin, rinne an Grúpa an ceangal fálúcháin a lua go foirmeálta agus dá thoradh sin, déantar aon ghnóthachan nó cailteanas ar an ionstraim airgeadais diorthaigh a lua go díreach sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach.

Nótaí ar cuid de Ráitis Airgeadais an Ghrúpa iad (ar lean)

24. Ceangaltais, Teagmhais agus Barántais Airgeadais

(a) Ceangaltais chaipitil

	Grúpa		RTÉ	
	2017 €'000	2016 €'000	2017 €'000	2016 €'000
Faoi chonradh ach gan soláthar déanta ina leith	2,952	387	1,848	193
Údaraithe ach gan conradh socraithe ina leith	1,523	3,817	1,523	3,817
	4,475	4,204	3,371	4,010

(b) Ceangaltais maidir le ceannachán clár/ceart

	Grúpa		RTÉ	
	2017 €'000	2016 €'000	2017 €'000	2016 €'000
Faoi chonradh ach gan soláthar déanta ina leith	123,391	94,187	123,391	94,187

(c) Dlíteanais theagmhásacha

De bharr nádúr a oibríochtaí, tá an Grúpa ina pháirtí in imeachtaí éagsúla dlí le tríú páirtithe a d'eascair i rith gnáthchúrsaí gnó. Cé nach féidir a thomhas go cruinn an dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann faoi na himeachtaí éagsúla, tá an Bord sásta go bhfuil soláthar dóthanach déanta don toradh is dócha a bheidh ar na himeachtaí sin.

(d) Barántais

An 31 Nollaig 2017 cheangail RTÉ le háis barántais dar luach €11.3 milliún a rachaidh in éag ar an 31 Iúil 2021.

(e) Seirbhísí teilifíse digiti i dTuaisceart Éireann

Tá comhfhiontar nasctha ag RTÉ le TG4 maidir le seirbhísí teilifíse digiteacha a chur ar fáil i dTuaisceart Éireann agus tá dliteanas cistíochta ar RTÉ faoin gcomhaontú sin a thiocfaidh in éag i mí Deireadh Fómhair 2024. B'ionann an gealltanais a bhí fós ann amhail an 31 Nollaig 2017 agus €3.6 milliún.

25. Deontais Chaipitil

	Grúpa		RTÉ	
	2017 €'000	2016 €'000	2017 €'000	2016 €'000
Deontais a fuarthas maidir le togra 700 MHz	7,976	-	-	-
Scaoilte chuig an Ráiteas Ioncaim	(8)	-	-	-
	7,968	-	-	-

Arna anailisiú mar seo a leanas:

Dlíteanais neamhreatha	7,946	-	-	-
Dlíteanais reatha	22	-	-	-
	7,968	-	-	-

D'eisigh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil deontas caipitil i rith na bliana le RTÉ Transmission Network DAC, fochuideachta de chuid RTÉ i ndáil le socrú do bhanda minicíochta Speictream 700 MHz a ghlanadh faoi mar a ordáitear faoi threoracha ón AE. Tá an ghluaiseacht maidir leis an deontas i rith na bliana i gcomhréir le polasáí cuntasáíochta an Ghrúpa.

26. Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara

(a) Idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh mar Chorporáid Craolacháin Seirbhíse Poiblí faoi *Údarás Craolacháin na hÉireann, 1960*. Is é an Rialtas a cheapann comhaltaí Bhord RTÉ. Meastar go dtagann an grúpa faoi rialú an Rialtais agus áirítear dá bhrí sin an Rialtas mar pháirtí gaolmhar de réir mar a thugtar sainmhíniú air sin sna caighdeáin chuntasaíochta. Tá an cás eisceachta sin faoi *IAS 24 Nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara* trina mbíonn díolúine maidir leis na coinníollacha faoi nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara curtha i bhfeidhm ag an ngrúpa maidir leis an Rialtas agus eintitis a bhaineann leis an Rialtas murar díol suntais aon idirbheart amháin as féin nó murar díol suntais idirbhearta éagsúla ar a dtabhairt le chéile.

I mbun an ghnáthghnó dó bhí an grúpa páirteach in idirbhearta leis an Rialtas, agus le heintitis a bhaineann leis an Rialtas, maidir le seirbhísí fógraíochta agus seirbhísí eile den chineál céanna a chur ar fáil, chomh maith le ceannachán agus díolachán ar earraí agus ar sheirbhísí le ranna Rialtais agus eintitis atá faoi rialú Rialtais na hÉireann. Is é An Post a bhailíonn an táille ceadúnais teilifíse thar ceann na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

B'ionann, ar an 31 Nollaig 2017, an t-iomlán a bhí iníoctha le gnóthais fhochuideachtaí de chuid RTÉ agus €164.0 milliún (2016: €167.6 milliún).

(b) Idirbhearta le daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta¹

Chun críche na goinníollacha maidir le nochtadh a thagann faoi *IAS 24 Nochtadh maidir le páirtithe gaolmhara* is iad a thagann faoi scáth an téarma “daoine den lucht bainistíochta príomhthábhachta” (i.e. na daoine sin a dtugtar údarás dóibh agus a leagtar freagracht orthu maidir le pleanáil, stiúradh agus rialú a dhéanamh ar bheartaíocht na cuideachta) comhaltaí Bhord RTÉ, an Príomh-Stiúrthóir, Feidhmeannas RTÉ agus na feidhmeanna corparáide a thuairiscíonn go díreach chuig an bPríomh-Stiúrthóir. €4.7 milliún an tsuim iomlán i gcúiteamh a híocadh le pearsanra bainistíochta in 2017 (2016: €3.9 milliún). Bhí an tsuim sin comhdhéanta de thuarastail agus de shochair ghearrtéarmacha d'fhostaithe de €3.6 milliún (2016: €3.4 milliún), sochair pinsin iar-fhostaíochta de €0.4 milliún (2016: €0.5 milliún) agus sochair foirceannta €0.7 milliún (2016: nil) a bhí i gcomhréir le téarmaí an chlár VEP 2017.

B'ionann luach ceannacháin RTÉ ó chuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú chomhaltaí de chuid an Bhoird, dhaoine eile mórhábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó dhaoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2017 agus €1.4 milliún (2016: €1.3 milliún) agus ba maidir le cláracha coimisiúnaithe den chuid is mó an caiteachas sin. B'ionann luach díolacháin RTÉ le cuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú chomhaltaí de chuid an Bhoird, dhaoine eile mórhábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó dhaoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2017 agus €0.2 milliún (2016: €0.1 milliún). B'ionann luach dliteanais faoi réir conartha ó chuideachtaí atá faoi úinéireacht nó faoi rialú chomhaltaí de chuid an Bhoird, dhaoine eile mórhábhachta ar an lucht bainistíochta agus/nó dhaoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu lena chéile i rith na bliana 2017 agus €0.3 milliún (2016: €0.03 milliún). Ní raibh aon suim ábhartha ag seasamh amach ag deireadh ceachtar den dá bhliain.

B'ionann luach na ranníocaíochtaí cláir a d'íoc RTÉ le comhaltaí Boird, le daoine eile a bhfuil mórhábhacht leo ar an lucht bainistíochta agus le daoine muinteartha leo sin a bhfuil gaol gairid acu leo i rith na bliana 2017 agus neamhní (2016: €28,100).

Téarmaí agus coinníollacha na n-idirbheart le páirtithe gaolmhara

Is ar na téarmaí céanna atá i réim maidir le hidirbhearta neamhthuilleamaíochta a dhéantar an díolachán agus an ceannachán le páirtithe gaolmhara.

¹ Tugtar san áireamh le páirtithe gaolmhara daoine den lucht bainistíochta mórhábhachta, a gcuid gaolta gairide agus eintitis sheachtracha atá faoina smacht.

27. Imeachtaí ina Dhiadh Sin

Níor tharla aon ní ina dhiadh sin i rith na bliana 2018 is gá a thabhairt chun suntais.

28. Ceadú an Bhoird

Cheadaigh Bord RTÉ na ráitis airgeadais atá ó leathanach 112 go dtí leathanach 167 maidir leis an mbliain dár críoch 31 Nollaig 2017 ar an 26 Aibreán 2018.

Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa - Beartais Chuntasaíochta

1. Bunús na Cuntasaíochta

Leagtar amach thíos liosta iomlán ár mbeartas cuntasaíochta. Cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go comhleanúnach nuair a bhíodhas ag déileáil le míreanna a mheastar gur míreanna ábhartha iad maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa agus RTÉ ach amháin i goás na gcaighdeán nua agus na leasuithe ar na caighdeán arna leagan amach thíos.

(a) Eintiteas tuairiscíochta

Is corparáid reachtúil é RTÉ a bunaíodh faoin *Acht Craolacháin, 1960* agus tá an chorparáid sainlonnaithe in Éirinn. Cuimsíonn ráitis airgeadais chomhdhlúite RTÉ amháin an 31 Nollaig 2017 agus don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 comhdhéanta an chorparáid reachtúil agus gach eintiteas arna rialaíonn sé (dá dtagraítear in éineacht mar an “Grúpa”).

(b) Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairiscíú Airgeadais (IFRSanna) mar a ghlac an tAontas Eorpach (AE) leo agus atá in éifeacht don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus feidhmítear iad de réir fhorálacha na reachtaíochta craolacháin. Roghnaigh an Grúpa a ráitis airgeadais chomhdhlúite chomh maith le ráitis airgeadais eintitis máthairchuideachta RTÉ a chur i láthair de réir fhorálacha *Acht na gCuideachtaí 2014* a mhéid agus is gá chun léiriú fíor agus cóir a thabhairt. Dá réir sin tá Ráiteas máthairchuideachta RTÉ maidir le Staid Airgeadais, Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chothromas curtha i láthair leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite freisin, mar a déileadh *Acht na gCuideachtaí 2014* de ghnáth. Tá leasú déanta ar ráiteas ioncaim grúpa RTÉ de réir mar a cheadaítear faoi *Acht na gCuideachtaí 2014*, Sceideal 3 Cuid II, Alt A4(5).

(c) Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh ráitis airgeadais RTÉ agus an Ghrúpa ar bhonn an chostais stairiúil arna mhodhnú ag an tomhas ag luach cóir na n-ionstraimí airgeadais díorthaigh agus na n-oibleagáidí sochair scoir.

I euro, airgeadra feidhmiúcháin eintitis ar fad an Ghrúpa, tugtha go dtí an míle is gaire (€000) a ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Chun ráitis airgeadais a ullmhú de réir IFRSanna ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin, agus boinn tuisceana a thabhairt a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú na mbeartas cuntasaíochta agus ar an líon sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus caiteachais a thuairiscítear. D'fhéadfadh torthaí iarbhair a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar na meastacháin agus na boinn tuisceana taobh thiar díobh a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Sa tréimhse a ndéantar na meastacháin a athbhreithniú a aithnítear na hathbhreithnithe a dhéantar chomh maith le haon tréimhse ina dhiaidh sin a mbeadh tionchar acu uirthi. Le luacháil ar an soéim pinsin sochair shainithe agus le hionstraimí airgeadais a bhaineann na príomhréimsí a mbíonn breithiúnais shuntasacha nó castacht i gceist nó le réimsí a mbíonn tábhacht le breithiúnais agus meastacháin i dtaobh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus tá cur síos orthu sna beartais chuntasaíochta ábhartha thíos agus sna nótaí bainteacha.

(d) Caighdeán nua agus athchóirithe a ghlacadh

Bhí roinnt ceanglas nua i bhfeidhm den chéad uair le linn 2017. Tá na caighdeán ábhartha leagtha amach go mionsonrach thíos:

- Leasuithe maidir le IAS 7 nochtadh;
- Leasuithe maidir le IAS 12 *Sócmhainní cánachais iarchurtha a aithint i ndáil le caillteanais neamhréadaithe*; agus
- Leasuithe maidir le IFRS 12 *Leas in eintitis eile a nochtadh*.
- Ní raibh tionchar ábhartha ar an nGrúpa ag na hathruithe ar na beartais chuntasaíochta a eascraíonn as na ceanglais nua sin.

(e) Caighdeán atá eisithe ach nach bhfuil éifeacht leo fós

Níl éifeacht fós le roinnt caighdeán nua, leasuithe ar chaighdeán agus léirmhínte agus níor cuireadh i bhfeidhm iad is na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Níl i gceist ag an nGrúpa na caighdeán seo a chur i bhfeidhm roimh an am; déanfar, ina ionad sin, iad a chur i bhfeidhm ón dáta éifeachta de réir mar a shocraítear sin i gcomhréir le dáta a n-aontú ag an AE. Áirítear orthu sin:

- IFRS 16 *Léasanna*;
- Leasuithe maidir le IFRS 1 Glacadh den chéad uair le IFRS;
- Leasuithe maidir le IFRS 2 Idirbhearta íocaíochta bunaithe ar scaireanna a rangú agus a thomhas;
- Leasuithe maidir le IFRS 4 IFRS 9 *Ionstraimí Airgeadais* a chur i bhfeidhm le IFRS 4 *Conarthaí árachais*; agus
- Leasuithe maidir le IAS 28 *Infheistíocht i gcuideachta comhlachais nó i gcomhfhiontar*.

Tá an Grúpa fós i mbun athbhreithnithe ar an tionchar a bheidh ag an caighdeán seo atá le teacht.

2. Aitheantas Ioncaim

Tá ioncam, nach bhfuil CBL ná idirbhearta idir cuideachtaí sa Ghrúpa san áireamh ann, comhdhéanta d'ioncam a eascraíonn as táillí ceadúnais, díolacháin fógraíochta, urraíocht, úsáid saoráidí agus líonra tarchurtha an Ghrúpa, ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí, agus ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar. Luaitear ioncam glan ó aon lascaí socraíochta nó lascaí ó thaobh méid.

A mhéid a mheastar is féidir ioncam a inaisghabháil, go mbíonn faoi réir tomhais iontaofa, gur dócha go dtiocfaidh sochair eacnamaíochta chuig an nGrúpa agus gur aistríodh rioscaí suntasacha agus luachanna saothair na húnireachta go dtí an ceannaitheoir a aithnítear ioncam.

(a) Ioncam ón gceadúnas teilifíse

Tá An Post ainmnithe ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comshaoil (DCCA) mar ghníomhaire bailithe na táille ceadúnais teilifíse. Déanann An Post an t-ioncam ón Táille Ceadúnais a bhailiú agus a íoc leis an DCCA, glan ó chostais bailiúcháin. Ina theannta sin, íocann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta (DEASP) ioncam ón táille ceadúnais thar ceann daoine atá incháilithe do cheadúnas teilifíse ‘saor in aisce’. Tá an t-ioncam seo faoi réir ag teorainn ó 2011 agus íocann an DEASP leis an DCCA é gach mí.

Mar a fhoráiltear in Alt 123 den *Acht Craolacháin 2009* arna leasú le hAlt 69 den *Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísi Poist) 2011* íocann an DCCA “deontas i gcabhair” neamh-inaisíochta le RTÉ ó na táillí ceadúnais a bhailítear. Is ionann sin agus an méid a iocfar leis ón DEASP chomh maith leis an méid a bhailíonn An Post, glan ar chostais bailiúcháin, tobhach 7% leis an gCiste Craoltóireachta agus suimeanna eile a íocfar le TG4 arna chinneadh ag an Aire Cumarsáide,

Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Arna fháil a aithnítear ioncam ón táille ceadúnais atá iníoctha ag an DEASP. Déantar an t-ioncam eile ar fad ón táille ceadúnais a áireamh ar thuairisc a fháil ó An Post ar líon na gceadúnas a ceannaíodh i rith an tréimhse.

(b) Ioncam fógraíochta agus urraíochta

Aithnítear ioncam fógraíochta teilifíse ar sheachadadh feachtais. Aithnítear an t-ioncam fógraíochta eile go léir ar tharchur/ar fhoilsiú. Luaitear ioncam fógraíochta glan ó choimisiúin ghníomhaireachtaí. Aithnítear ioncam urraíochta go cothrom thar shaolré an chláir urraithe, an fhoilseacháin urraithe, srl.

(c) Ioncam ó tharchuradóireacht agus ó áiseanna

Eascraíonn an t-ioncam ó chúrsaí tarchuradóireachta agus áiseanna ón úsáid a bhaineann an tríú páirtí as craobhchóras tarchuradóireachta, dáileacháin agus ilphléacsúcháin an Ghrúpa agus ó áiseanna stiúideo. Aithnítear suimeanna de réir mar a chuirtear na saoráidí ar fáil do thríú páirtithe.

(d) Ioncam ciorclaíochta agus imeachtaí

Ó fhoilsiú agus chiorclaíocht an *RTÉ Guide* a eascraíonn ioncam ciorclaíochta agus bíonn sé luaite glan ó tháillí dlite don dáileoir agus don mhiondioltóir deiridh. Ar bhonn an ghlanmhéid cóipeanna díolta ag deireadh na tréimhse gearrtha díolacháin gach eagrán a aithnítear ioncam.

Ó imeachtaí poiblí arna n-eagrú ag Grúpaí Ceolfhoirne RTÉ a eascraíonn ioncam imeachtaí. Aithnítear é de réir mar a thionóltar na himeachtaí agus mar a bhíonn suimeanna dlite.

(e) Ioncam ó ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar

Is ionann ábhar, earraí díolacháin agus ioncam gaolmhar méideanna a ghintear ó ábhar agus seirbhísí RTÉ a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe. Aithnítear ioncam de réir mar a chuirtear an tseirbhís ar fáil nó ar earraí a sheachadadh chuig tríú páirtí.

3. Tuairiscíocht Rannóige

Déantar anailís rannóige, a ullmhaítear de réir chaighdeán IFRS 8 *Rannóga Oibríocháin* a leagan amach sna sceidil 2(d) agus 2(f). Is iad na rannóga IBD, na rannóga gnó, na príomhrannóga tuairiscíochta ag RTÉ. Tá anailís rannóige eile mar a éilítear faoin *Acht Craolacháin 2009* leagtha amach i sceideal 2(e).

I nóta 2(d), déantar an t-ioncam tráchtála a lua maidir leis an IBD Tráchtála den chuid is mó. Luaitear ioncam 2rn maidir le IBD Tráchtála. Luaitear an t-ioncam ó dhíolachán na cartlainne agus na leabharlainne maidir le IBD Seirbhísí Digiteacha. Luaitear ioncam ó sheirbhísí ilphléacsanna a chur ar fáil agus roinnt cineálacha beaga eile ioncaim maidir le réimsí eile. Ach amháin i gcás an IBD Nuacht & Cúrsaí Reatha, is feidhm é tuairiscíú an ioncaim ón táille ceadúnais laistigh de gach IBD den ioncam sin a lua le gach cainéal agus seirbhís ar leithligh. I gcás an IBD Nuacht & Cúrsaí Reatha, bíonn na costais go léir clúdaithe ag an ioncam ón táille ceadúnais a luaitear.

Déantar costais arna dtabhú ag IBD agus ar son IBD a lua taobh istigh den IBD sin. Baintear leas as bunús cuí ionsúcháin lán-chostais nó leithdháileadh úsáide chun costas réasúnach agus cóir a leagan ar lár-

sheirbhísí roinnte agus idir-rannacha a úsáideann na IBDanna sin. Bíonn an leithdháileadh bunaithe ar phrionsabail cuntasaióchta an chostais arna gcur i bhfeidhm go seasta agus go hoibiachtúil.

Baineann costas léiriúcháin, coimisiúin agus ceannacháin ar chláiracha teilifíse agus raidió le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil. Déantar na costais sin a ghearradh ar IBD Teilifís, Raidió agus Nuacht & Cúrsaí Reatha de réir mar is cuí. Ionas gur féidir an costas dáiríre a bhaineann le cainéil teilifíse agus raidió saor go haer RTÉ a chur ar fáil a léiriú go cothrom, ní chionroinntear na costais sin i leith seirbhísí ar líne áit a gcuirtear deiseanna breise ar fáil chun rochtain a fháil ar an ábhar a sholáthraítear. Sa chás go dtarlaíonn costas díreach maidir le cearta ar líne a cheannach nó athúsáid a bhaint as ábhar, nó ábhar a chruthú lena úsáid ar líne go príomha, déantar an costas sin a ghearradh ar sheirbhísí ar líne. Sa chás go bhfaightear ábhar d'fhonn a úsáid i gcláir chraolta agus a úsáid go díreach le seirbhísí ar líne, déantar an costas a bhaineann le hábhar mar sin a fháil a leithdháileadh ag teacht leis na prionsabail leithdháilte costais a leagtar amach thuas.

Luaitear sócmhainní agus dliteanais de réir IBD ag nóta 2(f), tar éis dhíchur sócmhainní agus dliteanais idir-chuideachta agus aon bhrabús idir-chuideachta a leanann as aistrithe inmheánacha.

4. Fardail Cláracha

Déantar fardail cláracha a luacháil ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Is ionann fardail clár dúchasach is cláracha a dhéanann RTÉ in-tí nó cláracha a dhéanann RTÉ a choimisiúin ó léiritheoirí neamhspleácha. Áirítear ar chostais stoc cláracha in-tí costais dhíreacha cláracha lena n-áirítear saoráidí léirithe agus costais lucht oibre. Bíonn costais na stoc cláracha coimisiúnaithe bunaithe ar luach an chonartha. Gearrtar fardail na gcláracha dúchasacha go hiomlán chuig an Ráiteas ar an gcéad tarchur.

Is ionann fardail cláracha faighte agus cláracha agus scannáin a cheannaíonn RTÉ ó stiúideonna agus ó chraoltóirí tríú páirtí. Sainmhínítear costais na bhfardail cláracha faighte mar an luach conartha ceadúnais tríú páirtí a fócann RTÉ leis an stiúideo nó leis an goraoltóir. Gearrtar fardail cláracha faighte chuig an Ráiteas loncaim bunaithe ar luach ionchasach gach tarchur mar seo a leanas:

Gnéchláracha:	75% ar an gcéad tarchur
	25% ar an dara tarchur
Sraitheanna:	99% ar an gcéad tarchur
	1% ar an dara tarchur

Is éard is fardail chearta spóirt ná na cearta imeachtaí spóirt a chraoladh. Sainmhínítear costais na bhfardail chearta spóirt mar an luach conartha a chomhaontaíonn an Grúpa leis an gcomhlacht spóirt cuí nó le sealbhóir na gcearta. Sa chás go n-eisíonn RTÉ focheadúnas maidir le cearta spóirt don tríú páirtí, déantar an t-ioncam agus an costas a ghabhann leis sin a lua ar bhonn glan sa Ráiteas faoin Ioncam. Gearrtar fardail chearta spóirt chuig an Ráiteas loncaim de réir mar atá na himeachtaí spóirt a bhaineann leis na cearta a goraoladh.

Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa - Beartais Chuntasáíochta (ar lean)

5. Idirbhearta in Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach go dtí airgeadraí feidhme eintitis an ghrúpa faoi seach ag rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach ar an dáta tuairiscíochta go dtí an t-airgeadra feidhme ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm an dáta sin. Áirítear aon ghnóthachain nó aon chailteanais mar thoradh ar athrú ar rátaí malartaithe i ndiaidh dháta an idirbhirt mar ghnóthachan nó cailteanais malartaithe sa Ráiteas Ioncaim.

6. Maoin, Innealra agus Trealamh

(a) Aitheantas agus tomhas

Léirítear maoin, innealra agus trealamh ag costas stairiúil glan ar dhímheas carntha agus ar aon chailteanais lagaithe carntha.

Áirítear ar chostas caiteachas a bhaineann go díreach le sócmhainn a éadail. Áirítear ar chostas sócmhainne féin-tógtha costais ábhair agus saothair dhíreach agus aon chostas eile a bhain go díreach le bail oibre a chur ar an tsócmhainn don úsáid bheartaithe chomh maith leis na costais a bhain le nithe a bhaint anuas agus a thabhairt den láthair chomh maith leis an láthair ar a mbeidís a athchóiriú. Déantar bogearraí a cheannaítear atá ríochtanach le go n-oibreodh trealamh a chaipitliú mar chuid den trealamh sin.

Sa chás gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn agus gur féidir costas na rannóige ar tháinig sé ina áit a thomhas go hiontaofa áirítear costais dá éis sin i suim charraeireachta sócmhainne nó aithnítear ina sócmhainn ar leith í, mar is cuí. Cuirtear gach costas deisithe agus cothabhála eile de mhúirear in aghaidh an Ráitis Ioncaim sa tréimhse airgeadais ina dtarlaíonn siad.

Luaitear stoic de mhionpháirteanna breise ag a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé is lú agus cuirtear san áireamh iad i dtionscadail Chaipitil atá ar bun.

(b) Dímheas

Soláthraítear dímheas ar gach maoin, innealra agus trealamh, seachas talamh ruilse, ag rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn na líne díre thar a saol úsáideach measta, lúide luach iarmharach measta.

Seo a leanas na príomhrátaí a úsáidtear:

Foirgnimh	2.5%	-	25%
Innealra & trealamh	7.5%	-	20%
Fearais & feistis	10%	-	25%

Is ionann tionscadail chaipitil atá ar bun is an costas a bhaineann le maoin, innealra agus trealamh a cheannach agus a shuiteáil sula gcuirtear ag obair iad. Muirearaítear dímheas ar shócmhainní ó dháta a gcoimisiúnaithe.

Sa chás go mbíonn saolré úsáideach éagsúil ag páirteanna de rannóg maoin, innealra nó trealamh is mar mhíreanna (mór-chomhpháirteanna) maoin, innealra nó trealamh ar leithligh a dhéantar cuntas orthu agus dímheastar iad dá réir.

(c) Lagú

De réir IAS 36 *Lagú sócmhainní* déantar suim charraeireachta foirgneamh, innealra agus trealamh a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn aon léiriú den chineál sin i gceist is í suim in-aisghabhála na sócmhainní a mheastar.

(d) Costais iasachta

Mar chuid de chostas na sócmhainne a dhéantar caipitliú ar chostais iasachta a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a cheannach, a thógáil nó a tháirgeadh agus a ghlacann tréimhse shuntasach lena réiteach dá húsáid bheartaithe. Déantar gach costas iasachta eile a chuntas sa tréimhse inar tharla siad. Bíonn costais iasachta comhdhéanta d'ús agus costais eile a thabhaíonn eintiteas maidir le cistí a fháil ar iasacht.

7. Sócmhainní Doláimhsithe

(a) Aitheantas agus tomhas

A mhéid is gur dócha gur i ndán don Ghrúpa a bheidh an tairbhe eacnamaíochta a bhaineann leis an tsócmhainn amach anseo agus gur féidir costas na sócmhainne a thomhas go hiontaofa a aithnítear sócmhainn doláimhsithe, sócmhainn neamh-airgeadaíochta nach bhfuil substaint fhísiceach ag baint léi. Meastar an tsócmhainn a bheith so-aitheanta nuair atá sí indeighilte nó go n-eascraíonn sí ó chearta conarthacha nó ó chearta dlíthiúla eile, cibé acu an mbíonn na cearta sin inaistrithe nó indeighilte ón nGrúpa nó ó chearta agus oibleagáidí eile, nó nach mbíonn.

Iompraítear sócmhainní doláimhsithe ag costas lúide aon amúchadh fabhráithe agus aon chailteanais lagaithe fabhráithe. Baineann sócmhainní doláimhsithe an Ghrúpa go hiomlán le bogearraí.

Ní dhéantar caipitliú ar chaiteachas ina dhiaidh sin ach amháin má chuireann sé le tairbhe eacnamaíochta na sócmhainne ar leith lena mbaineann sé amach anseo.

(b) Amúchadh

Déantar sócmhainní doláimhsithe, a bhfuil saolta eacnamaíochta úsáideacha teoranta acu, a amúchadh go dtí an ráiteas ioncaim ar bhonn na líne díre thar a saolta úsáideacha measta ón dáta a mbíonn siad ar fáil le húsáid. I gcás bogearraí ríomhaire, is 3 go 5 bliana de ghnáth a bhíonn sna saolta eacnamaíochta úsáideacha.

(c) Lagú

De réir IAS 36 *Lagú Sócmhainní* déantar suim charraeireachta shócmhainní doláimhsithe a athbhreithniú ar gach dáta deireadh bliana lena chinneadh cibé an bhfuil aon léiriú ar lagú agus bíonn siad faoi réir thástáil lagaithe sa chás go léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca gur féidir nach mbeidh na luachanna anonn in-aisghabhála. Má bhíonn léiriú de chineál ar bith mar sin ann ansin déantar suim inaisghabhála na sócmhainne a mheas.

8. Ionstraimí airgeadais

(a) Ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh

Tá ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh comhdhéanta de thrádáil agus nithe infhaighte eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh), infheistíochtaí leachtacha, airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, airgead tirim srianta, iasachtaí agus iasachtaíochtaí, ioncam carntha, sochair fostaithe agus trádáil agus nithe iníoctha eile.

Aithnítear ar dtús ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh ag luach cóir. Ina dhiaidh sin tomhaistear ionstraimí airgeadais neamh-dhíorthaigh mar a leagtar amach thíos.

Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí

Ag costas a aithnítear infheistíochtaí RTÉ i bhfochuideachtaí ina Ráiteas ar Staid Airgeadais, lúide cailteanais lagaithe.

Suimeanna infhaighte trádála agus eile

Tugtar nithe infhaighte trádála agus eile ag costas amúchta a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo. Iompraítear nithe infhaighte trádála ag suim an tsonraisc bhunaigh lúide aon lagú maidir le suimeanna a bhféadfadh sé tarlú nach bhféadfaí iad a in-aisghabháil. Aithnítear lagú mar sin má tá fianaise oibíachtúil ann i ndiaidh na céad aitheanta go bhféadfadh sé nach bhféadfaí in-aisghabháil a dhéanamh ar iarmhéid go hiomlán ná cuid de.

Infheistíochtaí leachtacha

Tá infheistíochtaí leachtacha comhdhéanta de thaiscí gearrthéarmacha agus infheistíochtaí sócmhainne reatha ag a bhfuil dáta aibíochta nach mó ná trí mhí ón dáta a bhfuarthas iad ach nach lú ná dhá mhí dhéag ó dháta dheireadh na bliana. Ó tharla aibíocht na n-infheistíochtaí seo lasmuigh den am lena rangú mar airgead tirim nó coibhéisí airgid thirim faoi IAS 7 *Ráitis faoi shreabhadh airgid*, caitear le hiarmhéideanna gaolmhara amháil is gur sócmhainní airgeadais iad agus tugtar iad ag luach cóir ar dháta tionscanta agus luaitear iad mar chostas amúchta ina dhiaidh sin. Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim comhdhéanta d'iarmhéideanna bainc agus taiscí inghlaoite atá inchomhshóite go héasca go dtí suimeanna airgid thirim a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag a luachanna iompair nó gar dó agus bíonn faoi réir riosca neamh-shuntasach go n-athróidh luach. Sa chás is go rangaítear taiscí inghlaoite mar choibhéisí airgid thirim, is aibíocht trí mhí nó níos lú ón dáta a bhfuarthas iad a bhíonn leis na hiarmhéideanna bainteacha. Aithnítear an t-ioncam ar na sócmhainní seo ar bhonn an ráta úis atá in éifeacht.

Fiachais agus iasachtaí

Taifeadtar fiachais agus iasachtaí ar a bhfuil ús ar dtús ag luach cóir, an luach cóir ar an gcomaoin infhaighte, glan ar chostais idirbheartaíochta a bhaineann. Ina dhiaidh sin tomhaistear iasachtaí ar ráta athraitheach ag costas amúchta ag baint leasa as an modheolaíocht ráta úis atá in éifeacht.

Suimeanna iníoctha trádála agus eile

Tugtar nithe iníoctha trádála agus eile ag costas amúchta, a thagann a bheag nó a mhór le luach cóir ó tharla nádúr gearrthéarmach na sócmhainní seo.

(b) Ionstraimí airgeadais díorthaigh

Tá an Grúpa nochtaíthe do rioscaí margaidh a bhaineann le hathruithe ar rátaí úis agus ar rátaí malartaíthe airgeadra. Tá an Grúpa i mbun bhabhtáil ar ráta úis chun bainistiú a dhéanamh ar athruithe ar rátaí úis ar iasachtaí an Ghrúpa. Baintear leas as réamhchonartháí airgeadra eachtrach chun athruithe ar Dollar SAM agus Steirling a bhainistiú maidir le hidirbheartaíochtaí tuartha. Ní théann an Grúpa i mbun conartháí díorthaigh amhantracha.

Trí lascaíniú a dhéanamh ar an sreabhadh airgid measta ar an socrú babhtála chun luach reatha a léiriú ag baint leasa as an ráta margaidh cuí a chinntear luach cóir na babhtála ar ráta úis. Cinntear luach cóir na réamhchonartháí airgeadra eachtrach bunaithe ar luach reatha an réamhphraghais atá tugtha.

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthaigh ag luach cóir ar dtús agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin go dtí luach cóir gach dáta tuairiscíochta. Rangaíonn an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthaigh mar shócmhainní nó dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bharrachas nó easnamh nó mar fháluithe sreabhaidh airgid. Cuirtear aon ghnóthachain ná cailteanais a bhíonn mar thoradh ar athruithe ar luach cóir na ndíorthach isteach díreach sa Ráiteas loncaim, seachas an chuid de na fáluithe sreabhaidh airgid atá ag obair agus a aithnítear sa Ráiteas faoi loncam Cuimsitheach (mar a bhfuil cur síos thíos air).

Fáluithe Sreabhaidh Airgid

Nuair a chuirtear tús le fálú sreabhaidh airgid ainmníonn agus cláraíonn an Grúpa go foirmiúil an gaol fáluithe inar mian leis an nGrúpa a chur i bhfeidhm i gcuntasaíocht fálaíthe agus an cuspóir bainistithe riosca agus straitéis le tabhairt faoin bhfálú.

Nuair a ainmnítear ionstraim airgeadais díorthaigh ar fhálú sreabhaidh airgid dliteanas aitheanta, aithnítear cuid éifeachtach aon chaillteanais nó gnóthachain ar an ionstraim airgeadais díorthaigh go dtí díreach sa Ráiteas faoi loncam Cuimsitheach. Aithnítear cuid neamhéifeachtach aon ghnóthachain nó cailteanais láithreach sa Ráiteas loncaim. Athrangaítear an méid a charntar i gcothromas sa Ráiteas loncaim sa tréimhse chéanna a mbíonn tionchar ag an ní fálaíthe ar an mbarrachas nó ar an easnamh.

Mura mbeidh an ionstraim fálaíthe ag comhlíonadh na gcritéar do chuntasaíocht fhálaíthe nó má tharraingítear siar an t-ainmniúchán cuirtear deireadh go hionchasach leis an gcuntasaíocht fhálaíthe.

9. Sochair d'Fhostaithe

(a) Oibleagáidí sochair scoir

Déanann an Grúpa, trí Scéim Aoisliúntais RTÉ, Scéim Pinsin Ranníoca Sainithe RTÉ, Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ (scéim chumaisc a bhfuil gnéithe shainithe agus ranníoca shainithe léi) agus scéimeanna ranníoca sainithe eile ranníocaíochtaí pinsin do líon suntasach fostaithe.

Maidir leis na scéimeanna ranníocaíochtaí sainithe agus le gné ranníocaíochtaí sainithe Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ, fabhraítear ranníocaíochtaí agus aithnítear iad sa Ráiteas loncaim sa

Aguisín le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa - Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

tréimhse a saothraíonn na fostaithe cuí iad.

Maidir le Scéim Aoisliúntais RTÉ, scéim sochair shainithe aoisliúntais maoinithe agus gné sochair shainithe de Scéim Pinsin '50/50' Riosca i bPáirt RTÉ, nochtar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime agus luach reatha dliteanas na scéime ó mheasúnú achtúireachta, á ríomh ag baint leasa as an modh creidmheasa aonaid teilgthe, mar shócmhainn/dlíteanas sa Ráiteas ar Staid Airgeadais, glan ar cháin iarchurtha (a mhéid is féidir é a inaisghabháil). An tsuim a chuirtear in aghaidh an Ráitis Ioncaim ná costas achtúireachta na sochar pinsean a ghealltar d'fhostaithe a saothraíodh le linn na bliana móide aon fheabhsúcháin sochair a deonaíodh do chomhaltaí i rith na bliana.

Cinneann an Grúpa an (t-ioncam)/costas úis glan tríd an ráta lascaine a úsáidtear chun an oibleagáid shochair shainithe a thomhas ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm leis an dlíteanas/(sócmhainn) sochair shainithe glan ag tús na tréimhse, ag cur san áireamh athruithe i rith na tréimhse mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair. Léirítear an costas/(t-ioncam) úis glan mar mhír airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Déantar atomhais ar an dlíteanas sochair sainithe glan, torthaí ar shócmhainní an phlean agus tionchar na teorann sócmhainne a aithint láithreach sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Nuair a athraítear sochair aon phlean, déantar an t-athrú ar an sochar a bhaineann le seirbhís san am atá caite a aithint láithreach sa Ráiteas Ioncaim.

(b) Sochair Foirceanta

Aithnítear sochair scoir mar chaiteachas nuair is léir go mbíonn an Grúpa tiomanta, is gan aon fhéidearthacht ann tarraingt siar, do phlean mionsonraithe fostaíochta a fhoirceannadh roimh an ngnáthdháta scoir nó sochair foirceanta a sholáthar mar thoradh ar thairiscint a rinneadh le hiomarcaíocht dheonach a spreagadh. Aithnítear sochair d'iomarcaíochtaí deonacha mar chaiteachas má tá tairiscint ar iomarcaíocht dheonach déanta ag an nGrúpa, más dócha go nglacfar leis an tairiscint, agus gur féidir an líon glactha a mheas go hiontaofa.

(c) Sochair ghearrthéarmacha

Ar bhonn neamh-lascainithe a thomhaistear oibleagáidí sochair fostaithe agus déantar iad a chur san áireamh de réir mar a sholáthraítear an tseirbhís.

10. Cáin Ioncaim

(a) Aitheantas

Tá cáin ioncaim comhdhéanta de cháin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear caiteachas cáin ioncaim sa Ráiteas Ioncaim seachas a mhéid a bhaineann sé le rannóga a aithnítear go díreach i gothromas agus sa chás sin a aithnítear i gothromas.

(b) Cáin reatha

Is ionann cáin reatha agus an cháin ionchasach iníochta ar ioncam incháinithe don bhliain, ag baint leasa as na rátaí cánach achtaithe

nó atá achtaithe go substaintiúil ar an dáta tuairiscíochta, agus aon leasú ar cháin iníochta maidir le blianta roimhe sin. Tá cáin chorparáide na hÉireann dlite ar ioncam inchánaithe an Ghrúpa. Bhí ioncam a saothraíodh ó tháille ceadúnais an Ghrúpa roimh an 31 Nollaig 2006 díolmhaithe ó cháin chorparáide.

(c) Cáin iarchurtha

Aithnítear cáin iarchurtha leis an modh clár comhardaithe ina soláthraítear do dhifríochtaí idir an tsuim de shócmhainní agus dlíteanas a iompraítear do chríocha tuairiscíochta airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críocha cánach. Níl sócmhainní ná dlíteanas cánach iarchurtha faoi réir lascainiú agus déantar iad a thomhais ag rátaí cánach a mheastar a bhainfidh leis an tréimhse a bhfíoraítear an tsócmhainn nó a socraítear an dlíteanas bunaithe ar na rátaí cánach agus na dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substainteach ar dháta deireadh na bliana.

Aithnítear dlíteanas chánach ar mhaithe le gach difríocht sealadach cánach seachas chéad aithint sócmhainne nó dlíteanas in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach mbíonn tionchar aige ar an mbrabús cuntasaíochta ná ar an mbrabús ná ar an gcaillteanas inchánaithe tráth a ndéantar an t-idirbheart.

A mhéid agus is dócha a bheidh brabús inchánaithe ar fáil ina aghaidh agus ar féidir an difríocht shealadach a úsáid a aithnítear sócmhainn cánach. Déantar sócmhainní cánach a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscíochta agus laghdaítear iad a mhéid is nach dóigh níos mó go mbainfeadh an sochar cánach bainteach amach.

Déantar sócmhainní agus dlíteanas cánach a fhritháireamh má tá ceart dlí infheidhmithe ann sócmhainní agus dlíteanas chánach a fhritháireamh agus go mbaineann siad le cáin ioncaim atá á ghearradh ag an údarás céanna cánach ar an eintiteas céanna inchánaithe.

11. Ioncam agus Costais Airgeadais

Tá ioncam airgeadais comhdhéanta d'ioncam ó ús ar airgead tirim agus d'infheistíochtaí leachtacha agus gluaiseachtaí luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

Tá caiteachais airgeadais comhdhéanta d'ús ar iasachtaí, díscáileadh na lascaine ar chostas athstruchtúrtha agus gluaiseachtaí luach cóir ar ionstraimí airgeadais díorthaigh a aithnítear tríd an Ráiteas Ioncaim.

12. Ioncam Díbhinn

Tugtar díbhinní a íocadh agus a fuarthas ó chuideachtaí an ghrúpa san áireamh i ráitis airgeadais na cuideachta maidir leis an tréimhse a ndearnadh na díbhinní atá i gceist a fhógairt agus a aontú lena linn.

13. Deontais Chaipitil

Déantar deontais caipitil a lua mar ioncam iarchurtha agus a thabhairt san áireamh leis an Ráiteas Ioncaim ar bhonn atá ag teacht leis an bpolasaí dímhéasa maidir leis na sócmhainní atá i gceist. Déantar deontais atá bunaithe ar ioncam a thabhairt san áireamh leis an Ráiteas Ioncaim an bhliain ina mbíonn siad dlite.

Ceanglais Tuairiscíochta Eile

Comhionannas agus Iléagsúlacht

Déanann RTÉ, mar fhostóir agus mar chraoltóir náisiúnta araon, bearta forghníomhacha chun comhionannas agus iléagsúlacht a chur chun cinn. Tugtar cuntas níos mine anseo síos ar bhearta agus ar thionscnaimh RTÉ ina leith sin.

Comhionannas agus iléagsúlacht san ionad oibre

Mar fhostóir, is maith is eol do RTÉ gur den bhunriachtanas maidir le héifeachtacht agus críochnúlacht na hoibre agus leis an dea-chaidreamh i measc lucht na foirne go mbeadh an iléagsúlacht á cothú agus comhionannas deiseanna á chur ar fáil. Tá meas ar lucht na foirne as ucht iléagsúlacht a gcuid oibre agus cuidítear leo iomlán a gcuid acmhainne a thabhairt i gcrích.

Maidir leis sin, tá Beartas Iléagsúlachta i bhfeidhm ag RTÉ atá ina chuid de *Lámhleabhar Foirne RTÉ*. Tá an gnás oibre maidir le réimsí éagsúla, mar shampla earcaíocht agus roghnúchán, socruithe oibre agus dínit agus meas ag an obair, ina bhonn daingean faoin mBeartas Iléagsúlachta. Mar shampla, i gcás folúntas poist in RTÉ, is de bhua tuilteanais, agus oiriúnacht maidir le coinníollacha an phoist a fógraíodh a chomhlíonadh, a dhéantar earcaíocht, roghnú agus ardú céime. Chomh maith leis sin, bíonn cothromas idir mná agus fir i gceist le comhaltaí na mbord agallaimh ar fad.

Maidir le comhionannas inscne i measc an lucht saothair, b'fhir 52.7% de lucht oibre RTÉ ar an 31 Nollaig 2017, agus ba mhná 47.3%. Ar leibhéal an Bhoird, déantar foráil faoin *Acht Craolacháin 2009* do chothromaíocht ó thaobh inscne maidir le comhalta an Bhoird trína cheangal go mbeadh líon fear nach lú ná cúigear agus líon ban nach lú ná cúigear ar an mBord. An 31 Nollaig 2017, bhí seisear comhalta mná agus cúigear comhalta fir ar Bhord RTÉ.

I bhfianaise an tábhacht atá ag RTÉ le cúrsaí comhionannais san ionad oibre, fostaíodh Kieran Mulvey, iar-Ardstiúrthóir ar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh maidir le comhionannas inscne san eagraíocht. D'fhoilsigh RTÉ an tuarascáil ón Uasal Mulvey ina hiomláine ar an 1 Samhain 2017. Luaitear torthaí tábhachtacha ar an athbhreithniú neamhspleách sa tuarascáil:

- Ba é toradh an athbhreithnithe go sásaíonn RTÉ, agus i gcásanna áirithe go sáraíonn RTÉ, na cuspóirí agus na spriocanna polasaí náisiúnta i ndáil le cúrsaí fostaíochta agus cúrsaí inscne
- Ba é toradh an athbhreithnithe go bhfuil RTÉ chun tosaigh, i gcomparáid le gnólaichtaí eile, i ndáil le ceisteanna pá agus ionadaíochta maidir le cúrsaí inscne
- Ba é toradh an athbhreithnithe go bhfuil an difreáil pá in RTÉ go forghinearálta isteach is amach le hiomráil 4%, leibhéal is ísle go mór ná an caighdeán ginearálta 14% a luaitear maidir le heacnamaíocht na tíre tríd is tríd
- Ba é toradh an athbhreithnithe go meastar RTÉ a bheith cóir cothrom mar fhostóir agus go bhfuil téarmaí agus coinníollacha maithe fostaíochta á gcur ar fáil do na fostaithe.

Ina dhiaidh sin féin, cuireadh moltaí áirithe chun cinn leis an athbhreithniú maidir le cúrsaí follasachta, cóimheas agus atheagar na ngrád, chomh maith lena éileamh go mbeadh polasaithe leagtha amach de réir córais maidir le pá inscne, iléagsúlacht agus tuairiscíocht. Tá an Stiúrthóir Acmhainní Daonna, i gcomhar le comhghleacaithe eile den lucht Feidhmiúcháin, i mbun an phróisis maidir leis na moltaí sin a chur i bhfeidhm faoi láthair. Tugtar san áireamh leis sin:

- Comhthéacs níos ginearálta a chruthú maidir leis an bpróifíl earcaíochta lena mbainfidh (de réir a chéile) cláir do chéimithe a athbhunú agus breis éagsúlachta maidir le gnéithe eitheachta a bheidh ina léiriú ar nádúr níos ilchultúrtha mhuintir na hÉireann

- Dul chun cinn a dhéanamh ar na leibhéil iontrála ionas gur cothroime an ionadaíocht sna réimsí sin ina bhfuil tromlach mór d'aon inscne agus sciar na mban i rólanna níos sinsearaí a thabhairt san áireamh
- Dul i ngleic leis an gcoastacht a bhaineann le struchtúr na ngrád agus an ré gairme faoi láthair ionas go dtugtar struchtúr níos slánchóirithe chun cinn a fhágfaidh, mar gheall ar pholasaí soiléir maidir le sainsonrú ar rólanna agus forbairt ar an saol gairme, gur lú an éagothromaíocht maidir le hinscne taobh istigh de na gráid

Comhionannas agus iléagsúlacht ar an aer

Is eol go géar do RTÉ, mar chraoltóir seirbhíse poiblí, go bhfuil na meáin chumarsáide in acmhainn tionchar faoi leith a imirt maidir le comhionannas agus iléagsúlacht a chur chun tosaigh.

Sa straitéis maidir leis an tréimhse 2018-2022 a d'fhoilsigh RTÉ le gairid agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin, is dlúthchuid d'aisling RTÉ an iléagsúlacht agus an ilchuimsitheacht. Chuaigh RTÉ i gcomhairle go forleiththeadach le geallsealbhóirí, leis an bhfoireann agus le saineolaithe seachtracha maidir le cúrsaí iléagsúlachta agus an straitéis sin á leagan amach.

Tá tús áite a thabhairt don lucht féachana agus don lucht éisteachta ar cheann de phríomhghnéithe buntábhachta na straitéise ag RTÉ agus, mar chuid de sin, cuirtear romhainn de sprioc go ndéanfadh RTÉ ceannródaíocht maidir le cúrsaí iléagsúlachta agus ilchuimsitheachta, ar an aer agus i réimsí eile. Tá leagtha amach ag RTÉ ábhar a chruthú atá ina léiriú ar an éagsúlacht a bhaineann le hÉirinn agus i faoi shíorathrú. Mar gheall ar athruithe sóisialta le tamall anuas, is fearr a thuigtear iléagsúlacht maidir le cúrsaí creidimh, claonadh gnéis agus inscne. Beidh athrú de dhíth dá bharr sin maidir leis an ábhar a chuireann RTÉ ar fáil chomh maith leis an eagraíocht féin agus le cultúr na heagraíochta.

Mar chuid de straitéis nua na mblianta 2018-2022, tá curtha roimhe ag RTÉ:

- Infheistiú a dhéanamh in oiliúint na foirne
- Cúrsaí iléagsúlachta ar an aer a thomhas
- Glún nua de dhaoine cumasacha i mbun ábhar cúrsaí reatha a thabhairt chun cinn
- Caidreamh a chothú le dreamanna mionlaigh sa lucht éisteachta agus féachana agus aird a thabhairt orthu

Tá cur i bhfeidhm na straitéise ar siúl faoi láthair faoi stiúir an Phríomhstiúrthóra agus an lucht Feidhmiúcháin.

Ó thaobh ábhar a léiriú, leagtar amach polasaithe eagarthóireachta RTÉ sna *Treoirilinte maidir le Caighdeán Ábhar Cláir RTÉ* agus i *dTreoirilinte Iriseoireachta RTÉ*. Tugtar san áireamh leis na beartais sin forálacha sonracha chun an iléagsúlacht agus an comhionannas ó thaobh inscne a chur chun cinn agus díreann ar réimsí tábhachtacha maidir le bainistíocht maidir leis an mbaol go dtarlódh claonadh leataobhach nó buanchruthú ó thaobh inscne in ábhar cláracha agus maidir leis an tábhacht atá le téarmaí a úsáid atá uilechuimsitheach ó thaobh inscne.

Tabhair ar aird go gcomhlíontar leis an tuarascáil seo ceanglais tuairiscíochta RTÉ i gcomhréir le *Moladh Chomhairle na hEorpa (CA/Mol(2013)1) ó Choiste na nAirí do na ballstáit faoi chomhionannas inscne agus na meáin chumarsáide* (arna aontú ag Coiste na nAirí ar an 10 Iúil 2013).

Ceanglais Tuairiscíochta Eile (ar lean)

An Chomhairle Lucht Féachana agus Éisteachta

Bunaíodh Comhairle Lucht Féachana agus Éisteachta RTÉ ar bhonn reachtúil faoi Alt 96 den *Acht Craolacháin 2009*. Cuirtear deis ar fáil don lucht féachana agus don lucht éisteachta tuairim a thabhairt maidir le toradh saothair RTÉ agus maidir le RTÉ maith a dhéanamh den sainchúram poiblí a leagtar air. Cuirtear comhairle ar Bhord RTÉ maidir le saincheisteanna sonracha a bhaineann le sainchúram poiblí RTÉ agus le riachtanais an lucht féachana agus éisteachta.

Déanann na comhaltaí ionadaíocht ar réimse leathan leasanna agus cúlraí agus is é Bord RTÉ a cheapann iad, ag glacadh riachtanais an *Achta Craolacháin 2009* san áireamh.

Déanann na comhaltaí fónamh ar bhonn deonach, ach is féidir leo na speansais sin as póca a d'fhéadfaidís le réasún a thabú i gcomhlíonadh a gcuid feidhmeanna, a fháil ar ais. Ceapann Bord RTÉ chomh maith duine de chomhaltaí an Bhoird mar chomhalta ex officio ar an gComhairle.

I mí Dheireadh Fómhair 2016, thug RTÉ faoi fheachtas fógraíochta poiblí agus tugadh cuireadh don phobal iarratais spéise a chur isteach maidir le bheith mar chuid de Chomhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta. Tháinig roinnt ainmniúchán breise go díreach ó chomhaltaí Bhord RTÉ. Cuireadh gearrliosta le chéile agus tugadh cuireadh do roinnt daoine teacht go RTÉ chun plé a dhéanamh ar a dtuairimí agus ar dhearthaí an Bhoird maidir leis an tslí ar cheart don Chomhairle dul chun cinn. Roghnaigh Bord RTÉ 15 dhuine ansin (lena n-áirítear comhalta Boird RTÉ), daoine lena raon leathan ábhar spéise agus cúlraí. Cuireadh líon beag daoine eile ar ghearrliosta sa chás go mbeadh folúntais le líonadh amach anseo.

Cheap Bord RTÉ Aengus MacGrianna, comhalta de Bhord RTÉ, ina Chathaoirleach nua ar an gComhairle Lucht Féachana agus Éisteachta.

Gealltanais feidhmíochta 2017 maille le slata tomhais (bliain 5)

AN LUCHT FÉACHANA AGUS ÉISTEACHTA – SCJAR AGUS TIONCHAR

1. Cuirfidh RTÉ réimse cuimsitheach seirbhísí meán cumarsáide ar fáil a dhéanfaidh freastal ar speictream aoisghrúpaí den lucht éisteachta agus féachana agus a shásóidh riachtanais éagsúla

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ One: Sceideal níos nua-aimseartha ionas gur mó an tarraingt ann do lucht féachana teaghlaigh agus do dhaoine 35-54 bliain d'aois</i>	An buaic TVR i measc daoine 35-54 a dhaingniú ag >6.7	Rinneadh maith den ghealltanais.
Tabhair ar aird: Is tagairt na spriocanna ar fad maidir le RTÉ One do shonraí maidir le RTÉ One agus RTÉ One +1 le chéile	An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna a dhaingniú ag >26%	Rinneadh maith den ghealltanais.
<i>RTÉ2: Cothromaíocht a thabhairt i gcrích sa sceideal ionas go ndírítear ar dhaoine óga in Éirinn</i>	An buaic TVR i measc daoine 15-34 a dhaingniú ag >1.6	Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanais. Baineadh amach buaic TVR cothrom le 1.5 i measc daoine 15-34 i ndáil le RTÉ2, beagán níos lú ná an sprioc 1.6. Go ginearálta, tá titim i gcónaí maidir le daoine fásta ag faire na teilifíse agus tharla titim níos géire ná mar a bhí á thuar i rith na bliana 2017.
	An sciar de na daoine 15-34 i rith na mbuaicthráthanna a dhaingniú ag >7.7%	Rinneadh maith den ghealltanais.

Tionóladh cúig chruinniú de Chomhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta i rith na bliana 2017, ar a n-áirítear cruinniú i gcomhar le Bord RTÉ mar a bhforáiltear dó faoin Acht.

Tá tuilleadh faisnéise maidir le Comhairle an Lucht Féachana agus Éisteachta agus le comhaltaí na Comhairle, chomh maith le cuntas achoimre ar na cruinnithe a tionóladh i rith na bliana ar fáil ar <https://www.rte.ie/about/ie/how-rte-is-run/2012/0330/315638-comhairle-lucht-feachana-agus-esteachta/>

Ráiteas Bliantúil RTÉ ar Ghealltanais Feidhmíochta 2017 (ASPC 2017)

Réamhrá

Faoi fhorálacha an *Achta Craolacháin 2009*, ní mór do RTÉ trí cheanglas tuairiscíochta nua a shásamh: ráiteas straitéise a ullmhú (alt 99); ráiteas seirbhíse poiblí a ullmhú (alt 101), tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí; agus ráiteas bliantúil faoi ghealltanais feidhmíochta a ullmhú gach bliain (alt 102). I gcomhlíonadh fhorálacha na reachtaíochta, cuireadh Ráiteas Straitéise RTÉ agus Ráiteas Seirbhíse Poiblí RTÉ, an dara ráiteas den chineál sin faoin acht, faoi bhráid an Aire i rith na bliana 2015 agus foilsíodh iad ar RTÉ.ie.

Faoi réir Alt 102(3) an Achta, cuireadh Ráiteas Bliantúil RTÉ faoi Ghealltanais Feidhmíochta 2017 (ASPC) faoi bhráid an BAI agus an Aire i mí Aibreáin 2017. Foilsíodh leagan de ina dhiaidh sin ar RTÉ.ie

Cuirtear an achoimre seo ar an bhfeidhmíocht i láthair i gcomhlíonadh alt 102(5) den Acht agus ag teacht le halt 102(4) den Acht, rinneadh tuarascáil ar leithligh atá níos mionsonraithe maidir le gealltanais a chomhlíonadh nó eile a chur faoi bhráid an BAI agus an Aire i mí Aibreáin 2018.

<i>RTÉjr: Freastal do riachtanais leanaí óga trí sceideal den iléagsúlacht</i>	An sciar de na leanaí 4-7 a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine a choinneáil >16%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. Sciar 14% de na leanaí 4-7 ar tharraing RTÉjr a n-aird i rith na seachtaine, dhá phointe faoin sprioc. Tháinig íslíú níos géire maidir le faire na teilifíse i measc an aoisghrúpa seo i rith na bliana 2017 ná mar a bhí á thuair, agus tháinig ardú an tráth céanna maidir le hábhar a bhreathnú ar líne. Tá á phleanáil ag RTÉ tuiscint níos fearr a ghnóthú ar leanaí ionas go gcuirtear ábhar ar fáil san áit ina dtaipáinn siad é agus ar an gcaoi is fearr leo sin a dhéanamh.
<i>RTÉ Radio 1: Méadú ar an lucht éisteachta 35-54 bliain d'aois trí athrú a dhéanamh ar an tuin agus an meascán seánraí</i>	An sciar méadaithe de na daoine 35-54 'a d'éist inné' a choinneáil ag >24%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. Sciar 21% de na daoine fásta 35-54 'a d'éist inné' a bhain RTÉ Radio 1 amach. Sprioc uailmhianach a bhí anseo tar éis don stáisiún cruthú go maith sa bhliain 2016. Tháinig ardú ar líon na ndaoine a bhí ag obair freisin i rith na bliana 2017, rud a d'fhág laghdú ar an lucht éisteacht a bhí ar fáil.
	An sciar méadaithe den lucht éisteachta 15+ a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna 7-7 a choinneáil >24%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. B'ionann an sciar den lucht éisteachta a raibh aird acu ar RTÉ Radio 1 7-7 agus 22% sa bhliain 2017, 2 phointe faoi bhun an sprioc. Tháinig íslíú ar an sciar sa bhliain 2017 tar éis bliain mhór imeachtaí agus scéalta an bhliain roimhe sin. Tá RTÉ Radio 1 ar an stáisiún is mó lucht éisteachta in Éirinn i gcónaí agus bíonn cluas ag níos mó ná aon mhíilliún duine leis gach seachtain.
<i>RTÉ 2fm: Méadú ar an lucht éisteachta trí ábhar a bhaineann leis an lucht éisteachta 20-44 bliain d'aois a chruthú</i>	Cur leis an % de na daoine 20-44 "a d'éist inné" go mbíonn >15%	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Cur leis an sciar den lucht éisteachta 20-44 bliana d'aois a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna 7-7 go mbíonn ag 12%	Rinneadh maith den ghealltanais.
<i>RTÉ lyric fm: Lucht éisteachta níos forleithne agus níos iléagsúla a chothú trí fhreastal ar lucht éisteachta faoi 50 bliain d'aois</i>	Cur leis an % de na daoine 35-54 'a d'éist inné' go mbíonn >4%	Rinneadh maith den ghealltanais.
	An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air ag buaicthráthanna 7-7 a choinneáil ag 2%	Rinneadh maith den ghealltanais.
<i>RTÉ Raidió na Gaeltachta: Méadú ar an lucht éisteachta trí fhreastal do lucht éisteachta nua taobh amuigh den Ghaeltacht agus thar lear</i>	Cur leis an % de na daoine 35-54 "a d'éist inné" go mbíonn >1%	Rinneadh maith den ghealltanais.
	An sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine a choinneáil >3%	Rinneadh maith den ghealltanais.
<i>RTÉ.ie: Ábhar ardchaighdeán de chuid RTÉ a chur ar fáil do dhaoine in Éirinn agus thar lear</i>	Cur le meánsciar seachtainiúil RTÉ.ie go mbíonn >30%	Rinneadh maith den ghealltanais.
<i>RTÉ Player: A bheith chun tosaigh ar gach seirbhís teilifíse ar a éileamh in Éirinn</i>	Cur le meánsciar seachtainiúil sheinnteoir RTÉ Player go mbíonn >26%	Rinneadh maith den ghealltanais.
<i>RTÉ News Now (RNN): An t-aon seirbhís nuachta ilmheán in Éirinn a thabhairt chun cinn ionas go bhfreastalaítear do riachtanais an lucht féachana</i>	Cur leis an sciar de na daoine fásta 15+ a mbíonn aird acu air i rith na seachtaine go mbíonn >22%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. Aird 17% ar an meán in aghaidh na seachtaine a tharraing RNN ar an teilifís, 5 phointe faoi bhun an sprioc, de réir mar atá níos mó den lucht féachana ag tapú gléasra soghluaiste. Mar chuid den straitéis maidir lena bheith 'digiteach ar dtús', tá athbhreithniú á dhéanamh ag Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ ar an goainéal teilifíse RNN d'fhonn an bealach is fearr a aimsiú chun aird na ndaoine a tharraingt nach móide ábhar nuachta agus cúrsaí reatha á thapú acu ar na hardáin thraidisiúnta.
	Cur le líon na mbrabhsálaithe aonair, ó láithreán nuachta RTÉ agus aip soghluaiste RNN go mbíonn >3.1m	Rinneadh maith den ghealltanais.

Ceanglais Tuairiscíochta Eile (ar lean)

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ go Soghluaiste agus Ar Líne: Cur leis an méid de lón cláir agus d'ábhar RTÉ a thapaítear ar ghléasra soghluaiste agus ar líne i measc dhreamanna den lucht féachana agus éisteachta in Éirinn agus thar lear</i>	Meánsciar seachtainiúil RTÉ trí dheiseanna soghluaiste agus ar líne a atógáil go mbíonn >48%	Rinneadh maith den ghealltanas.
	Cur le meánlíon sruthanna RTÉ in aghaidh na míosa trí dheiseanna soghluaiste agus ar líne go dtí >7.0m	Rinneadh maith den ghealltanas.
	Cur le meánsciar míosúil RTÉ de na brabhsálaithe idirnáisiúnta aonair go mbíonn >2.2m	Rinneadh maith den ghealltanas.
<i>RTÉ Aertel: Príomhsheirbhís faisnéise na hÉireann a chur ar fáil</i>	Monatóireacht ar úsáid RTÉ Aertel agus an sciar de na daoine a mbíonn aird acu air ag >15%	Rinneadh maith den ghealltanas.
<i>Cartlanna RTÉ: Cartlanna RTÉ a fhorbairt agus a oscailt don phobal</i>	Cur le líon na ndaoine a d'úsáid Cartlanna RTÉ riamh go mbíonn >22%	Ní dheanadh maith den ghealltanas. Tá 19% de na daoine fásta 18+ a mhaíonn gur bhain siad úsáid as Cartlanna RTÉ, mar a chéile le torthaí roimhe seo ach 3 phointe faoi bhun an sprioc. Ní branda so-aitheanta Cartlanna RTÉ agus tá cuid mhór a thapaíonn ábhar de chuid na gcartlann mar chuid de chláir gan a cheapadh leis an mbranda. Tá borradh suntasach faoi líon na ndaoine a cheanglaíonn le hábhar ar líne Chartlanna RTÉ ina dhiaidh sin féin mar atá faoin gcaidreamh ina leith ar na meáin shóisialta. Tá athbhreithniú faoi cheannasaíocht sheachtrach tugtha chun críche ag RTÉ a bheidh ina lón ábhair maidir le straitéis shoiléir san am atá romhainn i ndáil le Cartlanna RTÉ, an chartlann is tábhachtaí maidir le hábhar closamhairc in Éirinn.
<i>Ceolfhoirne, Cóir agus Ceathairéid RTÉ: Ócáidí ceoil beo den chaighdeán is airde a chur ar fáil do lucht éisteachta an cheoil in Éirinn</i>	An lucht éisteachta a thabhairt ar ais chuig >170,000	Rinneadh maith den ghealltanas.

2. Tá rún ag RTÉ a bheith ina chuid thábhachtach den saol ag daoine, iontaoibh a bheith ag daoine as an eagraíocht agus an eagraíocht a bheith freagrach do na daoine

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ ar an Iomlán: Caidreamh a chothú leis an lucht éisteachta agus féachana trí réimse iomlán na seirbhísí</i>	Meánlíon na ndaoine 18+ a raibh aird acu i rith na seachtaine ar Sheirbhísí RTÉ a choinneáil ag >90%	Rinneadh maith den ghealltanas.
	Meánlíon na ndaoine 18-34 a raibh aird acu i rith na seachtaine ar Sheirbhísí RTÉ a choinneáil ag >90%	Rinneadh maith den ghealltanas.
	Meánlíon na ndaoine 35-54 a raibh aird acu i rith na seachtaine ar sheirbhísí go léir RTÉ a choinneáil ag >90%	Rinneadh maith den ghealltanas.
	Meánlíon na ndaoine 55+ a raibh aird acu i rith na seachtaine ar sheirbhísí go léir RTÉ a choinneáil ag >90%	Rinneadh maith den ghealltanas.
<i>RTÉ ar an Iomlán: A bheith ina chuid thábhachtach den saol in Éirinn agus iontaoibh an lucht féachana agus éisteachta a choinneáil</i>	Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ ina chuid thábhachtach den saol in Éirinn a choinneáil >80%	Rinneadh maith den ghealltanas.
	Dearcadh an phobail go bhfuil RTÉ iontaoifa a thabhairt >65%	Rinneadh maith den ghealltanas.
<i>RTÉ ar an Iomlán: Iléagsúlacht mhuintir na hÉireann a léiriú</i>	Plean gníomhartha agus straitéis iléagsúlachta RTÉ a chur i bhfeidhm	Ní dheanadh maith den ghealltanas. Rinne RTÉ dul chun cinn maidir le tionscnaimh éagsúla i rith na bliana 2017, na measc: tionscadal píolótach chun iléagsúlacht ar an aer a mheas, cur le réimse na ndaoine a bhíonn ar an aer agus oiliúint a chur ar bhail na foirne maidir le haird ar chúrsaí iléagsúlachta.

ÁBHAR – SAINIÚLACHT AGUS ARDCHAIGHDEÁN

3. Tabharfaidh RTÉ faoi athchóiriú ar na seirbhísí meán teilifíse ionas go ndéantar an freastal is fearr ar riachtanais athraitheacha an lucht féachana maidir le hábhar tarraingteach

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ One: Sceideal níos nua-aimseartha ionas gur mó an tarraingt ann do lucht féachana teaghlaigh agus do dhaoine 35-54 bliain d'aois</i>	lléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá tuartha	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80	Rinneadh maith den ghealltanais.
<i>RTÉ2: Othromaíocht sa sceideal trí chur leis an ábhar a léirítear in Éirinn agus nuáil maidir le cláracha agus léiriúcháin atá dírithe ar lucht féachana níos óige in Éirinn</i>	lléagsúlacht sceidil a thabhairt i gcrích de réir na réimsí %	Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanais. Bhí líon na n-uaireanta de chláir fíorasacha agus de chláir drámaíochta ar RTÉ2 beagán taobh amuigh den spriocréimse. Bhí gach seánra eile de réir mar a bhí leagtha amach.
	Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80	Rinneadh maith den ghealltanais.

4. Tabharfaidh RTÉ faoi athchóiriú ar na seirbhísí meán raidió ionas go ndéantar an freastal is fearr ar riachtanais athraitheacha an lucht éisteachta maidir le hábhar tarraingteach

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ Radio 1: Cur leis an tarraingt atá sa stáisiún do dhaoine 35-54 agus leanúint de bheith ar an stáisiún raidió mórshuntais in Éirinn trí sceideal le meascán seánraí cainte agus ceoil</i>	lléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá beartaithe	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80	Rinneadh maith den ghealltanais.
<i>RTÉ 2fm: Cur leis an sprioclucht éisteachta trí ábhar a chruthú atá suimiúil sainchóirithe. Déanfar caomhchóiriú ar ionad 2fm ar mhargadh raidió na hÉireann mar sheirbhís ceoil agus siamsaíochta den mhórthábhacht</i>	lléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá tuartha	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80	Rinneadh maith den ghealltanais.
<i>RTÉ lyric fm: Malairt rogha sainiúil a chur ar fáil do lucht éisteachta an cheoil chlasaiceigh, cheol an domhain agus na n-ealaíon agus réimsí spéise an lucht éisteachta a bheith le sonrú ar an sceideal ar fad</i>	lléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá tuartha	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Dearcadh an lucht féachana maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80	Rinneadh maith den ghealltanais.
<i>RTÉ Raidió na Gaeltachta: Ábhar den nuáil a chur ar fáil a bheadh ina cheangal idir an t-éisteoir agus Gaeltacht phearsanta dáiríre agus saol na Gaeilge</i>	lléagsúlacht seánraí a thabhairt i gcrích de réir na réimsí % atá tuartha	Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanais. Bhí líon na n-uaireanta de chláir ceoil agus de chláir siamsaíochta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta beagán taobh amuigh den spriocréimse. Bhí gach seánra eile de réir mar a bhí leagtha amach.
	Dearcadh an lucht éisteachta maidir le hardchaighdeán a choinneáil ag >80	Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanais. Bhí dearcadh an lucht éisteachta i leith RnaG maidir le hardchaighdeán cothrom le 76.8. Is mian le RnaG tuiscint níos fearr a fháil ar an lucht éisteachta. Sheol RnaG, i gcomhar le TG4 agus le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, suirbhé ar lucht labhartha na Gaeilge sa bhliain 2018 trína mbeidh tuairisc á choinneáil ar an dearcadh faoi chláir agus ar an gcaidreamh leis an tseirbhís.

Ceanglais Tuairiscíochta Eile (ar lean)

5. Déanfaidh RTÉ na seirbhísí meán digiteach a thabhairt chun cinn ionas go ndéantar an freastal is fearr ar riachtanais athraitheacha an lucht éisteachta agus féachana maidir le hábhar tarraingteach

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ Player: A bheith chun tosaigh mar sheirbhís teilifíse ar a éileamh in Éirinn agus an rogha agus an smacht a thabhairt don lucht féachana ionas gur féidir leo taitneamh a bhaint as cláracha de chuid RTÉ ina rogha áit agus an tráth is mian leo</i>	An scór maidir le dearcadh an lucht féachana go bhfuil seinnteoir RTÉ Player sásúil a choinneáil >80%	Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanais. Scór 78% a baineadh amach maidir leis an dearcadh go bhfuil seinnteoir RTÉ Player sásúil, 2 pointe faoi bhun an sprioc. Tá na torthaí maidir le seinnteoir RTÉ Player go maith i gcomparáid le seirbhísí eile ar éileamh. Tháinig feabhas maidir leis an scór Net Promoter i rith na bliana 2017 agus maidir le líon na ndaoine a raibh aird acu air. Tá de sprioc, ina ainneoin sin, a theacht chun cinn mar cheann scríbe teilifíse ar líne. Beidh seinnteoir RTÉ Player den chéad chineál eile á sheoladh i rith na bliana 2018, a mbeidh feidhmiúlacht agus áisiúlacht breise i gceist leis.
<i>RTÉ.ie: Ábhar RTÉ a chur ar fáil don lucht féachana in Éirinn agus go hidirnáisiúnta trí chóras a oibríonn go sármhaith don lucht úsáide agus atá ar fáil ar ardáin éagsúla agus ar ghairis éagsúla</i>	An scór maidir le dearcadh 'sásta le RTÉ.ie' i measc an lucht éisteachta a mhéadú go dtí >80%	Ní dhearnadh maith den ghealltanais. Scór 74%, 6 pointe faoi bhun an sprioc, a baineadh amach maidir leis an dearcadh 'sásta le RTÉ.ie'. Ina dhiaidh sin is uile, bhí an scór 3 pointe níos airde ná scór na bliana 2016 agus tá ardú i gceist freisin ó thaobh réimse na ndaoine a mbíonn aird acu ar an tseirbhís. Cuireadh feabhas ar a dtaitheann an lucht úsáide le tionscnaimh éagsúla i rith na bliana 2017 ar mhaithe leis an úsáid as réimsí den suíomh a leathnú agus tháinig ardú dá bhrí sin ar líon na réimsí ábhair a thabhaítear. Is léir ó thaighde breise gur tháinig ardú i rith na bliana 2017 maidir le rátaí de gach cineál, an dearcadh i leith an ábhair, a fhurasta atá an nascleánúint agus ord agus eagar san áireamh.

6. Leanfaidh RTÉ ina fhoinsé thréan iontaofa in Éirinn maidir le nuacht agus cúrsaí reatha intíre agus idirnáisiúnta, ag cur nuachta ar fáil atá tábhachtach do chách, i mBéarla agus i nGaeilge

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ News: Foinse N&OR intíre agus idirnáisiúnta atá iontaofa, tréan, nua-aimseartha agus Éireannacha chur ar fáil</i>	Ábhar N&OR a chur ar fáil ar RTÉ One, RTÉ Radio 1 agus RTÉ News Now de réir na réimsí % uaireanta a chloig	Rinneadh maith den ghealltanais.
	Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ ábhar N&OR atá iontaofa ar fáil a choinneáil ag >80%	Rinneadh maith den ghealltanais.
<i>RTÉ News Now: An t-aon seirbhís nuachta ilmheán in Éirinn a thabhairt chun cinn ionas go bhfreastalaítear do riachtanais an lucht féachana ar líne, ar dheiseanna soghluaiste agus ar an teilifís</i>	Iléagsúlacht sceidil a thabhairt i gcorích de réir na réimsí %	Rinneadh maith den ghealltanais.

7. Leanfaidh RTÉ d'ábhar cláracha ar ardchaighdeán de chuid na hÉireann trína ndéantar scrúdú agus léiriú ar an saol sin acusan a chur ar fáil do leanaí le lón soláthair ilmheán ar fud ardáin an raidió, na teilifíse, an idirlín agus na ndeiseanna soghluaiste

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ ar an lómlán: Leanúint d'ábhar Éireannach ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud na n-ardán do leanaí</i>	An dearcadh i measc an phobail go gcuireann RTÉ réimse leathan ábhair agus seirbhísí ar fáil do leanaí a choinneáil ag >50%	Rinneadh maith den ghealltanais.

Féach freisin a luaitear faoi RTÉjr faoi Ghealltanais 1

8. Féachann RTÉ le díriú ar na cainteoirí uile Gaeilge in Éirinn agus thar lear leis na cláracha agus na seirbhísí Gaeilge a chuirtear ar fáil

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ ar an lomlán: Féachaint le caidreamh a chothú le gach duine a labhraíonn Gaeilge in Éirinn agus thar lear</i>	Na daoine i measc an phobail a bhfuil de dhearcadh acu go gcuireann RTÉ seirbhís chuimsitheach ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge a choinneáil ag >50%	Rinneadh maith den ghealltanas.
Féach Gealltanas 4 maidir le RTÉ Raidió na Gaeltachta		

ÁBHAR – CRUTHAITHEACHT AGUS NUÁIL

9. Leanúint den chraoladh ar na himeachtaí móra náisiúnta a tharraingíonn an tír le chéile - más imeachtaí móra siamsaíochta, nuachta nó polaitíochta, nó imeachtaí móra spóirt iad

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ ar an lomlán: Leanúint den chraoladh ar na himeachtaí móra náisiúnta a tharraingíonn an tír le chéile</i>	Cur leis an dearcadh i measc an phobail go ligeann RTÉ dom imeachtaí náisiúnta a thapú go mbíonn >80%	Rinneadh maith den ghealltanas.

10. Bainfidh RTÉ úsáid as an teicneolaíocht dhigiteach chun cur le caighdeán na seirbhísí agus an t-ábhar a chur ar fáil don lucht éisteachta agus féachana is fairsinge is féidir

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ ar an lomlán: Ábhar de chuid RTÉ a chur ar fáil don lucht éisteachta agus féachana is fairsinge is féidir ar fud na n-ardán éagsúil agus ar dheiseanna éagsúla</i>	Cur leis an dearcadh i measc an phobail go bhfuil teacht go héasca ar chláracha agus ar sheirbhísí RTÉ ar réimse deiseanna go mbíonn >80%	Ní dhearnadh maith den ghealltanas. 72% an toradh a baineadh amach, 8 bpointe faoi bhun an sprioc. Tá ábhar RTÉ ar fáil go forleathan ar ardáin teilifíse, ar sheirbhísí ar a n-éileamh, ar ardáin fhorbartha agus ar theilifíseáin ceangailte. Seoladh Saorview Connect i rith R4 2017 (níos deireanaí ná mar a bhí beartaithe) rud a d'fhág teacht níos furasta ar sheinnteoír RTÉ Player. Is mó de réir a chéile atá smacht ag oibrítheoirí Teilifíse, ag déantúsóirí an ghléasra agus ag úinéirí ardán domhanda ar an mbealach chun lucht féachana, ábhar agus cláir a aimsiú. Tá sin agus an costas a ghabhann le cearta ar na príomhréimsí deacrachta i gcónaí.

11. Tá de rún ag RTÉ bonn treise a chur faoin nuáil agus faoin gcruthaitheacht agus iad a chothú go hinmheánach agus i measc earnáil na léiritheoirí neamhspleácha agus i measc lucht cruthaitheachta go ginearálta

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ ar an lomlán: Bonn treise a chur faoin nuáil agus faoin gcruthaitheacht agus iad a chothú</i>	Dearcadh an phobail gur eagraíocht chruthaitheachta RTÉ a choinneáil ag >60% 5 chlár píolótacha a chraoladh ar Theilifís RTÉ	Rinneadh maith den ghealltanas. Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Rinne RTÉ craoladh píolótach ar shraitheanna gairide agus ar fhormáidí den nuáil ar RTÉ One agus ar chlár eile ar sheinnteoír an RTÉ Player.
<i>Raidió RTÉ: Sciar ard maidir leis an gcéad chraoladh ar ábhar a léirítear in Éirinn a choinneáil ar Raidió RTÉ</i>	>80% den ábhar a chuirtear ar fáil ar bhandaí FM Raidió RTÉ a choinneáil ina ábhar dúchasach arna chraoladh den chéad uair	Rinneadh maith den ghealltanas.
<i>Teilifís RTÉ: Cinntiú gur cláracha a léirítear in Éirinn sciar ard den ábhar a chraoltear le linn buaicthráthanna ar RTÉ One</i>	Uaireanta an chloig d'ábhar dúchais a choinneáil ag >70% d'iomlán na n-uaireanta an chloig le linn buaicthráthanna ar RTÉ One	Rinneadh maith den ghealltanas.
<i>Raidió agus Teilifís RTÉ: Bonn treise a choinneáil faoi earnáil na léiritheoirí neamhspleácha in Éirinn trí chlár raidió agus teilifíse a choimisiúnú</i>	Coinníollacha caiteachais faoin reachtaíocht a shásamh agus na dualgais faoi Alt 116 den Acht Craolacháin 2009 a chomhlíonadh	Rinneadh maith den ghealltanas.

Ceanglais Tuairiscíochta Eile (ar lean)

12. Tá de rún ag RTÉ ábhar ealaíon agus cultúir níos mó le rá, níos uaimhianáí agus níos ilchuímsithí a chur ar fáil

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>RTÉ ar an Iomlán: Cuidiú le beartaíocht ealaíon in Éirinn</i>	Dearcadh an phobail go gcuireann RTÉ bonn treise faoi bheartaíocht ealaíne in Éirinn a choinneáil ag >70%	Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Aontaíonn 68% den phobal go gcuideann RTÉ le bearta ealaíne in Éirinn, 2 pointe faoi bhun an sprioc. Chuidigh RTÉ le líon níos mó ná 130 ócáid cultúir agus ealaíne ar fud na tíre i rith na bliana 2017 faoin scéim RTÉ Supporting the Arts. Treisíodh in athuair le dúthracht RTÉ i leith chúrsaí ealaíne sa bhliain 2018 nuair a ceapadh Ceannasaí Ealaíne agus Cultúir an Ghrúpa.

AN ÚSÁID AS CISTÍ POIBLÍ

13. Tá RTÉ dúthrachtach maidir leis na spriocanna buiséid a leagtar síos i mBuiséad Eatramhach 2017 RTÉ a shásamh

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>An sprioc i mBuiséad Eatramhach 2017 a bhaint amach</i>	Toradh aontaithe ar an mbuiséad don bhliain a bhaint amach	Rinneadh maith den ghealltanas.

14. Seirbhís a chur ar fáil ar fiú an t-airgead í, trína chinntiú go mbaintear an luach is fearr amach i ngach réimse gnó agus trí leanúint den leas is fearr a bhaint as ioncam ón táille ceadúnais

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>Punann seirbhísí RTÉ a chur ar fáil taobh istigh den sprioc maidir le costas oibriúcháin.</i>	Na spriocanna maidir le buiséad an chostas oibriúcháin agus seirbhísí áirithe a chur ar fáil a bhaint amach	Rinneadh maith den ghealltanas.
<i>Cinntiú go mbíonn an chistíocht poiblí maidir le gach seirbhís faoi leith taobh istigh de na teorainneacha sonraithe</i>	Réimsí tairse maidir leis an úsáid as cistí poiblí don bhliain 2017	Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Bhí ocht gcinn de na seirbhísí taobh istigh den réimse beartaithe. Sáraíodh an tairseach i ndáil le trí cinn de na seirbhísí, sárú níos lú ná €1 milliún i gcás péire acu sin.
<i>An scór maidir le tuairim an phobail go bhfuil luach maith ar airgead ag baint le RTÉ a choinneáil</i>	An scór maidir le tuairim an phobail go bhfuil luach maith ar airgead ag baint le RTÉ a choinneáil ag 56%	Rinneadh maith den ghealltanas.
<i>Sprioc bhuiséad 2017 maidir le PROC* a bhaint amach - % den Chostas Iomlán Oibriúcháin (sula dtugtar dímeas & amúchadh san áireamh)</i>	An sprioc maidir le PROC a bhaint amach	Rinneadh maith den ghealltanas.
<i>An infheistíocht i bhfoghlaim agus i bhforbairt an lucht foirne a choinneáil ar bun sa chaoi is go mbaintear amach na haidhmeanna straitéiseacha</i>	An buiséad foghlama agus forbartha a choinneáil sa réimse sárchleachtais 1-4% de na costais PROC*	Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Mar gheall ar an easnamh maidir le hioncam tráchtála i rith na bliana 2017, cuireadh ciorruithe i bhfeidhm i ndáil le gach réimse caiteachais roghnach, foghlaim agus forbairt san áireamh, ionas nach sárófaí an t-easnamh maidir leis an mbuiséad oibriúcháin.

*Costais Oibriúcháin a bhaineann le Pearsanra

15. Gníomhaíochtaí tráchtála RTÉ a oibriú go héifeachtach chun an glantoradh is fearr a bhaint as gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí RTÉ

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>Rannóg Tráchtála RTÉ: An sprioc maidir le hioncam tráchtála a bhaint amach</i>	An sprioc maidir le hioncam tráchtála a bhaint amach	Ní dhearnadh maith den ghealltanas. Níor baineadh amach sprioc na bliana 2017 maidir le hioncam ó fhógraí teilifíse, foinsé 53% den ioncam tráchtála 2017. Éiginnteacht mar gheall ar Brexit, rátaí malartaithe sterling/euro agus laige leanúnach maidir le FMCG ba chúis leis sin.
<i>Rannóg Tráchtála RTÉ: Tagarmharcáil a dhéanamh ar na torthaí tráchtála i gcomórtas le hinnéacsanna ábhartha tionsclaíochta</i>	Tuairisc a thabhairt ar thorthaí tráchtála RTÉ i gcomórtas le hinnéacsanna ábhartha tionsclaíochta	Rinneadh maith den ghealltanas.

FOLLASACHT, CUNTASACHT AGUS COMHAROIBRÍÚ

16. Na caighdeáin eagarthóireachta is airde a fheidhmiú, athbhreithniú a dhéanamh ar threoirínte eagarthóireachta i gcomhthéacs na reachtaíochta agus na gcód cleachtas agus laghdú chomh mór agus is féidir a bheith ar bhearta ceartaitheacha de réir rialúcháin / dlí

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>Cinntiú go gcomhlíontar cóid eagarthóireachta an BAI.</i>	Cód Caighdeán na gClár	Rinneadh maith den ghealltanas.
	Cód Cothromaíochta, Neamhchlaontachta agus Oibiachtúlachta maidir le Nuacht & Cúrsaí Reatha	Rinneadh maith cuid mhór den ghealltanas. Seasadh i bpáirt le haon ghearán amháin.
<i>Muinín an phobail a choinneáil maidir le neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht ábhar mórthábhachta de leithéid chláracha nuachta agus chúrsaí reatha agus iontaoibh an lucht éisteachta agus féachana a chothú</i>	Dearcadh an lucht féachana maidir le "cothroime agus neamhchlaontacht" RTÉ News: <i>Nine O'Clock</i> ag >90%	Rinneadh maith den ghealltanas.
	Dearcadh an lucht éisteachta maidir le "cothroime agus neamhchlaontacht" Morning Ireland a choinneáil ag >90%	Rinneadh maith den ghealltanas.

17. Ceannródaíocht a léiriú maidir le seirbhísí den áisiúlacht trí na híoscaighdeáin a shárú agus seirbhísí nua / den nuáil a chur ar fáil nuair is féidir sin, ionas go soirbhítear do theacht a bheith ar an Teilifís acu siúd atá faoi mhíchumas céadfach

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>Cinntiú go gcomhlíontar rialacha rochtana an BAI</i>	Spriocanna ar fad an BAI a chomhlíonadh	Rinneadh maith den ghealltanas.

18. Na caighdeáin is airde maidir le rialachas corparáide agus tuairiscíocht gnó a choinneáil ar bun sa chaoi is go gcinntítear breis follasachta agus cuntasachta

Beart/Tionscnamh Mórthábhachta 2013-2017	Slat Tomhais ASPC 2017 (Bliain 5)	Toradh 2017
<i>An sárchleachtas a chur chun cinn maidir le bainistíocht ar ábhar baoil i ndáil le fiontraíocht (ERM)</i>	Tabharfaidh Feidhmeannas RTÉ, mar chuid den phróiseas leanúnach maidir le bainistíocht a dhéanamh i ndáil le hábhar baoil, na príomhréimsí baoil chun suntais a d'fhéadfadh cur isteach ar straitéis cúig bliana nua RTÉ a thabhairt i bhfeidhm	Rinneadh maith den ghealltanas.
<i>Comhlíonadh pholasaí Cóirthrádála RTÉ a léiriú go gníomhach tríd an bpróiseas bliantúil maidir le cistíocht poiblí</i>	Sonraí maidir le cúrsaí cóirthrádála a chur ar fáil don Údarás Craolacháin agus do na comhairleoirí a cheapann an tÚdarás maidir leis an athbhreithniú bliantúil sa bhliain 2017 (i leith na bliana 2016)	Rinneadh maith den ghealltanas.

Ceanglais Tuairiscíochta Eile (ar lean)

Tuascáil Cóirthrídála RTÉ 2017

Tá RTÉ tugtha dá chinntiú go gcoitear i mbun trídála le prionsabail na cóiríomaíochta agus go n-oibrítear taobh istigh de chreat dlí an AE agus den reachtaíocht náisiúnta. Mheas RTÉ gur chuí, sa bhreis air sin, polasaí agus nós imeachta dá chuid féin a chur i bhfeidhm, Polasaí agus Nós Imeachta Cóirthrídála RTÉ, a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin RTÉ.

Is fochoiste de chuid Bhord RTÉ an Coiste maidir le Cóirthrídáil a cuireadh ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an pholasaí agus an nós imeachta. Is iad comhaltaí an fochoiste Fionnuala Sheehan (Cathaoirleach) agus Deborah Kelleher. Bhí Fergus Armstrong ina chomhalta den fochoiste go dtí gur tháinig deireadh lena théarma oifige ina chomhalta ar Bhord RTÉ i mí na Samhna 2017. Tá an fochoiste seo freagrach as maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar an bPolasaí maidir le Cóirthrídáil maidir lena chur i bhfeidhm agus is féidir leis an bhfochoiste athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an bpolasaí chomh maith le hathbhreithniú ar an bpróiseas maidir le gearáin. Déanann an tOifigeach Cóirthrídála, Paul Doyle, tuairiscíocht go díreach leis an bhfochoiste. Bhí cúig cinn de chruinnithe ag an bhfochoiste i rith na bliana 2017.

Ón mbliain 2016 ar aghaidh, tá an struchtúr nua le sonrú ar Thuarascáil Bhliantúil RTÉ faoinar cuireadh Roinn Tráchtála ar bun atá faoi bhainistíocht ar leith ó na rannóga IBD atá freagrach as beartaíocht seirbhíse poiblí RTÉ a thabhairt i gcrích. Léirítear i dTuascáil Bhliantúil Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Fhiontair Thráchtála RTÉ aistriú na beartaíochta idir an chuideachta agus RTÉ. Rinneadh sin ionas gur fearr a thiofadh ról na chuideachta le struchtúr nua na heagraíochta.

Rinne an Coiste Cóirthrídála monatóireacht i rith na bliana 2017 ar athstruchtúr RTÉ lena chinntiú go leanfar le hatheagar an Pholasaí agus Nósanna Imeachta Cóirthrídála. Ag teacht leis an bPolasaí agus Nósanna Imeachta Cóirthrídála, tugadh faoi athbhreithniú a dhéanamh maidir le tionchar margaidh sheirbhíse RTÉ mar chuid den phróiseas chun straitéis RTÉ 2018-2022 a fhorbairt.

Lean an tOifigeach Cóirthrídála le seisiúin mionteagaisc a chur ar siúl do na bainisteoirí ar fud RTÉ agus cuireadh comhairle faoi thrídáil chóir ar fáil i rith na bliana 2017.

Ritheadh feachtas eolais don phobal ar an raidió, ar líne agus ar na meáin shóisialta i rith mhí na Samhna/mhí na Nollag 2016 chun aird a tharraingt ar an bPolasaí agus an Nós Imeachta Cóirthrídála agus rinneadh tagairt go sonrach don nós imeachta maidir le gearáin. Tugadh faoin bhfeachtas in athuair i mí Bealtaine 2017 chomh maith le hábhar teilifíse a léiriú. Tháinig dhá ghearán i rith na bliana 2017 agus rinne an tOifigeach Cóirthrídála iad a bhreithniú. Tháinig an tOifigeach Cóirthrídála ar an gcomhairle nach raibh aon chúis lena cheapadh gur tharla aon saobhadh ábhartha ar an margadh. De thoradh ar na bearta breithniúcháin:

- Leasaigh RTÉ an cur chuige i leith chumarsáid tráchtála maidir le grúpaí bolscaireachta tionscail agus
- Treoraíodh do lucht foirne RTÉ a léiriú go bhfuiltear ag cloí níos daingne leis an gCód maidir le hlompar Gnó Fhostaithe RTÉ.


Tuairisc faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014

Éilítear ar RTÉ faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 tuairisc bhliantúil a ullmhú maidir leis an nochtadh cosanta a dhéantar faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014. I gcomhlíonadh an choinníll sin, deimhníonn RTÉ go ndearnadh dhá nochtadh cosanta i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2017. Rinneadh, i ngach aon chás, an cheist a chur faoi bhráid an aonaid maidir leis an Iniúchadh Inmheánach ionas go ndéanfaí fiosrú breise ina leith de réir Pholasaí RTÉ maidir le Tuairiscíocht de Mheon Macánta.

Eolas Staitisticí Eile

IARRATAÍ UM SHAORÁIL FAISNÉISE (“SF”) CHUIG RTÉ


■ 2017 □ 2016



Foinse: RTÉ

GEARÁIN A RINNEADH LE HÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA HÉIREANN (BAI) MAIDIR LE HÁBHAR CRAOLTA DE CHUID RTÉ

■ 2017 □ 2016



Foinse: RTÉ

1. I rith na bliana 2017, sheas Coiste Comhlíontais BAI go hiomlán le gearáin amháin in aghaidh ábhar de chuid RTÉ (eipeasóid amháin de *Morning Ireland*: RTÉ Radio 1, 31 Iúil 2017) agus sheas i bpáirt le gearán amháin (eipeasóid amháin de Eco Eye: RTÉ One, 7 Feabhra 2017).

An 31 Nollaig 2017, bhíodas ag feitheamh le breith BAI faoi 9 ghearán a rinneadh faoi ábhar craolta de chuid RTÉ i rith na bliana 2017.

Stair Airgeadais

	IFRS 2017 €'000	IFRS 2016 €'000	IFRS 2015 €'000	IFRS 2014 €'000	IFRS 2013 €'000
RÁITEAS IONCAIM					
Ioncam ó cheadúnais teilifíse	186,068	179,081	178,909	178,562	182,370
Ioncam tráchtála	151,508	158,237	155,403	149,605	145,214
Ioncam iomlán	337,576	337,318	334,312	328,167	327,584
Costais Oibriúcháin (roimh dhímheas agus amúchadh agus mhíreanna eisceachtúla)	(334,520)	(343,448)	(320,262)	(311,894)	(306,919)
EBITDA roimh mhíreanna eisceachtúla	3,056	(6,130)	14,050	16,273	20,665
Dímheas agus amúchadh	(12,330)	(13,562)	(14,240)	(13,600)	(15,255)
Gnóthachtáil ar shócmhainní a dhiúscairt	5,004	119	569	43	-
Míreanna eisceachtúla ¹	69,896	-	-	-	390
Brabús/(caillteanas) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin tar éis míreanna eisceachtúla	65,626	(19,573)	379	2,716	5,800
Glan ioncam/(chostas) airgeadais	(2,115)	217	(2,650)	(1,788)	(4,734)
Cáin	(21,418)	(297)	(482)	(711)	(408)
Barrachas/(easnamh) don bhliain	42,093	(19,653)	(2,753)	217	658
CLÁR COMHARDAITHE					
Sócmhainní reatha agus neamhreatha					
Maoin, innealra agus trealamh	66,114	70,137	76,319	81,440	88,522
Sócmhainní doláimhsithe	3,212	2,020	2,155	3,157	4,121
Sócmhainn phinsin	50,910	29,064	46,749	1,837	9,899
Fardail	34,871	35,427	32,139	33,848	33,484
Sócmhainní eile	166,825	71,404	82,267	76,517	80,991
Iomlán sócmhainní	321,932	208,052	239,629	196,799	217,017
Dlíteanais reatha agus neamhreatha					
Sochair d'fhostaithe - costas athstruchtúrtha	23,055	12,895	15,399	19,903	25,278
Oibleagáidí sochair scoir	-	-	-	19,188	-
Dlíteanais eile	189,765	154,902	149,057	134,736	139,724
Iomlán dlíteanas	212,820	167,797	164,456	173,827	165,002
Cothromas	109,112	40,255	75,173	22,972	52,015
Iomlán cothromais agus dlíteanas	321,932	208,052	239,629	196,799	217,017
SREABHADH AIRGID					
Airgead tirim glan (insúite)/ ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(7,448)	(5,402)	9,108	2,447	5,076
Sreabhadh airgid glan maidir le héadáil ar mhaoin, innealra, trealamh agus sócmhainní doláimhsithe	(11,386)	(8,538)	(7,704)	(5,508)	(9,212)
Glanfháltais ó mhaoin, innealra agus trealamh a dhíol	109,963	127	592	216	32
LÍON FOSTAITHE					
Líon iomlán ar an 31 Nollaig	1,924	1,984	1,978	1,899	1,856

¹ Tugtar san áireamh le míreanna eisceachtúla, an gnóthachan ó thalamh a dhiúscairt, costas tionscadail ionas go bhféadfaí an díolachán a dhéanamh, athstruchtúrú agus muirir eile

Notai



RTÉ

Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublín 4, Ireland.

T: +353 1 208 3111
F: +353 1 208 3080

E: info@RTÉ.ie
www.RTÉ.ie

twitter.com/rte
[linkedin.com/company/rte](https://www.linkedin.com/company/rte)